

A collage of 25 small photographs arranged in a geometric, overlapping pattern. The photos depict a wide range of people and activities: a man in a white lab coat, a woman in a blue lab coat, a man in a white lab coat, a woman in a blue lab coat, a man in a white lab coat, a woman in a blue lab coat, a man in a white lab coat, a woman in a blue lab coat, a man in a white lab coat, a woman in a blue lab coat, a man in a white lab coat, a woman in a blue lab coat, a man in a white lab coat, a woman in a blue lab coat, a man in a white lab coat, a woman in a blue lab coat, a man in a white lab coat, a woman in a blue lab coat, a man in a white lab coat, a woman in a blue lab coat, a man in a white lab coat, a woman in a blue lab coat, a man in a white lab coat, a woman in a blue lab coat, a man in a white lab coat, a woman in a blue lab coat, a man in a white lab coat, a woman in a blue lab coat. The photos are set against a background of light blue and green geometric shapes.



Polasaí Rialtais na hÉireann



Éire 2040 Ár bPlean

Dréacht-Chreat Náisiúnta Pleanála

BROLLACH	5
ÉIRE 2040 - FORBHREATHNÚ AGUS PRÍOMH-THEACHTAIREACHT	8
RÉAMHRÁ	14



1 Éire 2040 - Ár bPlean agus an Creat Náisiúnta Pleanála	18
1.1 Fís d'Éirinn in 2040	18
1.2 An Straitéis Spáis Náisiúnta (SSN) - Machnamh	23
1.3 An dóigh a mbeidh an Creat Náisiúnta Pleanála Dífriúil	24
1.4 Cad a Tharlódh Mura nDéanaimid Rud ar Bith?	24
1.5 An Chuma atá ar an Rath - Cuspóirí agus Fís	27



2 Bealach Úr chun Tosaigh	28
2.1 Éire 2040 - Príomhghnéithe na Straitéise	28
2.2 Forbairt na Straitéise	21
2.3 Na Réigiúin a Fhás - Faoi Cá Mhéad?	34
2.4 Conas Réigiúin Níos Láidre a Fhás - Ionaid Mhórsála Inrochtana	36
2.5 Ar cheart Dúinn Limistéir Uirbeacha Dhlútha nó Fhairsinge a Thógáil?	38



3 Áiteanna Uirbeacha níos Láidre a Dhéanamh	40
3.1 Réamhrá	40
3.2 An Fáth go bhfuil Áiteanna Uirbeacha Tábhachtach	41
3.3 Struchtúr Uirbeach na hÉireann	44
3.4 Pleanáil le haghaidh Fhás Uirbeach na hÉireann	47
3.5 Cathracha na hÉireann	48
3.6 Bailte Réigiúnacha Móra na hÉireann	48
3.7 Fás na Fostaíochta Uirbí	36
3.8 Forbairt Inlíonta Uirbigh/Athfhorbraíochta Uirbí a Bhaint Amach	37
3.9 Fás a Chumasú i gCathracha na hÉireann	52



4 Pleanáil le haghaidh Áiteanna Tuaithe Éagsúla	62
4.1 Creatlach Tuaithe na hÉireann a Neartú	62
4.2 Ár dTimpeallachtaí Tuaithe Uathúla agus na Pobail a chónaíonn iontu a neartú	63
4.3 Pleanáil d'Fhás agus d'Fhorbairt ár gCreatlaí Tuaithe Amach Anseo	65
4.4 Bailte Tuaithe	66
4.5 Faoin Tuath	68
4.6 Pleanáil agus Infheistíocht chun Tacú le Cruthú Post	69
4.7 Dul i nGleic le Ceangal	72
4.8 Comhordú Infheistíochtaí	73



5	Daoine, Bailte agus Pobail	74
5.1	Cáilíocht Beatha agus Áite	74
5.2	Pobail Inbhuanaithe a Mhúnlú	76
5.3	Pobail Shláintiúla	78
5.4	Pobail Aoisbháúla	80
5.5	Éire Éagsúil agus Uilechuimsitheach	82
5.6	Oideachais agus Foghlaim ar feadh an tSaoil	84
5.7	Tithíocht	85



6	Acmhainneacht ár nOileáin agus Mara a Fhíorú	90
6.1	Talamh Chomhtháite agus Pleanáil Mhuirí	90
6.2	Geilleagar Muirí	93
6.3	Calafóirt	94
6.4	An Comhshaol Cósta agus Pleanáil le haghaidh an Athraithe Aeráide	95
6.5	Fuinneamh In-athnuaite amach ón gCósta	96



7	Ag Obair lenár gComharsana	98
7.1	Éire agus an tAontas Eorpach	98
7.2	Éire agus Tuaisceart Éireann	100
7.3	Ag Obair le Chéile ar Mhaithe le Buntáiste Eacnamaíoch	102
7.4	Comhordú Infheistíochtaí inár mBonneagar	104
7.5	Ár bhFreagracht Chomhroinnte as an gComhshaol a Bhainistiú	106
7.6	Éire 2040 agus Sasana, Albain agus an Bhreatain Bheag	107



8	Ár dTodhchaí Inbhuanaithe a Fhíorú	108
8.1	Spriocanna Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta	108
8.2	Éifeachtúlacht Acmhainní agus an tAistriú go Geilleagar Ísealcharbóin	110
8.3	Ár gCaipiteal Nádúrtha a Chosaint, a Chaomhnú agus a Fheabhsú	114
8.4	Timpeallacht Níos Glaine a Chruthú ar Mhaithe le Sochaí Níos Sláintiúla	12



9	Cur chun Feidhme agus Infheistíocht	122
9.1	Torthaí Náisiúnta Straitéiseacha	122
9.2	Rialachas	125
9.3	Éire 2040 agus an Plean Náisiúnta Infheistíochta	140



10	An Tionchar Timpeallacha a Mheasúnú	142
10.1	Réamhrá	142
10.2	Breithnithe Comhshaoil a Chomhtháthú sa Chóras Pleanála	146
10.3	Roghanna Eile ar Ghnó mar is Gnách - Bealach Úr chun Tosaigh	147
10.4	Achoimre ar na Príomhthorthaí	148

Aguisín 1 - Modheolaíocht le haghaidh Cur Chuige Srathach maidir le Criosú Talún 149

Aguisín 2 - Modheolaíocht le haghaidh Beartú Tosaíochta Tailte Forbartha 150

Aguisín 3 - Tagairtí 151

BROLLACH

Leis an gcéim dheiridh seo den chomhairliúchán poiblí ar Éire 2040 - Ár bPlean, táimid tagtha chuig garsprioc thábhachtach i stair ár dtíre. Le creat pleanála straitéisí fadtéarmaí beartaithe na Rialtais tabharfar treoir do chinntí um pleanáil agus infheistíocht náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil thar an 25 bliain amach romhainn. Doiciméad is ea Ár bPlean agus ba cheart do gach saoránach, gach pobal, gach eagraíocht a bheith eolach faoi agus páirteach ann.

Agus muid ag dul i dtreo chomóradh céad bliain bhunú ár Stáit, chonaiceamar athruithe móra inár dtír le 100 bliain anuas agus ciallaíonn luas an athraithe le blianta beaga anuas agus go deimhin amach sa todhchaí, atá spreagtha ag réimse tosca déimeagrafacha, teicneolaíocha, éiceolaíocha, eacnamaíoch agus sóisialta, go bhfuil pleanáil dár dtodhchaí ina riachtanas, agus ní ina rogha. Thar aon ní eile, ciallaíonn sé sin pleanáil le haghaidh todhchaí níos fearr dár ndaoine go léir.

Faoi 2040, tá a fhios againn go mbeidh níos mó ná milliún duine breise ina gcónaí in Éirinn. Beidh 600,000 post sa bhreis agus leathmhilliún teach sa bhreis ar a laghad de dhíth orainn. Fíche bliain ó shin, bhí 3.5 milliún duine sa tír; faoi 2040, beidh an líon sin ag tarraingt ar 6 mhilliún duine. In éineacht le Tuaisceart Éireann, beidh daonra inár oileán de thart ar 8 milliún faoi 2040.

Idir anois agus 2040, beidh ar ár dtír bheag ach dhinimiciúil déileáil le hathruithe ollmhóra i dtéarmaí sóisialta, eacnamaíocha, cultúrtha agus comhshaoil. Mar shampla, beidh níos mó ná dhá oiread daoine os cionn 65 ann faoin am sin, b'fhéidir nach bhfuil leath na bpost a mbeidh daoine ag obair iontu in 2040 ann inniu fiú agus is cosúil go mbeidh brúnna méadaithe comhshaoil agus aeráide le sárú againn.

Is féidir le hathrú deacrachtaí agus dúshlán a chur os ár comhair ach is féidir leis deiseanna a sholáthar chomh maith. Is é sin an fáth go bhfuil sé ríthábhachtach pleanáil dár dtodhchaí, ullmhú do mhéadú ar an daonra ar bhealach cothromaithe agus soiléir, ag baint leas as acmhainneacht ollmhór ár dtíre agus a chinntiú go rachfar i ngleic le forbairtí gan choinne agus cleachtais neamh-inbhuanaithe.

Is deis é Éire 2040 le hionchasú agus pleanáil a dhéanamh ar bhealach réamhghníomhach le haghaidh na n-athruithe ar dócha dóibh tarlú thar an gcéad ghlúin eile agus nach mór iad a bhainistiú mar is ceart chun na droch-éifeachtaí a d'fhéadfadh tarlú seachas sin a sheachaint.

Sa dréacht deiridh den Chreat Náisiúnta Pleanála seo cuirtear san áireamh an taighde agus anailís fairsing a rinneadh chun go mbeifí ábalta é a ullmhú chomh maith le deacrachtaí na gcéadta duine agus eagraíocht a thug cuidiú fairsing ag na céimeanna éagsúla den dréachtú.

D'éisteamar cheana leis an gcuid mhór deacrachtaí agus léiríomar iad sin inár gCreat. Tá deis eile agaibh anois chun freagairt a thabhairt, do dheacrachtaí a chomhroinnt maidir le cad atá á rá ann faoi thodhchaí na hÉireann go dtí 2040 agus ina dhiaidh sin, agus cuidiú linn chun Ár bPlean a mhúnlú.



Leo Varadkar TD,
Taoiseach



Eoghan Murphy TD,
Aire na Roinne Tithíochta,
Pleanála agus Rialtais Áitiúil



“I ngeilleagar domhandaithe an lae inniu atá ag éirí níos iomaíche i gcónaí, tá cáilíocht áite ina príomhbhuntaiste iomaíoch, agus is sin an fáth go gcuireann beartas fiontraíochta na hÉireann cáilíocht inár n-áiteanna uirbeacha agus tuaithe ag barr an chláir oibre ó pheirspictíocht forbartha gnó agus fiontraíochta de. Is é ár gcuispóir a chinntiú gur féidir le gach réigiún a n-acmhainneacht a bhaint amach agus poist ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine ar fud na hÉireann. Cuireann Éire 2040 straitéis forbartha láidre bunaithe ar áiteanna i bhfeidhm anois do chathracha, do bhailte agus do chreatlach tuaithe na hÉireann, rud a bheidh tacaithe tuilleadh le pleanáil chomhordaithe infheistíochta 10 mbliana sa bhonneagar riachtanach a dhéanann ár n-obair ar an gcreatlach uirbeach agus tuaithe rathúil agus ina bhonn rathúil d’fhorbairt ár dtíre i gcomhthéacs gnó, fiontraíochta agus nuálaíochta. Cinnteoidh ár gcur chuige comhtháite tras-rialtais go ndéanfar ár ngníomhaíochtaí cur chun feidhme a neartú go frithpháirteach chun ár mbeartas uailmhianach fiontraíochta, Fiontraíocht 2025, a sheachadadh, agus gur féidir linn ár bhfís le haghaidh fostaíocht iomlán inbhuanaithe agus feabhas ar an gcáilíocht beatha do gach uile dhuine a fhíorú”.

Frances Fitzgerald TD, Tánaiste agus an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta



“Athróidh agus forbróidh áit na hÉireann sa domhan agus ár gcaidreamh leis na comharsana is gaire dúinn, Tuaisceart Éireann, an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach sna blianta amach romhainn, agus is é sin an fáth go bhfuil sé fíorthábhachtach go ndéanfaimid pleanáil straitéiseach, ag cur san áireamh acmhainneacht gheilleagar dinimiciúil ár n-oileáin agus na deiseanna ní hamháin lenár naisc lenár bpríomhpháirtithe trádála san Eoraip agus i gcomhthéacs an domhain níos leitha a fhorbairt ach iad a neartú chomh maith. Léiriú infheicthe is ea Éire 2040 de thír a bhfuil a fhios aici faoi na frithbheartaíochtaí nach mór di dul i ngleic leo ach atá muiníneach chomh maith faoina todhchaí agus faoina háit sa domhan”.

Simon Coveney TD, An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála



“Cruthúnas infheicthe is ea an tiomantas do Éire 2040 – an Creat Náisiúnta Pleanála – a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú le haghaidh comhairliúchán poiblí sula bhforbraíonn an Rialtas plean náisiúnta 10 mbliana le haghaidh infheistíochta, go bhfuil Éire réidh anois, agus í tagtha amach as dúshlán eacnamaíocha shuntasacha, le pleanáil a dhéanamh le fíís agus muinín d’fhorbairt náisiúnta agus réigiúnach níos cobhsaí. Beidh an t-aiseolas as céim an chomhairliúcháin poiblí ina chuidiú chun Éire 2040 a thabhairt chun críche ionas go mbeidh creat pleanála straitéisí láidir agus réalaíoch ann do mo Ranna chun tabhairt chun críche iomchuí buiséid agus infheistíochta a chur chun cinn, go sonrach tríd an bPlean Náisiúnta Infheistíochta 10 mbliana, a fhoilseofar mar aon leis an gCreat Náisiúnta Pleanála”.

Paschal Donohoe TD, An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe



“Cuireann Éire 2040, agus an ceart ar fad leis, béim ollmhór ar shainiúlacht chultúr agus oidhreacht na hÉireann agus a hoileáin a choimeád agus leas a bhaint as mar chuid bhunúsach d’áit, de shainiúlacht ár dtíre, agus dá réir sin an dóigh a n-idirdhealaímid féin maidir lenár réigiúin agus lenár gcreatlach tuaithe a fhorbairt go hinbhuanaithe go háirithe. Déanfar roghanna agus tosaíochtaí beartais laistigh den Chreat Náisiúnta Pleanála a mhúnlú agus a fheabhsú lenár saintréith uathúil Éireannach, ár mbá lenár stair, tírdhreach agus cultúr saibhir agus lenár meon cruthaitheach.”

Heather Humphries TD, An tAire Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltachta



“Forbraíodh Éire 2040 ar bhealach ina gcuirtear an Plean Náisiúnta um Maolú maidir leis an athrú aeráide agus tuilleadh oibre ar oiriúnú an athraithe aeráide agus muid ag aistriú go geilleagar agus sochaí ísealcharbóin. Lena chois sin, leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála comhthéacs um fhorbairt straitéiseach le haghaidh cur i bhfeidhm líonraí leathanbhanda ardluais i gceantair thuaithe na hÉireann, córais agus bonneagar fuinnimh, agus forbairt inbhuanaithe ár n-acmhainní nádúrtha.”

Denis Naughton TD, An tAire Cumarsáide, Gníomhú Aeráide agus Comhshaol



“Léiríonn Éire 2040 ceantar tuaithe na hÉireann agus ár réigiúin mar phríomhghnéithe i bhforbairt ár dtíre don fiche nó tríocha bliain amach romhainn agus ina dhiaidh sin. Dírítear ann chomh maith ar fheabhas a chur ar an gcáilíocht beatha do phobail ar fud na hÉireann, i limistéir uirbeacha agus thuaithe araon. Sa chomhthéacs sin, cuireann Éire 2040 taca faoi Phlean Gníomhaíochta an Rialtais le haghaidh Forbairt Tuaithe ina bhféachtar le huasmhéadú a dhéanamh ar acmhainneacht eacnamaíoch agus shóisialta cheantair thuaithe na hÉireann, chomh maith leis an gCreat Beartais um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail ina bhféachtar le pobail bheoga, inbhuanaithe agus fheinchinntitheacha a chruthú ar fud na hÉireann. Soláthróidh Éire 2040 creat chun tacú le beartas forbartha tuaithe agus pobail ar feadh na mblianta amach romhainn.”

Michael Ring TD, An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail



“Tá príomhról sochaíoch ag earnáil iompair na hÉireann do shaoránaigh na hÉireann cibé acu an bhfuil siad ina gcónaí inár gcathracha, ár mbailte nó i limistéir thuaithe. Leis na beartais um pleanáil agus um fhorbairt straitéiseach atá leagtha amach in Éire 2040 tabharfar tacaíocht níos fearr d’fhorbairt córais iompair phoiblí a bheidh comhtháite agus inbhuanaithe. Tá roghanna faoi áiteanna pleanáilte agus deartha agus tá roghanna faoi sheachadadh an bhonneagair agus seirbhísí iompair an-spleách ar a chéile, agus má nasctar an dá cheann go dlúth lena chéile d’fhéadfadh sé dul chun sochair an dá cheann agus d’fhéadfadh torthaí níos soiléire bheith mar thoradh air sin don tsochaí. D’fhéadfaí forbairt ár n-earnálacha turasóireachta agus spóirt a chumasú leis na beartais um pleanáil agus um fhorbairt straitéiseach atá leagtha amach in Éire 2040 chomh maith trínár dtimpeallacht nádúrtha agus thógtha a threisiú agus áit níos mealltaí a dhéanamh d’Éirinn chun cónaí inti agus chun cuairt a thabhairt uirthi.”

Shane Ross TD, An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

ÉIRE 2040 - FORLÉARGAS PRÍOMH-THEACHTAIREACHT

Plean an Rialtais is ea an Creat Náisiúnta Pleanála chun freastal ar an aon mhilliún duine breise a bheidh ina gcónaí in Éirinn, an dá thrian de mhilliún duine a bheidh ag obair in Éirinn as an leathmhilliún teach breise a bheidh de dhíth in Éirinn faoi 2040. Díritear sa Chreat ar:

- Ár réigiúin, a gcathracha, a mbailte agus a sráidbhailte agus a gcreatlach tuaithe a fhás.
- Ionaid Mhórsála uirbeacha níos inrochtana a thógáil.
- Torthaí níos fearr do phobail agus don timpeallacht, trí phleanáil, infheistíocht agus seachadadh níos éifeachtúla agus níos comhordaithe.

Mar chreat forbartha straitéisí, leagtar amach in Éire 2040 - Ár bPlean an comhthéacs fadtéarmach le haghaidh fhorbairt fhisiciúil ár dtíre agus an dul chun cinn bainteach i gcomhthéacs eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil agus i gcomhthéacs oileáin, Eorpach agus domhanda. Déanfar beartais agus gníomhaíochtaí tacaíochta i ndiaidh Éire 2040 ar an leibhéal earnála, réigiúnach agus áitiúil agus cuirfidh siad taca faoi.

Is iad seo a leanas Príomhghnéithe Éire 2040 Ár bPlean:

1 Straitéis Úr Náisiúnta agus Réigiúnach um Fhorbairt a chur i bhFeidhm d'Éirinn

- I gcomhthéacs fhás foriomlán na daonra agus na fostaíochta agus soláthair úir thithíochta, díreofar ar na cúig chathair - Cathair Bhaile Átha Cliath, Cathair Chorcaí, Cathair Luimnigh, Cathair na Gaillimhe agus Cathair Phort Láirge chun freastal ar 50% den fhás náisiúnta foriomlán eatarthu, agus freastalóidh raon bailte, sráidbhailte agus ceantair tuaithe beaga agus móra na hÉireann ar an 50% eile laistigh de ghreille bonneagair náisiúnta níos fearr i gcomhthéacs soghluaisteachta, cumarsáide, córais fuinnimh agus seirbhísí agus saoráidí riachtanacha poiblí agus pobail.
- Cothromaíocht níos éifeachtúla fáis idir trí réigiún na hÉireann – an Tuaisceart agus an tIarthar; an Deisceart; agus an tOirthear agus Lár na Tíre (ina gcuimsítear Baile Átha Cliath), trínar chóir go bhfásfadh na Réigiúin Thuaidh agus Thiar agus Theas le chéile ag rátaí inchomparáide leathana leis an Oirthear agus Lár na Tíre, i gcodarsnacht le leanúnachas an treochta fhadtéarmaigh reatha ina bhfuil an chuid uile den tír ag titim ar gcúl an ráta daonra atá ag méadú, poist agus rátaí soláthair thithíochta i mBaile Átha Cliath agus i limistéar an Oirthir agus Lár na Tíre i gcoitinne.
- Beidh mórbhéim úr beartais ar limistéir chomhthógtha atá ann cheana a athnuachan agus a fhorbairt seachas méadú agus sraoilleáil leanúnach cathracha agus bailte amach sa tuath, agus is é an sprioc 40% ar a laghad de thithe úra a sheachadadh laistigh de na limistéir chomhthógtha atá ann cheana de chathracha, bailte agus sráidbhailte ar láithreáin inlíonta agus/nó athfhorbraíochta.
- Chun dul i ngleic le meath tuaithe, díreofar cion suntasach den fhás náisiúnta eacnamaíoch agus an daonra ar chreatlach ár líonra bailte, sráidbhailte agus ceantar tuaithe níos lú a fhorbairt agus déanfar a lán de sin trí thailte tréigthe agus tearcúsáidte laistigh de bhailte agus de shráidbhailte beaga a athfhorbairt.

2 Tacaithe ag Reachtaíocht agus Oifig Neamhspleách um Rialáil Pleanála

- Tabharfar tacaíocht reachtach iomlán i gcomhair Éire 2040 laistigh den chóras pleanála, lena n-áirítear athbhreithniú agus nuashonrú rialta, a léireoidh na cúinsí atá ag athrú agus a bheidh ar aon dul le timthriallta athbhreithniú pleananna forbartha cathrach agus contae. Tugtar isteach leis cuir chuige níos cuíchóirithe maidir le talamh a chríosú d'fhorbairt ar aon dul leis an soláthar bonneagair
- Mar thoradh ar an reachtaíocht pleanála lena gcuirfear taca faoi Éire 2040 cruthófar Oifig úr an Rialtóra Pleanála (ORP) chomh maith, a bheidh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Éire 2040.
- Ní mór do gach ceann de thrí Thionól Réigiúnacha na hÉireann straitéis réigiúnach a ullmhú de réir an Chreata arna leagan amach in Éire 2040. Ciallaíonn sé sin go dtabharfar Éire 2040 chun críche, agus beifear ábalta níos mó sonraí a phlé ag an am céanna, ar an scála cuí.

3 Nasctha go Bunúsach le Plean úr Náisiúnta Infheistíochta 10 mbliana

- Nuair a bheidh an Creat tugtha chun críche i ndiaidh comhairliúchán poiblí, foilseofar Éire 2040 mar aon le Plean Náisiúnta Infheistíochta 10 mbliana, a chiallaíonn go mbeidh cur chun feidhme an Chreata tacaithe go hiomlán ag straitéis infheistíocht an Rialtais le haghaidh infheistíocht caipitil phoiblí agus infheistíocht ag an earnáil Stáit go ginearálta.
- Cuirfear Tionscnamh Náisiúnta Fáis Chliste i bhfeidhm faoin nPlean Náisiúnta Infheistíochta chun aidhmeanna Éire 2040 a spreagadh agus chun tacú leo, do limistéir uirbeacha agus tuaithe araon. Beidh sé sin ina chiste iomaíoch bunaithe ar thairiscintí chun méadú a dhéanamh ar infheistíocht phoiblí agus phríobháideach araon.
- Tacóidh ciste an Fháis Chliste le fás straitéiseach agus athnuachan chodanna tearcúsáidte dár gcathracha agus dar mbailte ionas go mbeifear ábalta limistéir inár gcreatlach uirbeach atá dulta i léig nó nach bhfuil úsáid rómhaith á baint astu i gcomhthéacs freastal ar thithíocht úr, fostaíocht agus taitneamhachtaí a athshamhlú agus a athearraíocht a bhaint astu. Tacóidh sé chomh maith le tionscnaimh chun fáis i mbailte agus pobail tuaithe a éascú.

4 Supported by Strengthened and more Environmentally Focused Planning at Local Level

- Tabharfaimid pleanáil níos straitéisí agus níos comhordaithe isteach maidir lenár gcathracha agus bailte móra ar fud theorainneacha na n-údarás áitiúil, lena n-áirítear Pleananna Straitéiseacha an Limistéir Chathrach a bheidh tacaithe ag reachtaíocht sna cúig chathair - Cathair Bhaile Átha Cliath, Cathair Chorcaí, Cathair Luimnigh, Cathair na Gaillimhe agus Cathair Phort Láirge.
- Tabharfar isteach próiseas pleanála cuíchóirithe agus comhtháite úr chun bainistíocht níos éifeachtúla a dhéanamh ar ár limistéir mhuirí agus ar an gcomhéadan talún-farraige chun an luach eacnamaíoch a fhaighimid ó shaibhreas ár n-aigéan a mhéadú faoi dhó faoi 2030, agus a mhéadú tuilleadh ina dhiaidh sin.
- Déanfar pleanáil agus forbairt ár bpobal amach anseo ar leibhéal áitiúil a athdhírú chun dul i ngleic le meándéine carbóin na hÉireann per capita atá níos airde ná an meán (45%) agus beifear ábalta aistriú náisiúnta a dhéanamh go geilleagar ísealcharbóin, a bheidh athléimneach ó thaobh na haeraíde de agus a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil faoi 2050, trí leas a bhaint as acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite iontach ár dtíre agus leictriú a lán dár gcóras soghluaisteachta agus fuinnimh.

5 Using State Lands for Strategic Purposes


- Is leis an Stát, trí údaráis áitiúla, Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais agus cuideachtaí Stáit, codanna dár gcathracha agus dár mbailte. Ní mór d'fhorbairt na dtailte sin ról ríthábhachtach a imirt in athshamhlú agus athmhúnlú na limistéar uirbeach sin, agus na tithe, na háiteanna oibre agus an caitheamh aimsire a theastaíonn uainn a sholáthar.
- Tabharfar faoi athbhreithniú ar bhainistíocht fhoriomlán acmhainneacht forbartha thailte an Stáit chun tacú le cur chun feidhme Éire 2040, chun breathnú ar na fiúntais a bhaineann le struchtúir úra a bhunú, amhail gníomhaireacht náisiúnta forbartha talún chun oibriú le húdaráis áitiúla, comhlachtaí pobail agus leis an bpobal gnó agus leas a bhaint as tailte pobail mar chatalaigh chun athghiniúint agus infheistíocht níos leithne a spreagadh.

Turas chuig Dréacht

Éire 2040 – Ár bPlean


An Dréacht-Chreat Náisiúnta Pleanála

Na Chéad Chéimeanna Eile




Treochlár Rialachais

Córas Pleanála na hÉireann Forléargas



Measúnú ar thograí forbartha agus cinnní fúthu



TÁ AN DOMHAN AG ATHRÚ AGUS TÁ ÉIRE AG ATHRÚ FOSTA.

Is é an dóigh is fearr
dár tír le haghaidh a
thabhairt ar na
hathruithe a bheidh le
sárú againn i gcónaí,
pleanáil a dhéanamh
don athrú sin.

RÉAMHRÁ

PLEANÁIL LE hAGHAIDH ATHRÚ DOMHANDA, PLEANÁIL LE hAGHAIDH THODHCHAÍ NA hÉIREANN

Tá an domhan ag athrú agus tá Éire ag athrú fosta. Is é an dóigh is fearr dár tír le haghaidh a thabhairt ar na hathruithe a bheidh le sárú againn i gcónaí, pleanáil a dhéanamh don athrú sin.

I sochaithe agus geilleagair an lae inniu atá nasctha ar bhonn domhanda tá daoine, earraí, caipiteal, eolas agus sonraí ag bogadh níos mó agus níos gaiste idir tíortha, laistigh de réigiúin agus thart ar ár bpobail. Tá an bealach ina bhforbraíonn pobail áitiúla agus réigiúin á n-athmhúnlú le héifeachtaí na n-athruithe sin. Tá tionchar á imirt níos mó agus níos mó ag an teicneolaíocht, atá spreagtha ag eolaíocht agus ag nuálaíocht.

Fadhb atá le sárú ag an domhan sa 21 hAois is ea an t-athrú aeráide agus anois, níos mó ná mar a bhí riamh, táimid eolach faoin tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt don timpeallacht fhisiciúil agus nádúrtha thart orainn agus a tábhacht ar ár sláinte agus folláine fhadtéarmach.

Chun cúinsí geopholaitiúla a athrú, dúshlán Brexit mar shampla, ní mór do rialtais agus institiúidí a bheith freagrúil do chaidreamh idirnáisiúnta úr.

Tá ár dtír breá ábalta déileáil le hathrú, ach tá sé tábhachtach dúinn tuiscint níos fearr a bheith againn agus ullmhú níos fearr d'athrú, le go mbeimid ábalta an deis a ghlacadh chun Éire a mhúnlú dár sochar fadtéarmach, agus is é sin an fáth gur ullmhaigh an Rialtas Éire 2040.

Féachtar sa Chreat seo lena chinntiú, agus aghaidh á tabhairt ar athrú amach anseo, go leanfaidh Éire ar shlí de dhul chun cinn eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta lena gcuirfear feabhas ar ár rathúnas, ár n-inbhuanaitheacht agus ár bhfolláine.

ÁIT NA hÉIREANN SA DOMHAN

I ndomhan atá ag éirí níos nasctha agus níos domhandaithe i gcónaí, tá suíomh geografach na hÉireann idir an AE agus SAM agus go ginearálta, idir an tOirthear agus an tIarthar, ina bhuntáiste straitéiseach. Tá ár stádas mar náisiún oileáin trádála atá oscailte agus solúbtha laistigh den AE agus ár méid dhlúth agus sochaí lúfar agus uilechuimsitheach ina mbuntáistí eile.

Cé go bhfuileamid an-domhandaithe¹, is iad daoine agus pobail na hÉireann, ár gcultúr agus ár n-áiteanna a dhéanann barántúil muid agus a idirdhealaímid ó áit ar bith eile. Is é ceann dár láidreachtaí móra mar náisiún an 'dúbailteacht' trínár féidir linn a bheith rathúil agus compordach sa domhan nua-aimseartha, digiteach, mar aon lenár dtraidisiúin agus luachanna soiléire Éireannacha.

Mar shochaí atá tagtha chun cinn agus atá ag feabhsú, tá an cumas againn cad atá á dhéanamh go maith againn a aithint agus dul i ngleic leis na réimsí inar féidir linn rudaí a dhéanamh níos fearr. D'fhéadfaí rangú comparáide idirnáisiúnta a bheith éagsúil ach is tagarmharc úsáideach é, go háirithe i gcás go bhfeictear patrún follasach.

Nuair a thomhaistear aschur agus cobhsaíocht eacnamaíoch, tá Éire suite go daingean laistigh den deich tír is fearr sa domhan, ag scóráil go hard i gcomhthéacs olltáirgeacht intíre nó OTI per capita², forbairt dhaonna³, daonlathas⁴ agus infheistiúocht dhíreach eachtrach⁵ (IDE).

Tá sé tábhachtach go coimeádfaidh agus go gcuirfimid feabhas ar an áit sin, agus á aithint nach bhfuil patrún rangú comparáide na hÉireann i réimsí amhail cáilíocht beatha⁶ agus feidhmíocht an chomhshaoil⁷ chomh ard sin, rud a chuireann laistigh den fiche tír is fearr sa domhan muid go díreach. Tá Baile Átha Cliath rangaithe lasmuigh den tríocha cathair is fearr sa domhan maidir le cumas maireachtála⁸.

I dtimpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos iomaíche, beidh gá le feabhas a chur ar na réimsí sin ní hamháin chun tairbhe ár ndaoine agus ár bpobal, ach chun feidhmíocht eacnamaíoch a choinneáil agus iomaíochas a choimeád.

Féachtar sa Chreat lena chinntiú gur féidir forbairt ar an lear mór acmhainní uathúla atá ag Éirinn, agus béim á cur ar fheabhas a chur ar aschur agus cobhsaíocht eacnamaíoch chomh maith le cáilíocht beatha, feidhmíocht an chomhshaoil agus cumas maireachtála Bhaile Átha Cliath agus ár gcathracha, bailte agus limistéir thuaithe.

ÉIRE ATÁ AG ATHRÚ AGUS AG FÁS

Is gá pleanáil a dhéanamh i gcomhair dul chun cinn agus feabhais i ndomhan atá ag athrú, ach d'Éire atá ag athrú chomh maith. Mar chuid de phróiseas Éire 2040, leanann an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) le réamh-mheastacháin thodhchaíocha a ullmhú i dtaca le daonra agus geilleagar na hÉireann sna bliana amach romhainn go dtí 2040.

Is léir go méadóidh ár ndaonra, ach éireoidh sé níos sine agus níos éagsúla chomh maith agus beidh sé ag brath ar líon cuid mhaith níos lú daoine d'aois oibre. Beidh riachtanais dhifriúla ag baint le sochaí atá ag fás agus ag athrú.

Tuarann an ITES go dtiocfaidh méadú beagnach aon mhilliún duine nó 20% ar dhaonra na hÉireann i gcomparáid le leibhéal 2016, go dtí thart ar 5.75 milliún duine faoi 2040. Tiocfaidh méadú níos mó ná dúbailt ar an daonra os cionn 65 go dtí 1.3 milliún, nó go dtí 23% den iomlán, agus tiocfaidh laghdú thart ar 10% orthu siúd faoi bhun 15 bliana d'aois, agus beidh líonta na ndaoine eile díreach faoi aon mhilliún in 2040.

Tiocfaidh gá chun cinn leis sin le leathmhilliún tithe úra breise faoi 2040. Ceist bhunúsach amháin a phléitear sa Chreat seo i dtéarmaí ginearálta ná cá háit ar cheart na tithe sin a lonnú. Méadófar an t-éileamh ar áiteanna scoile go dtí 2025 agus sroichfidh áiteanna oideachais tríú leibhéal buaicphointe sna blianta go díreach ó sin amach.

Tá 660,000 post breise tuartha ag ITES go 2040 chomh maith. Ar aon dul leis na treochtaí idirnáisiúnta, leanfaidh an t-aistriú leanúnach go geilleagar eolais agus leanfaidh an ról seirbhísí atá ag méadú ag athrú an chineáil oibre, rud a chothóidh na héilimh ar lucht oibre níos sáraithe agus níos ardoilte. Leanfar leis an tírdhreach gnó a aistriú le bealaí úra oibre, páirtithe úra trádála agus caidrimh úra idir táirgeoirí agus tomhaltóirí.

Ciallaíonn a lán de sin go mbeidh ar oibrithe a bheith níos soghluaiste agus a bheith ag súil lena bpost a athrú níos minice le linn a ngairmeacha. Cé go leanfaidh an geilleagar eolais agus digiteach ag déanamh go maith i limistéir uirbeacha agus go háirithe thart ar ionaid barr feabhas eolaíochta agus oideachais, tiocfaidh féidearthachtaí úra chun cinn as nascacht fheabhsaithe, deiseanna a bhaineann le hacmhainní agus tairiscint dhifriúil de cháilíocht beatha go ginearálta ar fud na hÉireann.

Chun freastal ar athrú agus ar fhás, beidh gá le hinfheistíocht shuntasach a dhéanamh san iompar, fuinneamh, cumarsáid, seirbhísí uisce, sláinte agus saoráidí caitheamh aimsire chomh maith le tithíocht, oideachas, fostaíocht agus nuálaíocht. Ag cur san áireamh nach féidir infheistíocht a dhéanamh i ngach áit, ní mór forbairt agus seirbhísí a lonnú in áit ar féidir freastal ar mhuintir uile na hÉireann agus ní mór roghanna spásúla a dhéanamh ar an mbonn sin.

Leagtar amach sa Chreat seo an t-athrú ar dócha dó tarlú in Éirinn agus an patrún spásúil a theastaíonn le haghaidh infheistíocht éifeachtúil agus chomhordaithe i réimse earnálacha chun freastal ar an athrú sin agus chun tacú leis ar an mbealach is fearr.

POBAL, TALAMH AGUS ÁIT

Tá ceangal láidir agus seasmhach leis an bpobal, an talamh agus an áit i measc na saintréithe a bhaineann le bheith ina Éireannach. Le chéile, is é sin cuid dár ndéanamh agus déanann sé muid a idirdhealú i ndomhan atá ag athrú. Feidhmíonn oidhreacht agus féiniúlacht a bhaineann le háit ar mhórán leibhéal, ón bparóiste agus comharsanacht go dtí cathair agus contae. Síneann na naisc sin thar lear chomh maith, chuig naisc le diaspóra na nGael sa Ríocht Aontaithe, sna Náisiúin Aontaithe agus sa domhan i gcoitinne.

Agus Éire 2040 á forbairt, is léir go bhfuil a oiread sin pobail agus áiteanna barántúla againn a bhfuil a oiread sin acmhainneachta iontu nach bhfuil údar soiléir ar bith le lonnaíochtaí úrnua a chruthú. Is é an cás, áfach, go dteastaíonn feabhas, athghiniúint agus athbheochan a dhéanamh inár n-áiteanna uirbeach agus go bhfuil a lán dár n-áiteanna tuaithe i mbaol sceitheadh cathair-ghinte, nó go bhfuil dídhaonrú ag tarlú iontu.

Ní chiallaíonn sé sin go gcaithfidimid tosú arís, áit éigin eile, ach ciallaíonn sé go gcaithfidimid freastal ar ár riachtanais atá ag athrú ar bhealach lena n-éascaítear fás, feabhas agus athghiniúint, chun borradh agus beocht nua a chur in áiteanna, agus rófhorbairt a sheachaint ag an am céanna. Ní mór dúinn chomh maith an dóigh ar féidir linn é sin a dhéanamh a shainaithint.




Leis an gCreat seo cuirtear straitéis i bhfeidhm le haghaidh forbairt inbhuanaithe áiteanna in Éirinn agus an dóigh ar féidir é sin a bhaint amach, trí phleanáil, infheistíocht agus cur chun feidhme.



ÉIRE 2040 ÁR BPLEAN AGUS AN CREAT NÁISIÚNTA PLEANÁLA

1.1 | Fís d'Éirinn in 2040

I nDréacht-Chreat Náisiúnta Pleanála - “Éire 2040 – Ár bPlean” - leagfar amach comhthéacs pleanála agus forbartha straitéisí d'Éirinn agus dá réigiúin go léir idir anois agus 2040, ag leagan amach creat ardleibhéil chun comhordú a dhéanamh ar raon beartais agus gníomhaíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus údaráis áitiúil, pleanáil agus infheistíocht, poiblí agus príobháideach araon.



An Fhís

Caithfidh an fhís le haghaidh na mblianta amach anseo go dtí 2040 a bheith bainteach le ceantair uirbeacha, fo-uirbeacha agus tuaithe na hÉireann. Dá réir sin, cruthaítear fís Éire 2040 ó leas a bhaint as na luachanna a chomhroinnimid, lena n-áirítear:



Deis

Tá mothú chothrom na féinne agus deise do gach uile dhuine, a d'fhéadfaí cuir síos air mar chomhionannas nó cuimsiú sóisialta, ríthábhachtach lena chinntiú go bhfuil daoine páirteach go hiomlán inár sochaí agus go bhfuil leas cuí acu inti. Teastaíonn trédhearcacht agus muinín maidir leis sin chomh maith le caonfhulaingt, ar bhonn daoine aonair agus gach duine le chéile.

I gcomhthéacs spáis, ciallaíonn sé sin an deis saol iomlán agus fiúntach a mhaireachtáil, beag beann ar an suíomh. Ciallaíonn sé chomh maith go rachfar i ngleic le míbhuntáiste sóisialta agus go ndéanfar difríochtaí suntasacha i gcaighdeáin mhaireachtála idir codanna éagsúla in Éirinn a dhíothú, chomh maith le huasmhéadú a dhéanamh ar na deiseanna dár bpobail agus dár réigiúin go léir lena bhforbairt tuilleadh.

Is é an fhís d'Éirinn in 2040 go mbeidh sochaí chóir ann ina mbeidh caighdeáin láidre mhaireachtála comhtháthaithe agus comhchlaonta shóisialta ar fud na tíre, ina mbeidh an deis ag gach duine aonair, gach gnólacht, gach pobal agus gach réigiún rath a bheith orthu.

Rogha

Cuireann coincheap na rogha taca faoin dóigh a gcaithimid ár saol inniu, ach tá difir mór idir a mhéid is atá a lán de na roghanna atá os ár gcomhar cothrom nó fíor. Tá na roghanna a dhéanaimid lena múnlaítear ár saol, amhail an áit a roghnaímid cónaí, oibriú nó staidéar a dhéanamh ann, an dóigh a mbogaimid thart nó a bhfreastalaímid ar ár riachtanais fuinnimh, múnlaíthe ag pleanáil spásúil agus le chéile beidh tionchar carntha acu orainn go léir.

Is léir sna blianta amach romhainn, go mbeidh gá le tuilleadh roghanna chun freastal ar na hathruithe inár sochaí, mar fhreagairt ar níos mó éagsúlachta, líonta méadaithe daoine scothaosta, bealaí úra chun oibriú agus cumarsáid a dhéanamh, freastal ar dhúshláin iomaíochais agus dul i ngleic leis an athrú aeráide. Beidh sé tábhachtach go mbeidh na roghanna amach anseo ina bhfíor-roghanna agus bunaithe ar chomhbhabhtálacha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ár n-iompraíocht i gcomhair torthaí níos inbhuanaithe.

Is é an fhís d'Éirinn in 2040 roghanna níos inbhuanaithe a bheith ann do dhaoine, do ghnóilachtaí agus do phobaila bheidh ábalta freastal ar phatrúin mhaireachtála agus oibre agus tionchar a bheith acu orthu.



Cáilíocht

Ba mhaith le gach duine cáilíocht a bheith i ngach gné den saol, ó bheocht ár bpobal, go dtí ár gcóras oideachais, an cineál post inár ngeilleagar agus bail ár gcomhshaoil. Is féidir cáilíocht a chur in iúl ar a lán bealaí éagsúla, ach bíonn tionchair thromchúiseacha ag caighdeáin cháilíochta easnamhacha ar cháilíocht beatha daoine aonair agus ar shláinte agus ar fholláine ár sochaí.

Tá cáilíocht ár dtimpeallachta tógtha agus nádúrtha fíorthábhachtach do mheallacht agus iomaíochas na hÉireann. Tá tionchar aige ar na príomhearnálacha amhail táirgeadh bia, miandíol agus turasóireacht chomh maith le hinfheistíocht dhíreach eachtrach. Tá ár rathúnas amach anseo ag brath níos mó agus níos mó ar cháilíocht ár n-áiteanna uirbeacha agus tuaithe, an dóigh a ndéileáimid le ceisteanna amhail tithíocht agus iompar agus ár n-íomhá glan, neamh-mhillte a choimeád. Bíonn tionchar aige sin ar deireadh ar cháilíocht na bpost agus na tallainne is féidir a mhealladh agus a chruthú anseo.

Is é an fhís d'Éireann in 2040 an cháilíocht beatha is airde agus is féidir dár ndaoine agus dár bpobail, a bheidh tacaithe ag timpeallachtaí tógtha agus nádúrtha ardcháilíochta agus dea-bhainistithe.

Cruthaitheacht

Is acmhainn ríthábhachtach iad muintir na hÉireann agus tá cruthaitheacht, nuálaíocht agus lúfaireacht á léiriú acu i gcónaí san fhorbairt náisiúnta. Leanaimid le leas a bhaint as ár n-oidhreacht ealaíne agus chultúrtha, áiteanna barántúla agus beoga agus earnáil tríú leibhéal iomaíoch idirnáisiúnta.

Chiallaigh sé sin go rabhamar ábalta na céimeanna siar eacnamaíocha a shárú agus gur éirigh linn i raon réimsí eacnamaíoch nua-aimseartha, ard-bhreislúacha chomh éagsúil le seirbhís eitlíochta, dobharshaothrú, bithchógaisíocht, teicneolaíocht airgeadas, agraibhia agus gléasanna leighis. Leanaimid chomh maith le bheith cruthaitheach ó thaobh an chultúir de, i réimsí amhail na healaíona, dearadh agus na meáin.

Léireoidh tallann agus eolas agus nuálaíocht tíortha ardfheidhmíochta na todhchaí. Ní mór dúinn teicneolaíocht a ghlacadh, ach ár scileanna dinimiciúla daonna agus an cumas oiriúnú a choimeád chomh maith trí fhiontraíocht, foghlaim ar feadh an tsaoil, agus táirgeadh cultúrtha a spreagadh. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas iomaíochas a choimeád, fás a chruthú agus infheistíocht úra a mhealladh, go háirithe sna hearnálacha cruthaitheacha agus in-athnuaite, seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail priontáil 3D, intleacht shaorga, nanaitheicneolaíocht agus róbataic, agus ár dtraidisiúin ealaíne a chur chun cinn ag an am céanna.

Is é an fhís d'Éirinn in 2040 sochaí a bheidh i dtiúin ar bhonn cruthaitheach, nuálach agus cultúrtha, ina mbeidh a muintir, gnólachtaí agus pobail feistithe chun ár n-aschur náisiúnta eacnamaíoch agus ár n-iarracht náisiúnta ealaíne a chur chun cinn.



Nascacht

Mar náisiún oileáin tá an gá le bheith nasctha go hidirnáisiúnta agus lena chéile an-tábhachtach. Cuimsítear é sin trí nascacht fhisiciúil agus dhigiteach agus tá sé tacaithe ag raon socruithe pobail, tráchtála agus institiúideacha. Ón bparóiste go dtí an chathair, tá ár bpobail agus áiteanna nasctha go feidhmiúil agus is trí na hidirghníomhaíochtaí sin is féidir le spreagthaí fáis réigiúnaí agus áitiúil sin a bheith éifeachtach.

Cuireann nascacht taca faoinár bhforbairt náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, chomh maith le hiomaíochas idirnáisiúnta foriomlán na hÉireann. Tá ceann de na líonta is airde paisinéirí aerlínte agus ciliméadar den ghréasán bóithre sa domhan per capita againn agus braithimid ar ár gcalafoirt i gcomhair trádála. Teastaíonn córais tarchuir, cáblaí agus píblínte chun an chumhacht, an chumarsáid agus an t-uisce ar a mbraithimid a iompar. Déanfaidh foirgnimh, comharsanachtaí agus cathracha cliste agus inbhuanaithe athrú chun feabhais ar an dóigh a n-oibrímid sna blianta go dtí 2040.

Tá gá aitheanta ann le feabhas a chur ar mhéid agus ar cháilíocht na nascachta in Éirinn, mar shampla, tríd an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda atá á chur i bhfeidhm faoi láthair. Tá gá ann chomh maith lenár n-eangach tarchuir leictreachais a neartú agus níos mó nasc idirnáisiúnta a fhorbairt chomh maith le huasghrádú a dhéanamh ar chórais uirbeacha iompair, uisce agus fuíolluisce na hÉireann.

Ag cur san áireamh scála agus patrún forbartha na hÉireann, is féidir feabhsuithe sa nascacht a bhaint amach agus tá siad riachtanach chun borradh a chur faoi iomaíochas agus faoin gcáilíocht beatha. Tá sé ina sprioc réasúnta d'fhormhór na ndaoine gan turas níos mó ná 30 nóiméad chuig an obair dhéanamh agus d'fhormhór na ndaoine agus earraí rochtain a bheith acu ar naisc idirnáisiúnta laistigh de 90 nóiméad dá mbailte nó dá mbonn oibre.

Is é an fhís d'Éirinn in 2040 feabhas suntasach a dhéanamh i nascacht áitiúil agus idirnáisiúnta lena gcuirtear taca faoi iomaíochas agus faoi cháilíocht beatha ár ndaoine, gnólachtaí, pobal agus réigiún.

Comhoibriú

Chomh maith le bheith nasctha go díreach, ní mór dúinn chomh maith oibriú go comhoibríoch, leas a bhaint as ár hcomh-láidreachtaí chun páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí lenár gcomharsana, ar bhonn áitiúil agus sa domhan níos leithne araon. Braithfidh chomh cumasach is a bheimid chun freagairt a thabhairt ar na deiseanna ar dócha dóibh teacht chun cinn ar ár gcumas comhoibriú ar gach leibhéal agus i rannpháirtíocht le gníomhairí eile. Leis sin is cosúil go mbeidh ar chathracha, bailte, contaetha agus réigiúin oibriú le chéile ar bhealaí úra éagsúla agus thar theorainneacha traidisiúnta.

Mar chuid de sin agus go ginearálta, tá caidreamh uathúil atá ag teacht chun cinn againn le Tuaisceart Éirinn agus leis an Ríocht Aontaithe agus beimid fós mar chuid den Aontas Eorpach, agus braithimid orthu siúd ar fad le haghaidh a lán dár gcuid trádála, turasóireachta agus idirghníomhaíochta sóisialta, polaitiúla agus cultúrtha.

Is é an fhís d'Éirinn in 2040 sochaí chomhoibríoch ina mbeidh ár gcathracha, bailte agus réigiúin páirteach i gcomhpháirtíochtaí úra a théann chun tairbhe daoine, pobal agus gnólachtaí, ar bhonn áitiúil agus idirnáisiúnta araon.

Féintuilleamaí

Tá traidisiún ann d'fhéintuilleamaí coiteann in Éirinn, ar a dtugtar 'meitheal', a shainítear mar an gcur i bhfeidhm ársa agus uilíoch um chomhar ar an riachtanas sóisialta⁹. Áirítear ar ghnáthshamplaí pobal ag oibriú le chéile chun barra a shábháil nó méid na saorálaíochta ar fud na tíre. Tá an lán feidhmeanna maithe comhaimseartha den choincheap sin a léiríonn an bealach chun tosaigh chun dul i ngleic leis an athrú amach anseo.

Áirítear leis sin an dóigh an n-idirghníomhaíonn an Rialtas le pobail. Agus creat á leagan amach, tá sé tábhachtach go gcinnteofar laistigh de na paraiméadair 'ó bhar anuas', go bhfuil scóip ann chun gníomhaíocht agus tionscnamh 'ó bhun aníos' s spreagadh agus tacú leo.

Áirítear ar phríomhréimsí ina gcaithfimid cumas a fhorbairt le haghaidh cineálach úra féintuilleamaí ár spleáchas ar fhuinneamh iompórtáilte a laghdú agus leas a bhaint as 'geilleagar ciorclach'. Bunaítear le Staid an Bheartais Náisiúnta ar an Aeráid an bunchuspóir náisiúnta maidir le haistriú náisiúnta a dhéanamh go geilleagar ísealcharbóin, a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de agus a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil faoi 2050. Is é an buntáiste a bhaineann le haistriú go geilleagar ísealcharbóin go ndéanfadh córas fuinnimh ísealcharbóin iontaofa, inbhuanaithe agus inacmhainne suíomh dúinn "le dul chuig" d'fhiontair agus do ghníomhaíochtaí óna dteastaíonn fuinneamh ach gan tionchar comhshaoil a bheith leo.

Ciallaíonn geilleagar ciorclach bheith níos éifeachtaí le hamhábhair, fuinneamh, uisce, spás agus bia trí acmhainní nádúrtha a athúsáid ar bhonn seasmhach nuair is féidir agus saolréanna táirge cliste a fhorbairt, bunaithe ar ábhair in-bhithmhíllte agus in-athchúrsáilte chun níos lú dramhaíola a chruthú agus úsáid acmhainní a laghdú.

Is é an fhís d'Éirinn in 2040 go mbeidh an cumas ag ár ndaoine, ár bpobail agus ár ngnólachta le haghaidh féintuilleamaí inbhuanaithe bunaithe ar gheilleagar ciorclach láidir agus ar dhul chun cinn suntasach i dtreo sochaí ísealcharbóin, a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de agus a bheidh fós ina gheilleagar oscailte, iomaíoch agus trádála.

Tiomantas

Mar shoचाई, táimid an-bhródúil as ár dtiomantas agus ceiliúraimid rath go háirithe i réimse poiblí nó idirnáisiúnta, ach is féidir linn a bheith umhal maidir lenár n-uaimhianta a thabhairt chun suntais. Is é sin láidreacht a léiríonn go bhfuil meas againn ar sheachadadh agus ar thorthaí agus ní dócha go gcuirfimid barraíocht tábhachta le héilimh nó le gealltanais go dtí go mbeidh siad bainte amach.

Sa staid a bhfuilimid ann anois, is léir go bhfuil an cumas agus an deis againn dul i mbun pleanála le haghaidh níos mó ná ár riachtanais a bhaint amach go 2040 go díreach. Is féidir linn fíu uaimhianach agus indéanta a bhaint amach d'Éirinn agus oibriú le chéile ina treo, trínár n-institiúidí ar gach leibhéal rialtais agus gníomhaireachtaí gaolmhara agus trí infheistíocht phoiblí agus phríobháideach, ach trínár ndaoine, ár bpobail agus ár ngnólachtaí chomh maith.

Tomhaisfear ár rath leis an oidhreacht a bhronnaimid ar ár nglúinte amach anseo de shaoránaigh na hÉireann, a bheidh fágtha le torthaí na roghanna a dhéanfaimid anois.

Trí muid féin a chur ar shlí chomhaontaithe is féidir linn soiléireacht, tiomantas agus cinnteacht a chur ar fáil lena neartaítear an chosúlacht go mbeidh rath orainn maidir leis an bhfís d'Éirinn in 2040 a chur chun feidhme.

Is é an fhís d'Éirinn in 2040 a ghabháil orainn féin a bheith mar an ngeilleagar agus an tsochaí is rathúla, is forásaí, is iomaíche agus is inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de san Eoraip.



1.2 | An Straitéis Spáis Náisiúnta (SPN) - Ceachtanna a Foghlaimíodh

Foilsíodh an Straitéis Spáis Náisiúnta (SPN) in 2002 mar phlean spásúil 20 bliain chun forbairt agus infheistiúocht amach anseo a threorú agus a stiúradh. Dhírigh tuiscint an phobail ar an doiciméad beagnach go hiomlán ar cad iad na cathracha agus na bailte a bhí ainmnithe mar ‘thairseacha’ nó mar ‘mhoil’ chun fás a spreagadh agus scála a fhorbairt ina réigiúin agus ceantair áitiúla máguaird. Tháinig braistint ‘buaiteoir’ agus ‘cailliúnaithe’ as é sin a bhaineann an bhonn de na cuspóirí a raibh an SSN ag féachaint lena mbaint amach.

Lagaíodh an SSN arís le tograí maidir le dílárú na seirbhíse poiblí in 2004 agus nár tugadh mórán airde ann ar an Straitéis a bhí leagtha amach agus go bunúsach níor cloíodh mórán léi ar leibhéal an rialtais, rud a raibh torthaí iarmhartacha aige in áiteanna eile.

Ní plean reachtúil ag a raibh tacaíocht reachtach a bhí sa SSN agus cé go raibh tionchar suntasach aige ar Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, leis an ngéarchéim eacnamaíoch ina dhiaidh sin ó 2008 i leith baineadh an bonn go mór ó chumas eacnamaíoch na hÉireann chun an SSN a chur chun feidhme.

Shainaithin an Banc Domhanda in 2009 i dTuarascáil 10 gur tháinig comhchruinniú spásúil de ghníomhaíocht eacnamaíoch le fás náisiúnta gasta agus rathúil na hÉireann go dtí 2001 go háirithe ar an gcósta thiar. Is é an phríomhtheachtaireacht sa Tuarascáil gurb é déine na gníomhaíochta eacnamaíche an ghné is tábhachtaí don fhorbairt eacnamaíoch.

Moladh i dTuarascáil an Bhainc Dhomhanda gur cheart do thíortha díriú ar an bhforbairt náisiúnta fhoriomlán chun cóineasú idirnáisiúnta a bhaint amach san fhorbairt eacnamaíoch agus i gcaighdeáin mhaireachtála, mar a bhí follasach in Éirinn go dtí 2001. Breathnaíodh sa Tuarascáil gur fearr é go dtiocfadh fás atá cothromaithe ó thaobh spáis de laistigh de theorainneacha tíre ina dhiaidh sin, nuair a bheidh cóineasú náisiúnta bainteach amach amháin.

Dá réir sin, bhí sé cuí agus tráthúil, nuair a bhain Éire cóineasú idirnáisiúnta amach go luath sna 2000í, go raibh an SSN ullmhaithe le haghaidh a thabhairt ar leithdháileadh spásúil an fháis go dtí 2020. Chiallaigh tosú na géarchéime eacnamaíche gur cuireadh tosaíochtaí ar ais ar leibhéal náisiúnta, le fócas criticiúil ar théarnamh.

Trí fheabhas a chur ar na dálaí eacnamaíocha arís is féidir breathnú ar leithdháileadh spásúil na forbartha ag smaoineamh siar ar an méid a tharla maidir leis an SSN a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

1.3 | An dóigh a mbeidh an Creat Náisiúnta Pleanála Difriúil

Beidh an Creat Náisiúnta Pleanála difriúil ón SSN, de thoradh ar phríomh-mholadh pleanála bhinse Mahon, mar go mbeidh tacaíocht reachtach ag dul leis agus cuirfear ar bhonn reachtúil é. Déanfaidh Oifig úr an Rialtóra Pleanála maoirseacht ar chur chun feidhme an CNP atá á bunú, agus ar bhonn mholadh pleanála bhinse Mahon.

Éagosúil leis an CNP, cuirfear cuspóirí an CNP i bhfeidhm ar bhonn réigiúnach trí Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha (SSERanna) Is pleananna úra iad sin ina bpléifear níos mó sonraí ar scála réigiúnach, atá á n-ullmhú ag gach ceann de na trí Thionól Réigiúnacha a bunaíodh in 2014.

Ní mór do na SRSEanna aontú leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus dá réir sin, ní mór do phleananna forbartha na n-údarás áitiúil ina bpléitear cúrsaí áitiúla níos sonraithe, amhail criosú talún, a bheith i gcomhréir leis na SRSEanna.

Go tábhachtach, leagtar amach sa CNP an comhthéacs le haghaidh plean úr náisiúnta infheistíocht 10 mbliana ó 2018-27. Cinntítear leis sin ailíniú ar fud an rialtais agus bunaítear leis naisc láidre idir an gCreat Pleanála agus infheistíocht chaipitil fhadtéarmach. Tá an CNP agus an Plean úr Náisiúnta Infheistíochta (PNI) 10 mbliana le foilsiú mar dhoiciméid tionlactha agus beidh meastóireacht agus athbhreithniú le déanamh orthu.

1.4 | Cad a Tharlódh Mura nDéanaimid Rud ar Bith?

I dTuarascáil Grúpa Saineolaithe a rinne athbhreithniú ar an SSN in 2014 tugadh an chomhairle shoiléir seo a leanas:

- “Cé go bhfuil Baile Átha Cliath ar thús cadhnaíochta maidir leis an hiomaíochas idirnáisiúnta le haghaidh infheistíocht shoghluaiste, isteach, ní mór leas a bhaint as suíomhanna eile.
- Ós rud é go bhfuil an claonadh ann an saineolas a theastaíonn chun dul san iomaíocht go rathúil ar bhonn idirnáisiúnta, mar aon le seirbhísí tacaíochta agus an tairiscint chultúrtha atá ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí, a chomhchruinniú sna mórionaid uirbeacha, ní mór do gach cuid d'Éirinn an deis a chur ar fáil le haghaidh forbairt fhócasaithe.
- Gan an fócas agus an comhchruinniú sin, d'fhéadfadh meath do-aisiompaithe tarlú sa limistéar níos leithne, agus mura mbarrfheabhsaítear an fheidhmíocht réigiúnach beidh brúnna neamh-inbhuanaithe ar Bhaile Átha Cliath, agus fulaingeoidh an fheidhmíocht náisiúnta mar thoradh air sin.
- Tá an gá le fócas suímh níos mó meaitseáilte ag mórshrianta acmhainní, rud a chiallaíonn go gcaithfear tús áite a thabhairt do na hinfeistíochtaí lena soláthraítear na tairbhí cultúrtha, eacnamaíocha, comhshaoil nó sóisialta is fearr”.

Tá anailís an Ghrúpa Saineolaithe tacaithe ag scrúdú ar na treocheaí forbartha reatha agus san obair a rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) don CNP maidir le cásanna dóchúla forbartha amach anseo go dtí 2040. Tugann sé sin le tuiscint go mbeidh an méid seo a leanas i gceist:



Leanúint d'fhás fairsing thart ar ár gcathracha agus bailte níos mó ach lasmuigh dóibh go príomha.



Marbhántacht limistéar cathracha istigh

agus limistéar fo-uirbeach níos sine, agus deiseanna chun an bonneagar agus seirbhísí reatha a úsáid caillte.

Cathracha réigiúnacha amhail Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge

ag fás ach ní ag an luas nó an scála a theastaíonn chun feidhmiú mar mhalairtí réalaíocha ar Bhaile Átha Cliath.



Aistriú leanúnach sa daonra agus i bpoist i dtreo an oirthir

agus na contaetha thart ar Bhaile Átha Cliath go háirithe.



Timpeallacht mhillte

agus, cailliúint talún feirm agus gnáthóg mar gheall ar an bhforbairt athfhorbraíochta a bheidh ann den chuid is mó agus riosca méadaithe de thruailliú screamhuisce.



Níos mó faid idir an áit a gcónaíonn daoine agus an áit a n-oibríonn daoine, in ainneoin athruithe sa teicneolaíocht, agus a lán gnólaicthe á mealladh níos mó agus níos mó leis na deiseanna fostaíochta amach anseo a chruthú gar do na limistéir uirbeacha.



Míbhuntáiste sóisialta agus neamhionannas buanaithe de réir an tsuímh gheografaigh.



Éilimh ar infheistíocht úr

seirbhísí agus i mbonneagar i limistéir atá ag fás go gasta.



Tuilleadh meatha ar limistéir agus bailte thuaithe atá scoite ó mhórhionaid uirbeacha daonra.



Cuir chuige ghuaiseacha maidir le planáil le haghaidh bonneagair agus gníomhú aeráide, ag freagairt ar threocheaí seachas ullmhú le haghaidh todhchaí ísealcharbóin/gan carbón ar bith.

1.5 | An Chuma atá ar an Rath - Cuspóirí agus Fís

CUSPÓIRÍ ARDLEIBHÉIL

- 1** Agus aghaidh á tabhairt ar athrú amach anseo, leanfaidh Éire ar shlí de dhul chun cinn eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta lena gcuirfear feabhas ar ár rathúnas, ár n-inbhuanaitheacht agus ár bhfolláine
- 2** A chinntiú gur féidir forbairt ar an lear mór acmhainní uathúla atá ag Éirinn, agus béim á cur ar fheabhas a chur ar aschur agus cobhsaíocht eacnamaíoch chomh maith leis an gcáilíocht beatha, feidhmíocht an chomhshaoil agus cumas maireachtála Bhaile Átha Cliath, ár gcathracha, ár mbailte agus ár limistéar tuaithe.
- 3** An t-athrú ar dócha dó tarlú in Éirinn agus an patrún spásúil a theastaíonn le haghaidh infheistíocht éifeachtúil agus chomhordaithe i réimse earnálacha chun freastal ar an athrú sin agus chun tacú leis ar an mbealach is fearr a leagan amach.
- 4** Straitéis a chur i bhfeidhm le haghaidh forbairt inbhuanaithe áiteanna in Éirinn agus an dóigh ar féidir é sin a bhaint amach, trí phleanáil, infheistíocht agus cur chun feidhme.

ÉIRE 2040 - FÍS

1



Sochaí chóir ina mbeidh caighdeáin láidre mhaireachtála comhtháthaithe agus comhchlaonta shóisialta ar fud na tíre, lena mbeidh an deis ag gach duine aonair déanamh go maith.

2



Níos mó roghanna agus roghanna inbhuanaithe do dhaoine, do ghnólachtaí agus do phobail a mbeidh tionchar dearfach acu ar phatrúin níos inbhuanaithe maireachtála agus oibre.

3



An cháilíocht bheatha is airde agus is féidir dár ndaoine agus dár bpobail, a bheidh tacaíthe ag timpeallachtaí tógtha agus nádúrtha ardcháilíochta agus dea-bhainistithe

4



Sochaí a bheidh i dtiúin ar bhonn cruthaitheach, nuálach agus cultúrtha, ina mbeidh a muintir, gnólachtaí agus pobail feistithe chun ár n-aschur náisiúnta eacnamaíoch agus ár n-iarraicht náisiúnta ealaíne a chur chun cinn.

5



Feabhas suntasach a dhéanamh i nascacht áitiúil agus idirnáisiúnta lena gcuirtear taca faoi iomaíochas agus faoi cháilíocht beatha ár ndaoine, gnólachtaí, pobal agus réigiún.

6



Sochaí chomhoibríoch ina mbeidh ár gcathracha, bailte agus réigiúin páirteach i gcomhpháirtíochtaí úra a théann chun tairbhe daoine, pobal agus gnólachtaí, ar bhonn áitiúil agus idirnáisiúnta araon.

7



Féintuilleamaí inbhuanaithe bunaithe ar gheilleagar ciorclach láidir agus ar dhul chun cinn suntasach i dtreo sochaí ísealcharbóin, a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de agus a bheidh fós ina gheilleagar oscailte, iomaíoch agus trádála.

8



A bheith mar an ngeilleagar agus an tsochaí is rathúla, is forásaí, is iomaíche agus is inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de san Eoraip.

2

BEALACH
ÚR CHUN
TOSAIGH

2.1 | Éire 2040 - Príomhghnéithe na Straitéise

Is í an fhadhb is mó a phléitear sa Chreat seo cá háit is fearr le pleanáil dár ndaonra agus dár ngeilleagar atá ag fás.

Agus amhlaidh á dhéanamh, tá sé riachtanach go bhfoghlaimeoidimid ó thaithí ón am a chuaigh thart agus bealach úr chun tosaigh a leagan amach inar féidir an fás amach anseo a dhíriú chun ár cuspóirí agus ár bhfís náisiúnta san fhadtearma a spreagadh.


Go tábhachtach, beidh Éire 2040 ailínithe le socruithe úra agus feabhsaithe infheistíochta agus rialachais agus beidh sé tacaíthe acu. Mar Chreat, beidh sé ina phointe tagartha do ghníomhairí eile chun cloí leis agus é a leanúint. Áirítear leis sin ailíniú cothrománach le caiteachas caipitil ar leibhéal náisiúnta agus sraitheanna réigiúnacha agus áitiúla an chórais phleanála. Áirítear leis chomh maith ailíniú cothrománach ar fud na ranna rialtais.

Mar straitéis, ní mór na gnéithe ar fad a chur chun feidhme le chéile agus tá siad chomh comhlántacha céanna lena chéile.

Tríd an gComhshaoil a Chomhtháthú sa Phleanáil don Todhchaí

Agus Éire 2040 á forbairt aithníodh go mór an gá atá le breithnithe comhshaoil a chomhtháthú i bpleanáil talamhúsáide ar bhealach a fhreagraíonn d'íogaíocht agus do riachtanais na timpeallachta nádúrtha i gcoitinne. Tiocfaidh forbairt agus bonneagar as seachadadh na físe sa Chreat seo chomh maith a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an timpeallacht ghlactha.

Lena chinntiú go mbreithnítear ar na tionchair fhéideartha sin ar an leibhéal straitéiseach seo agus na riachtanais le haghaidh na sraitheanna íochtair den phleanáil a threorú, rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST), Measúnú Oiriúnachta (MO) agus Measúnacht Straitéiseach Riosca Tuilte (MSRT) mar chuid d'ullmhú an Chreata seo agus cuimsíodh na torthaí sa phróiseas go dtí seo.



Tá sé riachtanach go bhfoghlaimeoidimid ó thaithí ón am a chuaigh thart agus bealach a leagan amach is féidir an fás amach anseo a dhíriú chun ár cuspóirí agus ár bhfís náisiúnta san fhadtéarma a spreagadh.

Áiríodh ar na próisis chomhtháite comhshaoil sin forbairt agus breithmheas líon roghanna straitéiseacha agus measúnú ar gach ceann de Chuspóirí an Phlean Náisiúnta Beartas ina dhiaidh sin. Tá tagairt déanta de na measúnuithe i dTuarascáil Comhshaoil MST na hÉireann a ghabhann leis, atá foilsithe mar dhoiciméad ar leith mar aon le

Ráiteas Tionchair Natura agus an Tuarascáil um Breithmheas Straitéiseach Riosca Tuillte. Tá achoimre ar na measúnuithe timpeallachta a rinneadh cuimsithe mar Chaibidil 10.



GNÉITHE DEN STRAITÉIS

CATHRACHA NA hÉIREANN

- Tacú le spriocanna uailmhianacha fáis chun cuidiú le gach ceann de na ceithre chathair, cathair Chorcaí, cathair Luimnigh, cathair na Gaillimhe agus cathair Phort Láirge fás 50% ar a laghad go dtí 2040 agus a n-acmhainneacht shuntasach le bheith ina gcathracha mórsála.
- Ciallaíonn sé sin a chur ar chumas na gceithre chathair fás dhá oiread go dtí 2040 faoi mar a rinne siad thar an 25 bliain go dtí 2016.
- Infheistíocht a dhíriú chun feabhas a chur ar an 'tairiscint' chomhchoiteann laistigh de na ceithre chathair, i.e. bonneagar, cumas maireachtála agus rogha i gcomhthéacs tithíochta, fostaíochta agus taitneamhachtaí.

FÁS DLÚTH

- A bheith ina sprioc cion níos mó (40%) den fhorbairt tithíochta amach anseo a dhéanamh laistigh agus gar do limistéir chomhthógtha atá ann cheana.
- Leas níos fearr a bhaint as talamh thearcúsáidte, lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta' agus láithreáin faoi úinéireacht phoiblí mar aon le déine níos airde tithíochta agus post, le seirbhísí níos fearr ó shaoráidí agus ón iompar poiblí reatha.
- Prionsabail chomhchosúla a chur i bhfeidhm ar bhailte agus ar shráidbhailte níos lú ar scála níos áitiúla chun dul i ngleic le laghdú, ról agus feidhmeanna úra a spreagadh agus athghiniúint agus athbheochan a chur chun cinn.
- Tacaíocht a thabhairt d'fhás dlúth uirbeach agus tuaithe trí tionscnamh maoinithe um 'fhás cliste' agus, más gá, trí bhearta reachtacha/rialála ina dhiaidh sin.

ÁR RÉIGIÚIN AGUS ÁR GCREATLACH TUAITHE

- Leibhéal fáis a dhíriú i Réigiúin Thuaidh agus Thiar agus Theas na tíre le chéile chun teacht leis sin atá tuartha sa Réigiún Thoir agus Lár na Tíre (lena n-áirítear Baile Átha Cliath).
- Spriocanna a chumasú, trí phróiseas na Straitéise Spásúla agus Eacnamaíche Réigiúnaí (SSERana) do limistéar gach Tionóil Réigiúnaigh, do bhailte móra mar spreagthaí féideartha fáis réigiúnaigh dá ndobharcheantair máguaird.
- An laghdú ar dhaonra bailte beaga agus tuaithe a chasadh thart agus tacú le fás inbhuanaithe pobal tuaithe.
- Feabhas incriminteach a chur ar an rochtain ón iarthuaisceart ó Bhaile Átha Cliath san oirthear agus ó chathracha eile chuig an deisceart.
- Feabhas incriminteach a chur ar an rochtain idir cathracha na hÉireann ar leith ó Bhaile Átha Cliath.
- Tacaíocht a thabhairt do dheiseanna úra eacnamaíocha bunaithe ar acmhainní nádúrtha agus acmhainne chomh maith leis na cinn a bhaineann le cáiliúocht beatha agus teicneolaíocht úr.

ÁR gCAIPITEAL

- Tacaíocht a thabhairt d'fhás agus rath leanúnach Bhaile Átha Cliath mar phríomhchathair mhórsála domhanda agus mar phríomhspreagadh eacnamaíoch, trí bhainistíocht níos fearr a dhéanamh ar fhás Bhaile Átha Cliath lena chinntiú gur féidir freastal ar níos mó de laistigh den Chathair agus gar don Chathair.
- Fás suntasach daonra agus post a chumasú i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, mar aon le bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar an treocht i dtreo sceite isteach i gcontae máguaird atá á léiriú mar sraoilleáil neamh-inbhuanaithe.
- Aghaidh a thabhairt ar chaolais bhonneagair, feabhas a chur ar cháiliúocht beatha saoránach agus méadú a dhéanamh ar sholáthar tithíochta sna suíomhanna cearta.

2.2 | Forbairt na Straitéise

Léiríonn taithí phraiticiúil agus taighde nach bhfuil sé réalaíoch nó praiticiúil fás a chothú i ngeilleagar agus i sochaí amhail Éire go comhuaineach ar an taobh amháin agus é a leathadh amach go réidh nó go cothrom trasna tíre. Nó ní féidir líonta móra daoine a threorú chuig suíomhanna roghnaithe.

Mar sin féin, is féidir éascaíocht a dhéanamh le haghaidh fás níos uilechuimsithí agus níos comhtháite go ginearálta, ar fud na hÉireann, agus bheadh an acmhainneacht leis sin athrú ó bhonn a dhéanamh san fhadtearma trí bheartais ina ndéantar an méid seo a leanas:

- Cóinéasú a chur chun cinn i gcaighdeáin mhaireachtála idir áiteanna.
- Feabhas a chur ar cháilíocht áiteanna agus eispéireas na ndaoine a gcónaíonn iontu.
- Fórsaí margaidh amhail ceirtleán agus imirce a thuar agus tionchar a imirt orthu.
- Scála agus comhchruinniú daoine agus gníomhaíochta eacnamaíche a spreagadh.
- Comhtháthú eacnamaíoch a chur chun cinn idir áiteanna éagsúla.
- Aghaidh a thabhairt ar imeallacht gheografach trí inrochtaineacht agus nascacht.

Tugtar tús áite do na beartais sa Chreat seo mar *Chuspóirí Beartais Náisiúnta*. Forbraíodh iad mar thoradh ar anailís fairsing agus comhairliúchán fairsing agus leagadh amach leo bealach úr chun tosaigh do phleanáil réigiúnach agus áitiúil agus do bheartas forbairt inbhuanaithe in Éirinn.

Rinneadh anailís ar threochtaí reatha daonra agus eacnamaíocha a leanann go 2040 mar chás 'gnó mar is gnách' faoi shamhail dhéimeagrafach agus eacnaiméadrach a d'fhorbair an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES). Is é sin an bhonnlíne ónar forbraíodh straitéisí malartacha féideartha.



Tá Éire 2040 tiomanta do phleanáil le haghaidh fáis ar bhealach a chomhfhreagraíonn d'íogaireacht agus riachtanais na timpeallachta nádúrtha i gcoitinne.

Trí Éire 2040 a fhorbairt, ag cur san áireamh comhairliúchán poiblí, ba iad na ceistanna ar breathnaíodh orthu:

- A mhéid is féidir forbairt amach anseo a **leithdháileadh níos fearr idir na réigiúin** faoi mar atá siad comhdhéanta, i.e. leibhéil éagsúla fáis idir limistéir na dtrí Thionól Réigiúnacha?
- Cibé acu an mbeadh sé níos fearr nó nach mbeadh **an daonra, fostaíocht agus forbairt tithíochta a chomhchruinniú nó a scaipeadh**, ag dul ó chion ard fáis a tharlaíonn i líonta beaga ionad go fás íseal-leibhéil i lear mór ionad?
- Cad é an **fhormáid fhisiciúil is fearr le haghaidh forbairt amach anseo** - dlúth ón taobh geografach de ag díriú ar limistéir chomhthógtha atá ann cheana nó leata amach thar lorg na limistéar comhthógtha atá ann cheana?

Rinneadh measúnú ar thorthaí féideartha go dtí gur sainaithníodh rogha réalaíoch, réasúnta, inmharthana agus is féidir a chur i bhfeidhm chun an bonn a chruthú do phríomhstraitéis d'Éire 2040 - an Creat Náisiúnta Pleanála.

Agus spriocanna a leagan amach le haghaidh fás amach anseo, táthar ag díriú ar phatrún forbartha, seachas líonta beachta. Ar an leibhéal náisiúnta, tá scála agus comhréireacht choibhneasta níos tábhachtaí ná leithdháileadh uimhriúil an fháis amach anseo atá tuartha. Beidh líonta sprice ina chuidiú chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus soláthróidh siad tasc de luas agus scála na forbartha.

Tá an sprioc-chur chuige athchúrsach, rud a chiallaíonn gur féidir é a chur i bhfeidhm arís agus arís eile. Ciallaíonn sé sin chomh maith go bhfuil sé cóir agus gur féidir mian agus uailmhian áitiúil a bheith ann. Leis an gcur chuige sin soláthraítear solúbthacht ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil maidir leis an gcéimíúlacht phleanála agus le haghaidh meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ina dhiaidh sin.



2.3 | Na Réigiúin a Fhás - Faoi Cá Mhéad?

Breathnaíodh ar raon roghanna agus cuireadh i bhfeidhm iad ar na trí réigiún a bunaíodh mar chuid de phróiseas athbhreithnithe an rialtais áitiúil in 2014. Tá réimse leathan ina measc sin ó 'ghnó mar is gnách', faoina dtarlódh formhór beag den fhás i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre iontu féin, go 'ceannas réigiúnach', trína bhfásfadh limistéir Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an Deiscirt le chéile dhá uair chomh gasta le ráta an Oirthir agus Lár na Tíre.

Ciallaíonn scála threocht an fháis i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre atá leabaithe agus tuartha mar aon le neamhláithreacht sásra chun formhór an fháis a atreorú chuig an dá Réigiún eile nach bhfuil cur chuige ceannais réigiúnaí réalaíoch ná éasca a chur chun feidhme.


Dá bhféachtar le réigiúin an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an Deiscirt a fhás giota maith níos mó ná réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre d'éileofaí leibhéal éigin sriain ar fhás agus ar fhorbairt Bhaile Átha Cliath.

Leis sin, agus le méid i bhfad níos lú na gcathracha réigiúnach i gcomparáid leis sin, d'fhéadfadh sé go laghdófaí scála na forbartha náisiúnta foriomláine.

Mar chuid den chur chuige beartas forásach de réir chuspóirí agus fhís Éire 2040, meastar go bhfuil 'cothroime réigiúnach' mar chás spriocdhírthe malartach níos réasúnta agus níos inmharthana, trína sáródh spriocfhás limistéir Thionól Réigiúnacha an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an Deiscirt le chéile an méid a tuaradh faoi chás

'gnó mar is gnách' agus bheadh sé ionann go ginearálta leis an méid a tuaradh do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre.

Léarscáil 2.1 | Cumrú na dTionól Réigiúnach in Éirinn



Dá réir sin, is é sprioc Éire 2040 i dtaca lenár réigiúin a fhás:

Cuspóir Beartais Náisiúnta 1a

Dhéanfaí leibhéal tuartha fhás an daonra agus post i limistéir Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre a mheaitseáil ar a laghad le leibhéal tuartha limistéir Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an Deiscirt le chéile.

Ó thaobh dhaonra na hÉireann amach anseo, tá sé tábhachtach go ndíreofaí ar an bpatrún sin toisc go léiríonn sé aistriú ó threochtaí tuartha. Maidir le thart ar aon mhilliún duine breise in Éirinn faoi 2040, ciallaíonn sé planáil a dhéanamh le haghaidh:

Cuspóir Beartais Náisiúnta 1b

- Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre: sprioc de 475,000 - 500,000 (0.475-0.5m) duine breise, i.e. a daonra de thart ar 2.8 milliún;
- Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair: sprioc de 150,000 - 175,000 (0.15-0.175m) duine breise, i.e. daonra de thart ar 1 milliún;
- Réigiún an Deiscirt: sprioc de 350,000 - 375,000 (0.35-0.375m) duine breise, i.e. daonra de bheagnach 2 mhilliún;

Mar an gcéanna, ciallaíonn réamh-mheastacháin ITES le haghaidh suas le dhá thrían de mhilliún post breise in Éirinn faoi 2040 planáil a dhéanamh le haghaidh patrúin:

Cuspóir Beartais Náisiúnta 1c

- Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre: thart ar 330,000 (0.33 m) post breise, i.e. 1.33 milliún ar a laghad ar an iomlán;
- Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair: thart ar 110,000 (0.11 m) post breise, i.e. 450,000 (0.45 m) ar a laghad ar an iomlán;
- Réigiún an Deiscirt: thart ar 220,000 (0.22 m) post breise, i.e. 880,000 (0.88 m) ar a laghad ar an iomlán.

Léiríonn an obair a rinneadh d'Éire 2040 go mbaineann an réiteach ar scála na hacmhainneachta d'fhás réigiúnach an daonra agus na fostaíochta thuas a bhaint amach go mór leis an dóigh a dtéimid i ngleic le dhá cheist eile, maidir le comhchruinniú/scaipeadh agus formáid fhisiciúil don fhorbairt amach anseo.

2.4 Conas Réigiúin Níos Láidre a Fhás - Ionaid Mhórsála Inrochtana

Ar chur chuige ‘gnó mar is gnách’, léirítear i meastachán ITES go dtí 2040 gur dócha go dtarlóidh na rátaí is airde den fhás daonra agus fostaíochta per capita mBaile Átha Cliath agus na ceithre chontae thart air, chomh maith le Corcaigh agus Gaillimh, le thart ar 40% de na poist bhreise tuartha i mBaile Átha Cliath amháin.

Bheadh na rátaí is ísle den fhás daonra agus fostaíochta per capita sna Contae lár-teorann agus thiar-thuaidh, mar gheall, go páirteach, ar an iargúlacht agus neamhláithreachta cathracha nó limistéar uirbeach níos mó chun forbairt a spreagadh.

Faoi ‘ghnó mar is gnách, leis an bhfócas leanúnach ar fhás i mBaile Átha Cliath agus thart air agus go méid éigin na ceithre chathair eile gan dul i ngleic leis na dúshlán shainiúla forbartha atá le sárú i réigiúin eile amhail inrochtaineacht agus struchtúr uirbeach an iarthuaiscirt nó tearcfheidhmíocht an Oirdheiscirt, bheadh na hiarmhairtí diúltacha leis lena gcuirfeadh níos mó brúnna fáis i Réigiún Bhaile Átha Cliath i gcoitinne agus chuirfí srian ar na codanna níos imeallaí in Éirinn óna n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

Agus na roghanna malartacha á mbreithniú, is iad an dá phríomhathróg scála comhchruinnithe na gníomhaíochta agus an fad coibhneasta, nó éasca na hinrochtaineachta chuig ionaid mhórsála. Dá bhrí sin teastaíonn dhá ghné den straitéis chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna scála agus imeallachta. Baineann tionchar suntasach leis an dá cheann ar limistéar geografach níos leithne.

Ar an taobh eile, d’fhéadfaí a lán tionchar dearfach a sheachadadh agus feabhas a chur ar an bhfás náisiúnta foriomlán le hiarracht chomhpháirteach a dhéanamh díriú ar chathracha agus bailte láidre a thógáil ar bhonn idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnach ionas:

- go mbeadh fás an daonra agus post amach anseo níos ailínithe;
- go ndéanfaí fás post amach anseo a leithdháileadh níos mó ar bhonn geografach, ach ar líon teoranta ionad níos mó agus a bheadh leithdháilte ar bhonn réigiúnach, chun an tuisceart agus an t-iarthar a chur san áireamh;
- go mbainfí amach acmhainneacht shuntasach fáis na gceithre cathrach ar leith ó Bhaile Átha Cliath, agus ag an am céanna chuirfí feabhas ar ról uathúil Bhaile Átha Cliath mar chathair idirnáisiúnta mhórsála;
- go ndéanfaí laige struchtúrach réigiúin imeallacha na hÉireann, agus go háirithe an tuisceart agus an t-iarthar, a athrú chun feabhais chun leas níos fearr a bhaint as a n-acmhainneacht le haghaidh infheistíocht fhócasaithe.

Ar an taobh eile, éilítear leis an dara gné chomhlántach den dé-straitéis seo:

- Feabhas ar inrochtaineacht idir ionaid mhórsála ar leith ó Bhaile Átha Cliath, lena go ndéanfar leibhéil seirbhíse (amanna taistil in aghaidh an km) idir an Phríomhchathair agus cathracha na hÉireann a athchruthú.
- Fócas faoi leith a chur ar fheabhas a chur ar inrochtaineacht agus nascacht ó thuaidh ar Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh (AEC) a nascann mórionaid ar bhord farraige an iarthair.
- Feabhas ar inrochtaineacht agus nascacht ar réigiúin imeallacha, dírithe ar phríomhbhealaí chuig líon níos airde ionad níos mó agus leithdháilte ar bhonn réigiúnach.

Agus na roghanna malartacha á mbreithniú, is iad an dá phríomhathróg scála comhchruinnithe na gníomhaíochta agus an fad coibhneasta, nó éasca na hinrochtaineachta chuig ionaid mhórsála. Tá dhá ghné tábhachtacha den straitéis dá bhrí sin a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna scála agus imeallachta.



Chun na modhanna thuas a sheachadadh caithfear na spriocanna seo a leanas a leagan amach:

Cuspóir Beartais Náisiúnta 2a

- Beidh an fás daonra agus post ailínithe go ginearálta chun tarlú laistigh den limistéar feidhmiúil chéanna, cibé acu dobharcheantar cathrach nó baile nó gach cuid nó cuid de limistéar (limistéir) údarás áitiúil amháin nó níos mó in aice láimhe, ar bhonn comhordaithe trí phróisis na Straitéise Spásúla agus Eacnamaíche Réigiúnaí (SSER) agus Forbartha Cathrach agus Contae.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 2b

- Beidh leath (50%) den fhás daonra agus post amach anseo dírithe ar an gcúig Chathrach agus na fo-bhailte is gaire dóibh agus beidh sprioc thart ar dhá thrían (66%) dírithe sna cathracha agus ina bhfo-bhailte mar aon le líon bailte atá leithdháilte ar bhonn réigiúnach agus na ceantair thart orthu a shaineofar trí phróisis na Straitéise Spásúla agus Eacnamaíche Réigiúnaí (SSER).

Cuspóir Beartais Náisiúnta 2c

- Cuirfear feabhas ar an inrochtaineacht chuig iarthuaisceart na hÉireann agus idir ionaid mhórscaála ar leith ó Bhaile Átha Cliath, dírithe ar chathracha agus ar ionaid níos mó atá leithdháilte ar bhonn réigiúnach agus ar phríomhbhealaí soir-siar agus thuaidh-theas.

Mar phríomhghnéithe den straitéis, má leithdháilfear an fás amach anseo idir na réigiúin mar aon le breithnithe scála agus inrochtaineachta, soláthrófar bealach úr chun tosaigh. Mar sin féin, tá an cheist um dhlúthfhorbairt nó sraoilleáil fíorthábhachtach don chúrsa úr seo.

2.5 | Ar cheart Dúinn Limistéir Uirbeacha Dhlútha nó Fhairsinge a Thógáil?

Tá formáid fhisiciúil na forbartha uirbí in Éirinn ar cheann de na dúshláin forbartha náisiúnta is mó atá againn.

Taispeántar in anailís agus Éire 2040 á hullmhú thar aon ní eile, má dhéantar foirm agus suíomh na forbartha amach anseo ceart go soláthrófar na hionchais is fearr chun an acmhainneacht réigiúnach a chur ar fáil. Faoi láthair, tá na limistéir is gaiste atá ag fás ar na himill agus lasmuigh dár gcathracha agus bailte, a chiallaíonn:

- próiseas seasta cúitimh bonneagair agus seirbhísí maidir le tógáil bóithre úra, scoileanna úra, seirbhísí agus taitneamhachtaí agus streachailt chun poist agus bailte a thabhairt le chéile, rud a chiallaíonn go bhfuil ardleibhéil shuntasacha de spleáchas ar charranna ann agus go bhfuil sé deacair iompar poiblí maith a sholáthar;
- próiseas de réir a chéile de laghdú limistéar cathrach agus lárionad baile agus limistéar fo-uirbeach bunaithe de réir mar a bhogfar poist, miondíol agus tithíocht amach, ag fágáil clárúcháin scoile ag meath, foirgnimh folmha agus easpa daoine dóthanacha chun áiteanna láidre agus beoga a chruthú, sa lá agus san oíche, agus
- beidh formhór na forbartha ina sraoilleáil úrnua a shíneann ó lorg fhisiciúil ár limistéar uirbeach, agus nuair a bheidh sé ina phríomhfhoirm forbartha, oibreoidh sé in éadan cruthú áiteanna mealltacha, ardchaighdeán inár féidir cónaí iontu ina mbeidh daoine ag roghnú níos mó agus níos mó cónaí, oibriú agus infheistiú iontu.

Ar an taobh eile, díritear dlúthfhorbairt nó forbairt chliste ar athúsáid a bhaint as talamh ‘athfhorbraíochta’ a forbraíodh cheana, rud a fhorbróidh láithreáin inlíoanta, nach raibh forbartha roimhe b’fhéidir agus láithreáin agus foirgnimh atá ann cheana a athúsáid nó a athfhorbairt.

Tá an acmhainneacht ag méadú ar chion na gcineálacha níos dlúithe fáis i bhforbairt lonnaíochtaí de gach méid, ó na cathracha is mó go dtí na sráidbhailte is lú, difríocht mhór a dhéanamh. Is féidir leis saol úr agus líon custaiméirí a sholáthar, cur le hinmharthanacht seirbhísí, siopaí agus an iompar poiblí, rud a mhéadóidh an soláthar tithíochta agus a chuirfear ar chumas níos mó daoine a bheith níos gaire do dheiseanna fostaíochta, chomh maith le siúl agus dul ag rothaíocht níos mó agus níos lú úsáid a bhaint as an gcarr.

Bhí sé níos deacra dlúthfhorbairt agus forbairt chliste a fhorbairt in Éirinn go traidisiúnta ná an próiseas leanúnach an fhorbairt a bhrú amach i dtreo suíomhanna úrnua agus teastaíonn fócas leanúnach ar thrí phríomhréimse:

- ‘Cumas maireachtála’ áiteanna uirbeacha – an dóigh a bhfuil daoine ag maireachtáil i gcathracha, bailte agus sráidbhailte. Áirítear leis sin cáilíocht na timpeallachta tógtha, lena n-áirítear ceisteanna maidir leis an ríocht phoiblí, trácht agus páirceáil, rochtain ar thaitneamhachtaí agus an iompar poiblí agus mothú sábháilteachta agus folláine pearsanta.
- An fhorbairt leanúnach agus athghiniúint na limistéar comhthógtha atá ann cheana a dhéanamh chomh mealltach agus chomh inmharthana agus is féidir le forbairt úrnua. Lena haghaidh sin teastaíonn níos mó cinnteachta agus cothromú costas mar thoradh ar sholáthar seasta láithreán agus talún agus infheistiú i mbonneagar agus taitneamhachtaí trí bhainistíocht talún níos gníomhaí i limistéir uirbeacha.
- Dul i ngleic le hoidhreachtaí amhail comhchruinnithe míbhuntáiste i lárlimistéir uirbeacha trí athghiniúint iomlánach, shóisialta agus fhisiciúil agus trí phobail tionóntaí agus chomhtháite níos measctha a spreagadh.

San fhadtearma, chun freastal ar riachtanais forbartha na hÉireann maidir le tithíocht, fostaíocht, seirbhísí agus taitneamhachtaí ar shuíomhanna úrnua den chuid is mó cosnóidh sé dhá uair an mhéid a chosnódh cur chuig bunaithe ar fhás dlúth/cliste¹¹. Dá réir sin, faoi réir cur chun feidhme prionsabal um pleanáil inbhuanaithe agus comhshaol, tá na spriocanna forbartha uirbí seo a leanas á leagan síos in Éire 2040:

Cuspóir Beartais Náisiúnta 3a

40% ar a laghad de na tithe úra ar fad ar fud na tíre a sheachadadh in imchumhdach comhthógtha na lonnaíochtaí uirbeacha atá ann cheana¹²

Cuspóir Beartais Náisiúnta 3b

Dhéanfaí leath (50%) ar a laghad de na tithe úra ar fad ar fud na gCúig Chathrach agus limistéir fho-uirbeacha thadhlaacha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge a sheachadadh laistigh d'imchumhdach comhthógtha na lonnaíochtaí uirbeacha atá ann cheana¹³

Cuspóir Beartais Náisiúnta 3c

I limistéir seachas na Cúig Chathair agus limistéir fho-uirbeacha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge dhéanfaí 30% ar a laghad de na tithe úra ar fad a sheachadadh laistigh d'imchumhdach comhthógtha na lonnaíochtaí uirbeacha atá ann cheana¹⁴

Tá achoimre déanta sa chéad tábla eile ar na príomhspríocanna náisiúnta le haghaidh fás náisiúnta foriomlán a struchtúru, cothroime a chur chun cinn idir réigiúin, ionaid mhórsála inrochtana a thógáil agus fás dlúth, cliste agus inbhuanaithe a chinntiú.

Tábla 2.1 | Srachféachaint ar Éire 2040: Patrún Sprice Forbartha thrí Phríomhchuspóirí Beartais Náisiúnta

Cuspóir Beartais Náisiúnta	An tOirthuaisceart agus Lár na Tíre 2040	An Deisceart 2040	An Tuaisceart agus an tIarthar 2040
Ár Réigiúin a Fhás	+ 475,000 - 500,000 duine (2.8 milliún ar an iomlán) + 330,000 post (1.33 milliún ar an iomlán)	+ 350,000 - 375,000 duine (2 mhilliún ar an iomlán) +220,000 post (880,000 ar an iomlán)	+150,000 - 175,000 duine (1 mhilliún ar an iomlán) +110,000 post (450,000 ar an iomlán)
Ionaid Mhórsála Inrochtana a Thógáil¹⁵	Cathair agus Fo-Bhailte Bhaile Átha Cliath: +265,000 duine Fás bailte eile a dhearbhoifar trí na Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha (SSERanna) laistigh den Chreat Náisiúnta foriomlán	Cathair agus Fo-Bhailte Chorcaí: +115,000 duine Cathair agus Fo-Bhailte Luimnigh: +50,000 duine Cathair agus Fo-Bhailte Phort Láirge: +30,000 duine Fás bailte eile a dhearbhoifar trí na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha (SSERanna) laistigh den Chreat Náisiúnta foriomlán	Cathair agus Fo-Bhailte na Gaillimhe: Suas le +45,000 duine Fás bailte eile a dhearbhoifar trí na Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha (SSERanna) laistigh den Chreat Náisiúnta foriomlán
Fás Dlúth Cliste	50% de thithe úra ar inlíonadh/ athfhorbraíocht (Cathair agus Fo-Bhailte Bhaile Átha Cliath) 30% de thithe úra ar inlíonadh/ athfhorbraíocht (áiteanna eile)	50% de thithe úra ar inlíonadh/ athfhorbraíocht (Cathracha agus Fo-Bhailte Chorcaí, Luimnigh agus Phort Láirge) 30% de thithe úra ar inlíonadh/ athfhorbraíocht (áiteanna eile)	50% de thithe úra ar inlíonadh/ athfhorbraíocht (Cathair agus Fo-Bhailte Chathair na Gaillimhe) 30% de thithe úra ar inlíonadh/ athfhorbraíocht (áiteanna eile)

3 ÁITEANNA UIRBEACHA NÍOS LÁIDRE

3.1 | Réamhrá

Leis na céadta bliain anuas d'fhás agus athrú, cuimsíonn áiteanna uirbeacha na hÉireann a lán acmhainní éagsúla atá uathúil agus leithdháilte go leathan. Cuirtear deiseanna ar fáil leo le haghaidh idirghníomhaíocht phobail agus shóisialta agus tá an acmhainneacht leo le haghaidh nuálaíochta agus rathúnais agus tá tionchar láidir acu ar a dtimpeallachtaí tuaithe.

Sna Cuspóir Beartais Náisiúnta i gCaibidil 2 ina leagtar amach bealach úr chun tosaigh d'fhás agus d'fhorbairt na hÉireann amach seo, ní mór dár gcathracha, bailte agus sráidbhailte bheith ina n-áiteanna ina roghnóidh níos mó daoine eile cónaí iontu, oibriú iontu agus cuairt a thabhairt orthu faoi 2040.

Ciallaíonn sé sin go bhfuil gá ann le feabhas a chur ar eispéireas maireachtála, oibrithe na ndaoine agus a n-eispéireas ar chuairt a thabhairt ar áiteanna uirbeacha in Éirinn. Ní mór go n-éireoidh siad níos mealltach agus níos 'fearr le cónaí' iontu, chun cáilíocht beatha a bheidh daoine sásta a roghnú sa mhullach ar na 'comhbhabhtálacha' malartacha a rinneadh le fiche nó tríocha bliain anuas, go háirithe maidir le cá háit le cónaí. Tá an lán cúiseanna leis sin.



3.2 | An Fáth go bhfuil Áiteanna Uirbeacha Tábhachtach

Sóisialta/Pobail

Bhí lonnaitheoirí uirbeacha ann ar dtús mar áiteanna de mhalairt dhaoine nó idirphearsanta agus is é sin fós a bpríomhfheidhm i ndomhan atá ag athrú anois. Tá siad ina n-áiteanna tábhachtacha chun earraí, seirbhísí agus tuairimí a thrádáil, d'fhaisnéis, foghlaim agus nuálaíocht, chomh maith le riarachán, siamsaíocht agus adhradh. Tairgeann siad rogha agus deis chomh maith le nascacht agus pobal.

Is iad cathracha agus bailte de gach méid, trína gcineál, na háiteanna is inrochtana, is éasca teacht chucu i ndobharcheantar faoi leith. Tá a lán rudaí a chuireann le cáilíocht beatha daoine ar féidir freastal orthu ar an dóigh is fearr in áiteanna uirbeacha. Tá réimse leathan ina measc sin ó siopaí móra agus oifigí, go hiompar poiblí, páirceanna, leabharlanna, amharclanna, ospidéal agus ionaid sláinte chomh maith le hollscoileanna agus staidiamáí spóirt.

In ainneoin é sin go léir, meastar go bhfuil cuid dár gcathracha agus roinnt bailte ina n-áiteanna mítharraingteacha le cónaí iontu, agus féachtar orthu mar a bheith oiriúnach d'earnálacha áirithe den tsochaí nó de chineálacha áirithe forbartha amháin. I gcásanna eile, rinneadh imill cathracha agus bailte níos lú laistigh d'fhad comaitéireachta ionad níos mó a ró-fhorbairt ag luas a chuir pobail a bhí ann cheana as a riocht. Le chéile, bhain an patrún sin a bhonn ó a lán dár n-áiteanna uirbeacha.

Ciallaíonn luach agus acmhainneacht ár gcathracha, ár mbailte agus ár sráidbhailte go bhfuil deiseanna ann chun ár dtreo a athrú, go háirithe i gcomhthéacs daoine atá ag dul in aois agus méid teaghlaigh níos lú agus patrúin úra oibre agus stíleanna maireachtála. Sa chomhthéacs sin, éireoidh idirghníomhaíocht pobal agus tacaíocht agus rochtain ar réimse seirbhísí níos tábhachtaí. Dá bhrí sin, tá sé ina chuspóir in Éire 2040:

Cuspóir Beartais Náisiúnta 4

Áiteanna uirbeacha a bheidh mealltach, ina mbeifear ábalta cónaí, a bheidh dea-dheartha, agus ar ardchaighdeán a chruthú ina gcónaídh pobail éagsúla agus chomhtháite a mbeidh cáilíocht beatha agus folláine ardchaighdeán acu.

Geilleagar/Rathúnas

Tá an cineál comhfhorbairtha áite atá leagtha amach thuas fíorthábhachtach chomh maith don rathúnas eacnamaíoch de réir mar atá éifeacht chomhchruinnithe ag an domhandú. Léirítear le treochtaí fostaíochta go bhfuil réigiúin chathrach ag feidhmiú níos mó agus níos mó mar phointe fócais d'infheistíocht idirnáisiúnta shoghluaiste. Mealltar seirbhísí ard-bhreislúacha go príomha chuig limistéir uirbeacha, agus bíonn cathracha san iomaíocht le cathracha eile ar bhonn idirnáisiúnta.

Ciallaíonn sé sin go mbíonn a lán earnálacha, ach go háirithe na cinn a bhaineann leis an ngeilleagar faisnéise agus forbairt eolais, an-sainiúil d'áit de ghnáth. Mealltar daoine ardoilte le chéile, toisc go 'gceirtleánaíonn' comhlachtaí sna margaí saothair níos mó, níos dlúithe, níos oilte a fhaightear i limistéir uirbeacha.

Chomh maith le scála agus déine, braitheann sé sin ar mheallacht áiteanna d'fhostaithe fhéideartha ardoilte chomh maith le sruth seasta tallainne agus nuálaíochta áitiúla a bhaineann le hinstiúidí taighde tríú leibhéal a bheith iontu. Tá nascacht idirnáisiúnta tábhachtach chomh maith, i gcás go bhfuil turais ghairid chuig aerfort ina rogha mhaith ceann scríbe ina thoisic fhíorthábhachtach.

Ar bhonn intíre tá cuideachtaí trádála níos leithdháilte agus lonnaíonn siad in áiteanna ina bhfuil éileamh áitiúil/réigiúnach dá seirbhísí, ach ciallaíonn cúinsí domhanda atá ag athrú nach mór dóibh a bheith lúfar chun oiriúnú do nuálaíocht luath. Tugann sé sin chun suntais an gá atá ann le díriú ar uas-sciliú agus foghlaim ar feadh an tsaoil ar fud na réigiúin, chomh maith le tacú le speisialtóireacht earnála atá tagtha chun cinn ag suíomhanna éagsúla.

I ré ina bhfuil cineál na n-áiteanna uirbeacha ina thoisic fhíorthábhachtach maidir le fás eacnamaíoch agus forbairt réigiúnach a dhearbhu, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil réimse áiteanna uirbeacha cáiliúchá ann ina roghnóidh daoine cónaí iontu, oibriú iontu agus infheistiú iontu.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 5

Cathracha agus bailte a bheidh de mhéid agus de cháiliúocht imleor a chruthú chun dul san iomaíocht ar bhonn idirnáisiúnta agus chun bheith ina spreagthaí d'fhás agus infheistíocht náisiúnta agus réigiúnach.

Cás-staidéar

Dugthailte Réigiún Bhaile Átha Cliath

Cruthaíodh Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath leis an Acht um Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath 1997 chun mórthionscadal um athghiniúint fhisiciúil, shóisialta agus eacnamaíoch a stiúradh i gcroílár Bhaile Átha Cliath.

Shín an Tionscadal thar 520 acra, agus ag an gcroílár bhí iar-limistéir dhugthailte lenar bhain 100 acra de thalamh thionsclaíoch a bhí an-tréigthe nó de luach íseal. Bhí 175,000 duine sna pobail éagsúla sa limistéar lasmuigh den chroílár sin. Cé go raibh mothú an-láidir agus gníomhach pobail ann, bhí deacrachtaí eacnamaíocha agus sóisialta an-mhór ann.

Rinne Tionscadal na nDugthailte athrú radacach ar an limistéar iomlán, ní hamháin trí mhórchéimeanna d'fhorbairt réadmhaoine ilghnéitheach ach trí pháirt a thabhairt do na daoine áitiúla agus trí idirghabhálacha oideachais agus sóisialta eile a chothú agus a infheistiú.

Tá Dugthailte Bhaile Átha Cliath ina gceanncheathrú cathrach den scoth agus ina n-eiseamláir d'athghiniúint inbhuanaithe cathrach istigh, rud a leanann le mórchion a chur le rathúnas sóisialta agus eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath agus Éireann ina hiomláine.



Fisciúil/Comhshaol

Is é ceann de na príomhthairbhí a bhaineann le fócas a chur ar áiteanna uirbeacha na hÉireann mar bhealach úr chun tosaigh le haghaidh fás agus forbairt amach anseo go laghdóidh sé na tionchair dhíobhálacha ar an gcomhshaol.

Ar na leibhéal is bunúsaí, caomhnóidh tógáil laghdaithe talún an talamh talmhaíochta agus gnáthóga. Trí leas a bhaint as bonneagar, foirgnimh agus láithreáin atá ann cheana agus an gá le taisteal achair fhada a laghdú laghdófar idiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin.

Trí leas níos éifeachtaí a bhaint as seirbhísí agus bonneagar atá ann cheana cinnteofar inmharthanacht agus cuirfear cosc ar iomarcaíocht chomh maith le dúbailt chostasach in áiteanna eile. Go sonrach, cinnteoidh níos mó daoine go n-éireoidh seirbhís iompair phoiblí níos inmharthana, go háirithe in ionaid níos mó. Má breathnaítear ar gach cineál áite uirbí mar a bheith níos mealltaí agus níos sábháilte, spreagfar níos mó daoine chun siúl nó dul ag rothaíocht.

D'fhéadfaí breathnú ar a lán dár gcathracha agus dár mbailte go léir nó cuid díobh mar a bheith ina n-acmhainní tearcúsáidte, ag a bhfuil acmhainneacht shuntasach le haghaidh diansaothraithe agus athghiniúna. Teastaíonn breathnú ar ról dhifriúla agus feidhmeanna úra faoina choinne sin, ach ar fhormaid fhisiciúla athraithe agus leibhéil fheabhsaithe taitneamhachta agus deartha.

Tá tionchar ag gach scála agus gach cineál áite uirbí ar an gceantar máguaird agus tá siad comhtháite ina gcúlchríoch go pointe áirithe. Bíonn tionchar ag gníomhaíocht orthusan dá réir sin sa limistéar i gcoitinne, go háirithe i gcás lonnaithe níos lú. I gcás go bhfuil siad níos gaire do chathracha nó do bhailte níos mó, dírtear iad ar chomaitéirí, ach in áiteanna eile d'fhéadfadh deiseanna úra bheith i gceist e.g. seirbhís a sholáthar d'earnáil acmhainní atá ag teacht chun cinn nó taitneamhacht turasóireachta úr amhail glasbhealach.

Tá sé ríthábhachtach dá réir sin go ndéanfar ár gcathracha agus ár mbailte a urramú mar acmhainní comhshaoil atá le feabhsú agus le hathghiniúint.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 6

Tacú le hathghiniúint cathracha, bailte agus sráidbhailte de gach cineáil agus scála chun freastal ar na ról agus na feidhmeanna atá ag athrú agus leibhéil fheabhsaithe taitneamhachta agus deartha chun tionchar dearfach a chur ar a limistéar mórthimpeall.



Réigiún

Mórchéantar Uirbeach

Is ionann réigiún cathrach agus an dobharchéantar comaitéireachta óna dtagann 15% ar a laghad de lucht saothair limistéar na cathrach lena mbaineann. Beidh sé sin éagsúil ó Áireamh go hÁireamh, ach tá sé ag leathnú go ginearálta le blianta beaga anuas thar chathracha na hÉireann;



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)

Cathair

= lonnaíocht le daonra
+50,000 duine



5 cathracha in Éirinn
(34% den daonra na hÉireann
- 1.6 milliún duine ar an iomlán)

Is ionann daonra

Bhaile Átha Cliath agus daonra na chéad 40 cathair agus baile le chéile

Bhaile Átha Cliath

An chéad 40

3.3 | Struchtúr Uirbeach na hÉireann

Chun críche Éire 2040, soláthraíonn Daonáireamh 2016 tásc maith maidir le struchtúr uirbeach na hÉireann. Sainíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) lonnaíocht de níos mó ná 1,500 mar lonnaíocht 'uirbeach'. Bhí 200 lonnaíocht dá leithéid ann, agus i dteannta lena chéile chónaigh 63% den daonra náisiúnta iontu, in 2016. Tá siad sin mionsonraithe ar Thábla Bhanc Staidrimh CSO E2014.

Is ionann sainmhíniú aontaithe AE/ECFE ar 'chathair' agus lonnaíocht thart ar chroí-ionad ina bhfuil daonra de níos mó ná 50,000 duine. Cuimsítear sna cúig chathair - Cathair Bhaile Átha Cliath, Cathair Chorcaí, Cathair Luimnigh, Cathair na Gaillimhe agus Cathair Phort Láirge agus na fo-bhailte atá díreach thart orthu le chéile thart ar 1.6 milliún duine, nó díreach os cionn aon trian (34%) de dhaonra náisiúnta na hÉireann.

Is ionann beagnach trí cheathrú d'áititheoirí cathrach na hÉireann agus an 1.2 milliún duine, nó ceathrú (25%) den daonra, a bhfuil cónaí orthu i mBaile Átha Cliath.

Lasmuigh de na cúig chathair, bhí 41 baile 'mór', agus níos mó ná 10,000 agus baile i ngach ceann dóibh do 16% eile den daonra náisiúnta, in 2016.



Den chéad uair riamh in Éirinn, tá díreach os cionn leath den daonra, nó beagnach 2.4 milliún duine, ina gcónaí anois i gcathracha nó i mbailte móra ina bhfuil 10,000 duine ar a laghad. Mar sin féin, tá an struchtúr uirbeach foriomlán fós measartha lag agus dírithe ar Bhaile Átha Cliath agus codanna de dheisceart agus oirthear na hÉireann.

Is ionann daonra Bhaile Átha Cliath agus daonra na chéad 40 cathair agus baile le chéile. Ní raibh ach daonra de níos mó ná 25,000 duine i 7 gcinn de 41 baile mór na hÉireann in 2016 agus tá níos mó ná leath den 41 baile mór lonnaithe laistigh de réigiúin Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.

Níl ach líon beag bailte móra i Réigiún an Tuaiscirt agus Réigiún an Iarthair ina iomláine, agus tá an tionchar uirbeach ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe arb é sin an Réigiún Cathrach trasteorann Thiar Thuaidh atá dírithe ar Chathair Dhoire i dTuaisceart Éireann.

Tuaithe

Baile Mór



= lonnaíocht le daonra thart ar **10,000+** duine

41 bailte móra in Éirinn
(16% den daonra náisiúnta)



Baile Beag



= lonnaíocht le daonra de níos lú ná **10,000** duine



154 baile agus sráidbhaile níos lú in Éirinn

(13% den daonra náisiúnta)



Sráidbhaile/an Tuath Oscailte

Cónaíonn **37%** eile de mhuintir na hÉireann i lonnaíochtaí de níos lú ná **1,500** duine, nó i dtithe aonair i limistéir thuaithe.



Is é an cás go ginearálta a fhaide ar shiúl atá na háiteanna uirbeacha sin ó chathair, is é is mó gur dhócha gur tharla marbhántacht nó meath iontu le blianta beaga anuas.



Tá an 13% eile de dhaonra na hÉireann atá aicmithe mar 'uirbeach' ina gcónaí in 154 baile agus sráidbhailte níos lú ná 10,000 duine. Níl ach daonra níos mó ná 5,000 duine ag ach 40 ceann de na lonnaíochtaí sin. Cónaíonn 37% eile de mhuintir na hÉireann i lonnaíochtaí de níos lú ná 1,500 duine, nó i dtithe aonair i limistéir thuaithe.

In ainneoin shainmhíniú CSO ar 'tuaithe', meastar go bhfuil daonra níos lú ná 10,000 duine i bhformhór na mbailte bailte agus meánmhéide in Éirinn, mura bhfuil siad laistigh de dhobharcheantar láithreach nó 'uirbeach' cathrach, a bhfuil tréith thuaithe acu den chuid is mó agus atá pléite i gCaibidil 4.

Is é an cás go ginearálta a fhaide ar shiúl atá na háiteanna uirbeacha sin ó chathair, is é is mó gur dhócha gur tharla marbhántacht nó meath iontu le blianta beaga anuas.¹⁶ Tá eisceachtaí ann, lena n-áirítear roinnt áiteanna rathúla ar bhaill theo turasóireachta iad. Cé nach féidir an leibhéal céanna fáis a bhaint amach i ngach áit go haonfhoirmeach, léiríonn an treocht seo ní hamháin caillteanas suntasach daoine, ach léiríonn sé acmhainneacht chomh maith nach mór aghaidh a thabhairt air. Dá bhrí sin, tá sé ina chuspóir in Éire 2040:

Cuspóir Beartais Náisiúnta 7

Gach leibhéal de struchtúr uirbeach na hÉireann a neartú, agus béim faoi leith ar:

- Ár bPríomhchathair, Baile Átha Cliath.
- Na ceithre Chathair, Cathair Chorcaí, Cathair Luimnigh, Cathair na Gaillimhe agus Cathair Phort Láirge.
- Bailte móra (daonra de >10,000) atá lonnaithe lasmuigh de na cúig réigiún cathrach¹⁶ agus go háirithe réigiún an tuaiscirt agus an iarthair.
- Bailte beaga (daonra de <10,000) atá lonnaithe lasmuigh de chúig réigiún cathrach i gcomhair lena limistéir thuaithe máguaird¹⁷.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 7a

Chun fás náisiúnta inbhuanaithe a bhaint amach i limistéir uirbeacha agus thuaithe, cuirfear tionscnamh um Fhás Cliste Náisiúnta i bhfeidhm chun tacú le forbairt agus chun an infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a threisiú, mar chuid den phlean infheistíochta caipiteal deich mbliana.



3.4 | Pleanáil le haghaidh Fhás Uirbeach na hÉireann

Léirítear i réamh-mheastacháin ITES ar a bhun Éire 2040 bunaithe:-

- Go dtiocfaidh méadú thart ar aon mhilliún duine nó thart ar 20% ar an daonra; agus
- Go dtiocfaidh méadú thart ar dhá thrian de mhilliún duine nó thart ar 33% ar líon na bpost.

Le chéile, teastóidh thart ar leathmhilliún teach úr nó méadú thart ar 25%.

Dá réir sin, is é straitéis Éire 2040 maidir le pleanáil do na hathruithe tuartha sin na réigiúin a fhás, ionaid mhórsála a thógáil agus foirmeacha forbartha níos dlúithe agus níos inbhuanaithe a chinntiú a bheidh tacaíthe ag infheistíocht, bearta fíoscacha agus socruithe úra rialachais agus institiúideacha.

Chun é sin a chur ar aghaidh, féachtar leardleibhéil chomhréireacha d'fhás daonra a spreagadh ag suíomhanna inar féidir freastal air ar an modh is fearr. Tá an straitéis um fhás 'comhréireach' bunaithe ar bhreithnithe scála agus acmhainne, inrochtaineachta agus struchtúir uirbigh.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 8

A chinntiú go mbeidh an patrún sprice d'fhás daonra chathrach agus bhailte móra na hÉireanngo 2040 comhréireach, de réir na spriocanna atá leagtha amach i dTábla 3.1.

Tábla 3.1 | Éire 2040: Patrún Sprice Fhás Daonra na gCathracha

Cathair	Daonra 2016	Fás Daonra go 2040 ¹⁸		Spriocdhaonra 2040
		% Réimse	Daoine	
Baile Átha Cliath – Cathair agus Fo-bhailte	1,173,000	20-25%	264,000	1,437,000
Corcaigh – Cathair agus Fo-bhailte	209,000	50-60%	115,000	324,000
Luimneach – Cathair agus Fo-bhailte	94,000	50-60%	52,000	146,000
Gaillimh – Cathair agus Fo-bhailte	80,000	50-60%	44,000	124,000
Port Láirge – Cathair agus Fo-bhailte	54,000	50-60%	29,000	83,000

3.5 | Cathracha na hÉireann

Is é Baile Átha Cliath cathair mhórsála dhomhanda na hÉireann agus leanann sé ag spreagadh a lán d'fhás na tíre ina hiomláine. Tá Corcaigh ag teacht chun cinn mar ionad mórsála idirnáisiúnta agus tá sé ar a chumas Baile Átha Cliath a chomhlánú, ach teastaíonn dlús suntasach a chur leis agus fás bunaithe ar chathair chun an ról sin a bhaint amach go hiomlán.

Dá bhrí sin ba chóir go leanfadh Cathair Bhaile Átha Cliath agus an limistéar fo-uirbeach atá buailte air ag fás ag leibhéil sprice ag an meánfhás náisiúnta réamh-mheasta nó díreach os a chionn go dtí 2040 i.e. thart ar 20-25%. Ba cheart don ráta fáis i gCathair Chorcaí agus sa limistéar fo-uirbeach bheith dhá oiread sin i.e. suas le 50%, agus suas le trí huairé an mheáin náisiúnta réamh-mheasta i.e. suas le 60%, thar an tréimhse chéanna.

Ag cur scála Bhaile Átha Cliath sa áireamh, ciallaíonn sé sin planáil do thart ar 265,000 níos mó daoine i mBaile Átha Cliath faoi 2040. Ciallaíonn an ráta sprice níos airde do Chorcaigh chomh maith planáil le haghaidh líonta suntasacha, thart ar 115,000 níos mó daoine i gCorcaigh faoi 2040.

Tá cathracha Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge ina spreagthaí fáis náisiúnta chomh maith agus ina bpríomhionaid réigiúnacha. Tá infheictheacht idirnáisiúnta acu ar fad go méid áirithe agus teastaíonn scála níos mó dóibh. Mar chuid de straitéis Éire 2040 luas a chur le forbairt na gCathracha sin agus iad a neartú, ba cheart go ndéanadh an trí cinn díobh planáil chun fás leath eile ar a laghad i.e. 50% agus suas le trí huairé na meánleibhéil náisiúnta réamh-mheasta i.e. 60% faoi 2040.



Ag cur scála Bhaile Átha Cliath sa áireamh, ciallaíonn sé sin planáil

265,000

do thart ar 265,000 níos mó daoine i mBaile Átha Cliath faoi 2040.

Ciallaíonn an ráta sprice níos airde do Chorcaigh chomh maith planáil le haghaidh líonta suntasacha, thart ar

115,000

níos mó daoine i gCorcaigh faoi 2040.

3.6 | Bailte Réigiúnacha Móra na hÉireann

Tá scóip ann d'fhás féideartha sna bailte móra ar fad in Éirinn. I gcomhthéacs Éire 2040 mar Chreat Náisiúnta, dearbhófar é sin tríd an Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach ábhartha (SSER) do gach limistéar Tionóil Réigiúnaigh, ag cur acmhainneacht na mbailte níos lú agus limistéar tuaithe san áireamh chomh maith.

Laistigh de limistéir Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre agus an Deiscirt araon, ba cheart don spriocfhás daonra foriomlán do bhailte móra ina bhfuil daonra de >10,000 in 2016 bheith ionann le 20-25% go ginearálta, agus tá sé sin chun tosaigh ar an meánfhás náisiúnta réamh-mheasta. Is é is cuspóir leis sin freastal ar fhás fócasaithe agus comhréireach agus leibhéil iomarcacha d'fhorbairt sceite cathair-ghinte i suíomhanna áirithe a chosc ag an am céanna.

Agus struchtúr uirbeach níos laige á aithint i dtuaisceart agus iarthar na hÉireann, ba cheart don spriocfhás daonra foriomlán do bhailte móra ina bhfuil daonra >10,000 in 2016 laistigh de limistéir Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, bheith ionann le 40% go ginearálta, nó beagnach dhá oiread an mheánfháis náisiúnta réamh-mheasta.

Sna trí limistéir Tionóil Réigiúnaigh ar fad, ní chiallaíonn sé sin nach féidir le lonnaíochtaí aonair forbairt thar an sprioc-ráta ginearálta fáis do gach limistéar, ach ciallaíonn nach féidir leo ar fad, toisc go gcaithfear fás a chothromú go ginearálta eatarthu ag na céimeanna planála réigiúnaí agus áitiúla.

Is cuí é go dtabharfar aghaidh sna Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha ábhartha (SSER) do gach limistéar Tionóil Réigiúnaigh ar acmhainneacht na mbailte móra agus na ndobharcheantar réigiúnach máguaird i gcomhair le breithniú na spriocanna fáis do chathracha agus do bhailte níos lú agus limistéir thuaithe. Agus patrúin sprice fáis amach anseo á dearbhú i mbailte móra, áireofar ar na príomhbhreithnithe:

- Cibé an bhfuil lonnaíocht lonnaithe laistigh nó lasmuigh de cheann de na cúig dhobharcheantar Cathrach-Réigiúin atá sainithe.
- Scála an tsoláthair fostaíochta agus glansruthanna comaitéireachta.
- Inrochtaineacht agus tionchar i gcomhthéacs réigiúnach. Méid sholáthar na seirbhísí áitiúla i.e. riarachán; oideachas - go háirithe oideachas tríú leibhéal; sláinte; caitheamh aimsire agus miondíol.
- Go háirithe idirspéleachtas fo-réigiúnach, mar shampla, i gcás gur féidir lonnaíocht a lonnú i gcoibhneas le líon na lonnaíochtaí in aice láimhe.
- Uaillmhian, tionscnamh agus tiomantas áitiúil maidir le fás dlúth a bhaint amach.



3.7 | Fás na Fostaíochta Uirbí

Tá patrún an fháis uirbí sprice in Éire 2040 de réir an daonra agus acmhainne, ag aithint go mealltar agus forbairt fiontar chuig suíomhanna uirbeacha den chuid is mó, spreagtha ag fórsaí margaidh amach ceirtleán, imirce agus speisialtóireacht a bhraitheann ar thosca amhail scála, inrochtaineacht, nuálaíocht atá tacaithe ag institiúidí tríú leibhéal agus cáilíocht beatha.

Fás fostaíochta réamh-mheasta in Éirinn go 2040 agus cé go bhfuil sé suntasach, braithfidh sé ar deireadh ar ár n-acmhainn chun freastal air. Bíonn rath ar fhiontair inbhuanaithe i dtimpeallachtaí gnó tacúla lena bhfeabhsaítear iomaíochas agus táirgiúlacht lena bhfuil bonneagar maith tacaíochta. Tá naisc fhíorthábhachtacha ann chomh maith idir cáilíocht na comhfhorbairt áite agus infheistíocht ghnó/cruthú post. Tá comhfhorbairt áite sainithe mar phríomhdhifreálaí in Fiontraíocht 2025, Beartas Náisiúnta Fiontar na hÉireann 2015-25.

Is é straitéis Éire 2040 díriú ar chion suntasach den fhás daonra i gCathracha na hÉireann, agus féachaint chomh maith le feabhas a chur ar na mbonneagar uirbeach, cumas maireachtála agus cáilíocht na timpeallachta tógtha. Leis an gcur chuige sin bhí sé beartaithe a chinntiú go leanfaimid le réimse tarraingteach deiseanna d'fhorbairt fiontraíochta a sholáthar agus athrú ag teacht ar an ngníomhaíocht agus ar na hearnálacha fostaíochta.

Ar scála uirbeach, tá sé tábhachtach go sainaithneofaí suíomhanna inar féidir le fiontair tailte forbartha, fónais agus réadmhaoine tráchtála ar na caighdeáin is airde atá ar fáil go hidirnáisiúnta a rochtain ar phraghsanna iomaíocha. Maidir le pleanáil chun freastal ar fhás fostaíochta straitéisí ag an leibhéal réigiúnach agus áitiúil ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Suíomh reatha fostaíochta, déine na n-oibrithe, tógáil talún agus spleáchas acmhainní/bonneagair, lena n-áirítear lárionaid bhaile, páirceanna gnó, eastáit thionsclaíocha agus fiontair aonair mhóra.
- Suíomhanna lena leathnú d'fhiontair atá ann cheana. Suíomhanna d'fhiontair úra, bunaithe ar a mhéid a bhfuil a lán daoine iontu (i.e. fostaithe/chustaiméirí), fairsing ar spás (i.e. talmhaíocht), ceangailte le hacmhainní, ag braith ar infhaighteacht cineálacha éagsúla bonneagair (e.g. teileachumarsáid, cumhacht, uisce, bóithre, aerfort, calafort etc.) nó ag brath ar na scileanna atá ar fáil.

Chomh maith leis na cúig chathair, tá deiseanna ann do limistéir uirbeacha eile agus go háirithe bailte atá nasctha go maith agus a bhfuil rochtain acu ar dhobharcheantar ina bhfuil daonra suntasach agus/nó inar féidir cáilíocht mhaith beatha a thairiscint, chun freastal ar fhás fostaíochta.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 9a

Déanfaidh Údaráis Réigiúnacha agus Áitiúla suíomhanna a shainaithint agus a cháilióchtú le haghaidh fás fostaíochta straitéisí sna cathracha a sainaithníodh ar Thábla 3.1.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 9b

Déanfaidh Údaráis Réigiúnach agus Áitiúla suíomhanna le haghaidh fás fostaíochta, nuair is oiriúnach, a shainaithint agus a cháilióchtú i limistéir uirbeacha go ginearálta.

3.8 | Forbairt Inlíonta Uirbigh/ Athfhorbraíochta Uirbí a Bhaint Amach

Dírítear in Éire 2040 ar chion suntasach den forbairt uirbeach amach anseo ar láithreáin forbartha inlíonta/athfhorbraíochta laistigh d'ímchumhdach tógtha na limistéar uirbeach atá ann cheana. Baineann sé sin le gach scála lonnaithe, ón gcathair is mó, go dtí an sráidbhaile is lú.

Ciallaíonn sé sin níos mó daoine, post agus gníomhaíochta go ginearálta a spreagadh laistigh dár limistéir uirbeacha reatha, seachas forbairt úr a bheadh ar siúl go príomha ar na páirceanna lasmuigh agus teastaíonn athrú i meon.

Go sonrach, teastaíonn toimhde ina leith i bhfabhar forbairt lena spreagtar níos mó daoine, post agus gníomhaíochta laistigh de na limistéir uirbeacha reatha. Tá sé sin ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an forbairt na caighdeáin chuí chun na leibhéil sprice fáis a bhaint amach. Teastaíonn leis chomh maith bainistíocht ghníomhach a dhéanamh ar thailte agus láithreáin i limistéir uirbeacha chomh maith.

Maidir le Fás ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil



ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh:

Suíomh reatha fostaíochta, déine na n-oibrithe, tógáil talún agus spleáchas acmhainní/bonneagair, lena n-áirítear lárionaid bhaile, páirceanna gnó, eastáit thionsclaíocha agus fiontair aonair mhóra.

Suíomhanna lena leathnú d'fhiontair atá ann cheana.

Suíomhanna d'fhiontair úra, bunaithe ar a mhéid a bhfuil a lán daoine iontu (i.e. fostaithe /custaiméirí), fairsing ar spás (i.e. talmhaíocht), ceangailte le hacmhainní, ag braith ar infhaighteacht cineálacha éagsúla bonneagair (e.g. teileachumarsáid, cumhacht, uisce, bóithre, aerfort, calafort etc.) nó ag brath ar na scileanna atá ar fáil.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 10

Beidh toimhde ina leith i bhfabhar forbairt lena spreagtar níos mó daoine, post agus gníomhaíochta laistigh de na limistéir uirbeacha reatha, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh an fhorbairt na caighdeáin chuí phleanála agus go mbainfear an spriocfhás amach.

Go soiléir, is é an phríomhthástáil na caighdeáin chuí phleanála a chomhlíonadh, agus ba cheart go mbeadh sé bunaithe ar fheidhmíocht chun torthaí dea-dhearthra, ardchaighdeáin a bhaint amach, seachas i ngach uile chás. Cé go bhfuil sé riachtanach corruair cosaint in éadan dearadh droch-cháilíochta, ba chóir caighdeáin phleanála a chur i bhfeidhm go solúbtha mar fhreagairt ar thograí forbartha dea-dhearthra lena féidir cuspóirí na forbartha uirbí inlíonta agus athfhorbraíochta a bhaint amach i lonnaíochtaí de gach méid.

Tá sé sin in aitheantas ar gur ceapadh a lán de na caighdeáin phleanála uirbí reatha lena gcur i bhfeidhm ar láithreáin forbartha úrnua agus tá deacracht leis na sraitheanna fabhráithe castachta sna limistéir chomhthógtha atá ann cheana a chur san áireamh iontu. Go sonrach, d'fhéadfadh sé nach mbeidh feidhm ag srianta ginearálta ar airde foirgnimh nó caighdeáin uilíocha do pháirceáil nó méid gairdín maidir leis na cúinsí uile i limistéir uirbeacha agus ba cheart critéir feidhmíochta a chur ina n-ionad atá oiriúnach don suíomh ginearálta e.g. cathair/lár baile, mol iompair phoiblí, fo-bhailte istigh, conair iompair phoiblí, fo-bailte amuigh, baile, sráidbhaile etc.

Le cur chuige feidhmíochta níos dinimiciúla atá oiriúnach do shuíomh uirbeach beifear ábalta an leibhéal seirbhíse iompair phoiblí a fheabhsú de réir mar a bheidh tuilleadh forbartha ar siúl agus vice versa. Níor cheart go mbeadh riachtanas páirceála ann do gach forbairt úr go ginearálta i lárionaid na gcúig chathrach nó gar dóibh, agus ba cheart go mbeadh laghdú suntasach ar an riachtanas i bhfo-bhailte istigh na gcúig cinn.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 11

I limistéir uirbeacha, beidh caighdeáin phleanála agus caighdeáin ghaolmhara, lena n-áirítear airde foirgnimh agus páirceáil bunaithe ar chritéir feidhmíochta rud a chuirfear réitigh mhalartacha ar siúl ina bhféachtar le torthaí dea-dhearthra ardchaighdeáin agus sábháilte a bhaint amach chun fás spriocdhírthe a chosnaíonn an comhshaol a bhaint amach.

Cuirfear an cur chuige níos dinimiciúla i bhfeidhm ar thalamhúsáid uirbeach chomh maith, i gcás go bhféadfadh athrú teacht ar thréith na talamhúsáide i limistéar uirbeach. Go ginearálta ba cheart go mbeadh sé sin mar chuid den phlean limistéar foriomlán nó den mháistirphlean agus/nó a bheith oiriúnach lena chur i bhfeidhm ar bhonn incriminteach. Teastóidh bearta tacaíochta breise ina leith chomh maith. Cé go mbeidh beartais um pleanáil ina chuidiú maidir le spriocanna fáis uirbhí inlíonta/athfhorbraíochta a sheachadadh tá bainistíocht ghníomhach a dhéanamh ar thailte agus láithreáin i limistéir uirbeacha, go háirithe i dtailte faoi úinéireacht phoiblí, ríthábhachtach chomh maith.

Áirítear ar bhearta bainistíochta talún gníomhaí tacú le spriocanna forbartha uirbí inlíonta/athfhorbraíochta an cumas láithreán a thiomsú le haghaidh forbartha agus/nóúsáidí fairsinge spáis a athlonnú a d'fhéadfadh bheith níos oiriúnach do shuíomhanna 'úrnua' imeallacha. D'fhéadfadh go n-áireofaí ar bhearta dá leithéid chomh maith an cumas comhordú a dhéanamh ar sholáthar bonneagair chumasúcháin chun láithreáin a oscailte d'fhorbairt agus/nó taitneamhachtaí comhroinnte chun feabhas a chur ar 'chumas maireachtála' limistéar uirbeach.

Chun é a chur i bhfeidhm go héifeachtúil ar fud na tíre, is cosúil go dteastóidh athrú institiúideach agus reachtach éigin. Go sonrach, le cur chuige 'gníomhaireacht forbartha' náisiúnta bhunófaí príomh-chomhthiomsú saineolaithe chun forbairt a spreagadh i gcomhair leis na húdaráis áitiúla agus geallsealbhóirí eile. Bheidh sé inmhiannaithe féachaint le méadú a dhéanamh ar infheidhmeacht reachtaíocht na ceannaigh éigeantaigh chun forbairt uirbeach a chumasú i gcúinsí áirithe.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 12

I limistéir uirbeach, cuirfear bainistíocht talún ghníomhach i bhfeidhm chun réimse deiseanna a shainaitheint chun spriocfhás a bhaint amach, suas go dtí agus lena n-áirítear feithiclí sainchuspóireacha a bhunú mar ghníomhaireacht forbartha náisiúnta agus féachaint le méadú a dhéanamh ar infheidhmeacht reachtaíocht na ceannaigh éigeantaigh chun forbairt uirbeach a chumasú i gcúinsí áirithe, chun tailte forbartha inlíonta agus athfhorbraíochta a chinntiú ar an mbealach eacnamaíoch agus comhshaoil is inbhuanaithe agus is féidir.

3.9 | Fás a Chumasú i gCathracha na hÉireann

BAILE ÁTHA CLIATH

Cé gurb é Baile Átha Cliath inneall gheilleagar na hÉireann agus gur fheidhmigh sé go maith go ginearálta le blianta beaga anuas, baineann na príomhdhúshláin le hinacmhaineacht tithe, iompar, taitneamhachtaí uirbeacha agus cumas maireachtála. Ní mór do Bhaile Átha Cliath freastal ar chion níos mó den fhás a ghintear laistigh dá theorainneacha uirbeacha agus feabhas ar rogha tithíochta, soghluaisteacht iompair agus cáilíocht beatha a thairiscint. Ní mór cathair níos glaise, níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath ar aon dul le hiomaitheoirí idirnáisiúnta.

Ar scála uirbeach, teastóidh chuige sin fócas a chur ar líon tionscadal mór athghiniúna agus athfhorbartha, go háirithe maidir le talamh thearcúsáidte laistigh de chanálacha agus cuarbhóthar an M50. Éileoidh sé sin chomh maith forbairt shuntasach úrnua, ar láithreáin ar féidir iad a chomhtháthú le limistéar comhthógtha reatha na cathrach agus ar a bhfreastalaíonn iompar poiblí ardacmhainne, agus tá a lán díobh ainmnithe mar Chriosanna Forbartha Straitéisí (CFSanna).

Teastaíonn cur chuige iomlánach chuige sin lena chinntiú go bhfreastalóidh iompar, bonneagar agus taitneamhachtaí ar fhorbairt chónaithe agus fostaíochta. Ciallaíonn sé chomh maith go gcinnteofar go mbainfear deiseanna ar scála níos lú amach le haghaidh forbairt inlíonta agus athfhorbraíochta.

Áirítear ar na príomhchumasóirí fáis amach anseo do Bhaile Átha Cliath:

- Roinnt limistéar mórsála uailmhianach um athghiniúint a shainithint chun tithíocht agus fostaíocht úr a sholáthar ar fud na cathrach agus acmhainn um chóireáil.
- Feabhas a chur ar inbhuanaitheacht i gcomhthéacs fuinnimh, dramhaíola, agus uisce chun téamh ceantair agus caomhnú uisce a chur san áireamh.
- limistéar uirbeach agus na bearta a theastaíonn chun iad a éascú mar thionscadail chomhtháite, inbhuanaithe agus forbartha.
- Forbairt inbhuanaithe na limistéar úrnua le haghaidh tithíochta, go háirithe iad siúd ar chonairí iompair phoiblí, amhail Baile Adaim, Coill na Silíní, Cluain Buiríosa agus Cluain Ghrifín a chur chun cinn.
- Líon teoranta suíomhanna inrochtana a dhearbhu d'fhostaíocht shuntasach ina dteastaíonn a lán daoine chun limistéir lár na cathrach agus na ndugthailte a chomhlánú.
- Deiseanna feabhsaithe a chur ar fáil do phobail atá ann cheana de réir mar a tharlóidh forbairt agus éagsúlú, go háirithe trí thacaíocht fostaíochta, foghlama agus oideachais.
- Úsáid nach bhfuil chomh dian a athlonnú lasmuigh de cuarbhothar an M50 go háirithe ón limistéar comhthógtha atá ann cheana go ginearálta.
- Na príomhthionscadail iarnróid a sheachadadh atá leagtha amach sa Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear leathnú an Metro Thuaidh, DART agus nasc líne ghlas an Luas go dtí an Metro Thuaidh.
- Córas feabhsaithe bus-bhunaithe a a fhorbairt, ag a mbeidh cuarcheangal agus comhtháthú níos fearr le líonraí iompair eile.
- A chinntiú go gcomhlíontar riachtanais soláthair uisce agus fuíolluisce trí thionscadail náisiúnta úra chun feabhas a chur ar sholáthar uisce Bhaile Átha Cliath agus acmhainn cóireála an fhuíolluisce a mhéadú.
- Tionscadail na ríochta poiblí agus taitneamhachtaí uirbeacha, ina ndíreofar ar shráideanna agus spásanna poiblí, go háirithe sa limistéar idir na canálacha agus i gcás go bhfuil siad nasctha le tionscadail um athghiniúint shóisialta.
- Bearta chun feabhas a chur ar an líonra reatha spásanna glasa agus iad a nascadh ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear Páirc an Fhionnuisce agus páirceanna eile, Cuan Bhaile Átha Cliath agus na canálacha, faoi réir staidéar ródúcháin agus measúnuithe timpeallachta riachtanacha ar bith a dhéanamh.
- An líonra rothaíochta uirbeach a leagan arna leagan amach i bPlean Líonra Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus príomhbhealaí comaitéireachta agus glasbhealaí uirbeacha ar chonairí na gcanálacha, aibhneacha agus cóstaí san áireamh.
- Feabhas a chur ar an rochtain chuig Aerfort Bhaile Átha Cliath, chun rochtain fheabhsaithe iompair phoiblí, naisc ón líonra bóithre ón iarthar agus ón tuaisceart a chur san áireamh agus san fhadtearma, breathnú ar rochtain iarnróid throm a chur san áireamh chun éascaíocht a dhéanamh do sheirbhísí díreacha ón líonra náisiúnta iarnróid i gcomhthéacs leictirí féideartha amach anseo.
- Éascaíocht a dhéanamh d'fhás Phort Bhaile Átha Cliath trí leathnú níos éifeachtaí, teoranta isteach i gCalafort Bhaile Átha Cliath agus rochtain fheabhsaithe ar bhóithre, go háirithe chuig/ó limistéar an phoirt theas.



CHORCAÍ

Feidhmíonn Corcaigh cheana mar mhórlionad uirbeach in Éirinn agus chuir an Chathair i féin chun cinn mar ionad Eorpach meánmhéide fáis agus nuálaíochta atá ag teacht chun cinn. Tá sé rithabhachtach go mbainfear leas as an acmhainneacht sin chun próifíl uirbeach na hÉireann a threisiú tuilleadh.

Chuirge sin teastaíonn fíis uailmhianach do Chorcaigh, nach mór timpeallacht uirbeach atá iomaíoch agus inbhuanaithe ar bhonn idirnáisiúnta a bheith ag a chroíláir. Ciallaíonn sé sin tithíocht, iompar, taitneamhachtaí agus córais fuinnimh a sholáthar i gcomhthéacs an dea-chleachtais Eorpaigh.

Ceann de na dúshláin is mó is ea fás suntasach a bhaint amach a aistreoidh réigiún uirbeach Chorcaí go dtí an chéad leibhéal eile maidir le dul i ngleic le meath fadtéarmach dhaonra uirbeach na Cathrach. Tá fianaise dhearfach maidir leis sin in Áireamh 2016 agus leanfar le tábhacht a bheith leis chun tuilleadh daoine agus post a mhealladh chuig codanna bunaithe reatha den Chathair.

Tá gá chomh maith le bonn fostaíocht Chorcaí a fhás agus a éagsúlú. Ciallaíonn sé sin na dálaí chun nuálaithe agus fiontraithe a mhealladh agus a choinneáil agus a bheith inrochtana d'infheisteoirí.

Príomhchuid maidir le dul i ngleic leis sin is ea timpeallacht uirbeach fheabhsaithe, lena n-áirítear rogha agus cáilíocht tithíochta níos fearr, suíomhanna úra fostaíochta, spásanna poiblí feabhsaithe agus iompar poiblí feabhsaithe chomh maith le roghanna sábháilte agus pléisiúrtha chun dul ag siúl agus ag rothaíochta.

Is gá chomh maith feabhas a chur ar an nascacht réigiúnach i gcomhar le straitéisí fáis uirbhí do Chorcaí agus do na cathracha réigiúnacha eile. Ba cheart go mbeadh na meán-amanna turais in aghaidh an km de bhóthar ó Chorcaí chuig cathracha Luimnigh, Phort Láirge agus na Gaillimhe comhionann leis na meán-amanna turais ó Bhaile Átha Cliath. Faoi láthair, tá na meán-amanna turais in aghaidh an km ó Chorcaí suas le 30-40% níos moille in aghaidh an km ná mar atá sé ó Bhaile Átha Cliath agus ó Chathracha eile.



Agus straitéisí fáis limistéar uirbeach á mbreathnú do Chorcaigh, tá sé tábhachtach a chinntiú nach mbaineann feabhsú inrochtaineacht na mbóithre réigiúnach an bonn ón bhfás daonra agus post trí fhorbairt a dhíláithriú chuig suíomhanna úrnua níos scaipthe agus níos faide ar shiúl.

Mar thoradh ar chríoch Scéim um Fhaoiseamh Tuile na Laoi íochtaráí atá fós ar siúl, ní mór dul i ngleic leis an gceist um bainistíocht tuile mar chuid de straitéis fáis ar bith amach anseo do Chorcaí in aice an Laoi.

Áirítear ar na príomhchumasóirí fáis amach anseo do Chorcaí:

- Tionscadail mhórsála uailmhianacha um athghiniúint a sheachadadh chun fostaíocht, tithíocht úr a sholáthar agus chun tacú le bonneagar i gCeantar Dugaí Chorcaí (Ceantar Dugaí agus Tivoli) mar fhorbairtí comhtháite, inbhuanaithe, lena n-áirítear athlonnú an dá láithreán 'Seveso' ó Cheantar Dugaí na Cathrach.
- Forbairt inbhuanaithe na limistéar úrnua le haghaidh tithíochta, go háirithe iad siúd ar chonairí iompair phoiblí, amhail an Mhóin Ard a chur chun cinn.
- Deiseanna inlíonta agus athghiniúna a shainaithint chun forbairt tithíochta a dhianú i limistéir cathrach istigh agus limistéir fho-uirbeacha istigh, a bheidh tacaíthe ag tionscadail na ríochta poiblí agus taitneamhachtaí uirbeacha.
- Deiseanna feabhsaithe a chur ar fáil do phobail atá ann cheana de réir mar a tharlóidh forbairt agus éagsúlú, go háirithe trí thacaíocht fostaíochta, foghlama agus oideachais.
- Forbairt páirce úir eolaíochta agus nuálaíochta ón taobh thiar den Chathair, a bheidh inrochtana ag an iompar poiblí.
- Leathnú leanúnach institiúidí tríú leibhéal na Cathrach agus comhtháthú leanúnach leo.
- Forbairt de chóras iompair phoiblí an-fheabhsaithe ar fud na Cathrach ina gcuimseofar, faoi réir tuilleadh anailíse, tograí le haghaidh conair thoir-thiar ó Mhachain, trí Lár na Cathrach go Baile an Chollaigh agus conair thuaidh-theas le nasc chuig an Aerfort.
- Uasghrádú ar Acomhal Dhún Citil an M8/N25/N40 (ceadaithe) agus rochtain fheabhsaithe ar Phort Rinn an Scidigh.
- Nascacht réigiúnach fheabhsaithe trí fheabhas ar na meán-amanna turais de bhóthar.
- Sruth tráchta feabhsaithe thart ar an gCathair, lena bhféadfaí, faoi réir measúnaithe, uasghrádú ar an N40, agus nó malairtí bheith i gceist, a bhféadfadh feabhas ar an iompar poiblí bheith ar áireamh leis.
- Feabhas ar amanna turais iarnróid go Baile Átha Cliath agus breathnú ar naisc dhíreacha líonra ar aghaidh.
- A chinntiú go gcomhlíontar riachtanais soláthair uisce agus fuíolluisce trí thionscadail náisiúnta úra chun feabhas a chur ar sholáthar uisce Chorcaí agus acmhainn cóireála an fhuíolluisce a mhéadú.
- Feabhas a chur ar inbhuanaitheacht i gcomhthéacs fuinnimh, dramhaíola, agus uisce chun téamh ceantair agus caomhnú uisce a chur san áireamh.



Is é Luimneach an t-ionad uirbeach is mó i Meán-Iarthar na hÉireann, atá dírithe ar dhobharcheantar na Sionainne Íochtaráí. Áirítear leis an Réigiún Aerfort na Sionainne agus saoráidí poirt agus fuinneamh-bhainteacha inbhear na Sionainne, chomh maith le codanna tadhlaacha de Chontae an Chláir agus de Chontae Thiobraid Árann.

Mar ionad réigiúnach dea-lonnaithe atá suite leath bhealaigh idir Corcaigh agus Gaillimh ar Chonair Eacnamaíoch Atlantaigh na hÉireann agus le nasc maith le Baile Átha Cliath, tá an acmhainneacht ag Luimneach fás suntasach fostaíochta agus tithíochta a chruthú agus bheith ina fhócas maidir leis sin.

Tá sé riachtanach go neartóidh Luimneach a sheasamh mar an bpríomhfhócas laistigh den Réigiún agus go leanfaidh sé le dul i ngleic le hoidhreacht an fháis réigiúnaigh a tharla lasmuigh de limistéar na Cathrach. Cuireadh sraith beart nuálach, praiticiúil agus institiúideach i bhfeidhm chun é sin a bhaint amach le blianta beaga anuas agus tá fianaise ann gur tharla slánú i gcomhthéacs an fháis daonra agus fostaíochta araon.

Chuir Athghiniúint Luimnigh, cumascadh Chathair agus Chontae Luimnigh agus le déanaí, tionscnamh Luimneach 2030, ar fad le feabhas a chur ar acmhainneacht fáis Luimnigh. Ag obair i dteannta institiúidí tríú leibhéal na Cathracha, Aerfort na Sionainne agus comhlachtaí amhail Forbairt Shionainne agus Cuideachta Calafóirt na Sionainne-Fhainge, tá acmhainn ann le leas a bhaint as an rath le déanaí agus cur leis an bhfís uailmhianach do Luimneach.



Chuirge sin teastaíonn bonn fostaíochta na Cathrach a fhás agus a éagsúlú agus níos mó daoine a mhealladh chun cónaí sa Chathair, laistigh de Lár na Cathrach agus i limistéir forbartha úrnua úra, inrochtana. Ciallaíonn sé sin feabhas a chur ar an rogha tithíochta, a bheidh tacaíthe ag saoráidí agus bonneagar.

Ní mór dul i ngleic le nascacht réigiúnach, go háirithe go Corcaigh agus Port Láirge agus na meán-amanna turas in aghaidh an km a fheabhsú, ar bhealach nach mbaineann an bonn ó fhás daonra agus post an limistéir uirbigh.

Áirítear ar na príomhchumasóirí fáis amach anseo do Luimneach:

- Cur chun feidhme straitéis eacnamaíoch Luimneach 2030 chun cóiríocht nua-aimseartha oifige agus sraith de thionscadail na ríochta poiblí chun athrú chun feabhais a chur ar lár na cathrach a chruthú.
- Tuilleadh forbartha comhlántaí ar phlean Luimneach 2030 chun bearta a chur san áireamh chun athghiniúint agus forbairt shuntasach cónaithe uirbeach istigh a spreagadh, chun Ceathrú Seoirseach na Cathrach a chur san áireamh.
- Méadú a dhéanamh ar uailmhian phlean Luimneach 2030 chun síneadh Lár na Cathrach i dtreo Cheantar Dugaí Luimnigh a chur san áireamh.
- Deiseanna inlíonta agus athghiniúna a shainaithint chun forbairt tithíochta agus fostaíochta a dhianú i limistéir fho-uirbeacha istigh.
- Deiseanna feabhsaithe a chur ar fáil do phobail atá ann cheana de réir mar a tharlóidh forbairt agus éagsúlú, go háirithe trí thacaíocht fostaíochta, foghlama agus oideachais.
- Forbairt inbhuanaithe, na limistéar úrnua le haghaidh tithíochta agus an fhorbairt um iompar poiblí agus bonneagar tacaíochta, amhail Mungairit, a chur chun cinn.
- Leathnú leanúnach institiúidí tríú leibhéal na Cathrach agus comhtháthú leanúnach leis an gCathair agus an réigiún i gcoitinne.
- Líonra iompair phoiblí ar fud na Cathrach a sholáthar, le hinrochtaineacht fheabhsaithe ó Lár na Cathrach go dtí an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíocht, OL agus Aerfort na Sionainne.
- Forbairt líonra rothaíochta straitéiseach le líon bealaí suaitheanta ard-acmhainne.
- Feabhas ar naisc na mbóithre chuig Calafort na Sionainne-Fhainge, lena n-áirítear seachbhóithre áitiúla.
- Nascacht réigiúnach fheabhsaithe trí fheabhas ar na meán-amanna turais de bhóthar chuig Corcaigh agus Port Láirge.
- A chinntiú go gcomhlíontar riachtanais soláthair uisce agus fuíolluisce trí thionscadail náisiúnta úra chun feabhas a chur ar sholáthar uisce Luimnigh agus acmhainn cóireála an fhuíolluisce a mhéadú.
- Feabhas a chur ar inbhuanaitheacht i gcomhthéacs fuinnimh, dramhaíola, agus uisce chun téamh ceantair agus caomhnú uisce a chur san áireamh.

GHAILLIMH

Ba í Gaillimh an limistéar uirbeach is gaiste forbartha in Éirinn ar feadh leathchéid agus is príomhspreagadh í le haghaidh iarthar na hÉireann.

Tá an Chathair lonnaithe ag an bpointe ar Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh áit a síneann cathracha Atlantacha dheisceart na hÉireann (Corcaigh agus Luimneach) ó thuaidh.

Tá a lán de na fadhbanna céanna fáis agus ratha eacnamaíoch i limistéar Uirbeach na Gaillimhe is atá ag cathracha i bhfad níos mó. Mar a chéile le Baile Átha Cliath, ní mór do Gaillimh freastal ar chion níos mó den fhás a ghintear laistigh dá theorainneacha uirbeacha. I measc na ndúshlán nach mór dul i ngleic leo tá roghanna agus inacmhainneacht tithíochta, iompar/soghluaisteacht agus cáilíocht uirbeach, go háirithe taobh amuigh de limistéar chroílár na cathrach.

Ní mór do Gaillimh dul i ngleic leis na seancheisteanna fáis le déanaí agus leas a bhaint as na príomhláidreachtaí, lena n-áirítear cnuasach teicneolaíochta leighis den scoth, na hinstiúidí tríú leibhéal atá leabaithe laistigh den Chathair, saol beoga agus cultúrtha, turasóireacht ó cheann ceann na bliana agus timpeallacht nádúrtha mhealltach. Cuireann na tosca sin ar fad le cáil náisiúnta dhearfach.



Áirítear ar na príomhchumasóirí fáis amach anseo do Gaillimh:

- Líon tionscadal um athghiniúint a sheachadadh le haghaidh forbairt úr a sholáthar chun Lár na Cathrach a shíneadh agus a dhianú, lena n-áirítear limistéir an Stáisiúin, Cheantar na nDugaí agus Bhóthar Áth Cinn.
- Deiseanna inlíonta agus athghiniúna a shainaithint chun forbairt tithíochta agus fostaíochta a dhianú i limistéir fho-uirbeacha istigh.
- Forbairt inbhuanaithe na limistéar úrnua le haghaidh tithíochta agus an fhorbairt um iompar poiblí agus bonneagar tacaíochta, mar atá sé ag na hArdáin a chur chun cinn.
- Feabhas a chur ar rochtain agus ar naisc inbhuanaithe le, agus comhtháthú le, limistéir fostaíochta soir ón gCathair ag an bPáirc Mhór, Baile an Bhriotaigh agus ag an mBaile Bán.
- Leathnú leanúnach institiúidí tríú leibhéal na Cathrach agus comhtháthú leanúnach leis an gcathair agus an réigiún.
- Forbairt inbhuanaithe amach anseo láithreán Aerfort na Gaillimhe a dhearbhu le haghaidh úsáid fostaíochta agus/nó chónaithe mar aon le saoráidí agus bonneagar tacaíochta.
- Líonra iompair phoiblí ar fud na Cathrach a sholáthar, le hinrochtaineacht fheabhsaithe idir limistéir chónaithe atá ann cheana agus cinn atá beartaithe agus ó Lár na Cathrach, institiúidí tríú leibhéal agus limistéir fostaíochta soir ón gcathair.
- Tionscadail na ríochta poiblí agus taitneamhachtaí uirbeacha, ina ndíreofar ar shráideanna agus spásanna poiblí, go háirithe le tacú le limistéar láir chathrach leathnaithe agus áit ar féidir limistéir chónaithe agus fostaíochta a nascadh le bealaí coisithe.
- Forbairt líonra rothaíochta straitéiseach le líon bealaí suaitheanta ard-acmhainne.
- Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe a sheachadadh.
- Gléasra Cóireála Fuíolluisce Príomhdhraenála Oirthear na Gaillimhe a sheachadadh.
- A chinntiú go gcomhlíontar riachtanais soláthair uisce agus fuíolluisce trí thionscadail náisiúnta úra chun feabhas a chur ar sholáthar uisce na Gaillimhe agus acmhainn cóireála an fhuíolluisce a mhéadú.
- Feabhas a chur ar inbhuanaitheacht i gcomhthéacs fuinnimh, dramhaíola, agus uisce chun téamh ceantair agus caomhnú uisce a chur san áireamh.

PHORT L



Is é Port Láirge an príomhionad uirbeach in oirdheisceart na hÉireann agus tá sé uathúil mar go bhfuil líonra ionad uirbeach réigiúnach mór agus láidir ann atá gar do gach ceann de na contaetha máguaird a chomhlánaíonn ról Phort Láirge agus a fheidhmíonn ról eacnamaíocha agus forbartha áitiúla agus réigiúnacha láidre dá limistéir féin.

Ag cur san áireamh comhdhéanamh uathúil uirbeach an oirdheiscirt agus an cuspóir a chur ar chumas Chathair Phort Láirge bheith ina cathair réigiúnach mhórscála, teastaíonn straitéis forbartha chomhaontaithe chun bonn daonra agus fostaíochta Phort Láirge a fhorbairt go suntasach agus a chur ar chumas na n-ionad uirbeach máguaird ag an am céanna ról chomhlántacha a fheidhmiú.

Ó pheirspictíocht náisiúnta de, le Cathair Phort Láirge níos láidre tharlódh téarnamh eacnamaíoch san oirdheisceart i gcoitinne ina raibh an téarnamh eacnamaíoch níos moille ná an meán náisiúnta le blianta beaga anuas, mar aon le rátaí arda dífhostaíochta, deiseanna poist de luach íseal agus níos lú cruthú post.

Tá an Chathair lonnaithe idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh agus soláthraítear seirbhís mhaith ann le mótarbhealach agus naisc iarnróid go Baile Átha Cliath, ach teastaíonn naisc bhóithre fheabhsaithe ann go cathracha réigiúnacha eile, agus go háirithe Corcaigh agus Luimneach, agus laistigh den réigiún chomh maith chuig bailte nach bhfuil mótarbhealach ar bith iontu. Tá aerfort réigiúnach agus líon calafort Shraith 2 um Beartas Náisiúnta Calafort i bPort Láirge agus i réigiún an oirdheiscirt i gcoitinne chomh maith atá gar ar bhonn geografach do pháirtithe trádála an AE, agus Institiúid Teicneolaíochta, agus tograí chun bheith ina cuid d'Ollscoil Teicneolaíochta.

ÁIRGE

Tá an cumas ann leas a bhaint as na láidreachtaí ar fad sin agus mealltacht agus cáilíocht beatha cathrach bige Phort Láirge a fheabhsú ag an am céanna. Áirítear leis sin leas a bhaint as nasc maith agus feabhsaithe chuig Baile Átha Cliath agus Corcaigh go háirithe.

Tairgeann Port Láirge deiseanna chomh maith mar shuíomh le haghaidh feidhmeanna cúloifige i réimsí amhail seirbhísí airgeadais nó gairmiúla ar mian leo limistéir uirbeacha níos mó a sheachaint. Tá sé ina ionad turasóireachta atá ag teacht ann ceann fosta, agus é suite ar an mbealach ó Ros Láir go Corcaigh agus an go dtí an tIardheisceart agus mar cheann scríbe do thrácht aistear mara.

Áirítear ar na príomhchumasóirí fáis amach anseo do Phort Láirge:

- Tionscadal athghiniúna CFS na Cé Thuaidh a sheachadadh maidir le forbairt inbhuanaithe, chomhtháite agus bonneagar tacaíochta, lena n-áirítear droichead úr do choisithe nó droichead coisithe/iompair phoiblí thar an tSiúir.
- Deiseanna inlíonta agus athghiniúna a shainnithint chun forbairt tithíochta agus fostaíochta a dhianú ar fud lár na cathrach agus i limistéir fho-uirbeacha istigh.
- Deiseanna feabhsaithe a chur ar fáil do phobail atá ann cheana de réir mar a tharlóidh forbairt agus éagsúlú, go háirithe trí thacaíocht fostaíochta, foghlama agus oideachais.
- Forbairt inbhuanaithe limistéar úrnua le haghaidh tithíochta agus an fhorbairt um iompar poiblí agus bonneagar tacaíochta a chur chun cinn.
- Tionscadail na ríochta poiblí agus taitneamhachtaí uirbeacha, ina ndíreofar ar shráideanna agus spásanna poiblí, go háirithe i limistéar lár na cathrach agus sa limistéar uirbeach istigh chun tacú le diansaothrú uirbeach.
- Forbairt agus leathnú institiúidí tríú leibhéal na Cathrach agus comhtháthú leanúnach leis an gCathair agus an réigiún.
- Líonraí iompair poiblí agus rotharbhealaí straitéiseacha a sholáthar ar fud na Cathrach.
- Síneadh a dhéanamh ar ghlasbhealach Deise go dtí nasc IT Phort Láirge chuig Lár na Cathrach.
- Nascacht réigiúnach fheabhsaithe trí fheabhas ar na meán-amanna turais de bhóthar go Corcaigh, Luimneach agus calafoirt laistigh den réigiún.
- A chinntiú go gcomhlíontar riachtanais soláthair uisce agus fuíolluisce trí thionscadail náisiúnta úra chun feabhas a chur ar sholáthar uisce Phort Láirge agus acmhainn cóireála an fuíolluisce a mhéadú.
- Feabhas a chur ar inbhuanaitheacht i gcomhthéacs fuinnimh, dramhaíola, agus uisce chun téamh ceantair agus caomhnú uisce a chur san áireamh.

4 PLEANÁIL LE HAGHAIDH ÁITEANNA TUAITHE ÉAGSÚLA

4.1 | Creatlach Tuaithe na hÉireann a Neartú

Cuireann na limistéir thuaithe go mór le féiniúlacht na hÉireann agus leis an bhforbairt náisiúnta fhoriomlán i gcomhthéacs eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil.

Cuireann na limistéir thuaithe go mór le féiniúlacht na hÉireann agus leis an bhforbairt náisiúnta fhoriomlán i gcomhthéacs eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil.

I limistéir thuaithe, lena n-áirítear réigiúin na Gaeltachta agus oileáin áitrithe na hÉireann amach ón gcósta, tá a lán d'acmhainní nádúrtha, bithéagsúlacht, tréithe comhshaoil agus tírdhreach na hÉireann agus cuireann siad cion uathúil le cultúr na hÉireann. Tá limistéir thuaithe ina bhfócas chun cónaí agus oibríú iontu agus chun gníomhaíochtaí caitheamh aimsire a dhéanamh iontu. Fostaíonn na hearnálacha agraibhia agus turasóireachta, atá an-tábhachtach don gheilleagar tuaithe, sa bhreis ar 363,000 duine (18% den lucht saothair náisiúnta).

Bhí dúshlán le sárú i gCeantair Thuaithe na hÉireann le fiche nó tríocha bliain anuas, amhail cailliúint na dtionscal traidisiúnta agus fostaíochta, eisimirce agus droch-nascacht. Mar sin féin, tá i bhfad níos mó ná trian de dhaonra na hÉireann ina gcónaí lasmuigh de chathracha agus de bhailte agus méadaíonn an cion sin go leath an daonra má

chuirtear bailte agus sráidbhailte níos lú san áireamh. Trí theacht chun cinn teicneolaíochtaí úra agus nascacht fheabhsaithe bonneagair cuirtear deiseanna ar fáil d'éagsúlú in earnálacha úra fostaíochta.

Dá réir sin, ag baint leas as beartas an Rialtais agus pleananna gníomhaíochta ar an bhforbairt tuaithe, beidh ról suntasach le himirt ag limistéir thuaithe in Éire 2040 i dtaca le:

- Feabhas a chur ar ár dtimpeallachtaí tuaithe uathúla agus na pobail a chónaíonn ansin.
- Pleanáil chun limistéir thuaithe a fhás agus a fhorbairt amach anseo, lena n-áirítear dul i ngleic le meath, agus fócas faoi leith ar an acmhainneacht a ghníomhaíochtú chun bailte agus sráidbhailte níos lú a athnuachan agus a fhorbairt.
- Beartais maidir le pleanáil agus infheistíocht a chur i bhfeidhm chun tacú le cruthú post sa gheilleagar tuaithe.
- Dul i ngleic le bearnaí sa nascacht.
- Comhordú níos fearr ar chlár infheistíochta reatha ina ndéileáiltear le cuimsiú sóisialta, forbairt tuaithe agus athnuachan bailte agus sráidbhailte.



Is léir go bhfuil difríochtaí idir na cineálacha limistéar tuaithe agus pobal tuaithe, lena n-áirítear scála, inrochtaineacht, tionchar na n-ionad uirbeach mórtimpeall, acmhainní acmhainne nádúrtha agus rochtain ar bhonneagar.

4.2 | Ár dTimpeallachtaí Tuaithe Uathúla agus na Pobail a chónaíonn iontu a neartú

Tá ceangal láidir ag daoine in Éirinn le limistéir thuaithe ar líon cúiseanna éagsúla. Do chuid acu, is é an áit ar roghnaigh siad cónaí agus oibriú ann, i gcás go soláthraíonn an talamh ioncam chomh maith le baile a sholáthar.

Tá a lán samplaí ann de phobail tuaithe bheoga gach áit ar fud na hÉireann i mbailte, sráidbhailte agus sa tuath oscailte chomh maith lenár n-oileáin. Is léir go bhfuil difríochtaí idir na cineálacha limistéar tuaithe agus pobal tuaithe, lena n-áirítear scála, inrochtaineacht, tionchar na n-ionad uirbeach mórtimpeall, acmhainní acmhainne nádúrtha agus rochtain ar bhonneagar.

Tá cuid de na pobail is beoga agus is idirdhealaithe ó thaobh an cultúir de inár n-oileáin agus inár limistéir chósta agus tá formhór ár n-oileán áitrithe ag luí amach ó bhord farraige thiar Chontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe, Chiarraí agus Chorcaí. Tá siad ina gcuid lárnach d'oidhreacht an Stáit agus tá suntasacht speisialta ag baint leo i gcultúr na hÉireann.

Cé go bhfuil na céadta oileán beag amach ó chósta na hÉireann, tacaítear le daonraí lonnaithe ar thart ar cheathracha dóibh, oileáin Ghaeltachta¹⁹ den chuid is mó. Tá na pobail sin saineúil agus uathúil i gcomhthéacs Éireannach, i ngeall ar leochaileacht agus scoiteacht an tsaoil ar oileáin.

Mar thoradh ar a suíomh, braitheann siad go mór ar thurasóireacht, talmhaíocht agus iascaireacht ach tá siad chomh innealta céanna ag féintuilleamaí agus tá mothú láidir féiniúlachta acu.

Rinneadh an-dul chun cinn ar rochtain shábháilte agus rialta ar na hoileáin amach ón gcósta le blianta beaga anuas trí sheirbhísí fartha paisinéirí agus lasta nó saoráidí úra cé agus tuirlingthe nó saoráidí a ndearnadh uasghrádú suntasach orthu. Leanann an infheistíocht chaipitil, i mbonneagar agus seirbhísí araon, le tacaíocht a thabhairt d'inhuanaitheacht phobail na n-oileán.

Mar sin féin, tá dúshlán le sárú ag pobail tuaithe chomh maith. Tá réimse leathan ina measc sin ó bhrúnna cathair-ghinte i roinnt suíomhanna, go daonra atá ag meath agus ag dul in aois, struchtúr an gheilleagair agus easpa rochtana ar bhonneagar cáilíochta agus teicneolaíochtaí úra, i roinnt eile. Mar fhreagairt ar chuid de na dúshláin sin, leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe cur chuige an Rialtais le haghaidh áiteanna tuaithe in Éirinn chun fás agus oiriúnú trí bhearta tacaíochta lena spreagtar nuálaíocht agus ina mbaintear leas as láidreachtaí reatha na bpobal tuaithe in Éirinn.

Feidhmíonn pobail tuaithe agus go háirithe iad siúd a bhí ag gabháil d'fheirmeoireacht, mar chaomhnóirí an tírdhreacha trí thabhairt faoi bhainistíocht na talún talmhaíochta ar scálaí éagsúla. Mar sin féin, tá inmharthanacht a lán gabháltas sa chaoi is go mbraitheann leath na dteaghlach feirme anois ar ioncam den fheirm, agus tá a lán de dírithe ar lonnaíochtaí uirbeacha. Tá talamhúsáidí malartacha amhail forbairt foraoiseachta agus forbairt a bhaineann le fuinneamh ag éirí níos forleithne.

Tá fíordheimhneacht íomhá ghlan ghlas na hÉireann fréamhaithe i dtírdhreacha cheantair thuaithe na hÉireann. Mar aon le mothú láidir pobail agus áite, tacaíonn ceantair thuaithe na hÉireann leis na bunacmhainní ar a mbunaítear earnálacha criticiúla amhail táirgeadh bia, turasóireacht, gníomhaíochtaí taitneamhachta, stoc folaíochta, táirgeadh fuinnimh agus déantúsaíocht ceardaíochta ar mhionscála. Tá feabhsú agus cur chun cinn na n-acmhainní uathúla agus sainiúla sin fíorthábhachtach chun pleanáil do thodhchaí na hÉireann.



Cuspóir Beartais Náisiúnta 13

Cáilíocht, saintréith agus sainiúlacht thírdhreach na hÉireann, an mothú áite agus cultúir lena ndéantar limistéir thuaithe na hÉireann barántúil agus mealltach mar áiteanna chun cónaí iontu, oibriú iontu agus cuairt a thabhairt orthu a chosaint agus a chur chun cinn. Tacaítear sa Phlean Gníomhaíochta um Forbairt Tuaithe suas go dtí 2021 agus é sin san áireamh leis an gcuspóir sin agus ó sin amach caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta um Forbairt Tuaithe chun ailíniú agus comhsheasmhacht le Cuspóir Beartais Náisiúnta an Chreata seo a chinntiú.

Mar aon le mothú láidir pobail agus áite, tacaíonn ceantair thuaithe na hÉireann leis na bunsócmhainní ar a mbunaítear earnálacha criticiúla amhail táirgeadh bia, turasóireacht, gníomhaíochtaí taitneamhachta, stoc folaíochta, táirgeadh fuinnimh agus déantúsaíocht ceardaíochta ar mhionscála.

4.3 | Pleanáil do Fhás agus d'Fhorbairt ár gCreatlaí Tuaithe Amach Anseo

Níl na 'limistéir thuaithe' nó na pobail a chomhdhéanann creatlach cheantair thuaithe na hÉireann ionann le chéile. Tá limistéir thuaithe sainiúil agus ar leith ó limistéir uirbeacha agus limistéir uirbeacha amuigh atá inár mbailte agus cathracha agus mar thoradh air sin níor cheart dóibh freastal ar fhorbairt de stíl uirbeach nó fo-uirbeach.

Léirítear leis na difríochtaí spásúla, sóisialta agus eacnamaíocha idir limistéir thuaithe ní hamháin go bhfuil na limistéir thuaithe níos láidre lonnaithe

in áiteanna a bhfuil buntáiste geografach ag baint leo, ach go bhfuil an caipiteal daonna agus sóisialta iontu lena riachtanais a shainaithint agus páirt éifeachtúil a bheith acu i straitéisí atá ag teacht chun cinn.

Feidhmíonn pobail tuaithe ar fud na hÉireann go maith thar a ngardhobharcheantair agus tá idirchaidreamh láidir acu le bailte agus sráidbhailte in aice leo thar theorainneacha contae agus réigiúnacha go minic.

Sainíodh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) 'tuaithe' mar limistéir lasmuigh de lonnaíochtaí ina bhfuil daonra de 1,500 duine nó níos mó. Áirítear leis sin lonnaíochtaí níos lú ina bhfuil níos lú ná 1,500 duine iontu mar aon leis an tuath oscailte agus bhí thart ar 37% den daonra iontu in 2016.

Tá a lán bailte agus sráidbhailte ina bhfuil daonraí de níos mó ná 1,500 duine atá bunúsach maidir le pobail tuaithe inmhathana a choimeád agus ní fheidhmíonn siad go neamhspleách ar a gcúlchríoch tuaithe. Agus pleanáil á déanamh le haghaidh fás agus forbairt limistéar tuaithe, meastar go n-áirítear bailte agus sráidbhailte ina bhfuil daonra suas le 10,000 duine faoi 'tuaithe'. Ciallaíonn sé sin go bhfuil cónaí ar leath dhaonra na hÉireann i limistéir ina bhfuil patrún lonnaíochta bailte agus sráidbhailte beaga tuaithe den chuid is mó.

Lasmuigh de na cúig chathair, tabharfar aghaidh sna Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha ábhartha (SSER) do gach limistéar Tionóil Réigiúnaigh ar acmhainneacht na mbailte agus na limistéar tuaithe máguaird i gcomhar le breithniú na spriocanna fáis atá leagtha amach i gCaibidil 3.

Chun dul i ngleic leis an patrún stairiúil foriomlán sin d'fhorbairt scaipthe in Éirinn, limistéir atá faoi thionchar láidir uirbeach a chosaint ar rófhorbairt neamh-inbhuanaithe mhíchúil agus soláthar a dhéanamh chun an daonra a choimeád i limistéir atá lag ó thaobh struchtúir de, leagtar amach sprioc fáis daonra ar an iomlán de 15% le haghaidh bailte ina bhfuil níos lú ná 10,000 duine agus limistéir thuaithe i ngach ceann de na trí limistéar Tionóil Réigiúnaigh go dtí 2040.

Tá an fhigiúr sin ina chuid den straitéis fhoriomlán le haghaidh fáis don tír agus cuirfear i bhfeidhm é ar bhonn réigiúnach agus áitiúil. Mar aon le bearta eile, tá sé beartaithe stop a chur le meath na limistéar tuaithe nach bhfuil chomh inrochtana agus fás gasta na limistéar tuaithe atá níos inrochtana.

Cuirfear spriocanna bailte beaga agus tuaithe i bhfeidhm trí phróiseas na SSERanna agus go háitiúil trí phleananna forbartha contae. Mar atá le bailte níos mó, ní chiallaíonn meánspríoc nach féidir le lonnaíochtaí aonair nó limistéir thuaithe an spriocráta fáis ginearálta a shárú, ní chiallaíonn sé ach nach féidir le gach áit é a shárú, toisc go gcaithfidh an fás a bheith cothromaithe ar bhonn réigiúnach agus contae.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 14

A chinntiú go bhfuil spriocfhás daonra bhailte beaga agus limistéir thuaithe na hÉireann go dtí 2040 comhréireach, ag meánráta sprice 15% i ngach limistéar Tionóil Réigiúnaigh, agus cuirfear i bhfeidhm é ar bhonn réigiúnach trí phróiseas na Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha agus ar bhonn áitiúil trí na Pleananna Forbartha Contae.



Is féidir le cáilíocht agus saintréith ár n-oidhreacht a tógtha náisiúnta i limistéir thuaithe, lena n-áirítear bailte agus sráidbhailte sainiúlacht a chur le comhfhorbairt áite agus le himeacht ama d'fhéadfadh siad suim speisialta a ghnóthú trína gcáilíocht bhunúsach.

4.4 | Bailte Tuaithe

Feidhmíonn bailte tuaithe mar spreagthaí áitiúla dá limistéir mhórtimpeall trí fheidhmeanna dea-bhunaithe eacnamaíocha, riaracháin agus sóisialta. Tacaíonn siad le cnuasaigh seirbhísí, tá cion suntasach bailte agus post iontu, agus gníomhaíonn siad mar mhoil iompair do phobal tuaithe i bhfad níos leithne.

Faoi mar atá leagtha amach i gCuspóir Beartais Náisiúnta 6 agus 7, féachtar in Éire 2040 le bailte tuaithe a neartú agus a éagsúlú le bheith ina bhfócas do thithíocht áitiúil agus fás fostaíochta agus athghiniúint, chun athrú chun feabhais láithreán tréigthe agus teicneolaíocht úr, amhail teas ísealcharbóin agus in-athnuaite agus nascacht dhigiteach a chur san áireamh.

Tá difear idir limistéir thuaithe atá lonnaithe laistigh de dhobharcheantar comaitéireachta na gcúig réigiúin chathrach nó baile mhóir agus iad siúd atá lonnaithe lasmuigh de dhobharcheantair chomaitéireachta. I limistéir thuaithe atá inrochtana ar chathracha agus ar bhailte, chuaigh tithíocht chomaitéireachta cathair-ghinte i gcion ar shaintréith agus ar chomhtháthú roinnt suíomhanna. I suíomhanna eile, limistéir thuaithe nach bhfuil chomh inrochtana, bhí sé deacair saoráidí pobail agus sóisialta agus an bonneagar áitiúil a choimeád agus/nó a fhorbairt de réir mar a bhí an daonra ag laghdú.

Mar thoradh ar phatrúin lonnaíochta atá ag athrú in Éirinn, tá sé ag éirí níos coitianta folúntais a thógáil i mbailte agus sráidbhailte tuaithe agus mar thoradh air sin tá beogacht agus beocht na n-ionad stairiúil baile agus sráidbhaile ag meath. Tá athúsáid agus athghiniúint na bhfoirgneamh sin ina gcatalaigh riachtanacha chun cumas agus acmhainneacht na mbailte agus na sráidbhailte níos lú in Éirinn a athrú chun feabhais.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 15

Díriú ar aisiompú an mheatha tuaithe i gcroílár na mbailte agus sráidbhaile beaga trí bhearta spriocdhírthe inbhuanaithe ina dtugtar aghaidh ar fholúntas agus lena seachadtar torthaí athúsáide agus athghiniúna inbhuanaithe.

Is féidir le cáilíocht agus saintréith ár n-oidhreacht a tógtha náisiúnta i limistéir thuaithe, lena n-áirítear bailte agus sráidbhailte sainiúlacht a chur le comhfhorbairt áite agus le himeacht ama d'fhéadfadh siad suim speisialta a ghnóthú trína gcáilíocht bhunúsach. Is acmhainn in-athnuaite iad acmhainní oidhreacht thógtha na hÉireann nach mór iad a chothú ar mhodh a oireann dá dtábhacht agus is cabhair iad chun tuiscint a fháil ar an am a chuaigh thart, ag cur le folláine agus cáilíocht beatha an phobail chomh maith leis an bhforbairt eacnamaíoch réigiúnach.

Tá ár mbailte margaidh agus sráidbhailte eastáit suite in aice le lonnaíochtaí níos nua-aimseartha, ach chomh sainiúil céanna, ina bhfítear an ailtireacht nua-aimseartha leis an oidhreacht uirbeach stairiúil atá ann cheana. Gníomhaíonn infheistíocht inár mbailte agus sráidbhailte trí athghiniúint, feabhsuithe ríochta poiblí agus

an oiriúnú agus athúsáid chuí as ár n-oidhreacht thógtha, mar príomhthoisic maidir le mothú áite a fhorbairt, a chur chun cinn agus a infheistiú ann agus cuspóirí maidir le hardchaighdeán a chruthú a ailíniú le cuspóirí na pleanála spásúla.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 16

Luach speisialta fisiciúil, sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha acmhainní ár n-oidhreacht a tógtha a threisiú, a chomhtháthú agus a chosaint trí úsáid chuí agus fogair anois agus leis na glúinte atá le teacht.

I ngach cineál lonnaíochta tuaithe, chun maireachtáil i mbaile tuaithe teastaíonn cur chuige comhréireach agus saincheaptha maidir le forbairt chónaitheach. Ciallaíonn sé sin go bhfuil gá le scála, dearadh agus leagan amach na tithíochta i mbailte tuaithe a shaincheapadh chun a chinntiú nach gcuirtear cur chuige fo-uirbeach nó ard-déine i bhfeidhm ar thimpeallacht tuaithe agus go dtagann an fhorbairt le saintréith, scála agus déine an bhaile.

Tá deiseanna ann chun na dálaí a chruthú a thacaíonn le forbairt chónaitheach i mbailte tuaithe, cibé acu trí fheabhsuithe páirceála nó sráid-dreacha, malairtí slí trácht, soláthar taitneamhachtaí uirbeacha mionscála amhail spásanna oscailte nó clóis súgartha, éadail príomhláithreán agus/ nó oscailt nó cumascadh tailte cúil agus soláthar seirbhísí amhail cóireáil fuíolluisce.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 17a

Tacú le fás comhréireach agus forbairt atá deartha go cuí i mbailte tuaithe a chuirfidh lena n-athghiniúint agus athnuachan, lena n-áirítear idirghabhálacha sa ríocht phoiblí, soláthar taitneamhachtaí, éadail láithreán agus soláthar seirbhísí.

I gceantair thuaithe na hÉireann féachann a lán daoine lena dtithe féin a thógáil, ach bíonn sé níos deacra acu é sin a dhéanamh i lonnaíochtaí níos lú mar gheall ar an easpa láithreán agus seirbhísí atá ar fáil. Chun cuidiú leis sin, **tabharfar tacaíocht d'údarais áitiúla chun tabhairt faoin éadail talún, ullmhú láithreán agus soláthar bonneagair áitiúil is gá chun roghanna forbartha féintógtha a sheachadadh i mbailte/sráidbhailte níos lú.**

Cuspóir Beartais Náisiúnta 17b

Clár a fhorbairt do 'thithe úra i mbailte agus sráidbhailte beaga' le húdarais áitiúla, gníomhaireachtaí bonneagair áitiúil amhail Uisce Éireann agus pobail áitiúla, chun láithreáin seirbhísithe a sholáthar ina bhfuil an bonneagar ceart chun daoine a mhealladh lena dtithe a thógáil agus cónaí i mbailte agus sráidbhailte beaga.

Déanfar é sin a fhorbairt ar dtús trí 'scéimeanna píolótacha láithreán seirbhíse' chun réitigh tithíochta ardchaighdeán oiriúnacha a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais daoine a d'fhéadfadh áit a lorg le cónaí ann i dtithíocht scaipthe.

Tá gá le scála, dearadh agus leagan amach na tithíochta i mbailte tuaithe a shaincheapadh chun a chinntiú nach gcuirtear cur chuige fo-uirbeach nó ard-déine i bhfeidhm ar thimpeallacht tuaithe agus go dtagann an fhorbairt le saintréith, scála agus déine an bhaile.



4.5 | An Tuath Oscailte

Tírdhreach beo agus ina gcónaítear ann is ea an tuath oscailte agus ba cheart go leanfadh sé mar sin, ina ndírítear ar riachtanais an gheilleagair thuaithe agus pobal áitiúil, bunaithe ar thalmhaíocht, foraoiseacht, turasóireacht agus fiontraíocht tuaithe, agus ag an am céanna seachnaítear forbairt ribíneach agus sceite ó limistéir uirbeacha agus cosnaítear tréithe an chomhshaoil.

Aithnítear go bhfuil gá leanúnach ann le haghaidh soláthar tithíochta do dhaoine a chónaíonn agus a oibríonn i limistéir thuaithe na hÉireann. Teastaíonn pleanáil chúramach chun bainistíocht a dhéanamh ar éileamh inár gceantar tuaithe is inrochtana thart ar chathracha agus ar bhailte, ag díriú ar riachtanais fheidhmiúla an gheilleagair thuaithe agus pobal tuaithe agus i gcomhréir le conarthaí an AE, agus ba cheart go mbainfeadh limistéir níos iargúlta leas as cur chuige níos solúbtha, go háirithe nuair a chuidíonn sé le pobail leochaileacha a choimeád.

Is gá idirdhealú a dhéanamh idir limistéir thuaithe laistigh de na cúig réigiún cathrach, atá sainithe ag dobharcheantar comaitéireachta de 15% ar a laghad de lucht saothair na cathrach ábhartha, agus iad siúd lasmuigh de na réigiúin chathrach nó cúlchríoch na mbailte de gach méid.

Ba cheart go mbeadh an sainmhíniú caighdeánaithe AE/ECFE de 15% i bhfeidhm go ginearálta chomh maith maidir le cúlchríoch bailte móra (>10,000), agus d'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht áitiúil éigin ann maidir le teorainneacha ED. Beidh scála chúlchríoch na mbailte éagsúil ag brath ar scála na lonnaithe agus is ar bhonn áitiúil an modh is fearr le limistéar faoi thionchar bailte níos lú (>10,000) a dhearbhu.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 18a

A chinntiú, trí sholáthar a dhéanamh d'fhorbairt tithíochta tuaithe, go ndéanfar idirdhealú idir na limistéir faoi thionchar uirbeach i.e. limistéir laistigh de na cúig réigiún cathrach agus cúlchríoch na mbailte, agus áiteanna eile, agus go gcuirfear sainmhíniú caighdeánaithe AE/ECFE ar réigiún cathrach i bhfeidhm chun tionchar uirbeach na gcathrach agus na mbailte móra (>10,000) a shainaithint, agus dearbhófar tionchar na mbailte níos lú (>10,000) ar bhonn áitiúil.

I limistéir faoi thionchar uirbeach, leanfar le gá a bheith le riachtanas eacnamaíoch feidhmiúil a léiriú i gcomhair riachtanas tithíochta.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 18b

I limistéir thuaithe faoi thionchar uirbeach, chun soláthar tithíochta aonad aonair a éascú sa cheantar tuaithe bunaithe ar an bpríomhbhreithniú maidir le gá eacnamaíoch follasach le cónaí i limistéar tuaithe agus critéir láithreánaithe ábhartha maidir le tithíocht tuaithe i dtreoirilínte agus pleananna reachtúla.

Ar an leibhéal áitiúil, beidh gá leis an éileamh ar thithíocht aonad aonair sa cheantar tuaithe a chur san áireamh sa chroí-straitéis um pleananna forbartha contae. Bainfidh sé sin fosta leis an Measúnú maidir leis an Éileamh foriomlán ar Riachtanas Tithíochta a bheidh le déanamh i bpleanáil amach anseo. Tríd an ngá le haghaidh tithíocht aonad aonair a chainníochtú ar bhonn fianaise tacófar le straitéis chuimsitheach tithíochta agus beartais talamhúsáide lena mbaineann a ullmhú.

Rinneadh beagnach gach teach aonad aonair sa tuath le déanaí a fhorbairt go príobháideach agus bhí soláthar na tithíochta sóisialta i gcathracha, bailte agus sráidbhailte go príomha. I roinnt suíomhanna, chuir sé sin le héagthroime spásúil agus shóisialta, i gcás gur dúnadh príomhsheirbhísí i lonnaithe níos lú i ngeall ar an laghdú ar an daonra, ag fágáil saoránaigh níos imeallaithe agus níos leochailí gan rochtain ar sheirbhísí tábhachtacha. Cuirfidh soláthar tithíochta a thagann leis na riachtanais ar fad a sainaithníodh le sochaí níos fuinte agus níos comhtháite a chruthú.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 19

An gá le tithíocht aonad aonair sa tuath a thuar trí phróisis na huirlise um Measúnú maidir leis an Éileamh áitiúil ar Riachtanas Tithíochta agus na gcroí-straitéisí pleananna forbartha contae.

Aithnítear go bhfuil gá leanúnach ann le haghaidh soláthar tithíochta do dhaoine a chónaíonn agus a oibríonn i limistéir thuaithe na hÉireann.

4.6 | Pleanáil agus Infheistíocht chun Tacú le Cruthú Post

Bíonn tionchar díreach agus indíreach ar fhostaíocht agus ar fhiontraíocht sna limistéir thuaithe trína mhéid a bhfuil gheilleagar na hÉireann comhtháite leis an margadh domhanda. Tá meascán de chineálacha fostaíochta i limistéir thuaithe ag scálaí éagsúla. Cuimsíonn gnólaigh tuaithe fiontair bheaga agus mheánmhéid (FBManna) chomh maith, atá bainteach i ngníomhaíochtaí talmhaíochta neamhthraidisiúnta.

Tá earnálacha seirbhísí áitiúla, lena n-áirítear turasóireacht agus déantúsaíocht mhionscála ina gcuid shuntasach den gheilleagar tuaithe ach is fostóirí áitiúla tábhachtacha iad chomh maith. **Tá sé riachtanach tacaíocht a thabhairt d'éagsúlú an gheilleagair thuaithe ní hamháin chun deiseanna poist a chruthú i limistéir thuaithe ach is deis é chomh maith le fostaíocht a nascadh leis na ceisteanna níos mó amhail an t-athrú aeráide, talamhúsáid a bhainistiú agus pobail tuaithe bheoga a choimeád.**

Léirítear i dtaighde le déanaí go bhfuil rochtain ar airgeadas, cumarsáid agus lóistíocht, rochtain ar thacaíocht seirbhísí eolais agus nuálaíochta i measc cuid de na príomhdhúshláin atá le sárú ag an bhforbairt ghnó i limistéir thuaithe, go háirithe na limistéir thuaithe nach bhfuil an daonra chomh dlúth iontu.

Áireofar leas a bhaint as oideachas na ndaoine atá ina gcónaí i limistéir thuaithe le héascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt na fiontraíochta agus an gheilleagair áitiúil chun soláthar a dhéanamh i gcomhair réimse níos leithne deiseanna fostaíochta a chruthú. Nuair a bhaintear leas as acmhainní áitiúla, lena n-áirítear leas nádúrtha agus cultúrtha an duine, is féidir acmhainneacht nádúrtha, shóisialta, chultúrtha, eacnamaíoch agus dhigiteach limistéir thuaithe a ardú agus cuidiú le soiléireacht beartas a chothú. Beidh tábhacht le deiseanna d'uas-sciliú trí

dheiseanna breisoideachais agus oiliúna a bheith ann, chomh maith le seachadadh solúbtha cáilíochtaí ardoideachais (lena n-áirítear cumaiscthe, ar líne, páirtaimseartha nó for-rochtain) chun fostaíocht a fháil agus a rochtain laistigh de limistéir thuaithe.

Tá acmhainní tuaithe na hÉireann ar roinnt dár n-acmhainní is mó agus trí fhorbairt na n-earnálacha talmhaíochta, bia, foraoiseachta, turasóireachta agus fuinnimh in-athnuaite, má bhaintear leas in-athnuaite as na hacmhainní sin ní hamháin go gcoimeádfaidh siad an fhostaíocht áitiúil ach cuideoidh siad leis an ngeilleagar náisiúnta a spreagadh chomh maith.

Tá acmhainneacht shuntasach i limistéir thuaithe sna hearnálacha sin agus de réir mar a leanann naisc dhigiteacha agus deiseanna do chianoibriú ag fás, beidh an cumas atá ag méadú leis acu freastal ar fhostaíocht a dhíríonn ar thionscail TFC-bhunaithe, earnálacha na meán/ilmheán agus cruthaitheacha i réimsí amhail agrai-theicneolaíocht, turasóireacht, iompar agus go háirithe, gheilleagar bitheacnamaíoch agus ciorclach breisluacha. Teastaíonn bearta le haghaidh deiseanna fostaíochta amach anseo sa gheilleagar tuaithe chun tacú le fiontraíocht tuaithe agus FBManna nuálacha tuaithe chomh maith. Trí fhorbairt ar straitéisí um éagsúlú agus nuachóiriú

feabhas a chur ar shamhlacha rialachais, tacú le slabhraí luacha nuálacha bia agus neamhbhia is féidir borradh a chur faoin bhforbairt eacnamaíoch, seirbhísí éiceachórais agus nuálaíocht na fiontraíochta.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 20

Feabhas a chur ar iomaíochas na limistéir thuaithe trí thacaíocht a thabhairt don nuálaíocht i bhforbairt eacnamaíoch agus fiontraíocht tuaithe trí éagsúlú inbhuanaithe an gheilleagair thuaithe in earnálacha úra agus go háirithe na cinn ag a bhfuil aschur ísealcharbóin nó atá saor ó charbón.





Talmhaíocht

Go traidisiúnta, ba é an talmhaíocht a chuir an cion is tábhachtaí leis an ngeilleagar tuaithe. Cé go bhfuil sé ag soláthar níos lú fostaíocht dhíreach anois, tá sé fós tábhachtach mar fhoinsé shuntasach ioncaim agus fostaíocht dhíreach agus indíreach araon. Mar sin féin, ní mór dó oiriúnú do na dúshláin atá curtha i láthair ag nuachóiriú, athstruchtúrú, forbairt an mhargaidh agus an tábhacht atá ag méadú maidir le ceisteanna comhshaoil.

Tá an earnáil agraibhia ar cheann de na tionscail dhúchasach déantúsaíochta is thábhachtaí in Éirinn. Tá a lán de na buntáistí eacnamaíocha san earnáil agraibhia scaipthe ar fud na tíre agus mar sin tá sé an-tábhachtach do limistéir thuaithe agus tá ról suntasach ag an earnáil i bhforbairt eacnamaíoch.

Táthar le tacú le forbairt leanúnach na hearnála agraibhia trí chur chun feidhme thionscnamh Food Wise 2025 agus tionscnamh chun an earnáil fuinnimh in-athnuaite agus seirbhísí airgeadais a fhorbairt i gceantair thuaithe na hÉireann. Lena chois sin, tá acmhainneacht shuntasach sna limistéir d'acmhainní fuinnimh straitéiseacha atá bunaithe ar thalmhaíocht, go háirithe sna réimsí bithfuinnimh, biteicneolaíochta, díleá anaeróbaigh agus cumhachta is teas in éineacht.

Chun iomaíocht idir roghanna éagsúla talamhúsáide a sheachaint, d'fhéadfaí go mbeadh gá le beartais saincheaptha um bainistíocht talún chun íoslaghdú a dhéanamh ar iomaíocht gan údar idir catagóirí talamhúsáide agus d'fhéadfadh sé bheith cost-éifeachtúil maidir le déileáil leis an athrú aeráide.

Tá an earnáil agraibhia ar cheann de na tionscail dhúchasach déantúsaíochta is thábhachtaí in Éirinn. Tá a san earnáil agraibhia scaipthe ar fud na tíre agus mar sin tá sé an-tábhachtach do limistéir thuaithe agus tá ról suntasach ag an earnáil i bhforbairt eacnamaíoch.

Foraoiseacht

Toisc go bhfuil cáilíocht talún ina thoisic dhearbhaithe go minic sa phróiseas cinnteoireachta um thalamhúsáid, d'fhéadfadh talamh de cháilíocht níos ísle lena gcuirtear dúshláin os comhair na talmhaíochta eacnamaíche bheith ina hacmhainn a d'fhéadfaí úsáid le haghaidh foraoisithe. Is cosúil go leanfaidh cumhdach foraoise ag díriú ar thalamh talmhaíochta imeallach oiriúnach a d'fhéadfaí a bheith níos éasca a thiontú go foraoisiú mar gheall ar úsáid theoranta talmhaíochta.

Tá sé mar aidhm le foraoisiú talún talmhaíochta, atá tacaíthe ag dreasachta Rialtais, soláthar fadtéarmach adhmaid a mhéadú chun tacú le forbairt na hearnála próiseála inbhuanaithe agus tairgeann sé acmhainneacht shuntasach um cheapadh carbóin, rud a chuireann dá réir sin le spriocanna náisiúnta maolaithe gás ceaptha teasa

agus leis an mbithghéilleagar. Braithfidh an méadú ar chur agus baint amach na spriocanna um fhoraoisiú ar infhaighteacht na talún go ginearálta agus, go sonrach, athrú ar an talamhúsáid ó thalmhaíocht go foraoisiú.



Turasóireacht

Tá turasóireacht agus talmhaíocht fite fuaite ina chéile i limistéir thuaithe, ag cur san áireamh go gcruthaíonn agus go gcoimeádann an talmhaíocht, ina lán áiteanna, na tírdhreacha ar a dtrádálann an turasóireacht. Braitheann cothabháil ar rochtain ar ár dtírdhreacha agus cruthú bealaí úra rochtana ar naisc mhaithe a choimeád leis an earnáil talmhaíochta. Mar an gcéanna, tá na hacmhainní tógtha, cultúrtha agus nádúrtha lena gcomhdhéantar ‘amhábhair’ an tionscail turasóireachta riachtanach chomh maith do ‘chumas táirgthe’ na hearnála. Tá an cumas ag an turasóireacht pobail a choimeád go díreach nó go hindíreach, fostaíocht a chruthú agus fíorthairbhí sóisialta a sheachadadh do cheantair thuaithe na hÉireann.

Táirgeadh Fuinnimh

Tá ról láidir le himirt ag limistéir thuaithe maidir le soláthar fuinnimh in-athnuaite inbhuanaithe a chinntiú don tír. Go stairiúil, chuir limistéir thuaithe go mór le riachtanais fuinnimh na tíre agus leanann siad ag déanamh amhlaidh. Agus tírdhreach fuinnimh amach anseo na hÉireann á phleanáil agus trí aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, tá an cumas éagsúlú agus oiriúnú de réir teicneolaíochtaí fuinnimh úra riachtanach. Seachadadh réitigh nuálacha agus núosacha le haghaidh fuinneamh in-athnuaite i limistéir thuaithe le roinnt blianta anuas, go háirithe sna réimsí gréine, gaoithe agus bithmhaise.

Chun an dúshlán aistriú go geilleagar ísealcharbóin a bhaint amach, beidh gá leis an suíomh le haghaidh giniúint náisiúnta fuinnimh in-athnuaite amach anseo, den chuid is mó, a bheith ar réimsí móra talún a bheidh lonnaithe i dtimpeallacht tuaithe, agus leanúint ag cosaint shláine na timpeallachta ag an am céanna.

In relation to peatlands, some of the country's cutaway bogs are suitable to facilitate the generation of energy, most notably wind/biomass. **Ag cur san áireamh an méid shuntasach laghportach atá faoi úinéireacht comhlachtaí leathstáit, táthar le plean náisiúnta um**

thalamhúsáid straitéiseach fhadtéarmach do laghportaigh atá faoi úinéireacht stáit a ullmhú chun bainistíocht a dhéanamh ar a n-úsáid talún is oiriúnaí amach anseo, ag baint leas as an Straitéis Náisiúnta Laghportach reatha agus beartas náisiúnta eile a bhaineann le caomhnú agus bainistíocht laghportach.

Bithgheilleagar Ciorclach

Cé go ndéanfaidh limistéir thuaithe agus chósta, agus go bhfuil an acmhainneacht acu, a lán cineálacha gníomhaíochtaí eacnamaíocha a fhorbairt, tá buntáiste iomaíoch á léiriú ag na cinn a bhaineann leis an mbithgheilleagar, amhail forbairt teicneolaíochtaí úra bithscagtha. Cuimsíonn an bithgheilleagar “táirgeadh acmhainní bithéolaíocha in-athnuaite - amhail barra, foraoisí, éisc, ainmhithe, miocrorgánaigh - agus tiontú na n-acmhainní agus iarmhair na sruthanna dramhaíola, seachtháirgí nó sruthanna dramhaíola soladaí bardasaí ina dtáirgí breisluacha, amhail bia, beathú, táirgí bithbhunaithe agus bithfhuinneamh” (an Coimisiún Eorpach, 2012). Leis an aistriú go geilleagar níos ciorclaí agus bithgheilleagar, i gcás go gcoimeádtar luach na dtáirgí bithbhunaithe, ábhair agus acmhainní sa gheilleagar a fhad is féidir, agus go n-íoslaghdaítear an ghiniúint dramhaíola, beifear breá ábalta cion riachtanach a chur le hiarrachtaí an AE agus Éireann maidir le geilleagar inbhuanaithe, ísealcharbóin, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch a fhorbairt.

Féadfar an sainmhíniú sin a shíneadh chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chur san áireamh amhail caipiteal nádúrtha mar thurasóireacht tuaithe atá bunaithe ar thírdhreach taitneamhachta agus gníomhaíochtaí a bhaineann leas as acmhainn nádúrtha lena n-áirítear sléibhte, lochanna, imeallbhoird agus aibhneacha nó gníomhaíochtaí nach bhfaightear íocaíocht astu amhail seirbhísí éiceachórais a sheachadadh e.g. íonú uisce nó timthriall cothaitheach. Baineann an earnáil leas chomh maith as acmhainní oidhreachta agus cultúrtha a bhfuil baint láidir acu leis an mbithgheilleagar, i.e. pobail bheaga, iargúlta agus pobail atá fite fuaite ina chéile.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 21

Éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt an gheilleagair thuaithe trí thacaíocht a thabhairt d'earnáil talmhaíochta agus bia atá éifeachtach go hinbhuanaithe agus go heacnamúil, mar aon le foraoiseacht, iascaireacht agus dobharshaothrú agus éagsúlú ina ngníomhaíochtaí malartacha ar an bhfeirm agus den fheirm, agus ag an am céanna an tábhacht a shonrú a bhaineann leis an tírdhreach nádúrtha agus an oidhreacht thógtha a chothabháil agus a chosaint, rud atá rithabhachtach don turasóireacht tuaithe.

4.7 | Dul i ngleic le Nascacht

Trína gcineál, níor bhain ceantair thuaithe na hÉireann sochar as na leibhéil chéanna inrochtaineachta as ar bhain cathracha agus bailte níos mó. Tá inrochtaineacht a réiteach maidir le suíomh na ndaoine, post agus seirbhís lárnach maidir le cuspóirí Éire 2040 a bhaint amach.

Tá tábhacht níos mó ag baint le nascacht san aonú haois déag de réir mar a leanann an réabhlóid dhigiteach ag imirt tionchair ar an dóigh a bhfeidhmíonn ár sochaí agus ár ngeilleagar. Tá soláthar bonneagair dhigitigh ardluais rithábhachtach maidir leis na deiseanna féideartha fostaíochta a bhaint amach agus nuálaíocht a éascú.

Maidir le ceantair thuaithe na hÉireann, tá an leathanbhanda go bunúsach ag cumasú bonneagair lena dtugtar na deiseanna céanna do phobail tuaithe bheith páirteach sa gheilleagar digiteach is atá acu siúd atá ina gcónaí inár gcathracha agus bailte.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 22

Tacaíocht a thabhairt agus éascaíocht a dhéanamh maidir le Plean Náisiúnta Leathanbhanda a sheachadadh mar bhealach chun tuilleadh deiseanna a chur ar fáil maidir le fiontraíocht, fostaíocht, oideachas, nuálaíocht agus forbairt scileanna dóibh siúd a chónaíonn agus a oibríonn i limistéir thuaithe.

Cás-staidéar

Connemara West - Leitir Fraic

Bunaithe i Leitir Fraic, Contae na Gaillimh agus curtha ar bun in 1971, eagraíocht forbartha tuaithe is ea Connemara West plc a chruthaigh agus a sheachaid tionscnaimh nuálacha um fhorbairt tuaithe agus samhlacha inar ndírítear ar thodhchaí inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha d'Iardheisceart Chonamara.

Ó 2010 i leith, bhí Connemara West plc ina cheannródaí ar shamhail uathúil forbartha oideachas-treoraithe, mar chuid dá straitéis fhoriomlán forbartha don réigiún ina ndírítear ar an earnáil staidéir neamhspleách thar lear.

Leathnaíonn an tsamhail an líon iomlán de choláistí agus mic léinn SAM a úsáideann Éire mar cheann scríbe chun staidéar a dhéanamh thar lear. Seachadtar cleachtais oideachais ardtionchair chuig an gcoláiste cuairte trí líonraí áitiúla a threisiú chun deiseanna intéirneachta, taighde agus foghlama seirbhíse a sholáthar le heagraíochtaí áitiúla éagsúla.

Idir 2010 agus 2017 tháinig méadú faoi sheacht ar líon na gcoláistí ó na Stáit Aontaithe a thugann cuairt ar Leitir Fraic tríd an tsamhail forbartha seo. Tugtar deis do phobail áitiúla tuaithe leis an tsamhail seo saineolas, inniúlachtaí agus seirbhísí tríú leibhéal na Stáit Aontaithe a rochtain ina bpobail féin, saineolas ar féidir leis cur le próisis agus torthaí forbartha áitiúla.



Fostaíonn Connemara West plc 29 duine go díreach ar a champas i Leitir Fraic agus chomh maith leis na heagraíochtaí eile ar chuidigh sé lena gcruthú nó ar thug sé cuireadh dóibh chuig a champas tá os cionn 140 duine eile fostaíthe ar an láithreán. Tá na torthaí eacnamaíocha don phobal ó ghníomhaíocht Connemara West suntasach. Chuir tionchar ghníomhaíochtaí Connemara West ar fhorbairt áitiúil cumais agus muiníne straitéisí fabhrach a fhorbairt d'fhorbairt áitiúil le taca a chur faoi athléimneacht agus forbairt an phobail, áfach.

Ina chomhlánú le tionscadail bonneagair ‘crua’ a bhaineann le hiompar, fuinneamh agus cumarsáid, tairgeann forbairt glasbhealaí agus gormbhealaí modh uathúil do thurasóirí agus do chuairteoirí chun tuath na hÉireann a rochtain agus sult a bhaint as. Tugtar tús áite in Éire 2040 d’fhorbairt de líonra náisiúnta straitéiseach Glasbhealaí agus Gormbhealaí ina.

Le líonra náisiúnta siúil agus rothaíochta tabharfar tacaíocht do thosaíochtaí foriomlána fhorbairt na bpobal tuaithe agus cruthú post sa gheilleagar tuaithe chomh maith leis na hacmhainní nádúrtha agus an bhithéagsúlacht a chosaint agus a chur chun cinn.

Tá leas a bhaint as an scéalta reatha faoi rath a bhaineann le forbairt glasbhealaí agus gormbhealaí, go háirithe i dtaca leis an líonra uiscebhealaí intíre, ina ghné riachtanach maidir le líonra náisiúnta a chur chun cinn.

I ngeall ar an gcineál tras-rannach, tá rochtain fairsing agus gnéithe maidir le tógáil talún a bhaineann le Straitéis náisiúnta Glasbhealaí agus Gormbhealaí, tá tacaíocht agus ceannach isteach pobal áitiúil, úinéirí talún, údarás áitiúil agus gníomhaireachtaí stáit fíorthábhachtach do chur chun feidhme rathúil líonra náisiúnta, nach mór tacaíocht a thabhairt dó chomh maith trí phlean infheistíocht agus comhordaithe.

Le líonra dá leithéid sholáthrófaí níos mó rochtana ar chodanna iargúlta den tír agus cuirtear deiseanna ar fáil leis le haghaidh forbairt turasóireachta ghaolmhar a dhéanamh i limistéir thuaithe.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 23

Éascaíocht a dhéanamh d’fhorbairt Straitéise Náisiúnta Glasbhealaí/Gormbhealaí ina dtugtar tús áite do thionscadail ar bhonn tionchar agus nascacht uasta a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach.

4.8 Comhordú Infheistíochtaí

Tá comhordú infheistíochtaí, mar aon le comhordú taighde agus nuálaíochta, ina cheist thábhachtach maidir le dúbailt iarrachta agus úsáid neamhéifeachtach acmhainní a chosc.

Réimse beartais ilghnéitheach is ea an Fhorbairt Tuaithe agus dá réir sin tá roinnt struchtúr maoinithe agus infheistíochta ann chun tacú le tosaíochtaí náisiúnta, réigiúnacha

agus áitiúla. Ar an leibhéal náisiúnta tá Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus maoiniú comhlántacha i réimsí amhail tithíocht, uisce tuaithe, iompar, leathanbhanda agus saoráidí pobail chomh maith le bearta eile amhail Scéim na nIonad Fiontar Pobail, Scéim na dTionscnamh Fiontar Pobal, Ciste Iomaíoch na nOifig Fiontar Áitiúil agus an Ciste um Fhiontraíocht Réigiúnach.

Ar leibhéal an AE, tá ról suntasach ag an gComhbheartas Talmhaíochta i bhforbairt agus cothabháil cheantair thuaithe na hÉireann go háirithe maidir le hearraí poiblí a sheachadadh amhail cáilíocht an uisce a chosaint, an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus

na cuspóirí um athrú aeráide a bhaint amach, chomh maith leis an gcur chuige leanúnach forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail maidir le forbairt tuaithe trí chlár LEADER.

Ag obair leis an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, is gá a chinntiú go bhfuil sásra faoi stiúir plean fadtéarmach ann chun na sruthanna éagsúla maoinithe d’fhorbairt tuaithe a chomhordú, ar féidir é a ailíniú le Éire 2040 agus straitéisí náisiúnta eile agus tacú le pleananna forbartha údarais áitiúil agus pleananna áitiúla eacnamaíocha agus pobail.



Cuspóir Beartais Náisiúnta 24

Ag obair in éineacht leis an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, is gá sásra faoi stiúir plean fadtéarmach a bhunú chun struchtúir a chomhordú chun forbairt tuaithe a mhaoiniú, ar féidir é a ailíniú le Éire 2040 agus straitéisí náisiúnta eile.



DAOINE, BAILTE AGUS POBAIL

5.1 | Cáilíocht Beatha agus Áite

Le fiche nó tríocha bliana anuas tá muintir na hÉireann éirithe níos oilte, níos dinimiciúla, níos dírithe ar an teicneolaíocht, níos táirgiúla agus níos éagsúla. Mar thoradh ar an oiriúnacht agus an athrú sin tá sé ar ár gcumas a bheith níos rachmasaí, níos rathúla, agus níos athléimní mar Náisiún.

Le rath eacnamaíoch leanúnach cinnteofar feabhas marthanach

ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar an gcáilíocht beatha dár saoránaigh go léir. Soláthraíonn sé an t-ardán is fearr agus is féidir chomh maith ónar féidir dul sa tóir ar phríomhspriocanna sóisialta agus comhshaoil, amhail dul i ngleic leis an míbhuntáiste agus freagairt don athrú aeráide.

De réir mar atá ár sochaí ag athrú, athróidh ár riachtanais agus ár gcéadroghanna, go háirithe agus níos mó againn ag éirí níos sine. Tá an cháilíocht beatha éagsúil ag brath ar chúinsí daoine, ach go ginearálta léiríonn sí na gnéithe atá liostaithe i Léaráid 5.1.

Léaráid 5.1 | Gnéithe a Thacaíonn leis an gCáilíocht Beatha





Beidh an dóigh a ndéanfar forbairt amach anseo in Éirinn a phleanáil fós ina chinntitheach suntasach maidir leis an gcáilíocht beatha do dhaoine. D'fhéadfadh suíomh, áit agus inrochtaineacht tionchar a imirt ar an gcáilíocht beatha a bhíonn ag daoine.

Cé nach féidir le Éire 2040 athrú a chur i gcrích i ngach gné a chuireann le cáilíocht beatha, tá roinnt príomhghnéithe ann a mbeidh tionchar díreach acu orthu, agus go tábhachtach ar an timpeallacht nádúrtha agus fhisiciúil.

Is é sin an fáth go bhfuil áit bunúsach le dea-cháilíocht beatha a bhaint amach - cuireann cáilíocht ár ngarthimpeallachta, ár gcumas seirbhísí oideachais agus cúram sláinte a rochtain, na hidirghníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus sóisialta atá ar fáil dúinn agus an t-ionchas fostaíocht a fháil, le chéile le fíordhifríocht a dhéanamh do shaolta daoine.

5.2 | Pobail Inbhuanaithe a Mhúnlú

Tá níos mó i gceist le pobail ná tithíocht go díreach. Tá daoine lárnach do phobail in Éirinn, cibé acu i gcomhthéacs uirbeach nó tuaithe. Trína gceannaireacht, nuálaíocht agus comhoibriú, cuireann grúpaí agus eagraíochtaí pobail ar fud na tíre le todhchaí níos inbhuanaithe a mhúnlú laistigh dá ngarcheantar áitiúil.

Dóigh éifeachtúil is ea é a chur ar chumas pobal tionscadail áitiúla a stiúradh lena chinntiú go bhfuil ár sráidbhailte, bailte agus cathracha oiriúnach don todhchaí agus go gcruthaíonn na dálaí ina n-éireoidh go maith le daoine. Trí chumhacht a thabhairt do ghrúpaí pobail teacht le chéile chun dul i ngleic le ceisteanna um thosaíocht áitiúil agus oibriú i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis áitiúla agus gnólachtaí áitiúla, féadfar a lán tairbhí a sheachadadh. **Leanfar ag tacú le ceannaireacht pobail a chumasú agus a chothú ar an leibhéal áitiúil ag an leibhéal Rialtais.**

Trí uasghrádú a dhéanamh ar ár mbonneagar fisiciúil, is féidir dul i ngleic leis an athrú aeráide, líonraí iompair iontaofa agus éifeachtacha a sheachadadh, feabhas a chur ar an tsláinte agus an bhfolláine, timpeallacht nádúrtha shláintiúil a bhaint amach, feabhas a chur ar sholáthar tithíochta fadtéarmaí, deiseanna fostaíochta a uasmhéadú, agus ár bpobail a dhéanamh sábháilte agus níos comhtháite.

Ní bhaineann inbhuanaitheacht leis an timpeallacht fhisiciúil amháin. Tagraíonn sé do choinceap pobal seasta, comhtháite, nach mór freastal ar a riachtanais trí na céimeanna saoil go léir lena n-áirítear soláthar cúram leanaí, rochtain ar oideachas, teach agus post a fháil, sult a bhaint as timpeallacht cháilíochta agus leas a bhaint as saoráidí caitheamh aimsire agus taitneamhachta.

Trí fhreastal ar riachtanais pobal áitiúla le himeacht ama d'fhéadfaí áiteanna a oiriúnú ar bhonn inbhuanaithe, ag athrú ag luas atá comhréireach dá méid. Dá réir sin, d'fhéadfaí idirchaidreamh feidhmiúil sláintiúil le háiteanna de mhéideanna éagsúla forbairt tuilleadh.

Agus roghanna á ndéanamh maidir le cá háit le cónaí, oibriú agus infheistiú inti, breathnú riachtanach is ea an leibhéal soláthair seirbhíse. I Léaráid 5.2 thíos tugtar léiriú ginearálta den leibhéal soláthair seirbhíse atá i bhfeidhm maidir le lonnaíochtaí de mhéideanna éagsúla in Éirinn. Dá bhrí sin tá ár gcathrach áit a bhfuil soláthar seirbhíse ardleibhéil ar fáil ar fud réimse earnálacha agus inrochtaineacht ar na seirbhísí sin. Mar an gcéanna, déantar soláthar go cuí do sholáthar seirbhíse áitiúil ar scála lonnaíochtaí bailte nó sráidbhailte beaga.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 25

Cur chun cinn agus cruthú forbartha pobail inbhuanaithe a éascú agus tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí pobail ina gcuid oibre chun todhchaí níos inbhuanaithe a chur ar fáil.



Leanfar ag tacú le ceannaireacht pobail a chumasú agus a chothú ar an leibhéal áitiúil ar leibhéal an Rialtais.

[illegible]

Cathracha

77

5.3 | Pobail Shláintiúla

Tá timpeallacht an chúram sláinte ag síorathrú, agus luas an athraithe ag méadú in Éirinn ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear déimeagraific (idir líon agus phróifíl na ndaoine), samhlacha nua cúraim agus cleachtais chliniciúla, na forbairtí is déanaí i dteicneolaíocht chúram sláinte agus ionchas méadaithe na n-othar.

Tá saol níos faide ag daoine in Éirinn anois. Cé go gcuirimid fáilte roimh an ionchas saoil níos faide, tagann dúshlán leis, mar cé go gciallaíonn sé saol níos faide i ndea-shláinte do mhórán, is cinnte go mbíonn riar casta riachtanas cliniciúla agus cúraim shóisialta ag daonra níos sine, agus méadú ar thionchar na ngalar ainsealach dá réir.

Tá os cionn 2,500 saoráid phoiblí chúram sláinte ar fud na tíre faoi láthair, lena n-áirítear ospidéal ghéarchúraim, aonaid chúram cónaithe, aonaid chúraim phríomhúil agus saoráidí éagsúla áitiúla sláinte, a úsáidtear le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar i réimsí ar nós meabhairshláinte, míchumais, daoine níos sine agus seirbhís náisiúnta otharcharr.

Forbraíodh nó fuarthas a lán de na saoráidí seo sna glúine romhainn agus rinneadh an córas a thógáil le cóireáil eipeasóideach a sholáthar, le haghaidh riachtanas aon uaire go minic. Baineann timpeall trí cheathrú de ghníomhaíocht na seirbhíse sláinte le galar ainsealach anois áfach, uaireanta le galair éagsúla ainsealacha, tinnis a leanann ar aghaidh dá nádúr féin agus a mbíonn cúram leanúnach agus comhordú suntasach riachtanach dóibh dá réir.

Le sláinte agus folláine a chothabháil agus seirbhís sláinte níos fearr a thógáil ní mór athrú a dhéanamh ar chuid de na toimhdí oibriúcháin ar a bhfuil beartas sláinte agus na seirbhísí sláinte bunaithe go traidisiúnta.

Freagraíonn an cúram comhtháite na cúinse athraithe ina mbíonn cúram sláinte á seachadadh ag an leibhéal is neamhchasta, trí sheirbhís sláinte dea-eagraithe agus dea-bhainistithe a chuireann conair chuimsitheacha cúraim ar fáil le rochtain éasca do na hothair agus seachadadh éasca do sholáthraithe na seirbhíse.

Sa chur chuige seo, aithnítear gur féidir na torthaí is fearr a bhaint amach i gcúram sláinte trí threoshuí a dhéanamh ar shamhail an chúraim i dtreo chúram príomhúil agus pobail, mar ar féidir freastal ar fhormhór riachtanais sláinte na ndaoine go háitiúil. Beidh an dianchúram d'ardchaighdeán ina chuid thábhachtach i gcónaí den chúram comhtháite sláinte ionas gur féidir cóireáil shábháilte a dhéanamh ar chásanna práinne agus níos casta i suímh chuí ospidéal ghéarchúraim leis an saineolas ábhartha cliniciúil.

Tá ár sláinte agus ár dtimpeallacht fite fuaite le chéile. I measc na rioscaí sláinte faoi leith a mbíonn tionchar ag ár dtimpeallacht fhisiceach agus a cáilíocht choibhneasta orthu tá galar croí, meabhairshláinte, murtall agus gortuithe. Bíonn tionchar ag cinntí a dhéantar maidir le húsáid talún agus leis an timpeallacht thógtha ar na rioscaí sláinte seo ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear an tionchar ar cháilíocht aeir agus uisce, sábháilteacht tráchta, deiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí fisiceacha agus idirghníomhaíochtaí sóisialta chomh maith le rochtain ar láthair oibre, oideachas, cúram sláinte agus saoráidí agus seirbhísí eile ar nós ionaid díolta bia agus alcóil.



Cuspóir Beartais Náisiúnta 26

Tacú le cuspóirí an bheartas sláinte phoiblí lena n-áirítear Éire Shláintiúil agus an Plean Náisiúnta um Gníomhaíocht Fhisiceach, trí na beartais sin a imeascadh, nuair is cuí, agus ag an scála infheidhmithe, le beartas pleanála.

Tá aer agus uisce ar dhá cheann de na nithe is riachtanaí don bheatha agus dá bhrí sin bíonn tionchar láidir ag a gcáilíocht ar ár sláinte. Is féidir le truailliú aer nó uisce a bheith ina bhagairt thromchúiseach don sláinte agus is mar sin a bhíonn sé, agus nuair a bhíonn dochar déanta cheana féin do shláinte ár saoránach, is féidir le breis damáiste eascairt as uisce óil neamhshábháilte nó drochcháilíocht aer.

Tá sé rithábachtach mar sin uisce óil sábháilte agus bonneagar dóthanach fuíolluisce a sholáthar, agus astuithe truaillitheacha a laghdú, agus ní mór bainistíocht leanúnach a dhéanamh orthu d'fhonn torthaí sláintiúla a chinntiú dár saoránaigh.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 27

Úsáid éifeachtúil acmhainní uisce agus fuíolluisce a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe d'fhonn soláthar dóthanach uisce sábháilte óil poiblí a sheachadadh chuig saoránaigh, tacú le fás eacnamaíoch agus an dúlra a chaomhnú.

De thoradh na n-athruithe sa sochaí tá daoine ag brath go mór ar charranna agus níos lú gníomhaíochta fisicí ar bun acu le tamall de bhlianta anuas. Bíonn tionchar ar an dearadh fisiceach ar iompar daoine ar gach scála: foirgnimh, pobail, sráidbhailte, bailte, cathracha agus réigiúin. Is féidir leis na háiteanna ina mbíimid inár gcónaí, ag obair agus ag imirt cur isteach ar ár bhfolláine fhisiceach agus meabhrach.

Nuair a dhéantar pobail a dhearadh ar bhealach a thacaíonn le gníomhaíocht fhisiceach, m.sh. cosáin fhairsinge, lánaí sábháilte rothaíochta, staighrí sábháilte tarraingteacha agus réimsí siamsaíochta inrochtana, spreagtar áitritheoirí le roghanna sláintiúla a dhéanamh agus saol níos sláintiúla a chaitheamh. Tuairiscítear leibhéil rothaíochta níos airde agus rátaí murtaill níos ísle i dtíortha a bhfuil bonneagar leitheadach rothaíochta iontu. Cruthaíonn áiteanna sláintiúla luach eacnamaíoch ar a seal trí fhórsa oibre oilte agus cuideachtaí nuálacha a mhealladh chucu.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 28

Roghanna sábháilte áisiúla eile seachas an carr a chomhcheangal i ndearadh ár bpobal, trí áiseanna gníomhaíochta fisiceacha do gach aois a chomhcheangal, ag tabhairt tús áite go háirithe do rochtain siúil agus rothaíochta i bhforbairtí atá ann cheana agus atá le teacht, i ngach lonnaíocht.

Nuair a dhéantar pobail a dhearadh ar bhealach a thacaíonn le gníomhaíocht fhisiceach, m.sh. cosáin fhairsinge, lánaí sábháilte rothaíochta, staighrí sábháilte tarraingteacha agus réimsí siamsaíochta inrochtana, spreagtar áitritheoirí le roghanna sláintiúla a dhéanamh agus saol níos sláintiúla a chaitheamh.



5.4 | Pobail Aois-bháúla

Dar le fortheilgín an ESRI méadóidh an líon daoine os cionn 65 bliana d'aois faoi dhó ar a laghad go beagnach 1.3 milliún duine faoin mbliain 2040, timpeall 23% den daonra, i gcomparáid le 13.5% in 2016. Chomh maith leis sin táthar á thuair go méadóidh an daonra os cionn 85 faoi cheathair. De réir mar a éiríonn daoine níos sine, is dealraitheach go mbeidh riachtanais cúram sláinte níos casta acu, agus go mbeidh gá le seirbhísí agus saoráidí le tacú le cúram oiriúnach riachtanach a sholáthar.

Agus saol níos faide ag níos mó daoine, beidh siad níos gníomhaí, oideachas níos fearr orthu, agus fonn orthu páirt ghníomhach a ghlacadh ina saol féin agus i saol a dteaghlaigh. Teastaíonn ó dhaoine fanacht sláintiúil agus neamhspleách agus iad ag dul in aois, cónaí ina dtithe agus ina bpobail féin agus a laghad úsáide agus is féidir a bhaint as seirbhísí cónaitheacha agus seachtracha ospidéal.

Is é beartas an rialtais é tacú le daoine breacaosta cónaí le dínit agus le neamhspleáchas ina dtithe agus ina bpobail féin a fhad is féidir leo. Trí leanúntas cuí gan uaim de roghanna tithíochta a sholáthar, le tacaí oiriúnacha do dhaoine níos aosta agus timpeallacht thógtha atá tarraingteach, inrochtana agus sábháilte, beidh tacaíocht agus spreagadh ag daoine breacaosta le saol níos gníomhaí, níos sláinte agus níos nasctha a chaitheamh go muiníneach compordach ina bpobal féin.

Cuireann sé seo leis an ngá atá le forbairt inlíonta agus athfhorbraíochta atá deartha go maith don saolré a bheith in aice le seirbhísí agus saoráidí atá ann cheana, le tacaíocht ó dhearadh uilíoch agus conláistí feabhsaithe uirbeacha, lena n-áirítear spásanna poiblí agus páirceanna chomh maith le bealaí siúil díreacha inrochtana. Tig le soláthar na cóiríochta seo deiseanna a thabhairt do dhaoine breacaosta aistriú ó thithe níos mó go cóiríocht níos oiriúnaí laistigh dá bpobail féin.

D'fhéadfaí é seo a chomhtháthú leis an gcóiríocht chúram pobail agus sainchúraim a bheidh ag teastáil ó dhaoine breacaosta.

Tugann an togra 'Éire Aois-bháúil' ceannaireacht agus treoir le riachtanais agus deiseanna an daonra atá ag dul in aois a aithint agus tá sé leabaithe sa chóras rialtais áitiúil, an córas is fearr atá in ann freagairt don athrú ag an leibhéal áitiúil, le tacaíocht an Rialtais.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 29

Déanfar beartais phleanála áitiúil, tithíocht, iompar/rochtain agus siamsaíochta a fhorbairt agus iad dírithe ar fhreastal ar riachtanais agus deiseanna an daonra atá ag dul in aois, maraon le fortheilgín shonracha a iniamh le tacaíocht tograí soiléire maidir le pobail atá ag dul in aois mar chuid de chroí-straitéis na bpleananna forbartha do chathracha agus do chontaetha.



Teastaíonn ó dhaoine fanacht sláintiúil neamhspleách, agus cónaí ina dtithe agus ina bpobail féin agus iad ag dul in aois

Staidéar ar Chás



McAuley Place, An Nás

Is sampla ilghnéitheach bríomhar é McAuley Place de rogha eile seachas cúram institiúideach do dhaoine breacaosta.

Tá McAuley Place suite i seanchlochar na Trócaire i lár an Nás, Contae Chill Dara. Bunaíodh é sa bhliain 2000 mar fhreagra an phobail ar an ngá atá le cónaí neamhspleách do dhaoine breacaosta. Tá árasáin, seomraí tae, Ionad Ealaíne agus Cultúir agus Ionad Pobail in McAuley Place a sholáthraíonn saoráidí idirghlúine inar féidir leis na háitritheoirí agus muintir na háite a bheith rannpháirteach.

Go han-luath sa chéim deartha, cuireadh Prionsabail na Náisiún Aontaithe do Dhaoine Breacaosta san áireamh agus McAuley Place á fhorbairt, d'fhonn 'an leibhéal folláine is fearr a chothabháil'. Rinneadh dearadh den chaighdeán is airde le cinntiú nach mbeadh cuma institiúide ar McAuley Place agus go mbeadh fonn ar dhaoine teacht chun cónaithe ann. Cuirtear tacaíocht neamhfhoirmiúil ar fáil ó chairde agus comharsana do na háitritheoirí, a thagann as an phobal áitiúil.

Cuirtear an-bhéim sa bhforbairt ar dheiseanna foghlama agus ealaíne fadsaoil, ar iniamh sóisialta a chinntiú do na tionóntaí agus don phobal go ginearálta. Is féidir le healaíontóirí áitiúla a saothar a thaispeáint sa bhforhalla, agus baineann an pobal úsáid as an Ionad Ealaíne agus Cultúir le haghaidh gníomhaíochtaí ceoil, damhsa, scannáin agus eile. Eagraítear réimse leathan ranganna, cúrsaí agus imeachtaí san Ionad Pobail, agus tá seomra ceoil fuaimdhíonach sa bhfoirgneamh.



5.5 | Éire Éagsúil agus Uilechuimsitheach

Le leathchéad bliain anuas tá sochaí níos ilghnéithí á cruthú in Éirinn, tá daonra na hÉireann níos éagsúla ná riamh agus eitníochtaí agus náisiúntachtaí éagsúla ag cur fúthu sa tír. Is mór an t-athrú é nuair a chuirtear san áireamh chomh maith na hathruithe sna luachanna sochaíocha a ghlacann le hiniamh ó thaobh cearta pósta agus comhdhéanamh teaghlaidh, agus iarrachtaí forásacha na hÉireann comhionannas a thabhairt do gach saoránach.

Ní cleachtadh teoranta é rochtain ar dheiseanna a sholáthar do shaoránaigh na hÉireann go háirithe nuair a bhíonn socrúithe oiriúnaithe ar leith ag teastáil le freastal go leanúnach ar riachtanas na saoránach, go háirithe iad siúd atá soghonta agus imeallaithe.

Cruthaíonn an phleanáil deis le sochaí uilechuimsitheach shóisialta a éascú agus a sheachadadh trí imeascadh agus rochtain níos fearr do chách ag gach céim den saolré. Is fearr is féidir an cuimsiú sóisialta a bhaint amach sna trí phríomhréimsí tithíochta, oideachais agus iompair. Mar shampla, trí dhearadh uilíoch foirgneamh níos fearr a thugann inrochtain níos mó do chách, nó úsáidí pobail a chomhshuíomh ionas go mbíonn na pobail gníomhach i rith an lae agus sa tráthnóna.

Tugann Éire 2040 tacaíocht don fhorbairt leanúnach i dtreo shochoaí níos forásaí agus níos cuimsithí a bhaint amach, sochaí a thugann tacaíocht do na bunchearta daonna agus a chabhraíonn le daoine rochtain a fháil ar cháilíocht bheatha níos fearr.

Daoine le Míchumais

Bhí timpeall 650,000 duine le míchumas in Éirinn in 2016, 13.5% den daonra. Beidh míchumas ar chuid shuntasach den daonra ag tráth éigin dá saol agus de réir mar a théann an daonra in aois.

Bíonn an-cosúlacht idir na saincheisteanna pleanála a bhaineann le daoine faoi mhíchumas agus le daoine breacaosta, lena n-áirítear an riachtanas le maireachtáil neamhspleách, rochtain agus soghluaisteacht a éascú maidir le foirgnimh agus leis an timpeallacht agus le lánpháirtiú sa sochaí go ginearálta. Mar go mbíonn aois oibre ag lán daoine la míchumais, tá rochtain agus foisceacht d'fhostaíocht tábhachtach chomh maith.

An Lucht Siúil

Aithnítear an Lucht Siúil mar mhionlach eitneach. Meastar go bhfuil tuairim 30,000 duine in Éirinn a áiríonn iad féin mar lucht siúil, níos lú ná 1% den daonra. Cé nach bhfuil an stíl mhaireachtála chéanna ag an lucht siúil go léir, tá riachtanais tithíochta ar leith ag cuid acu, a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíocht agus gaol. Ní mór freastal ar an saol siúlach chomh maith, ar feadh cuid den bhliain ar a laghad i roinnt cásanna.

Ní mór do na húdaráis áitiúla, ag obair le pobal an lucht siúil, chun freastal ar riachtanais shainiúla an lucht siúil, d'fhonn a chinntiú go mbainfear soláthar spriocdhírthe amach a oireann do na riachtanais sin agus go mbíonn sé seo cuimsithe freisin sna straitéisí cóiríochta agus tithíochta don lucht siúil, sna pleananna forbartha agus sna pleananna ceantair áitiúla.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 30

Pleanáil a dhéanamh le haghaidh sochaí níos ilghnéithí agus níos uileghabhálaí a dhíríonn ar chomhionannas deise agus cáilíocht bheatha níos fearr do gach saoránach, trí chuimsiú níos fearr agus rochtain níos mó agus pobail inbhuanaithe á seachadadh agus na seirbhísí a ghabhann leo á soláthar.

Ceantair Ghaeltachta

Is í an Ghaeilge, an chéad theanga oifigiúil in Éirinn. Tá stair shaibhir chultúrtha aici agus tá cosaint shuntasach bunreachtúil agus reachtúil aici ó bunaíodh an stát Éireannach. **Bhíodh sí á labhairt go forleathan ar fud na hÉireann tráth, agus tá cónaí ar 2% de dhaonra na hÉireann sa Ghaeltacht faoi láthair (Daonáireamh 2016).** Is cuid lárnach iad na ceantair ina maireann an Ghaeilge de shochoaí dhátheangach a thógáil in Éirinn, agus cuireann sí timpeallacht ar fáil inar féidir leis an teanga dul chun cinn go nádúrtha i suíomh nua-aoiseach.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 31

Cothú agus cosaint na Gaeilge a áisiú, go háirithe sna ceantair Ghaeltachta.



Leanaí agus Daoine Óga

Tugann fortheilgin an ESRI le fios go mbeidh laghdú beag ar líon na ndaoine 15 bliana d'aois agus faoi, laghdú timpeall 10% faoin mbliain 2040, agus go mbeidh siad cothrom le timpeall 17% den daonra méadaithe. 22% den daonra a bhí san aoisghrúpa sin in 2016, agus mar sin beidh meán-aois na ndaoine in Éirinn ag méadú, ach gan laghdú suntasach ag teacht ar líon foriomlán na ndaoine óga.

Beidh líon na daoine 15 bliana d'aois agus faoi ag méadú go leanúnach go dtí na 2020í luatha, agus ag meath go mall ina dhiaidh sin. Ciallaíonn sé seo go mbeidh gá leanúnach ann le saoráidí agus áiseanna a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga, ar nós cúram leanaí, scoileanna, clóis imeartha, páirceanna agus ionaid spóirt, agus go gcaithfear iad a chothabháil ag na leibhéil chéanna go ceann i bhfad.

Ciallaíonn sé freisin má tharlaíonn cuid mhór den fhás sa daonra laistigh de theorainneacha na lonnaithe atá ann cheana, mar atá beartaithe, gur féidir an úsáid is mó a bhaint as saoráidí atá cheana in aice le háit chónaithe na leanaí agus na ndaoine óga.



Beidh sé riachtanach i gcónaí soláthar a dhéanamh le haghaidh súgradh leanaí i bhforbairtí cónaithe de réir bheartais na bpleananna forbartha áitiúla.

Dar leis an UNHCR, bíonn an-tionchar ar sláinte, dul chun cinn oideachais agus folláine fhoriomlán leanaí ag cáilíocht na tithíochta ina gcónaíonn siad. Déantar tuilleadh plé ar an tithíocht thíos.

Nuair a chuirtear na leanaí leis an daonra breacaosta, beidh an cóimheas spleáchais (faoi 16 bliana d'aois agus os cionn 65) ag méadú go 65% faoi 2040, ó 53% in 2016.

Trí áiteanna ardcháilíochta a dhéanamh, déantar iarracht sa Chreat Pleanála Náisiúnta tacú leis an mbeartas náisiúnta agus leis na cuspóirí do leanaí agus daoine óga, lena n-áirítear “Torthaí níos Fearr, Todhchaí níos Gile”, trí na beartais seo a chomhtháthú mar is cuí agus ar scála infheidhimithe, leis an mbeartas pleanála.

Beidh gá leanúnach ann le saoráidí agus áiseanna a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga, ar nós cúram leanaí, scoileanna, clósanna imeartha, páirceanna agus ionaid spóirt, agus go gcaithfear iad a chothabháil ag na leibhéil chéanna go ceann i bhfad.

5.6 | Oideachas agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Bhí an t-oideachas ríthábhachtach d'fhorbairt na hÉireann le blianta anuas. Is cumasóirí ar leith iad an t-oideachas, an oiliúint agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil, d'iomlánú an duine, do shochaí chothrom agus do náisiún rathúil. Tá cuid lárnach iad den rath eacnamaíoch agus de phobail láidre a thógáil.

I ngeilleagair eolasbhunaithe, bíonn an t-oideachas mar chrann taca don fhás mar gurb é is mó a thiománann an nuálaíocht agus an táirgiúlacht theicniúil. Is tosaíocht é an rochtain ar ardchaighdeán oideachais anois agus sa todhchaí agus tá mórthionchar aige ar cháilíocht na beatha atá ag daoine. Cuireann easpa scileanna agus inniúlachtaí teorainn ar rochtain ar phoist mhaith agus ar rathúnach eacnamaíoch, méadaíonn an baol ó eisiámh sóisialta agus ón mbochtaineacht, agus d'fhéadfadh sé cur isteach ar lánpháirtíocht i ngnóthaí sibhialta agus polaitiúla.

Tá an t-oideachas i láthair go láidir i mbeagnach gach lonnaíocht sa tír. Tá soláthar ionaid chúram agus oideachais luathóige, scoileanna, coláistí agus ollscoileanna ríthábhachtach d'fhás agus d'fhorbairt na hÉireann sa todhchaí. Tá an infheistíocht i gcúram leanaí (lena n-áirítear cúram aois scoile) ríthábhachtach mar thaca oideachasúil do leanaí, chomh maith le bheith ina réamhriachtanach le poist a chruthú agus don rannpháirtíocht sa mhargadh saothair.

Tá córas na scoileanna faoi bhrú mór ó thaobh freastal ar líon breise daltaí i gcodanna áirithe sa tír mar ar tharla méadú mór sa daonra, méadú a leanfaidh ar aghaidh go dtí 2025 ar a laghad dar leis na fortheilgin. Tá amhras caite freisin ar inmharthanacht scoileanna in áiteanna eile mar gheall ar an daonra a bheith ag titim iontu.

Tá leasú agus comhdhlúthú déanta ar na hearnálacha breisoideachais agus oiliúna d'fhonn réimse leathan clár solúbtha ardcháilíochta a thairiscint a fhreastalóidh ar riachtanais foghlaimoirí agus a chuirfidh ar a gcumas scileanna de leibhéil 1 go 6 a fhorbairt ar an gDréacht-Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí le dul ar aghaidh chun fostaíochta agus/nó chun an ardoideachais. Tugann breisoideachas agus oiliúint deis uas-scilthe agus athscilthe d'fhoghlaimoirí, agus deis chun scileanna nua a fháil le tacú le haistriú agus dul chun cinn gairme.

San earnáil tríú leibhéil, beidh de chumas, le forbairt Ollscoileanna Teicneolaíochta, deis níos mó a sheachadadh do mhic léinn sna réigiúin a ndéantar freastal orthu, do lucht foirne atá ag obair sna hinstiúidí, agus don gheilleagar agus don tsochaí i gcoitinne. Trí instiúidí le scála agus neart a chruthú, tabharfaidh ollscoileanna il-champais teicneolaíochta sochair shóisialta agus eacnamaíocha níos mó chuig a gcuid réigiún trí ról neartaithe taighde agus nuálaíochta agus trí réimse leathan oideachais agus oiliúna d'ardcháilíocht a sheachadadh ina gcuid campas.

Tá an phleanáil agus an infheistíocht straitéiseach san oideachas agus san oiliúint lárnach le pobail inbhuanaithe a sheachadadh, iniámh a chur chun cinn agus rogha agus rochtain ar ardchaighdeán oideachais agus fostaíochta a thairiscint. Ciallaíonn sé seo go mbeidh sé d'aidhm ag Éire 2040:

Cuspóir Beartais Náisiúnta 32

Tosaíocht a thabhairt d'ailíniú a dhéanamh idir fhás atá spriocdhírthe agus pleanáilte, agus fás na fostaíochta, le hinfeistíocht in:

- Soláthar saoráidí cúram luathóige agus oideachais agus scoileanna nua nó athchóirithe ar láithreacha dea-shuite i gceantair ina bhfuil tógáil déanta nó in aice leo, le freastal ar riachtanais ilghnéitheacha an daonra áitiúil atá iontu.
- Fairsingiú agus comhdhlúthú saoráidí tríú leibhéil ag láithreacha mar a gcuirfidh siad leis an fhorbairt réigiúnach.
- Clár don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, go háirithe i réimsí ardoideachais agus breisoideachais agus breisoiliúna nuair a aithnítear bearnaí i scileanna.



Is tosaíocht é an rochtain ar ardchaighdeán oideachais anois agus sa todhchaí agus tá mórthionchar aige ar cháilíocht na beatha atá ag daoine.

5.7 | Tithíocht

Is ionaid chónaithe iad tithe, agus chomh maith leis sin is cloch bhunaidh iad as a gcruthaítear pobail níos leithne agus cáilíocht na beatha iontu. Tá riachtanas réamh-mheasta ann le cóiríocht a sholáthar do 550,000 líon tí breis idir seo agus 2040.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 33

Sprioc de 550,000 líon tí breise suas go 2040 de réir chuspóir beartais Éire 2040.

Sa bhfís fhadtéarmach don tithíocht in Éirinn, tá sé d'aidhm againn tithíocht de dhea-cháilíocht a sholáthar le freastal ar riachtanais ilghnéitheach an daonra, agus ag an am céanna áiteanna maithe cónaithe a dhéanamh as ár gcathracha, ár mbailte, ár sráidbhailte agus ár gceantair tuaithe, anois agus san am atá le teacht.

TOSAÍOCHTAÍ AGUS PRIONSABAIL

Is iad seo a leanas na tosaíochta beartais ardleibhéil san earnáil tithíochta go dtí 2040:

- Suíomh na dtithe - tabhairt faoi dháileadh spásúil fadtéarmach na tithíochta.
- Acmhainneacht a Thógáil - Athúsáid, oiriúnaitheacht agus rochtain inár stoc tithíochta le cuimsiú a chinntiú agus pobail bhríomhara inbhuanaithe a sheachadadh.
- Próifíl Riachtanais agus Éilimh - An brú náisiúnta tithíochta go 2040 a rianú.
- Riachtanais Tithíochta sa Todhchaí a Réiteach go hÉifeachtúil - Bonn cuimsitheach fianaise a bhunú mar thaca agus mar threoir do bheartais tithíochta agus do bhearta feidhmithe.

TÁ CROÍ-PHRIONSABAIL NÁISIÚNTA LEAGHTHA AMACH MAR THREOIR LE TITHÍOCHT A SHEACHADADH SA TODHCHAÍ, AG GACH LEIBHÉAL RIALACHAIS:

- Ardchaighdeán beatha agus tithíocht atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta agus na sochaí a chinntiú trí phleanáil chomhtháite agus dearadh atá i gcónaí den chéad scoth.
- Rogha a cheadú ó thaobh suíomh, cineál, tionacht agus cóiríocht na tithíochta, ag freagairt do riachtanas.
- Tabharfar tosaíocht do sholáthar na tithíochta nua i lonnaíochtaí atá ann cheana mar bhealach leis an rochtain ar cháilíocht bheatha níos fearr a uasmhéadú do dhaoine, trí rochtain ar sheirbhísí, úsáid níos éifeachtúla a bhaint as talamh agus comhtháthú leis an mbonneagar atá ann cheana féin a mhéadú.
- Déanfar scála agus nádúr an soláthar tithíochta sa todhchaí a oiriúnú do mhéid agus cineál na lonnaíochta san áit a bhfuil sé le bheith suite.
- Ní mór tabhairt faoi chomhtháthú na straitéisí tithíochta mar a bhfuil lonnaíochta ar dhá thaobh de theorainneacha (contae agus/nó réigiúin).
- An stoc tithíochta atá ann cheana a úsáid mar bhealach le freastal ar éileamh na todhchaí.

Sa bhfís fhadtéarmach don tithíocht in Éirinn, tá sé d'aidhm againn tithíocht de dhea-cháilíocht a sholáthar le freastal ar riachtanais ilghnéitheach an daonra, agus ag an am céanna áiteanna maithe cónaithe a dhéanamh as ár gcathracha, ár mbailte, ár sráidbhailte agus ár gceantair tuaithe, anois agus san am atá le teacht.

Suíomh na dTithe

Tabharfar tosaíocht do shuímh ina bhfuil na deiseanna is fearr ag daoine teacht ar ardcháilíocht bheatha sna beartais i leith suíomh tithe.

Bhí an tithíocht in Éirinn scaipthe agus bearnaithe go minic, agus daoine ina gcónaí níos faide óna bpoist agus scartha amach go mór go minic ó sheirbhísí tábhachtacha ar nós oideachas agus cúram sláinte. Tá sraoilleáil na forbartha le feiceáil i ngach leibhéal lonnaithe in Éirinn, forbairt scaipthe, scoitheadh, fobhailte leanúnacha agus patrúin líneacha nó forbairt ribíneach.

Mar gheall ar an gcineál seo forbartha bíonn sé costasach agus go minic dodhéanta don stát infheistiú i seachadadh bonneagair agus é a

ailíniú nuair nach féidir údar a thabhairt dó, agus méadaíonn sé fadhbanna ar nós plódú agus truailliú, méadaítear am comaitéireachta agus bíonn tionchar diúltach ar an iomlán aige ar shláinte agus folláine na ndaoine.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 34

Tosaíocht a thabhairt do sholáthar tithe nua i suímh inbhuanaithe agus ar scála atá oiriúnach don suíomh.

Beidh tithe cónaithe na hÉireann sa todhchaí:



- **lonnaithe in áiteanna atá in ann tacú le forbairt inbhuanaithe** - áiteanna a thacaíonn le fás, nuálaíocht agus soláthar éifeachtúil bonneagair, a bhfuil rochtain iontu ar réimse de sheirbhísí sóisialta, atá in ann úsáid iompair phoiblí, siúl agus rothaíocht a spreagadh, agus cabhrú sa choimhlint in aghaidh athrú aeráide.
- **seachadta inár gcathracha agus inár mbailte móra** (mar a bhfuil éileamh ar thithíocht ar ardscála), mar ar féidir tithe agus na seirbhísí tacaíochta cuí a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtúla agus ar chostas níos ísle don stát sa bhfadtéarma.
- **lonnaithe fós i sráidbhailte, bailte agus faoin tuath ach ar scála oiriúnach** nach mbaineann de chumas na mbailte móra agus na gcathracha tithe cónaithe a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtúla.



Acmhainneacht a Thógáil sa Tithíocht

Tugann an Daonáireamh le fios go raibh 183,312 áitreabh folamh ar fud na tíre (gan tithe saoire nó tithe tréigthe a áireamh) sa bhliain 2016, beagán níos mó ná 9% den stoc iomlán tithíochta náisiúnta). Cabhróidh bearta le tabhairt faoi fholúntas agus áitribh inchónaithe a thabhairt ar ais chun úsáide go mór leis an riachtanas foriomlán tithíochta a mhaolú, go háirithe sna cathracha agus sna bailte móra, mar a bhfuil an t-éileamh is mó.

Is féidir le stoc foirgneamh atá dífheimithe roghanna bunúsacha tithíochta thairiscint agus mar chuid den bhunchreatlach i roinnt lonnaithe is féidir leo cabhrú le hoidhreacht agus céannacht chultúrtha áite a chaomhnú. **Ní mór athúsáid an stoc foirgnimh atá ann a chur san áireamh agus a mheas mar chuid den bhunús fianaise agus beartas tithíochta á chumadh, agus ag an leibhéal áitiúil, cuirfear é seo san áireamh sna croí-straitéisí do na pleananna forbartha.**

Cuspóir Beartais Náisiúnta 35

Beartais a chur i bhfeidhm le folúntas a laghdú agus an ráta folúntais tithíochta náisiúnta a laghdú de réir a chéile go 5% faoi 20 (9.15% faoi láthair).

Beidh ar aon teach nua freastal ar riachtanais a athróidh i rith a shaolré. Is ionann forbairt nó teach inchónaithe agus in-oiriúnaithe agus ceann atá in ann freagairt go héifeachtúil do na riachtanais sin gach athruithe costasacha a ídíonn fuinneamh a bheith ag teastáil. Tá an daonra ag athrú go mear, an gnáth líon tí ag éirí níos lú agus níos sine agus líon na ndaoine atá ina gcónaí go neamhspleách agus iad níos sine ag ardú. Tá éilimh éagsúla ar ár dtithe comh maith mar gheall ar an gcothromaíocht idir an saol baile agus oibre mar gur fearr le go leor daoine obair sa bhaile.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 36

Tacú le soláthar tithe in-oiriúnaithe le linn a saolré atá in ann freastal ar riachtanais líon tí a athraíonn le himeacht ama.

Go stairiúil is gné de thírdhreach tithíochta na hÉireann an fhorbairt ísealdhlús tithíochta, i gcathracha, i mbailte agus faoin tuath. D'fhonn sraoilleáil uirbeach agus an brú a chuireann sé ar an gcomhshaol agus ar an éileamh ar an mbonneagar a sheachaint, beidh dlúis chónaitheacha níos mó ag teastáil inár gceantair uirbeacha.

Cabhróidh tithíocht dhea-dheartha agus dhea-lonnaithe mar seo a leanas:

- Ceantair uirbeacha a fhásfaidh go mear le scála atá ag teastáil go géar a bhaint amach;
- Gheobhaidh ceantair mheánmhéide uirbeacha bealach chun cáilíochta i gcreat nua iomaíoch;
- Méadófar bríomhaireacht agus beocht i ngach ceantar uirbeach;
- Méadófar éifeachtúlacht agus inmharthanacht na húsáide i bhfuinneamh agus sa bhonneagar uirbeach

Cuspóir Beartais Náisiúnta 37

Dlús cónaitheach a mhéadú i lonnaithe, trí réimse bearta lena n-áirítear laghdaithe i bhfolúntas, athúsáid foirgneamh atá ann cheana, scéimeanna forbartha inlíontacha, athbheochan ceantair nó suíomh agus foirgnimh níos airde.



Próifíl Riachtanais agus Éilimh

Idir 2017 agus 2040, ní mór 25,000 teach nua go garbh a sholáthar in Éirinn gach bliain le freastal ar riachtanas daoine ar thithíocht dehea-lonnaithe inacmhainne, agus ar éileamh níos mó ar sholáthar do líonta tí de dhuine nó beirt. Laistigh den bhfigiúr seo, tá réimse leathan riachtanas éagsúla tithíochta nach mór a shásamh. Ar an mbonn seo agus ag cur pionsabal athúsáid an stoic atá ann cheana a athúsáid, cuirtear an miondealú ar na haonaid riachtanach go 2040 i láthair i dTábla 5.1 thíos.

Tábla 5.1 | Miondealú ar Riachtanais Tithíochta Réamh-mheasta go 2040

Líon foriomlán aonad réamh-mheasta go 2040 ²⁰	Cathair agus Bruachbhailte Bhaile Átha Cliath (Figióir glan)	Cathracha agus Bruachbhailte Eile	Ceantair Uirbeacha Móra Eile (>10,000)	Bailte Beaga (<10,000) agus Ceantair Tuaithe
550,000	143,000	132,000	99,000	176,000

Tithíocht Shóisialta

Is beartas sóisialta tábhachtach é don Rialtas tacaí tithíochta a sholáthar do dhaoine nach bhfuil in acmhainn cóiríocht a sholáthar dóibh féin agus tá tionchar aige ar chuid mhór den daonra. Is féidir le tionchar suntasach a bheith ag gníomhartha a dhéanann comhlachtaí poiblí maidir le tithíocht shóisialta ar an margadh foriomlán tithíochta agus, ar an gcaoi chéanna, is féidir le tionchar a bheith ag bearta fíoscacha nó rialaitheacha ar infhaighteacht na tithíochta sóisialta.

Is féidir fadhbanna tromchúiseacha a chruthú laistigh de phobail má cuirtear níos mó tithe le ceantair ina bhfuil dlús tithíochta sóisialta cheana féin, nó le ceantair nach bhfuil in ann tacú le daonra breise. Cruthaítear na pobail is sláintiúla i gcomharsanachtaí ilghnéitheacha ina bhfuil cothromaíocht idir tithíocht phoiblí agus phríobháideach.

Athrú ar Mhéid an Teaghlaigh

Tá méid an líon tí ag íslíú i gcónaí Faoi láthair, tá triúr nó níos lú i 7 líon tí as 10. De ghnáth bíonn méideanna líon tí níos lú i gceantair uirbeacha nó sna bruachbhailte ná mar a bhíonn i gceantair tuaithe na tíre. Tá 80% de na líonta tí cathair Bhaile Átha Cliath comhdhéanta de dhuine amháin, beirt, nó triúr. 21 Ach tá stoc tithíocht na hÉireann comhdhéanta den chuid is mó de thithe scartha agus leathscartha le 3 nó ceithre sheomra leapa.

Mic léinn

Cuireann an t-éileamh ar chóiríocht do mhic léinn leis an mbrú éilimh ar an soláthar cóiríochta ar cíos atá ann cheana, i gceantair uirbeacha go háirithe. Sna blianta atá le teacht, glactar leis go mbeidh méadú ar an éileamh cóiríochta do mhic léinn 22. Moltar cóiríocht shaintógtha do mhic léinn a chur chomh cóngarach agus is féidir don ionad oideachais, agus í a cheangal le bonneagar inrochtaine ar nós siúl, rothaíocht agus iompar poiblí. Tugann an straitéis náisiúnta chóiríochta do mhic léinn tacaíocht do na cuspóirí seo.



Riachtanais Tithíochta na Todhchaí a Réiteach go hÉifeachtúil

Tá an earnáil tithíochta níos casta ó ullmhaíodh na chéad Straitéisí Tithíochta de chuid na n-údarás áitiúla sna blianta a lean achtú an Acht Pleanála agus Forbartha 2000. De réir na gceangaltas atá i gClár Gníomhaíochta an Rialtais um Thithíocht agus Easpa Dídine - Atógáil na hÉireann - agus ag tógáil ar thograí nua ar nós Ráiteas Náisiúnta an Ghníomhaireacht Tithíochta um Riachtanas agus Éileamh Tithíochta, cuirfear modheolaíochtaí agus treoirlínte reachtúla ar bun a chuirfidh san áireamh na riachtanais éagsúla tithíochta ar gá freastal orthu, lena n-áirítear riachtanais tithíochta daoine breacaosta, daoine le míchumais, an lucht siúil, an tithíocht shóisialta go ginearálta, teaghlaigh de mhéideanna agus de leibhéil ioncaim éagsúla agus mic léinn.

Ní mór suíomh, sainthréitheacht agus tionacht na tithíochta a bheith bunaithe ar fhianaise agus ar chur chuige láidir i leith a fheidhmithe. **Tá sonraí níos mó agus níos fearr ag teastáil ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach, contae agus lonnaithe le coinníollacha tithíochta agus riachtanais tithíocht na ndaoine in Éirinn a thuiscint d'fhonn beartais, cláir agus tograí maoinithe eolacha agus cost-éifeachtúla a fhorbairt.**

Soláthrófar treoirlínte nua reachtúla d'fhonn comhleanúnachas a chinntiú ó thaobh cur chuige, feidhmiú agus faireachán d'fhonn fortheilgin níos cruinne a dhéanamh ag leibhéal Réigiúnach (SSER) agus leibhéal phleananna na n-údarás áitiúla (Croí-Straitéisí) maidir le riachtanais tithíochta.

Tá inchuir áirithe tábhachtacha fianaise ann mar threoir agus mar spreagadh don tsamhail HNDA, mar a leanas:

1

Treochtaí déimeagrafacha, treochtaí inacmhainneachta agus treochtaí eacnamaíochta níos leithne. Beidh réamhaisnéisiú eacnamaíoch nó obair eacnaiméadrach ina bhuntaca don roinn seo. I measc na riachtanas sonraí tá comhdhéanamh/fortheilgean líon tí, praghsanna tithe, cíosa, líon ceannaitheoirí céad uaire, agus ráta morgáiste iasacht go luach, gníomhaíocht eacnamaíoch agus rátaí fostaíochta srl.



2

Brúnna próifíle an Stoc Tithíochta (agus riachtanas láithreach) agus saincheisteanna bainistíochta. Próifíl mhionsonraithe den stoc áitiúil tithíochta agus de bhrúnna stoic, lena n-áirítear na brúnna is mó maidir le soláthar agus éileamh, stoc neamhéifeachtúil agus a riocht fhoriomlán chomh maith le tosaíochta le haghaidh bainistíocht stoic amach anseo. Tá faisnéis ag teastáil maidir le méid áitribh, riocht áitribh agus brúnna stoic (áitíocht/ gann-áitíocht, láimhdeachas stoic srl).



3

Riachtanas agus Éileamh Tithíochta na Todhchaí a Mheas Déantar é a mhiondealú mar seo: áitíocht úinéara, earnáil phríobháideach, cíós faoi mhargadh²³ agus cíós sóisialta. Tugtar treoir mhionsonraithe maidir le conas tabhairt faoi obair seo, lena n-áirítear conas agus ar cén fhianaise a bhunófar toimhdí maidir le inacmhainneacht maoiné, ó thaobh úinéireacht tí agus earnálacha éagsúla cíosa.



Cuspóir Beartais Náisiúnta 38

Cuirfear treoirlínte nua reachtúla ar bun le taca ó mhodheolaíochta agus foinsí sonraí níos leithne, faoi Alt 28 den Acht Pleanála le bonn fianaise, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phróiseas pleanála a fheabhsú don soláthar tithíochta ag leibhéal réigiúnach, uirbeacha agus údarás áitiúla. Le rialúchán soláthrófar riachtanais chaighdeánaithe le sonraí pleanála agus tithíochta a thaifeadadh ag údarás áitiúla ar mhaithe le bonn comhleanúnach téagartha a sholáthar le beartas tithíochta a chumadh.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 39

A 'Housing Need Demand Assessment' (HNDA) is to be undertaken for each Local Authority Area in order to correlate and accurately align future housing requirements. The HNDA is:

- to be undertaken by Local Authorities with coordination assistance to be provided by the Regional Assemblies, particularly where inter-county and inter-regional settlement interactions are to be planned for and managed;
- to primarily inform housing policies, housing strategies and associated land use zoning policies as well as assisting in determining where new policy areas or investment programmes are to be developed, and
- to be supported, through the establishment of a coordination and monitoring unit to assist Local Authorities and Regional Assemblies in the development of the HDNA (DHPCLG, Regional Assemblies and the Local Authorities). This will involve developing and coordinating a centralised spatial database for Local Authority Housing data that supports the HNDA being undertaken by Local Authorities.



6 Acmhainneacht ár nOileán agus Mara a Fhíorú

6.1 | Pleanáil chomhtháite Talún agus Mara

Mar náisiún ar oileán le cearta ceannasacha ar cheann de na réimsí mara is mó san Eoraip le cóimheas farraige:talún de 10:1, tá geilleagar, cultúr agus sochaí na hÉireann fite fuaite leis an fharraige. Is sócmhainn náisiúnta é an comhshaol muirí a thugann leasanna iomadúla tráchtála agus neamhtráchtála dúinn, bia mara, turasóireacht, caitheamh aimsire, fuinneamh in-athnuaite, oidhreacht chultúrtha, agus bithéagsúlacht.

Braitheann úsáid inmharthana ar acmhainní muirí na hÉireann, go háirithe in aice an chladaigh, ag brath cuid mhór ar mar a dhéanaimid bainistiú ar acmhainní ar talamh, agus ar an rath a bhíonn ar an ailíniú a dhéanaimid idir pleanáil spásúil fhadtéarmach dár gceantair talún agus muirí trí Éire 2040 agus an Plean Spásúil Muirí. Déanfar Éire 2040, plean atá talamh-bhunaithe den chuid is mó, a fhorbairt ag an am céanna leis an riachtanas maidir le plean spásúil muirí náisiúnta a fhorbairt faoi 2021. Beidh Éire ar an eolas faoi na hoibleagáidí faoin dlí reatha AE a rialaíonn gníomhaíochta agus Plean Spásúil Muirí á fhorbairt.

Cé nach mbaineann raon an réimse spásúil muirí go díreach leis na réimsí atá clúdaithe faoi fhorálacha na nAchtanna Pleanála agus Forbartha, is iomaí aidhm choitianta agus réimse forluiteach comhordaithe agus gníomhaíochta atá ann. Beidh na próisis pleanála talamhúsáide agus muirí ag obair taobh le taobh (figiúr 6.1 ar leathanach 92) agus ag obair freisin le dlínsí eile, ar nós Tuaisceart Éireann, maidir le saincheistanna traschríocha d'fhonn beartas agus cur chuige comhleanúnach éifeachtúil i leith pleanáil mhuirí agus talún a chinntiú. Tá sé seo riachtanach le cumas an aigéin agus na mara a shaothrú le tacú le pobail áitiúla, bainistiú inmharthana a dhéanamh ar ár n-acmhainní muirí agus intuarthacht fhadtéarmach a sholáthar le haghaidh na forbartha agus na ngníomhaíochta inár gceantar muirí.



Mar náisiún ar oileán, tá geilleagar na hÉireann fite fuaite leis an fharraige. Mar gheall ar an ngaol casta atá idir gníomhaíocht ar talamh agus ar muir ní mór mórán earnálacha agus gníomhaithe éagsúla a chomhordú. Is féidir le roinn earnálacha agus gníomhaíochta a bheith i láthair ar muir agus ar talamh agus gá acu le saoráidí agus bonneagar a fhreastalaíonn ar an dá réimse. Mar shampla, bíonn bonneagar calafoirt de dhíth ar bháid iascaigh farraige lena ngabháil a thabhairt i dtír, agus i roinnt láitheacha is féidir le dramhaíl ón talamh cosc nó moill a chur ar dheiseanna eacnamaíochta a bhraitheann ar an mhuir ar nós dobharshaothrú sloigéisc a tharlódh dá mbeadh éicea-chóras sláintiúil muirí ann le cáilíocht oiriúnach uisce. Ar an gcaoi chéanna, le hacmhainní fhairsinge inmharthana gaoithe agus taoide amach ó chósta na hÉireann a fhorbairt, tá gá le planáil ar talamh don mbonneagar atá ag teastáil leis an bhfuinneamh sin a ghabháil, a stóráil agus a tharchur go custaiméirí.

Déanfar Éire 2040, plan atá talamh-bhunaithe den chuid is mó, a fhorbairt ag an am céanna leis an riachtanas maidir le plan spásúil muirí náisiúnta a fhorbairt faoi 2021.

6.1 | Aidhmeanna Coitianta agus Réimsí Forluí na Pleanála Talún agus Muirí

PLEANÁIL TALÚN

Aidhmeanna Coitianta

- Creat Pleanála Náisiúnta agus Plean Spásúil Muirí
- Léiriú spásúil ar bheartas náisiúnta; treoir agus tosaíochta náisiúnta.
- Cinnteoireacht straitéiseach agus creat comhleanúnach toiliú forbartha.
- Úsáid agus bainistíocht inmharthana, réamhbhreathnaitheach fhadtéarmach ar cheantair.
- Comhordú ar shaincheisteanna Ranna agus Earnálacha faoi threoir phlean.
- Leanúnachas idir pleanáil muirí agus talún i réimsí leasa coitianta.
- Pleanáil chomhleanúnach traschríocha

Réimsí Forluí le Comhordú

Earnálach	Forbairt Phobail & Comhairliúchán Poiblí; Forbairt Eacnamaíoch; Iompar - Calafóirt agus Cuanta; Fuinneamh - Leictreachas agus Fuinneamh In-athnuachana; Iascach; Dobharshaothrú agus Muirshaothrú; Oidhreacht agus Cultúr; Cosaint Tuilte; Eastóscadh; Bonneagar Cumasaithe; Sláinte agus Sábháilteacht; Cumarsáid
Comhshaol	Úsáid Inmharthana Acmhainní; Oiriúnú d'Athrú Aeráide; Cáilíocht Uisce; Creimniú agus Fuilleamh Chósta; Láitheacha Cosanta agus Ceantair Íogair Comhshaoil; Tuilte; Bithéagsúlacht; Tírdhreach agus Muirdhreach
Rialachas, Rialachán agus Ceadúnú	Próiseas Toilithe le haghaidh forbairt agus gníomhaíochta ar chladach agus amach ón gcladach; Freagrachtaí maidir le gníomhaíochtaí a bhainistiú i réimsí idirghníomhaíochta talún agus mara
Sonraí	Taighde lena n-áirítear bainistiú sonraí spásúil; tionchair charnacha; bonn fianaise; próifíilí soch-eacnamaíocha

PLEANÁIL MHUIRÍ

Figiúr 6.2 | An Gaol idir Beartas Pleanála agus Beartas Mara

Beartas Pleanála	Ordlaithas	Beartas Muirí
Náisiúnta		
Dréacht-Chreat Náisiúnta Pleanála	Aidhmeanna agus Cuspóirí Ardleibhéil Fócas Náisiúnta	Plean Spásúil Náisiúnta Muirí
Réigiúnach		
Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha	Beartais Tábhachtacha Réigiúnacha agus Fócas ar chomhoibriú agus feidhmiú	Cur Chuige Réigiúnach i leith Pleanáil Spásúil Muirí
Áitiúil		
Plean Forbartha Cathrach/ Comhairle agus Plean Ceantair Áitiúil	Cuspóirí mionsontaithe agus cur chuige deartha go háitiúil	Idirghníomhaíocht logánta talamh-farraige m.sh. pleanáil bainistíochta cósta, ICZM

Cuspóir Beartais Náisiúnta 40

Cuirfear saincheistanna ábhartha spásúla pleanála muirí san áireamh i bpleananna forbartha réigiúnacha agus áitiúla agus comhtháthófar iad.

6.2 | An Eacnamaíocht Mhuirí

Is áisitheoir tábhachtach í an eacnamaíocht muirí don fhorbairt éifeachtúil réigiúnach, go háirithe i bpobail iargúlta cósta. I measc na n-earnálacha farraige agus cósta atá seanbhunaithe tá fiontair a bhaineann le bia mara ar nós iascach tráchtála agus dobharshaothrú, táirgí biteicneolaíochta agus bithfhionachtana muirí, turasóireacht mhuirí, taiscéalaíocht agus táirgeocht fuinnimh, iompar muirí, longtógáil agus léasú longa.

Sa cháipéis Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin (HOOW, 2012) leagtar amach fíis, spriocanna ardleibhéil agus gníomhaíochtaí comhtháite an Rialtais lenár gcumas muirí a bhaint amach agus áirítear ann straitéis chomhtháite fiontraíochta le deiseanna sonracha margaidh a oscailt do ghníomhaireachtaí forbartha (m.sh. fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, seirbhísí amach ón gcósta, TCF agus braiteoirí, biteicneolaíocht, dobharshaothrú). De réir spriocanna HOOW, ar nós an OTI ón réimse muirí a dhúbailt faoi 2030, ní mór dúinn a mheas cá bhfuil na deiseanna fáis seo.

Beidh fás leanúnach mar shampla ar an éileamh domhanda agus náisiúnta ar bhia mara ar feadh na mblianta. Ach nuair atá an ghabháil is mó is féidir a bhaint as iascaigh cheana féin faoin

gComhbheartas lascaireachta, táthar ag tuar go sásófar an fás san éileamh beagnach go hiomlán as an dobharshaothrú. Baineann tionscal dobharshaothrú na hÉireann leas margaidh cheana féin as an cháil atá ar ár n-uiscí glana ar fud an domhain agus as na cleachtais orgánacha agus inmharthana a úsáideann a lán táirgeoirí, ach tá an tionscal beag fós i gcomparáid lena chumas.

Is féidir méadú inmharthana a chur le táirgeacht an dobharshaothraithe le pleanáil spásúil, ar nós cáilíocht ghnáthóga agus usice, gan cur isteach ar acmhainní muirí eile. Cois cladaigh tá táirgí bia mara d'ardchaighdeán á dtáirgeadh ag Éirinn, agus is cuid ríthábhachtach iad den gheilleagar áitiúil i bpobail cois cósta.

Tá roinnt Ionaid Chalafoirt lascaireachta cheana féin in Éirinn a mbaineann tábhacht straitéiseach leo, chomh maith le saoraidí riachtanacha i réimse de chalafoirt agus cuanta níos lú ar fud an chósta. Tá pleanáil chomhtháite náisiúnta ag teastáil don mbonneagar talamh-bhunaithe ionas gur féidir leis an dobharshaothrú sin feidhmiú go rathúil ag tabhairt faoin éileamh ar bhia mara go himmharthanach, agus spriocanna HOOW a bhaint amach chomh maith.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 41

Tacú le fás agus forbairt na heacnamaíochta muirí, go háirithe i bpobail iargúlta cósta agus ar na hoileáin.



Tá sé de bhuntáiste ag Éirinn go bhfuil uisce domhain i gcalafoirt sa deisceart agus san iardheisceart, atá ábalta glacadh leis na soithigh farraige is mó agus é de chumas iontu forbairt thionsclaíoch a dhéanamh atá ag brath faoi láthair, nó a bheith ag brath sa todhchaí, ar bhearta domhain-uisce.

6.3 | Calafóirt

Tá ról tábhachtach ag seirbhísí calafoirt agus loingís sa bhfás geilleagrach. Is bonneagar ríthábhachtach iad calafoirt na hÉireann don trádáil idirnáisiúnta, mar go ngluaiseann os cionn 90% dár trádáil idirnáisiúnta thar farraige. Feidhmíonn na calafoirt mar mhoil lóistíochta agus dáilte.

Bíonn forbairt ar thalamh agus sa limistéar muirí (cladach) i gceist i mbonneagar calafoirt agus is minic a bhíonn calafoirt in aice le ceantair thábhachtacha comhshaoil agus cosaint chomhshaoil agus éicea-chórais ilghnéitheacha. Is í aidhm Bheartas Náisiúnta na gCalafort margadh iomaíoch éifeachtúil a éascú do sheirbhísí iompair muirí agus sainaitníonn sé cur chuige srathach i leith thábhacht na gcalafort.

Mar náisiún ar oileán, táimid ag brath ar cháilíocht agus éifeachtúlacht ár gcalafort, níos mó ná a lán dár gcomhpháirtithe trádála. D'fhonn fás eacnamaíoch a chothabháil, ní mór dúinn a bheith in ann acmhainn bhreise calafoirt a sheachadadh ar bhealach tráthúil intuatha.

Tá calafoirt Sraith 1 agus Sraith 2 de dhíth i mBeartas Náisiúnta na gCalafort, nó calafoirt a mbaineann suntas náisiúnta agus réigiúnach leo, ar mhaithe le freastal ar riachtanais acmhainn calafoirt na hÉireann amach anseo. Tá tionscadail mhóra athfhorbartha ar bun inár gcalafoirt Sraith 1 faoi láthair (Baile Átha Cliath, Corcaigh, agus An tSionnain-Faing). Beidh trácht níos dlúithe ag dul trí na calafoirt seo mar gheall ar an bhforbairt seo, agus beidh impleachtaí ansin don bhonneagar cladaigh agus muirí.

Tá treocht fhadtéarmach idirnáisiúnta ann i leith comhdhlúthú níos mó a dhéanamh ar chalafoirt agus ar loingeas d'fhonn barrfheabhas a bhaint amach ó thaobh éifeachtúlacht scála. Bíonn tionchar aige seo ar mhéid na soitheach, ar an doimhneacht uisce a bhíonn ag teastáil i gcalafoirt agus ar chineál agus ar scála naisc iompair na cúlchríche.

Tá na calafoirt Sraith 1 lonnaithe in aice le Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach faoi seach agus déanfar ról na gcalafort seo a mheas agus tabharfar fúthu taobh le taobh leis na riachtanais fhadtéarmacha bonneagair mar chuid den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus aon phróiseas phlean forbartha cheantair uirbigh nó cathrach/contae comhthráthach nó iarmhartach eile.

Is ceart do phleananna straitéiseacha fáis do na calafoirt Sraith 1 agus do na cathracha a bheith ailínithe agus comhréireacha leis na haidhmeanna agus na beartais leathana ar son fás éifeachtúil agus forbairt inmharthana réigiúin na gcathracha.

Aithnítear calafoirt Sraith 2, Belview agus Europort i mBeartas Náisiúnta na gCalafort chomh maith mar gheall ar an acmhainn atá sna calafoirt seo an trácht a fhás, chomh gar is atá siad do chomhpháirtithe tábhachtacha trádála agus a ról straitéiseacha lasmuigh dá dtimpeallacht láithreach.





Tá sé de bhuntáiste ag Éirinn go bhfuil uisce domhain i gcalafoirt sa deisceart agus san iardheisceart, atá ábalta glacadh leis na soithigh farraige is mó agus é de chumas iontu forbairt thionsclaíoch a dhéanamh atá ag brath faoi láthair, nó a bheith ag brath sa todhchaí, ar bhearta domhain-uisce.

Tá ról tábhachtach ag calafoirt shuntasacha réigiúnacha eile agus calafoirt bheaga ó thaobh fostaíochta agus seirbhísí agus tá a lán díobh suite i bpobail imeallacha. Tá ról thábhachtach ag na calafoirt seo in earnálacha muirí a bhraitheann ar acmhainní nádúrtha áitiúla, ar nós iascaigh, fuinneamh in-athnuaite muirí, agus turasóireacht mhara.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 42

Riachtanais straitéiseacha forbartha Chalafoirt Sraith 1 agus Sraith 2 a mheas agus dul i ngleic leo mar chuid den Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach (SSER) agus aon phlean comhthráthúil nó iarmhartach forbartha do cheantair uirbeacha nó do chathracha/contaetha agus pleananna straitéiseacha do chalafoirt Sraith 1 agus Sraith 2 a bheith ailínithe d'fhonn fás éifeachtúil agus forbairt inmharthana na gceantar cathrach a chinntiú.



6.4 Comhshaol an Chósta agus Pleanáil don Athrú Aeráide

Tá cónaí ar 40% de dhaonra na hÉireann laistigh de 5km ón gcósta. Tá ár gcósta lán de chontrárthachtaí, le pobail uirbeacha agus tuaithe agus oileáin ar na gcósta, lena n-áirítear na cathracha móra go léir agus na ceantair is dlúithe daonra sa tír.

Is tiomántóir tábhachtach iad na ceantair chósta freisin don earnáil turasóireachta in Éirinn, rud a léiríonn an seoladh rathúil a bhí ar bhrandáil “Slí an Atlantaigh Fhiáin” agus an t-aitheantas a ghnóthaigh scannánú ar an láthair don tionscal scannánaíochta le blianta beaga anuas. Tá cósta na hÉireann eisceachtúil ach leochaileach mar acmhainn, agus ní mór bainistíocht chúramach a dhéanamh air lena nádúr agus a thréithe fisiceacha, cáilíocht an chomhshaoil agus an bhiathéagsúlacht a bhuanú.

De thoradh an athrú aeráide, tá leibhéal na farraige agus patrúin chreimnithe agus fuillimh an-tábhachtach don phleanáil agus do mheasúnú riosca tuilte, go háirithe ó thaobh fhorbairt leanúnach ár gcathracha agus ár mbailte a bhainistiú. Sa bhfadtearma, go 2040 agus ina dhiaidh, b'fhéidir go mbeidh gá le teicneolaíochtaí baráiste nó a leithéid a chur san áireamh le bá a chosc i gceantair ísle i lár na gcathracha le linn teagmhais dhrochaimsire.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 43a

A chinntiú go ndéanfar bainistíocht ar acmhainn chósta na hÉireann lena nádúr fisiceach agus a cháilíocht chomhshaoil a bhuanú.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 43b

Dul i ngleic le tionchair na n-athruithe i leibhéal na farraige agus tuilte agus creimeadh cósta de réir aidhmeanna coitianta an bheartais náisiúnta i leith oiriúnú aeráide, agus tacú le freagairtí oiriúnaithe a chur i bhfeidhm i gceantair leochaileacha.

Tá cónaí ar

40%



de dhaonra na hÉireann laistigh de 5km ón gcósta.

Sa tréimhse go 2040, is dócha go ngéarófar an dul chun cinn teicneolaíoch le feidhmiú, forbairt agus tarmligean tráchtála earnáil an fhuinnimh mhuirí in-athnuaite lena n-áirítear feirmeacha gaoithe ar snámh amach ón gcósta, fearais tuirbíní taoide agus tiontairí fuinneamh toinne.

6.5 Fuinneamh In-athnuaite amach ón gCósta

Tá achar uiscí teorann na hÉireann deich n-uaire níos mó ná achar na talún, rud a chruthaíonn deiseanna móra san eacnamaíocht ghorm agus sa bhfuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, a chabhródh linn an t-aistriú a dhéanamh go geilleagar saor ó charbón.

Faoin bPlean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite amach ón gCósta (OREDPA) tá pleananna uaillmhianacha leagtha amach ag Éirinn don bhfuinneamh in-athnuaite agus d'fhorbairt an fhoinsé fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta. Sa tréimhse go 2040, is dócha go ngéaróidh an dul chun cinn teicneolaíoch feidhmiú, forbairt agus tarmligean tráchtála earnáil an fhuinnimh mhuirí in-athnuaite lena n-áirítear feirmeacha gaoithe ar snámh amach ón gcósta, fearais tuirbíní taoide agus tiontairí fuinneamh toinne.

Braitheann forbairt an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta go mór ar bhonneagar cumasaithe a fhorbairt lena n-áirítear saoráidí greille a thabharfadh an fuinneamh chun tíre mar a bhfuil mórfoinsí éilimh don bhfuinneamh.

Mar gur in iarthar an oileáin atá an acmhainn don ghiniúint in-athnuaite, b'fhéidir gur gá an líonra tarchuir atá san iarthar cheana féin a threisiú ar mhaithe le fuinneamh in-athnuaite a aistriú chuig na lárionaid éilimh san oirthear.

Maidir le fuinneamh toinne, tá spriocanna de 500MW leagtha síos ag an Rialtas le fuinneamh a ghiniúint as cumhacht toinne, le suiteáil in uiscí na hÉireann faoin mbliain 2020, agus tá láithreacha tástála éagsúla á bhforbairt amach ón gcósta thiar.

Cuspóir Beartaís Náisiúnta 44

Tacú, laistigh de chomhthéacs an Phlean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite amach ón gCósta (OREDPA)²⁶ agus a iarteachtaithe, le forbairt fhorásach acmhainn fuinnimh in-athnuaite na hÉireann amach ón gcósta, lena n-áirítear nascacht an ghreille idirnáisiúnta agus intíre a fheabhsú.



Staidéar ar Chás



Inbhear na Sionnaine: Plean Chreat Comhtháite Straitéiseach

Is é inbhear na Sionnaine an coimpléasc inbhearach is mó in Éirinn, clúdaíonn sé 500km² d'uisce inseolta agus síneann sé 100km ó Chathair Luimnigh go Ceann Léime i gContae an Chláir.

Mar chalafort domhain, bíonn Inbhear na Sionnaine ag freastal go rialta ar longa suas le 200,000 tonna meá-lasta. Freastalaíonn sé ar shuiteálacha bolc-thionsclaíocha móra agus tá críochphort dílsithe breosla ar Aerfort na Sionnaine. Tá calafort Fhaing suite ar bhruach theas an Inbhir, agus Cathair Luimnigh beagán soir uaidh.

Foilsíodh Creatphlean Comhsháite Straitéiseach Inbhear na Sionnaine i mí na Samhna 2013. Mar phlean idirdhlínsiúil talún agus muirí, is toradh é ar chomhoibriú rathúil ilghníomhaireachta ina raibh Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae Luimnigh, Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Chiarraí, Forbairt na Sionnaine, agus Cuideachta Chalafort na Sionnaine-Fhaing páirteach, chomh maith le páirtithe leasmhara tábhachta eile a bhfuil leas acu san Inbhear.

7 Ag Obair lenár gComharsana

7.1 | Éire agus an tAontas Eorpach

Ní mór ionad athraitheach na hÉireann i gcomhthéacs Eorpach agus domhanda a chur san áireamh agus Éire 2040 á ullmhú agus á chur i bhfeidhm. Tá níos mó ilghnéitheachtta agus níos mó idirnascadh sa domhan anois. Tá ceann de na geilleagair is domhandaithe sa chruinne ag Éirinn, le trádáil agus infheistíocht bhunaithe i margaí Eorpacha, Meiriceánacha agus Áiseacha agus uathu. Rinneadh athrú agus trasdul mear ar ár ngeilleagar dá bharr seo ó thaobh post, scileanna agus nuálaíochta.

Is mór na sochair atá bainte ag Éirinn as a ballraíocht san Aontas Eorpach mar shampla. Tá leas bainte ag Éirinn freisin as a ballraíocht san AE mar sprioc mór infheistíochta isteach san AE ó SAM agus ó fhoinsí domhanda eile mar gheall ar ár suíomh straitéiseach, ár ngastacht eacnamaíoch, feabhsú an bhonneagair agus an timpeallacht atá báúil do ghnó agus líofa sa Bhéarla.

Mar go bhfuil geilleagar oscailte ag Éirinn tá sí ag brath ar an trádáil lenár bpríomh-chomhpháiríthe trádála agus tá an easpórtáil ar cheann de na comhpháiríthe is tábhachtaí den fhás eacnamaíoch. Déanfaimid feabhas leanúnach ar chumas an gheilleagair dul i ngleic leis na hathruithe sa timpeallacht dhomhanda airgeadais agus i rátaí úis, an méadú san iomaíocht le haghaidh infheistíochta ón iasacht, agus athruithe in oibriúcháin na gcuideachtaí ilnáisiúnta. Leis sin a bhaint amach, ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh Éire solúbtha i leith athruithe agus tionchair sheachtracha.

Mar cheann de na geilleagair is oscailte agus is mó atá bunaithe ar thrádáil ar domhan, beidh an-tionchar ag ár n-idirghníomhaíocht leis na comharsana is gaire dúinn, Tuaisceart Éireann, Sasana, Alba agus an Bhreatain Bheag, agus leis an Eoraip agus leis an domhan lasmuigh ar ár gcumas dul chun cinn agus forbartha.



Le vóta Brexit sa RA cuireadh tús le próiseas a d'fhéadfadh athrú mór a chur ar nádúr ár gcaidrimh lenár gcomharsana is gaire. Cé nach mbeidh nádúr na dtionchar seo ar eolas againn go dtí go mbíonn Éire 2040 curtha i gcrích, beidh deis againn le leaganacha nua den Chreat Náisiúnta Pleanála a n-impleachtaí a chur san áireamh.

Idir an dá linn, d'fhágfadh imeacht RA ón Aontas Eorpach Éire mar phríomhthír Bhéarla san AE 24 agus chruthódh sé sin deiseanna agus dúshlán shuntasacha dúinn i réimsí éagsúla. D'fhéadfadh méadú teacht ar an infheistíocht eacnamaíoch in Éirinn agus ag an am céanna leas á bhaint as cumas eacnamaíocht an oileáin agus na naisc trádála, bonneagair agus eile atá againn lenár gcomharsana is gaire a chothabháil.

Is dealraitheach, má fhágann an RA an AE, go bhféadfadh naisc dhíreacha aeir, farraige agus fuinnimh fhomhuirí na hÉireann le tíortha eile san AE a bheith i bhfad níos tábhachtaí, ó thaobh bonneagar iompair agus fuinnimh, mar gheall ar na buntáistí seasmhachta agus éascaíocht ghluaiseachta thar teorainneacha inmheánacha a bhainfeadh leo. Dá thoradh sin, ní mór nasc níos éifeachtúla a dhéanamh idir calafoirt agus aerfoirt a éascaíonn amanna idirthurais idir Éirinn agus an AE agus ár gcórais iompair talamh-bhunaithe.

De réir mar a bheidh níos mó ar eolas faoi chruth agus impleachtaí foriomlána an phróisis Brexit, déanfar feidhmiú Éire 2040 a choigeartú lena chur san áireamh, agus beidh sé mar threoir sa deireadh don chéad athbhreithniú eile ar an gCreat Pleanála Náisiúnta.

7.2 | Éire agus Tuaisceart Éireann

Tá cónaí ar timpeall 6.6 milliún duine ar oileán na hÉireann, 4.75 in Éirinn (72% den iomlán) agus 1.85 milliún i dTuaisceart Éireann (28% den iomlán) (Daonáireamh 2016/NISRA). Beidh beagnach 8 milliún duine ar an oileán faoi 2040.

In ainneoin chomhthéacs Brexit, beidh dúshláin i gcomhar ag an dá chuid den oileán do beagnach 1.4 duine breise, dá n-áit chónaithe agus oibre, agus don mbonneagar a bheidh riachtanach le tacú leis an bhfás seo, agus torthaí maithe a chinntiú ag an am céanna ó thaobh fhorbairt fhisiceach agus chomhshaoil, ina measc:

- Bainistíocht straitéiseach a dhéanamh ar an bhfás ar mhaithe le leas fadtéarmach eacnamaíocht agus sóisialta, agus cáilíocht an chomhshaoil.
- Obair i gcomhar ar son buntáistí coitianta i bhforbairt agus cur chun cinn na heacnamaíochta, comhordú soláthar an bhonneagair fhisiceach agus shóisialta agus bainistíocht chomhshaoil.

Éire 2040 a fheidhmiú i gcomhar leis an Straitéis Forbartha Réigiúnach (RDS) do Thuaisceart Éireann d'fhonn dul i ngleic leis na dúshláin seo. Beidh an Creat Comhoibrithe ar Straitéisí Spásúla idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann mar thaca leis an obair chomhoibritheach seo, agus déanfar nuashonrú agus athbhreithniú air mar is gá.

Tá trí phríomhréimse ann don chomhoibriú idir Ranna agus údaráis áitiúla ábhartha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a thacóidh le feidhmiú Éire 2040 agus a gheobhaidh tacaíocht uaidh:

1

Obair le chéile ar son Buntáiste Eacnamaíoch

- (i) Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste
- (ii) Comhpháirtíocht Straitéiseach Fáis an Iarthuaiscirt
- (iii) Tograí Áitiúla Trasteorann

2

Comhordú Infheistíochta i mBonneagar


- (i) Soghluaisteacht agus Rochtain
- (ii) Fuinneamh
- (iii) Cumarsáid
- (iv) Turasóireacht

3

Bainistíocht Fhreagrach ar ár gComhshaoil Comhroinnte



Figiúr 7.1 | Dúshlán Chomhroinnte Pleanála in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann

**Cuspóir Beartais Náisiúnta 45**

Obair i gcomhar le Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann ar son buntáistí coitianta i bhforbairt agus cur chun cinn na heacnamaíochta, comhordú soláthar an bhonneagair fhisiceach agus shóisialta agus bainistíocht agus cosaint chomhshaoil.

7.3 | Obair le chéile ar son Buntáiste Eacnamaíoch

Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste

Is í Conair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste an ceirtleán eacnamaíoch is mó ar oileán na hÉireann, le timpeall 2 mhilliún duine ina gcónaí sna cathracha agus sna bailte ar feadh na conaire, gan cúlcheantair níos leithne a cur san áireamh. Nascann an chonair seo an dá chathair is mó ar an oileán le naisc ardachmhainne bóthair agus iarnróid agus tá ról ríthábhachtach aici maidir le tacú le fás eacnamaíoch agus le hiomaíochas.

Is í an chonaire an pointe iontrála náisiúnta chuig an oileán freisin trína haerfoirt agus a calafoirt. Bíonn os cionn 35 milliún paisinéirí á láimhseáil i dtrí phríomh-aerfort - Aerfort Bhaile Átha Cliath, Aerfort Idirnáisiúnta Bhéal Feirste agus Aerfort Cathrach Bhéal Feirste - sa bhliain agus beidh fás leanúnach ar an líon seo.

Mar chuid de Éire 2040, is mian leis an Rialtas leas a bhaint as cumas dúchasach eacnamaíoch na conaire, tógáil ar an neart atá ann cheana agus tuilleadh tacaíochta agus spreagadh a thabhairt dó. Chun na críche seo, cuirfear béim ar fhorbairt na conaire mar limistéar spásúil ar leith le sofheictheacht idirnáisiúnta, mar seo a leanas:

- **Pleanáil agus forbairt éifeachtúil ar cheantair mhóra ainmnithe ar feadh na príomhchonaire eacnamaí.**
- **Na príomhchonairí iompair, ar nós an líonra TEN-T,** agus feidhm straitéiseach an líonra bóthar Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste a fheabhsú agus a chosaint ó fhorbairt agus ó shraoilleáil neamhriachtanach.
- **Tírdhreachanna agus gníomhaíochtaí tuaithe saintréitheacha** a fheidhmíonn mar spásanna glasa tábhachtacha agus amr limistéir táirgíochta bia idir limistéir thógtha a chosaint.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 46

I gcomhar leis na Ranna ábhartha i dTuaisceart Éireann, breis tacaíochta agus spreagadh a thabhairt d'acmhainn inmharthana eacnamaíoch Chonair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus a infheictheacht idirnáisiúnta a fheabhsú.

Comhpháirtíocht Straitéiseach Fáis an Iarthuaiscirt

Tá forbairt réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt, atá dírithe ar Chathair Dhoire, riachtanach le hacmhainn an Iarthuaiscirt a bhaint amach agus a chion den fhás eacnamaíoch réigiúnach agus uile-oileáin a uasmhéadú. Le tacaíocht Rialtais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, tá socruithe nua comhoibritheacha trasteorann forbartha le déanaí le ceannaireacht straitéiseach a thabhairt d'fhorbairt an réigiúin. Cuireann Comhpháirtíocht an Iarthuaiscirt, ag obair leis an dá Rialtas, le pobail áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach, an comhoibriú réigiúnach chun cinn maidir le pleanáil, cosaint agus bainistíocht chomhshaoil, seirbhísí poiblí agus infheistíocht bhonneagair chun cinn, lena n-áirítear:

- Mais chriticiúil de lárionaid thábhachtacha a fhorbairt sa réigiún mórthimpeall.
- Trádáil agus turasóireacht a chur chun cinn, chomh maith le nuálaíocht, caipiteal daonna, foghlaim ar feadh an tsaoil agus forbairt ghnó.
- Bonneagar iompair idir-uirbeach a fheabhsú.
- Comhordú níos fearr idir seirbhísí poiblí ar nós saoráidí sláinte agus oideachais.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 47


Forbairt Réigiún an Iarthuaiscirt a chur chun cinn mar cheantair chónasctha le tábhacht straitéiseach in Iarthuaisceart na hÉireann, trí struchtúir chomhoibritheacha agus cur chuige comhtháite i leith pleanála straitéisí.

Tograí Áitiúla Trasteorann

Cruthaíonn athchumraíocht ar struchtúir údaráis agus chomhairlí áitiúla ar an dá thaobh den teorainn deiseanna comhoibrithe, go háirithe i limistéir fho-réigiúnacha ar chonair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus i gceantair teorann níos lárnaí. Tabharfar tacaíocht do na ceangail eacnamaíochta, bonneagair agus forbartha sna ceantair seo agus i gceantair chosúla trí shocruithe ceannaireachta agus comhoibrithe áitiúla ar nós comhordú na bhfeidhmeanna reachtúla pleanála agus an infheistíocht bhonneagair a bhaineann leo. Beidh trí phríomhréimse comhoibrithe ann:

- Socruithe comhoibrithe réigiúnacha
- Comhthograí
- Pleanáil chomhordaithe spásúil

Figiúr 7.2 | Limistéirí le hAghaidh Comhordú Áitiúil Trasteorann



7.4 | Comhordú Infheistíochtaí inár mBonneagar

Cuireann Éire 2040 agus an Straitéis Forbartha Réigiúnach do Thuaisceart Éireann bonn ar fáil don chomhordú fadtéarmach i bhforbairt bhonneagair, lena n-áirítear iompar, fuinneach agus cumarsáid agus an bonneagar sóisialta agus pobail.

Iompar

Cé go bhfuil cuid mhór infheistíochta déanta in iompar le 20 bliain anuas, mar gheall ar fhás an daonra ar an oileán agus fás líon na dturasóirí agus trácht lastais cuirfear leis an éileamh ar an mbonneagar iompair. Le linn saolré Éire 2040, méadófar an nascacht iompair, lena n-áirítear seirbhísí bus agus iarnróid, idir na príomhchathracha, go dtí réigiún an iarthuaiscirt agus ar feadh réigiún na teorann agus déanfar bealaí gorma, glasa agus siúil a fhorbairt agus a chur chun cinn d'fhonn acmhainn an oileáin a bhreisiú.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 48

Tacú le nascacht iompair phoiblí idir cheantair mhóra uirbeacha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Fuinneamh

Mar gheall ar an chomhoibriú san earnáil fuinnimh, faoi thionchar an mhargadh aonair leictreachais agus forbairt an idirnáisc (an tIdirnas Thoir Thiar (EWIC) in Éirinn agus Idirnas na Maoile i dTuaisceart Éireann) tá laghdú ar phraghsanna fuinnimh, tá seasmhacht na gcóras fuinnimh feabhsaithe agus tá éagsúlú déanta ón spleáchas ar bhreoslaí iontaise, agus tacaíocht faighte dá réir ag an ngeilleagar uile-oileáin.

Tá idirnascoir nua idir ghreillí leictreachais Thuaisceart Éireann agus na hÉireann aitheanta ag Rialtas na hÉireann agus ag Feidhmeannas Thuaisceart Éireann mar thionscadal comhleasa, agus tá cead tugtha cheana féin de chuid an deiscirt don tionscadal. Tá Éire ag obair le tíortha eile ar nós na Fraince chomhmaith le scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht le haghaidh idirnascadh leictreach agus leanfar ar aghaidh ag tacú le caidreamh lenár gcomharsana Eorpacha ar mhaithe lenár n-idirnasacht idirnáisiúnta a fheabhsú.

D'fhonn tacú le Éire 2040, beidh gá le neartú breise ar an ngreille leictreach ar chodanna den teorainn, faoi réir ag ceadanna pleanála riachtanacha, le slándáil fuinnimh a fheabhsú trí laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, agus gluaiseacht i dtreo fhuinneamh gaoithe, gáis le gabháil agus ceapadh carbóin agus foinsí in-athnuaite eile.

Idir an dá linn, d'fheabhsaigh an t-idirnascoir gáis a críochnaíodh in 2006, an t-idirnascadh Thoir-Thiar idir an t-oileán, agus líonraí níos leithne gáis san RA agus san Eoraip agus táthar ag leanúint leis an obair le socruithe tarchur gáis a chomhoiriúnú ar an oileán ár n-iarachtaí le riachtanais an AE maidir le chomhtháthú margadh an gháis a chomhlíonadh.

Déanfar tuilleadh idirnascadh idir ghreillí leictreachais an tuaiscirt agus an deiscirt ar mhaithe le slándáil agus seasmhacht fuinnimh a fheabhsú le freastal ar dhaonra 8 milliún duine.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 49

Bonneagar agus cumas idirnasctha fuinnimh ar an oileán uile a neartú le slándáil an tsoláthar leictreachais a fheabhsú.



Cumarsáid

In aois na faisnéise, tá ról ríthábhachtach ag an teileachumarsáid i gcur chun cinn na gníomhaíochta sóisialta agus eacnamaíochta. Bíonn seirbhísí á n-éileamh ag an stíl bheatha nua-aimseartha gan aird ar láthair, ach baineann dúshlán le soláthar na seirbhísí seo i gceantair imeallacha.

Le forbairt Thionscadal Kelvin, imlonnú chábla leitheadach fomhuirí agus talún le ceangal díreach a dhéanamh idir Tuaisceart Éireann agus Meiriceá Thuaidh, tá bonneagar criticiúil teileachumarsáide á sholáthar trí bhailte agus cathracha ar fud réigiún na teorann.

Beidh tuilleadh gnímh le naisc chumarsáide a neartú i gcomhthéacs an oileáin agus na teorann ag tacú le Éire 2040, ar nós breis feabhais ar na naisc idir mhór-roinn Mheiriceá Thuaidh agus oileán na hÉireann agus an Eoraip, rochtain dhíreach ar chórais chnámh droma sonraí idirnáisiúnta agus feidhmiú céimneach bheartais chuí phoiblí agus idirghabhálacha infheistíochta ar nós an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 50

Bonneagar cobhsaí, nuálach slán de chumarsáid agus de sheirbhísí digiteacha a fhorbairt ar bhonn oileánda.

Turasóireacht

Tá cuairteoirí á mealladh ó na ceithre mhargaí turasóireachta is mó ag Éirinn agus Tuaisceart Éireann araon, agus Fáilte Éireann, Turasóireacht Thuaisceart Éireann agus Turasóireacht Éireann ag súil le spéis idirnáisiúnta níos mó a mhúscaill trí láithreacha straitéiseacha ar mhórsála agus láithreacha aitheanta ar nós Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Ceathrú an Titanic i mBéal Feirste a chur chun cinn.

Tá deiseanna eile ann leis an aird is mó a fháil ón margadh trí chomhoibriú agus 'burlaí brandála' lena n-áirítear Cósta Chlochán an Aifir a nascadh le Slí an Atlantaigh Fhiáin agus réigiún lochanna na

teorann a nascadh le hOirthear Ársa Éireann, brandáil na mbealaí gorma, ar nós Bealach Gorm na Sionnaine agus na hÉirne agus bealach glas ar nós Bealach Glas Chanáil Uladh d'fhonn an tairiscint turasóireachta a fheabhsú ar fud réigiúin na teorann.

Níl aon bhealaí dílsithe fada rothaíochta/siúil ann a nascann Tuaisceart Éireann agus Éire, cé go bhfuil maoiniú INTERREG V EU á úsáid le hiad a fhorbairt. Tá acmhainn ann le rianta le comharthaí bealaí atá cheana féin laistigh de cheantair teorann in Éirinn a nascadh le bealaí bunaithe laistigh de Thuaisceart Éireann.

Tá sócmhainní agus conláistí tírdhreacha nádúrtha ar nós tailte arda (agus tailte lochanna) atá sínte leis an teorainn, rianta liteartha agus líonraí de bhailte stairiúla tábhachtach freisin, ní hamháin don turasóireacht ach don oidhreacht thógtha agus nádúrtha atá i bpáirt againn. Tá feabhsú agus taitneamh na n-áiteanna agus na ngnéithe seo tábhachtach don fhorbairt réigiúnach agus áitiúil i gceantair na teorann.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 51

Tacú le comhordú agus poiblíocht do thograí turasóireachta uile-oileáin trí chomhoibriú leanúnach idir na gníomhaireachtaí ábhartha turasóireachta agus Turasóireacht Éireann.



Staidéar ar Chás

IRELAND NORTHWEST

gateway
to growth

Comhpháirtíocht Fáis Straitéiseach an Iarthuaiscirt

Is é Comhpháirtíocht Fáis Straitéiseach an Iarthuaiscirt, a raibh a chruinniú tionscanta aici i mí na Nollag 2016, an chéad chomhpháirtíocht dá chineál ar oileán na hÉireann agus is cur chuige nua í i leith rialtais chomhtháite a bhfuil sé de chumas inti athrú fíor agus dearfach a bhaint amach don réigiún.

Tá an Chomhpháirtíocht faoi threoir choitianta Chomhairle Contae Dhún na nGall, agus Chomhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSraith Bháin, agus í faofa ag an dá rialtas tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas, agus tá sí comhdhéanta d'oifigigh sinsearacha ó gach roinn Rialtais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, ag obair le chéile le príomh-thosaíochtaí fáis agus forbartha an réigiúin a mhaoiniú d'fhonn geilleagar níos seasmhaí a thógáil i Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt.

7.5 Bainistíocht Fhreagrach ar ár gComhshaol Comhroinnte

Ní léiríonn na teorainneacha náisiúnta agus riaracháin eile nádúr agus maoirseacht trasteorann an chomhsaol. Éilíonn straitéisí bunaithe ar abhantrachtaí bainistíocht ón dá dhlínse agus tá ról agus freagrachtaí ar Chomhlachtaí Feidhmíochta Thuaidh Theas le comh-mhaoiniú sna limistéir seo, chomh maith leis an gcomhordú tríd an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas.

Mar shampla, éilíonn Treoir Creat Uisce an AE (WFD) ar na Ballstáit a n-iarrrachtaí maidir le ceantair abhantracha idirnáisiúnta a chomhordú. Ar oileán na hÉireann:

- Tá limistéir mhóra laistigh de abhantracha trasteorann.
- Ritheann uisce i ndlínse amháin isteach i nó tríd an dlínse eile uaireanta.
- Ceaptar aibhneacha agus lochanna oileán na hÉireann a bheith san éicea-réigiún céanna (éicea-réigiún 17) agus dá bhrí sin tá gá le ráta ard comhordaithe idir na húdaráis sa dá dhlínse, le bainistíocht chomhleanúnach a chinntiú don chomhshaol uisce go léir.
- Tá na huiscí cósta agus uiscí idirchriosacha móorthimpeall oileán na hÉireann go léir in aon éicea-réigiún amháin (éicea-réigiún 1) agus ní mór comhordú dlúth a dhéanamh ar a mbainistíocht.
- Tá 37 gcomhlacht trasteorann screamhuisce ann chomh maith atá comhroinnte idir an dá dhlínse agus a bhfuil bainistíocht chomhordaithe de dhíth orthu.

Le tacú leis na freagrachtaí comhroinnte faoi Éire 2040, cinnteoidh gníomh comhroinnte ar ár gcomhshaoil comhroinnte an comhordú idir an dá dhlínse mar seo a leanas:

- Beartais phleanála agus pleananna bainistíochta d'abhantraigh a ailíniú do na córais abhann uile trí Chreat-Threoir Uisce.
- Comhordú i measúnú carachtar tírdhreacha lena n-áirítear bainistíocht agus margaíocht ar shuímh oidhreachta domhanda agus ar shuímh iarrthóra oidhreachta domhanda.
- Cosaint agus feabhsú ar ghnáthóga tábhachtacha náisiúnta lena n-áirítear suímh trasteorann agus suímh atá taobh le chéile.
- Beartais ábhartha pleanála a bhfuil tionchar acu ar uiscí comhroinnte cósta a chomhordú.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 52

Bainistíocht éifeachtúil ar tírdhreacha, oidhreachta, abhantraigh uisce, gnáthóga, speicis agus saincheisteanna trasteorann a chinntiú maidir le beartas comhshaoil.

7.6 | Éire 2040 agus Sasana, Alba agus An Bhreatain Bheag

Ag eascairt as an bPeirspictíocht Eorpach ar Fhorbairt Spásúil 1999, bhí Éire ar cheann de na chéad tíortha san Eoraip a d'fhoilsigh plean spásúil ar scála náisiúnta sa Straitéis Spáis Náisiúnta sa bhliain 2002. Ó shin, is é an cur chuige seo i leith pleanála náisiúnta an norm ar fud na hEorpa.

Tá a phlean spásúil féin ag gach ceann dár gcomharsana sa RA dá limistéir riaracháin féin nó tá pleananna nua á bhforbairt acu lena n-áirítear Straitéis Forbartha Réigiúnach i dTuaisceart Éireann, Creataí Pleanála in Albain, sa Bhreatain Bheag agus i Sasana agus pleananna oileáin in Oileáin Mhuir nIocht (Rialtais Spleáchríocha Corónach).

I bhfianaise dhúshlán iomadúla domhanda, tá obair trasteorann tábhachtach don chomhtháthú réigiúnach agus le haird a dhíriú ar dheiseanna fáis agus forbartha sa todhchaí. Ag an leibhéal náisiúnta tá Rialtas na hÉireann tiomanta do obair leis na comharsana ar shaincheisteanna náisiúnta comhleasa.

Ó thaobh léargas pleanála náisiúnta, cruthaíonn Comhairle na Breataine agus na hÉireann 25 fóram tábhachtach trínar féidir comhoibriú praiticiúil agus malartú faisnéise a dhéanamh idir na Rialtais éagsúla agus tá na comhlachtaí riaracháin déabhlóidithe ag cabhrú le comhordú na forbartha i réimsí ar nós pleanáil spásúil, nascacht bonneagair saincheisteanna comhshaoil trasteorann agus fuinneamh in-athnuaite.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 53

Sa chomhoibriú le Rialtas na Ríochta Aontaithe agus rialtais dhéabhlóidithe Thuaisceart Éireann, na hAlban agus na Breataine Bige, tacóigh Éire le forbairt chomh-thairbheach i réimsí pleanála spásúla agus bonneagair agus i réimsí gaolmhara eile.

I bhfianaise dhúshlán iomadúla domhanda, tá obair trasteorann tábhachtach don chomhtháthú réigiúnach agus le haird a dhíriú ar dheiseanna fáis agus forbartha sa todhchaí.

8

Ár dTodhchaí Inbhuanaithe a Fhíorú

8.1 | Spriocanna Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta

Is cuid dár bpearsa ‘glas’ é chomhshaoil na hÉireann agus a thírdhreacha ilghnéitheacha agus tá údar bróid go leor againn. Tá cáilíocht mhaith aeir againn go ginearálta agus uisce de cháilíocht mhaith i mórán dár n-aibhneacha agus dár lochanna go háirithe.

Cé go bhfuil cáilíocht fhoriomlán ár gcomhshaoil go maith, ceileann sé seo bagairtí áirithe atá amach romhainn. I measc na ndúshlán is mó don chomhshaoil náisiúnta tá an gá atá le gníomhaíocht bhrostithe maidir le hathrú aeráide, rioscaí sláinte san uisce óil, cóireáil ar fhuíolluisce uirbeach, gnáthóga tábhachtacha soghonta agus chosaint agus laghdú na tuaithe, agus déileáil le fadhbanna le cáilíocht an aeir i gceantair uirbeacha. Tá sé tábhachtach chomh maith spás a chruthú don dúlra amach anseo agus an daonra ag fás.

Tá an chaoi a dhéanaimid pleananna tábhachtach do inbhuanú an chomhshaoil atá againn. Bíonn tionchar ag ár gcóras pleanála ar réimse leathan earnálacha, go díreach agus go hindíreach agus bíonn sé ag idirghníomhú le mórán saincheistanna coitianta a bhaineann le bainistíocht éifeachtúil chomhshaoil lena n-áirítear seirbhísí uisce, tírdhreach, pleanáil do riosca tuilte, suímh agus speicis ainmnithe a chosaint, bainistíocht chósta agus mhuirí, maolú agus oiriúnú aeráide, agus athrú ar úsáid talún.

Ag teacht le fíis an AE maidir le maireachtáil laistigh dár n’acmhainní agus beartas comhshaoil a leagan amach ag an leibhéal Eorpach agus náisiúnta²⁶, mar chuid de Éire 2040, cabhróidh an Rialtas le tabhairt faoi dhúshlán comhshaoil trí na haidhmeanna uileghabhálacha seo a leanas:

Éifeachtúlacht Acmhainní agus Trasdul go Geilleagar Ísealcharbóin



Bainistíocht Inmharthana Talún agus Éifeachtúlacht Acmhainní

Glacadh le prionsabail na heacnamaíochta ciorclaí le pleanáil agus bainistíocht talamhúsáide níos inmharthanaí ar ár n'acmhainní agus ár sócmhainní nádúrtha.



Geilleagar Ísealcharbóin

An gá atá dlús a chur le gníomhú maidir le hathrú aeráide.



Fuinneamh In-athnuaite

Ár dtrasdul go todhchaí le fuinneamh íseal carbóin.

Ár gCaipiteal Nádúrtha a Chosaint, a Chaomhnú agus a Bhreisiú



Bainistíocht Inmharthana Uisce

Aird a thabhairt ar riosca tuilte i bpleanáil agus i mbainistíocht na forbartha agus sa chóireáil ar fhuíolluisce uirbeach.



Pleanáil Ghlas Bhonneagair

Cosaint agus meas dár gnáthóga soghonta tábhachtacha, dár dtírdhreacha, ár n-oidhreacht nádúrtha agus ár spásanna glasa.

Comhshaol Glan a Chruthú le hAghaidh Sochaí Sláintiúil



Cáilíocht Uisce

Na naisc idir gníomhaíocht forbartha, cáilíocht uisce agus ár sláinte a aithint agus dul i ngleic leo.



Aer Níos Glaine a Chur chun Cinn

Dul i ngleic le fadhbanna cáilíocht aeir i gceantair uirbeacha agus tuaithe trí phleanáil agus dearadh níos fearr.



Bainistíocht Torainn

Bearta comhsheasmhacha a chuimsiú le torann a sheachaint, a mhaolú nó a íoslaghdú nó bainistíocht réamhghníomhach torainn a chur chun cinn.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 54

Go mbeadh an córas pleanála freagrach i leith ár ndúshláin chomhshaoil náisiúnta agus go gcinnteofaí go dtarlaíonn an fhorbairt laistigh de na teorainneacha comhshaoil, le haire ar riachtanais gach reachtaíocht chomhshaoil agus go gcuirtear bainistíocht inmharthana ar gcaipiteal nádúrtha chun cinn.

8.2 | Éifeachtúlacht Acmhainní agus an tAistriú go Gheilleagar Ísealcharbóin

Bainistíocht Inmharthana Talún agus Éifeachtúlacht Acmhainní

Tharla ráta measartha ard athrú talamhúsáide in Éirinn ó na 1990í luatha. Le fás sa daonra le déanaí mhéadaigh raon na forbartha scaipthe cónaitheach agus tráchtála agus mhéadaigh an bonneagar nua chomh maith, ag cur brú ar thalamh feirmeoireachta, limistéir ainmnithe caomhnú dúlra agus cáilíocht uisce.

Le freastal ar mhilliún duine breise agus le dul i dtreo foinsí malartacha fuinnimh, is dealraitheach go mbeidh suímh oiriúnacha le haghaidh soláthar bithfhuinnimh, táirgeacht bhia, foraoiseacht agus seirbhísí talún eile ag teastáil chomh maith leis an ngá le níos mó tithe, scoileanna agus saoráidí eile a thógáil. **Teastaíonn bainistíocht chúramach le déileáil leis an iomaíocht le haghaidh acmhainní talún agus léiríonn nádúr agus ráta na n-athruithe i dtalamhúsáid cén áit ar dealraitheach go dtiocfaidh brúnna comhshaoil chun cinn sa todhchaí.**

Tá forbairt na hÉireann á cur chun cinn mar gheilleagar chiorclach agus mar bithgheilleagar mar a ndéantar luach gach táirge, comhábhar agus acmhainn a chothabháil a fhad is féidir agus ina laghdaítear dramhaíl nó ina fhaightear réidh léi ar fad. Braitheann forbairt an gheilleagair chiorclaigh ar éifeachtúlacht níos mó le hamhábhair, fuinneamh, uisce, spás agus bia trí acmhainní nádúrtha a athúsáid nuair is féidir agus mar a mbeidh táirgí atá deartha go cliste bunaithe ar bhunábhar malartach plaisteach agus ar ábhair in-athchúrsáilte mar bhonn do thimthriallacha cliste ábhair, d'fhonn níos lú dramhaíola a chruthú agus tomhaltas acmhainní a laghdú. Tá ráta athchúrsála de 65% molta ag an gCoimisiún Eorpach don bhliain 2030 do Phacáiste an Gheilleagair Chiorclaigh.

Is féidir ábhar bith-bhunaithe, ar nós adhmaid, barra nó snáithíní a úsáid le haghaidh réimse leathan táirgí agus úsáidí fuinnimh. Chomh maith le rogha eile seachas táirgí bunaithe ar iontaisí, tá ábhair

bhith-bhunaithe in-athnuaite, in-bhithmhillte agus in-mhúirínithe. Ag an am céanna, nuair atá acmhainní bitheolaíocha á n-úsáid ní mór aird a thabhairt ar a dtimthriall beatha, a dtionchair chomhshaoil agus ar fhoinsiú inmharthana. An Pacáiste Geilleagair Chiorclaigh - i ngeilleagar chiorclach, is ceart úsáid fhorleatach a spreagadh le haghaidh acmhainní in-athnuaite, agus tá acmhainn nuálach ann freisin le haghaidh ábhair, ceimicí agus próisis nua.

Tá cur chuige seo an gheilleagair chiorclaigh infheidhme do bhainistíocht na talamhúsáide. faoi chaibidil 3 de Éire 2040, leagtar síos rátaí athchúrsála le haghaidh athúsáid talún athfhorbraíochta trí a éileamh go ndéanfar 40% den tithíocht nua laistigh de thailte inlíonta agus athfhorbraíochta agus spreagtar athúsáid an stoc foirgneamh atá ann cheana.

Cabhróidh méid na tosaíochta a thabharfaimid do thalamh athfhorbraíochta seachas talamh glas a úsáid, an méid a spreagfaimid úsáid agus athúsáid foirgneamh i gceantair uirbeacha agus tuaithe agus a laghdaítear sraoilleáil le héifeachtúlacht talamhúsáide a mhéadú agus luas a ndéantar séalú ithreach .i. an talamh a chlúdach le hábhar neamhscagadh a mbíonn milleadh ithreach mar thoradh air. I measc samplaí eile tá comhlonnú úsáidí agus bonneagair ar nós scoileanna agus saoráidí spóirt agus roinnt charranna le cur amú acmhainní gcomaitéireacht a laghdú.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 55

Tacú leis an ngeilleagar chiorclach agus an bith-gheilleagar trí éifeachtúlacht níos mó in acmhainní in-athnuaite agus tríd an ráta athrú talamhúsáide ó shraoilleáil agus forbair nua a laghdú.



Tá forbairt na hÉireann á cur chun cinn mar gheilleagar chiorclach mar a ndéantar luach gach táirge, comhábhar agus acmhainn a chothabháil a fhad is féidir agus ina laghdaítear dramhaíl nó ina fhaightear réidh léi ar fad.

Gníomhú agus Pleanáil Aeráide

Tá an aeráid dhomhanda ag athrú agus beidh iarmhairtí aige seo ar Éirinn sa tréimhse go dtí 2040 agus ina dhiaidh. Ní mór dul i ngleic le cúiseanna fadtéarmacha an athrú aeráide trí laghdú a dhéanamh ar ár n-astúcháin gáis ceaptha teasa, agus oiriúnú chomh maith dá thionchair sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus sa bhfadtéarma.

Tá an rialtas tiomanta do bheartas fadtéarmach aeráide bunaithe ar ghlacadh le sraith pleananna náisiúnta sa tréimhse go 2050, le treoir ó bheartais NA agus an AE. Tá sé seo á chur chun cinn tríd an bPlean Náisiúnta Maolaithe agus an Dréacht-Chreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide, a bheidh á nuashonrú agus á n-athbhreithniú go rialta.

Chomh maith le spriocanna le ceangal dlí atá comhaontaithe ag leibhéal an AE, tá sé de chuspóir náisiúnta ag Éirinn geilleagar iomaíoch ísealcharbóin a chruthú faoin mbliain 2050. Sa Seasamh Beartais Náisiúnta 27 tá an bunchuspóir náisiúnta bunaithe, is é sin trasdul chuig geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin, aeráid-sheasmhach agus inmharthana ó thaobh comhshaoil a chruthú faoin mbliain 2050, faoi threoir ag fíis fadtéarmach atá bunaithe orthu seo a leanas:

- laghdú comhiomlán in astúcháin dé-
oscaod carbóin (CO₂) de 80% ar a laghad
(i gcomparáid le leibhéal 1990) faoi 2050 i
nginiúint leictreachais, sa timpeallacht thógtha
agus sna hearnálacha iompair.
- comhthreomhar leis, cur chuige i leith
neodracht charbóin san earnáil talmhaíochta
agus talamhúsáide, lena n-áirítear foraoiseacht,
nach gcuireann isteach ar an gcumas
táirgíochta inmharthana bia.

Má tá Éire le breith suas ó thaobh na spriocanna ísliú carbóin agus dul i dtreo Éire ísealcharbóin a bheith seasmhach i leith na haeráid faoin mbliain 2050, ní mór rothanna a dhéanamh faoin gcaoi a gcothromaítear fás le cur chuige níos inmharthanaí i leith na forbartha agus féachaint conas is féidir le beartas pleanála cabhrú le cinntí bonneagair náisiúnta a chumadh.

Lenár dtiomantas a chomhlíonadh beidh gá le hinfheistíocht agus gníomh uailmhianach éifeachtúil i ngach earnáil comh maith le hathrú iompair sa tsochaí.

Mar oileán, is é ár leas é freagairt don athrú aeráide agus a thionchair ar nós athrú i leibhéal na farraige, báisteach níos minice agus níos buaine agus íogaireacht níos mó i leith tuilte i limistéir ísle. D'fhéadfadh na ceantair is dlúithe daonra a bheith leochaileach mura dtógtar na céimeanna cuí maidir le bainistíocht riosca tuilte. Tá iarmhairtí suntasacha ag an athrú aeráide ó thaobh táirgeacht bhia agus bithéagsúlachta chomh maith.

Má tá Éire le breith suas ó thaobh na spriocanna ísliú carbóin agus dul i dtreo Éire ísealcharbóin a bheith seasmhach i leith na haeráid faoin mbliain 2050, ní mór roghanna a dhéanamh faoin gcaoi a gcothromaítear fás le cur chuige níos inmharthanaí i leith na forbartha agus féachaint conas is féidir le beartas pleanála cabhrú le cinntí bonneagair náisinta a chumadh. Soláthraíonn an próiseas pleanála bealach seanbhunaithe dúinn trínar féidir cuspóirí athrú aeráide a fheidhmiú agus a chomhcheangal ar leibhéal áitiúil, le hoiriúnú san áireamh. Tá leibhéal éagsúla den phróiseas pleanála ag teastáil sa reachtaíocht phleanála freisin le dul i ngleic le hathrú aeráid.



Faoi Éire 2040, tacóidh an Rialtas le:

- **Tosca aeráide a chomhcheangal sna pleananna agus sna treoirlínte reachtúla d'fhonn** soghontacht i leith tionchair dhiúltacha a laghdú agus cineálacha neamhchuí forbartha a sheachaint i gceantair íogaire.
- **Forbairt níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh** trí thithíocht agus fostaíocht a lonnú ar feadh na gconairí iompair phoiblí, mar ar féidir le daoine iompar poiblí a ídionn níos lú fuinnimh a úsáid seachas a bheith ag brath ar charr.
- **Fuinneamh in-athnuaite a sheoladh agus linnte carbóin** ar nós foraoiseacha, portaigh agus féaraigh bhuana a chosaint agus a fheabhsú. Tá sé riachtanach a chinntiú go mbeidh athrú aeráide á chur san áireamh mar ghnáthnós le linn próisis chinnteoireachta pleanála.
- Slabhraí soláthair inmharthana a fhorbairt sa bhithgheilleagar.
- **Oiriúnú liath**, a mbíonn freagairtí teicniúla nó innealtóireachta ar thionchair aeráide i gceist leo, ar nós ballaí farraige a thógáil mar fhreagra ar ardú leibhéal na farraige.
- **Oiriúnú glas**, mar a ndéantar iarracht tréithe éiceolaíocha a úsáid le seasmhacht na gcóras daonna agus nádúrtha a fheabhsú i gcoinne athrú aeráide, ar nós spásanna agus páirceanna glasa a chruthú mar fhrithghníomh in aghaidh éifeacht na n-oileán teasa uirbeacha.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 56

Ár lorg carbóin a laghdú trí ghníomhú aeráide a chomhcheangal leis an gcóras pleanála mar thaca le spriocanna náisiúnta don bheartas náisiúnta um maolú aeráide agus le cuspóirí oiriúnaithe chomh maith le spriocanna le haghaidh laghduithe in astúcháin gásanna ceaptha teasa.

Beartas Fuinnimh agus Pleanáil

Tá beartas fuinnimh náisiúnta na hÉireann bunaithe ar thrí chrann taca: (1) Inmharthanach, (2) slándáil soláthair agus (3) iomaíochas. Aithníonn an Rialtas nach mór d'Éirinn astúcháin gáis cheaptha teasa ón earnáil fuinnimh a laghdú 80% ar a laghad ó leibhéal 1990 faoin mbliain 2050, agus slándáil soláthar ó fhoinsí iomaíocha fuinnimh a chinntiú ag an am céanna dár saoránaigh agus dár ngnóthais.

Le dul i dtreo thodhchaí le fuinneamh ísealcharbóin ní mór na nithe seo a dhéanamh:



- Dul ó bhreoslaí iontaise den chuid is mó go dtí foinsí fuinnimh in-athnuaite den chuid is mó.
- Éifeachtúlacht a mhéadú agus fearais, foirgnimh agus córais a uasghrádú.
- Cinntí a dhéanamh maidir le forbairt agus imlonnú teicneolaíochtaí nua a bhaineann le réimsí ar nós iad seo a leanas: gaoth, greillí cliste, feithiclí leictreacha, foirgnimh, fuinneamh aigéin agus bithfhuinneamh.
- Creataí dlíthiúla agus rialacháin le freastal ar éilimh agus dúshláin a bhaineann le haistriú go sochaí ísealcharbóin.

Leis an méadú sa daonra, fás eacnamaíoch, leibhéal éilimh ar bhia níos airde, aistriú chuig margadh fuinnimh níos inmharthanaí agus na spriocanna caomhnaithe beidh níos mó iomaíochta ann ar son talún atá oiriúnach le freastal ar na brúnna carnaithe seo. Tá codanna d'Éirinn níos oiriúnaí ná a chéile le freastal ar aidhmeanna áithe earnálacha náisiúnta mar gheall ar ghnéithe fisiceacha, íogaireachtaí comhshaoil, acmhainn talún agus patrúin lonnaíochta atá iontu cheana.

San earnáil fuinnimh, is dlúthchuid de straitéis athrú aeráide na hÉireann an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus tabharfaidh fuinnimh in-athnuaite deis dúinn ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Beidh sé d'aidhm ag an gCreat Beartais agus Forbartha Leictreachais In-athnuaite réimsí straitéiseacha a aithint le forbairt inmharthana a dhéanamh ar thionscadail leictreachais in-athnuaite ar scála, ar bhealach inmharthana, atá comhoiriúnach leis an oidhreacht chomhshaoil agus chultúrtha, agus le tosca tírdhreacha agus conláiste. Tabharfar tosaíocht d'fhorbairt na dTreoirilínite ar Fhuinneamh Gaoithe agus don Phlean Leictreachais In-athnuaite (atá faoi réir MST agus an AA) freisin mar threoir do chinnteoireacht eolasach maidir le bonneagar in-athnuaite amach ón gcósta.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 57

Giniúint fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn i láithreacha oiriúnacha sa timpeallacht thógtha agus nádúrtha d'fhonn cuspóirí gheilleagar ísealcharbóin a bhaint amach faoin mbliain 2050.

San earnáil fuinnimh, is dlúthchuid de straitéis athrú aeráide na hÉireann an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus tabharfaidh fuinnimh in-athnuaite deis dúinn ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.


8.3 | Ár gCaipiteal Nádúrtha a Chosaint, a Chaomhnú agus a Fheabhsú

Bainistíocht Acmhainní Uisce agus Tuilte

Tá an phleanáil rithábachtach do bhainistíocht acmhainní uisce. Bíonn an córas pleanála ag idirghníomhú go díreach agus go hindíreach le saincheistanna a bhaineann le bainistíocht éifeachtúil uisce. Tá soláthar seirbhís uisce, bainistíocht abhantraí, pleanáil tírdhreacha, pleanáil riosca bia, bainistíocht chósta agus mhuirí agus oiriúnú don athrú aeráide ina measc. Cuireann sé seo béim ar thábhacht lárnach an chóras pleanála i mbainistíocht cháilíocht uisce.

Ní mór do phleananna reachtúla forbartha a chinntiú go ndéanfar comhtháthú ar thosca bainistíocht inmharthana uisce. Ní mór chomh maith uailmhianta Éire 2040 maidir le pleananna a bhaineann le huisce a léiriú, ar nós Pleananna Bainistíochta Abhantrach (RBMP) agus limistéirí comh-shochair inar féidir tacú le cuspóirí fáis agus cáilíocht uisce a aithint go soiléir.

Figiúr 8.1 | Struchtúr Orlathach an PBA (Plean Bainistíochta Abhantraí) agus an Bheartas Pleanála




Baineann tuilte le gach earnáil agus is féidir leo cur isteach ar gach gné den saol, agus is féidir le tionchar dearfach nó dochrach a bheith ag gníomhartha i mórán earnálacha ar thuilte. Tá sé thar a bheith tábhachtach timpeallachtaí inar féidir le tuilte tarlú a chur san áireamh i mbainistíocht pleanála agus forbartha agus i bpleanáil agus i ndearadh bonneagair.

Is féidir le huirbiú ráta agus toirt an rith chun srutha ó bháisteach a mhéadú agus dá bhrí sin tá córais draenála uisce stoirme ag teastáil le bainistiú agus laghdú a dhéanamh ar an riosca ó theagmhais tuilte báistiúla agus ó theagmhais fhoircneacha aimsire. Áirítear sna croí-chuspóirí ²⁸:

- forbairt mhíchuí a sheachaint i gceantair ina bhfuil baol tuilte.
- forbairtí nua a mhéadódh baol tuilte in áiteanna eile a sheachaint, lena n-áirítear rioscaí ó rith chun srutha ar an dromchla.
- Bainistíocht éifeachtúil ar rioscaí iarmhartacha d'fhorbairt a ceadaíodh ar thuilemhánna a chinntiú.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 58

A chinntiú go mbíonn deabhainistíocht riosca ann ó thaobh lonnaíochta trí fhorbairt mhíchuí a sheachaint i limistéir atá i mbaoil tuilte agus réitigh inmharthana bainistíocht uisce (ar nós SUDS, dromchlaí neamhphóiriúla agus díonta glasa) a chomhtháthú de réir Threoirlínte don Chóras Pleanála agus maidir le Measúnú Riosca Tuile do na húdarais Áitiúla.

Figiúr 8.2 | Croí-Chuspóirí Bhainistíocht Riosca Tuilte

Foinse: An Córas Pleanála agus Treoirínte Pleanála Bainistíocht Riosca Tuilte (RCTRÁ 2009)

Staidéar ar Chás



Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann

Tá tábhacht an trasdula go fuinneamh ísealcharbóin aitheanta ag Comhairle Contae Thiobraid Árann le fada, ó thaobh cáilíocht beatha na saoránach agus na deiseanna a thugann sé ó thaobh fás agus forbairt eacnamaíoch faoin tuath.

Mar gheall ar chur chuige comhpháirteach Chomhairle Contae Thiobraid Árann, Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (ITL) lucht gnó agus pobail, tá earnáil fuinnimh bhisiúil nuálach sa Chontae.

Cuid de na gnóthachain agus na torthaí is tábhachtaí:

- Tá na spriocanna náisiúnta éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí bainte amach agus sáraithe ag an gComhairle. Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann mar úinéir ar an bhfearas gréine is mó sa tír agus tá 90% dá húsáid fuinnimh athraithe aici ó bhreoslaí iontaise go teas agus cumhacht chomhcheangailte in-athnuaite.
- Tá aitheantas idirnáisiúnta ag Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann, agus tá sí ina ceann feadhna ó thaobh taighde agus soláthair le tograí pobail eiseamláracha ar nós 'Superhomes', Pobail Fuinnimh Níos Fearr, 'Insulate Tipp' srl.
- Tá éicea-bhaile Chloch Shiurdáin agus feirm ghaoithe pobail Theampall Doire i dThiobraid Árann.
- I gcomhpháirtíocht le ITL, tá an Chomhairle tiomanta don taighde agus don fhorbairt a chuirfidh geilleagar ísealcharbóin chun cinn.

Bonneagar Glas, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas Tírdhreacha

Bonneagar Glas

Is acmhainn é an comhshaoil, agus mé dhéantar pleanáil dó mar a dhéantar do chineálacha eile bonneagair, is féidir sochair fhadtéarmacha a bhaint as. Soláthraíonn an bonneagar nádúrtha glas réimse úsáidí, earraí agus seirbhísí agus baineann sé an úsáid is fearr as talamh, cabhraíonn le bainistíocht a dhéanamh ar éilimh atá ag iomaíocht le chéile agus is féidir leis earnálacha eile a chomhlánú.


Tá comhshaoil tarraingteach tábhachtach don turasóireacht mar shampla, agus meallfaidh ceantar uirbeach bríomhar dea-phleanáilte le conláistí maithe fostaithe oilte agus infheistíocht a chuirfidh bonn faoi fhorbairt fhadtéarmach. Tá ár n-acmhainní nádúrtha tábhachtach freisin don ghabháil carbóin - agus tábhachtach ó thaobh spriocanna maolú agus oiriúnú aeráide agus spriocanna náisiúnta bithéagsúlachta a bhaint amach.



Mar chuid de Éire 2040, tacaíonn an Rialtas le pleanáil Bonneagar Glas (BG) mar threoir le pleananna forbartha réigiúnacha agus cathracha agus contae a ullmhú mar a leanas:

- Cabhrú le fás agus fairsingiú a riar agus luach sainiúil áiteanna nádúrtha agus acmhainní nádúrtha a chaomhnú.
- Cinnteacht níos mó a sholáthar sa phleanáil trí obair go réamhghníomhach maidir le saincheisteanna ábhartha comhshaoil.
- Cur chuige comhoibritheach a spreagadh i leith na pleanála trí amharc ar an idirghníomhaíocht idir riachtanais forbartha na todhchaí agus cumas na gceantar ina gcuirfear na pleananna i bhfeidhm.
- Spásanna dóthanacha dea-phleanáilte glasa a chinntiú i bpleananna reachtúla, ar chóimhéid i scála leis na riachtanais fhadtéarmacha forbartha.

Tá sé chomh tábhachtach céanna go mbeadh dearcadh iomlánaíoch ann faoin gcaoi is fearr is féidir an úsáid is éifeachtúla agus inmharthanaí a bhaint as an talamh agus faoin bpacáiste bearta is oiriúnaí. Tá idirchaidreamh idir an bithéagsúlacht, an oidhreacht nádúrtha, an tírdhreach agus ár spásanna glasa san áireamh anseo.



Sampla de Bhonneagar Glas comhtháite i dtírdhreach uirbeach

Bithéagsúlacht

- **Ról tábhachtach na pleanála i bhfeabhsú na bithéagsúlachta a aithint agus comhleanúnachas comhshaoil níos mó a chinntiú sa chóras pleanála.**

Ag an leibhéal náisiúnta, tugtar cosaint dlí do ghnáthóga agus speicis áirithe laistigh de líonra Natura 2000 29, ina gcuimsítear an tsraith talún de na Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCS) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta eile. Meastar go bhfuil 'stádas caomhnaithe uireasach nó olc' ag formhór na ngnáthóga atá liostaithe sa Treoir Ghnáthóga, agus go bhfuil níos lú ná 10% i stádas fabhrach 30. Mar náisiún, nó mór dúinn dá bhrí sin níos mó a dhéanamh.

Níl tábhacht ár mbithéagsúlachta teoranta do cheantair le cosaint dhlíthiúil agus tá réimse bearta ann le speicis agus gnáthóga a chosaint faoin tuath go ginearálta. Maidir leis seo, tá oibleagáidí áirithe sa Treoir Ghnáthóga speicis áirithe a chosaint cibé áit a mbíonn siad, agus tá cosaintí do na héin go léir sa Treoir Éan, agus ní féidir cur isteach orthu nó iad a rialú ach faoi réir ag ceadúnas nó maolú mar is cuí.

Éilítear leis an Treoir um Mheasúnú Tionchair Comhshaoil go ndéantar tionchair dhíreacha agus indíreacha tionscadail ar bithéagsúlacht, le haird ar leith ar speicis agus gnáthóga atá cosanta faoin Treoir Éan agus Gnáthóga a aithint, a thuairisciú agus a mheas mar chuid den phróiseas toilithe. Tá ilghnéitheacht ár bpobal bitheolaíocha tábhachtach freisin do cháilíocht an uisce, na n-ithreacha agus mar fhoinsé bia. Is féidir tionchar díreach agus indíreach a bheith ag athrú talamhúsáide agus brúnna ón uirbiú ar ghnáthóga agus speicis na hÉireann.

Oidhreacht Nádúrtha

- **Tréithe saibhre oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha na hÉireann a chaomhnú agus a fheabhsú ar bhealach a oireann dá dtábhacht.**


Tá raidhse ceantar nádúrtha oidhreachta clúiteacha in Éirinn ar nós suímh dhomhanda oidhreachta le haitheantas idirnáisiúnta, turlaigh agus portaigh. Tá ceantair shainiúla náisiúnta eile ann, ar chuid thábhachtach dár n-oidhreacht chultúrtha iad agus atá tábhachtach don tionscal turasóireachta agus a chuireann le 'inchónaitheacht' agus tarraingteacht áiteanna ó thaobh infheistíocht eacnamaíoch. Is acmhainní tábhachtacha nádúrtha iad na páirceanna náisiúnta agus na tearmainn dúlra agus tá sé de chumas iontu taithí an turasóra ar thailte in úinéireacht stáit a bharrfheabhsú trí bhonneagar gníomhaíochta allamuigh d'ardchaighdeán agus saoráidí riachtanacha coimhdeacha a sheachadadh.

Tírdhreach

- **Tacú le cur chuige comhsheasmhach i leith measúnú carachtar an tírdhreacha.**

Tá raidhse acmhainní nádúrtha agus cultúrtha i dtírdhreach na hÉireann a thugann tacaíocht do chaighdeán na beatha agus do gheilleagar na gcúairteoirí. Tá sé de dhualgas orainn i leith na nglún atá le teacht úsáid fhreagrach a bhaint as na hacmhainní seo agus muid á gcur ar obair go dian le níos mó sochair a bhaint astu. Tá cosaint, bainistíocht agus pleanáil an tírdhreacha fite fuaite freisin leis an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha (SNT) d'Éirinn, agus le measúnú carachtar an tírdhreacha náisiúnta, agus ní mór dóibh leanúnachas a sholáthar sa chaoi a ndéanaimid saintréithiú agus ceangal leis an tírdhreach.



Figiúr 8.3 | An Roth Tírdhreacha ³¹

Criosanna Glasa agus Spásanna Oscailte

- Spás glas a phleanáil le comhtháthú lonnaíochta a chosc agus cáilíocht na beatha a fheabhsú.

Agus bailte agus cathracha na tíre ag fás leo, ní mór amharc ar na spásanna glasa ní hamháin mar bhealach leis an tírdhreach, agus an fiadhúlra a mhaireann ann, a fheabhsú agus a chothú, ach mar bhealach le comhtháthú lonnaíochta a chosc, nasc idir uirbeach agus tuath a sholáthar agus freastal ar chuspóirí caitheamh aimsire agus siamsaíochta. Le cothabháil mhaith is féidir le spásanna glasa cur le folláine, le braistintí sábháilteachta pearsanta, agus tionchar físiúil na forbartha a mhaolú.

Bíonn tionchair eacnamaíocha ann chomh maith m.sh. bíonn níos mó spéise ag ceannaitheoirí i dtithíocht uirbeach atá suite in aice le conláistí nádúrtha ar nós coillearnaigh, páirceanna, uiscebhealaí agus cóstaí agus léirítear é seo i bpraghsanna an mhargaidh.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 59

Comhcheangal an Bhonneagair Ghlais agus seirbhísí éicea-chórais lena n-áirítear tírdhreach, oidhreacht agus bithéagsúlacht a chur chun cinn agus pleananna reachtúla talamhúsáide á n-ullmhú.

8.4 Comhshaol níos Glaine a Chruthú ar Mhaithe le Sochaí Níos Sláintiúla

Cáilíocht Uisce

Tá acmhainní saibhre uisce na hÉireann tábhachtach go straitéiseach d'eacnamaíocht na hÉireann agus don sochaí atá ag fás. Tá an t-uisce glan riachtanach le sochaí shláintiúil a chruthú. Is príomhfhoinsí iad ár n-aibhneacha agus ár lochanna le haghaidh uisce óil agus tá foinsí screamhuisce tábhachtach freisin. Is chun ár leasa é mar sin soláthar seasmhach uisce a chinntiú don daonra atá ann agus don daonra breise a bhfuiltear ag súil leis faoi 2040. Is foinsí iad na dobharlaigh dár ngníomhaíochta siamsaíochta agus don earnáil turasóireachta chomh maith. Tá cáilíocht inchineálach inár n-uiscí snámha áfach.

Dar leis an EPA, tá fuíolluisce uirbeach ar cheann de na brúnna is mó ar cháilíocht uisce in Éirinn agus tá cóireáil agus diúscairt fuíolluisce ar bhealach fóna ó thaobh an chomhshaoil an-tábhachtach do shláinte an duine. Ciallaíonn sé seo nach mór dúinn cóireáil agus toilleadh shásúil a chinntiú, sceitheadh uisce stoirme a bheith ag feidhmiú i gceart agus sceitheadh díreach fuíolluisce neamhchóireáilte a sheachaint. **Sa ghearrthearma mar sin tugtar tosaíocht mhór do ghéilliúlacht na n-ionad cóireála fuíolluisce agus do ghníomhartha leasúcháin. Sa bhfadtéarma ní mór saincheisteanna acmhainne a réiteach le freastal ar na héilimh atá ag fás, suas go 2040 agus ina dhiaidh sin.** Ag leibhéal an líon tí, ní mór dúinn freisin a bheith ar an airdeall faoi rioscaí éillithe i dtobair phríobháideacha mar fhoinsé uisce óil agus faoi chliseadh i gcórais chóireála uisce baile.

Cuspóir Beartaís Náisiúnta 60

Bainistíocht inmharthana a dhéanamh ar cháilíocht ár bhfoinsí uisce le tacú leis an straitéis fáis le haghaidh Éire 2040 agus sochaí shláintiúil a sheachadadh.

Cáilíocht Aeir

Tá gnáthphatrúin aimsire in Éirinn a thugann aer measartha glan chugainn leis an ghaoth aniar aneas ón Atlantach. Faoi chúinsí áirithe, is féidir cur isteach ar na gnáthphatrúin aimsire, agus bailíonn astúcháin truaillithe san aer. Is féidir leis na cúinsí seo tarlú ag aon am den bhliain, ach is féidir le tionchar níos déine a bheith acu sa gheimhreadh, nuair a bhíonn t-aer socair fuar, astuithe méadaithe mar gheall ar éileamh ar theas, go háirithe ó bhreoslaí soladacha, mar chúis le dlús ard truailléan agus méadú dá réir ar an riosca do shláinte daonna.

Is féidir truailléan a tháirgeadh ag brath ar an gcaoi a thaistilimid, a chaithimid earraí agus a théann muid ár dtithe. Sna ceantair uirbeacha is mó, is féidir le leibhéil truaillíu aeir a bheith níos airde, mar gheall

ar astúchán sceite as feithiclí agus as astúcháin téamh tithe cónaithe. I gceantair tuaithe áirithe, go háirithe nuair nach bhfuil rochtain ar an ngréille gáis, is féidir le cáilíocht an aeir a bheith go dona i rith tréimhse an gheimhridh mar gheall ar an spleáchas ar bhreoslaí soladacha ar nós guail, móna agus adhmaid le tithe a théamh. Is féidir le gníomhaíochtaí calafoirt dochar a dhéanamh do cháilíocht an aeir chomh maith.

Bíonn iarmhairtí diúltacha acu seo go léir ar shláinte na saoránach agus ar tharraingteacht ár gcathracha agus ár mbailte. Tá á réamh-mheas gur dealraitheach go ndéanfaidh bearta atá dírithe ar fhoinsí fuinnimh bunaithe ar bhreosla iontaise a laghdú, maolú chomh maith ar thruaillíu an aeir. Mar chuid de Éire 2040 Ár bPlean, cabhróimid chun ár n-astúcháin a laghdú agus cabhróimid le daoine atá á nochtadh do leibhéil neamh-inghlactha truaillithe, trí thacú le hiompar poiblí, siúl agus rothaíocht mar mhodhanna iompair níos oiriúnaí ná an carr príobháideach agus cuirfear foirgnimh agus tithe cónaithe éifeachtúla ó thaobh fuinnimh chun cinn chomh maith le réitigh nuálacha i ndearadh. Tá pleanáil chúramach le haghaidh spásanna glasa agus fásra tábhachtach chomh maith don cháilíocht aeir i gceantair uirbeacha. Baineann crainn truailléan as an aer go nádúrtha, agus cabhraíonn siad le hoileáin teasa uirbeacha a laghdú.

Cuspóir Beartaís Náisiúnta 61

Cáilíocht aeir a fheabhsú agus cabhrú le daoine atá á nochtadh do leibhéil neamh-inghlactha truaillithe, trí thacú le hiompar poiblí, siúl agus rothaíocht mar mhodhanna iompair níos oiriúnaí ná an carr príobháideach agus cuirfear foirgnimh agus tithe cónaithe éifeachtúla ó thaobh fuinnimh chun cinn chomh maith le réitigh nuálacha i ndearadh.

Mar chuid de Éire 2040 Ár bPlean, cabhróimid chun ár n-astúcháin a laghdú agus cabhróimid le daoine atá á nochtadh do leibhéil neamh-inghlactha truaillithe, trí thacú le hiompar poiblí, siúl agus rothaíocht mar mhodhanna iompair níos oiriúnaí ná an carr príobháideach agus cuirfear foirgnimh agus tithe cónaithe éifeachtúla ó thaobh fuinnimh chun cinn chomh maith le réitigh nuálacha i ndearadh.

Cáilíocht Torainn

Is ionann torann agus fuaime nach bhfuil ag teastáil ach gur iarmhairt dhosheachanta é den saol laethúil, a eascraíonn as torann comhshaoil (cruthaithe ag gníomhaíocht dhaonna amuigh faoin aer, ar nós iompar, tógáil agus tionsclaíocht). agus an cumas fulangtha éagsúil ó dhuine go duine. Déantar fadhb de nuair a tharlaíonn sé san áit chontráilte nó ag an am contráilte nó go minic nó go hathfhilleach. Agus muid ag iarraidh cur chuige níos dlúithe agus níos éifeachtúla a fhorbairt inár lonnaithe, mar atá imlínithe i gcaibidlí 2 agus 3, tá sé tábhachtach a bheith réamhghníomhach i leith bainistíocht torainn. Le tabhairt faoi na saincheisteanna seo déanfaidh Éire 2040 na nithe seo a leanas:

Bainistíocht Torainn agus Pleanáil Gnímh

Tá bearta le torann a sheachaint, a mhaolú nó a íoslaghdú nó le bainistíocht réamhghníomhach chur chun cinn ábhartha nuair a d'fhéadfadh tionchar dhochracha a bheith aige ar shláinte agus ar cháilíocht na beatha, trí mhapáil straitéiseach ar thorann, Pleananna Gníomhaíochta Torainn agus cúinsí oiriúnacha pleanála.

Torann, Conláiste agus Príobháideacht

Áirítear leis seo, gan a bheith teoranta dó, dearadh maith fuaime i bhforbairtí nua, go háirithe i bhforbairt chónaitheach, trí bhearta éagsúla ar nós slánachar agus scarúint idir fhoinsí agus gabhdóirí, dearadh maith fuaime i bhfoirgnimh, treoshuíomh foirgneamh, leagan amach, ábhair tógála agus baic torainn agus criosanna maolánacha idir úsáidí agus bealaí siúil.


Limistéir Chiúine

Tá taitneamh leanúnach a bhaint ag acmhainní nádúrtha, ar nós spásanna glasa agus éadanas farraige, trí leibhéil ísle fuaime a chaomhnú nó leibhéil arda nach bhfuil ag teastáil a laghdú, tábhachtach go háirithe le faoiseamh a thabhairt ó leibhéil arda torainn uirbeacha. Mar chuid de na pleananna gníomhaíochta torainn, cabhróidh luach breise a thabhairt do na ceantair seo, maidir le cáilíocht chomhshaoil agus tionchar iarmhartach dearfa ar cháilíocht na beatha agus na sláinte, de bharr leibhéil ísle fuaime agus easpa torainn le seo a bhaint amach.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 62

Bainistíocht réamhghníomhach torainn a chur chun cinn mar a mbeidh tionchar suntasach docharach aige ar shláinte agus ar cháilíocht na beatha agus tacú le haidhmeanna na Rialacháin Torainn Chomhshaoil trí threoir náisiúnta pleanála agus Pleananna Gníomhaíochta Torainn.

Staidéar ar Chás



Limistéir Chiúine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Mar chuid den togra bainistíochta ar leibhéil torainn timpeall ar Bhaile Átha Cliath, tá ocht Limistéar Ciúin ainmnithe ag Comhairle na Cathrach a chosnófar ó mhéadú i dtorann comhshaoil sa todhchaí. Roghnaíodh na suímh seo go pointe áirithe mar gheall ar leibhéil fuaime na limistéar agus mar go bhfuil luach áirithe acu do shaoránaigh Bhaile Átha Cliath. Is féidir le spás glas i lár cathrach a bhfuil leibhéil fuaime níos ísle ann áit a thairiscint ina bhfuil suaimhneas áirithe ar fáil ó fhuadar na cathrach.



Cur chun Feidhme agus Infheistíocht

9.1 | Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta

Tá an fhís a leagtar amach i gCaibidil 1 mar bhonn do na cuspóirí náisiúnta pleanála atá sainitheanta ar fud Éire 2040 agus le chéile cruthaíonn siad Creat Éire 2040. Nuair a chuirtear iad leis na socruithe rialachais agus iad ailínithe le hinfheistíocht chaipitil, cruthaítear straitéis fhoriomlán náisiúnta a dhéanfaidh na torthaí inmhiannaithe a sheachadadh.





Is Creat é Éire 2040 a dhéanfar a sheachadadh leis na beartais, na cláir agus le gníomhaíochta ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, comhlachtaí stáit, tionóil réigiúnacha, údaráis áitiúla, agus soláthraithe bonneagair ó lá go lá, ag obair i gcomhar le pobail, leis an sochaí shibhialta, leis an earnáil phríobháideach agus le dlínsí in aice láimhe.

Treorófar feidhmiú Éire 2040 trí dhíriú ar na torthaí straitéiseacha náisiúnta a leanas:

- **Fás Dlúth Cliste:** Bainistíocht chúramach a dhéanamh ar fhás inbhuanaithe chathracha agus bhailte dlútha a chuireann le luach agus a chruthóidh áiteanna maireachtála agus oibre níos tarraingtí do dhaoine. Tá limistéir mhóra i ngach cathair agus ina lá bailte tuaithe inar féidir forbairt a dhéanamh, iad lonnaithe go lárnach agus in úinéireacht phoiblí go minic, atá oiriúnach agus in-úsáidte le tithíocht, poist, conláistí agus seirbhísí a sholáthar, ach tá cur chuige cuíchóirithe comhordaithe ag teastáil leis an fhorbairt a dhéanamh, le hinfheistíocht i mbonneagar cumasúcháin agus i gconláistí tacaíochta, má tá siad lena gcumas a bhaint amach. Is tosaíocht mhór é na limistéir straitéiseacha seo a úsáid agus dlús agus comhdhlúthú éifeachtúil a bhaint amach, seachas níos mó sraoilleála a cheadú mar fhorbairt uirbeach.
- **inrochtaineacht Fheabhsaithe Réigiúnach:** Nuair atá leas bainte as na croílímistéir sna cathracha agus sna ceantair uirbeacha is tábhachtaí, is é an chéad tosaíocht eile an inrochtaineacht idir lárionaid thábhachtacha daonra uirbeacha ar nó Corcaigh agus Luimneach agus trí Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh go Gaillimh a fheabhsú, chomh maith leis an rochtain ar na ceantair uirbeacha is mó san iarthuaisceart. Má dhéantar infheistíocht i nascacht ar dtús gan an comhdhlúthú uirbeach a dhéanamh méadófar an claonadh i leith na sraoilleála.

○ **Nascacht Ardcháilíochta Idirnáisiúnta:**

Tá sé seo ríthábhachtach don iomaíocht foriomlán idirnáisiúnta agus do dhul i ngleic leis na deiseanna agus na dúshláin ón Brexit trí infheistíocht inár gcalafoirt agus inár n-aerfoirt de réir na dtosaíochta earnálacha atá sainmhínithe cheana féin sa Bheartas Náisiúnta Calafort agus sa Bheartas Náisiúnta Eitlíochta agus i dtionscadail aitheantais ar nós an dara rúdbhealach d'Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Máistirphlean Chalafort Bhaile Átha Cliath.

○ **Soghluasteacht Inbhuanaithe:** De réir phlean maolú Athrú Aeráide na hÉireann, ní mór dúinn leictriú a dhéanamh de réir a chéile ar ár gcórais shoghluasteachta, ag dul ó chórais tiomána dlúthcharbóin thruaillitheacha go teicneolaíochtaí nua ar nós feithiclí leictreacha agus córais tharraingthe leictreacha agus hibrídeacha do fhlíteanna iompair poiblí, ionas go mbeidh comhshaol níos glaine, níos ciúine agus saor ó chórais iompair atá tiománta ag innill dhócháin.

○ **Geilleagar Láidir Digiteach:** Tá nascacht mhear, shlán, ardchumais agus iontaofa dhigiteach ríthábhachtach ó thaobh feidhmiú mar ardán eacnamaíoch a úsáidfídh Éire le rochtain a fháil ar mhargaí. Tá Éire ar thús cadhnaíochta le blianta sa réimse seo agus cé go bhfuil dúshláin ann i gcónaí mar gheall ar an daonra scaipthe, tá sé fíorthábhachtach fós nascacht idirnáisiúnta agus náisiúnta TFC na hÉireann a fheabhsú.

○ **Pobail Chumasaithe Tuaithe:** Tá ról lárnach ag na ceantair tuaithe inár bhféiniúlacht, mar thiomántáin don gheilleagar agus dár gcomhshaol d'ardcháilíocht, agus ní mór páirt lárnach a thabhairt dóibh i bhforbairt straitéiseach na tíre go 2040. Chomh maith le hionchas acmhainní nádúrtha agus earnáil an bhia mar chrainn taca traidisiúnta gheilleagar na tuaithe, tá nascacht, leathanbhanda agus deiseanna forbartha eacnamaíocha tuaithe ag teacht chun cinn a chruthaíonn an cumas le cinntiú go mairfidh an tuath mar phobal beo a bheidh ag obair.

○ **Conláiste Feabhsaithe Uirbeach:** Beidh cathracha, bailte agus sráidbhailte níos tarraingtí dá bharr seo, in ann inmharthanacht a fhorbairt trí infheistíocht i líonraí iompair phoiblí, i líonraí taistil feabhsaithe gníomhacha (rothaíochta agus siúl) agus i réimse poiblí níos fearr ar nós sráideanna, spásanna poiblí, páirceanna agus limistéir chonláiste a bhfuil páirt lárnach acu ó thaobh carachtar agus tarraingteacht áiteanna uirbeacha a shainmhíniú.

○ **An tAistriú go Sochaí Ísealcharbóin Aeráid-Sheasmhach:** Sa Seasamh Beartais i leith Athrú Aeráide bunaíodh cuspóir náisiúnta ina ndéanfar aistriú i dtreo gheilleagar iomaíoch ísealcharbóin, aeráid-sheasmhach agus inmharthana ó thaobh comhshaoil faoin mbliain 2050. Cuirfidh an cuspóir seo cruth ar roghanna infheistíochta sna blianta atá romhainn de réir an Phlean Maolaithe Náisiúnta agus an Chreat Náisiúnta Oiriúnachta. Beidh córais nua fuinnimh agus greillí nua tarchuir ag teastáil le haghaidh córas ginte fuinnimh a bheith dírithe ar fhoinsí in-athnuaite, ag baint leasa as an acmhainn mhór ar talamh agus amach ón gcósa ó fhoinsí fuinnimh ar nós na gaoithe, na dtionta agus na gréine agus nasctar na foinsí is saibhre den bhfuinneamh sin leis na príomhfhoinsí éilimh.



9.2 | Rialachas

- **Bainistíocht Inmharthana Uisce agus Acmhainní Comhshaoil eile:** Tá raidhse acmhainní nádúrtha agus comhshaoil ag Éirinn ar nós na bhfoinsí uisce atá chomh tábhachtach dár bhfolláine comhshaoil agus eacnamaíoch sa todhchaí. Éireoidh caomhnú agus feabhsú cháilíocht na n-acmhainní seo níos tábhachtaí freisin i ndomhan plódaithe iomaíodh chomh maith lena gcumas chun úsáid tairbheach a bhaint as táirgí ar measadh gur dramhaíl iad roimhe seo, le sochair eacnamaíocha ciorclacha a chruthú.
- **Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte d'Ardcháilíocht:** Is tréith shainmhínitheach d'áiteanna tarraingteacha rathúla iomaíocha í an dea-rochtain ar réimse oideachais agus seirbhísí sláinte d'ardcháilíocht, i gcomhréir le scála réigiúin, cathrach, baile, comharsanachta nó pobail. Le fás dlúth cliste i gceantair uirbeacha agus pobail láidre seasmhacha tuaithe is féidir soláthar feabhsaithe éifeachtúil de réimse inrochtaine seirbhísí a sholáthar.

Comhpháirtíocht Láidir Uile-Oileáin

Mar thoradh uileghabhálach náisiúnta straitéiseach, beidh comhoibriú agus comhfhorbairt ar cheantair trasteorann, go háirithe Baile Átha Cliath-Béal Feirste, an tIarthuaisceart, agus an teorainn lárnach, tábhachtach tar éis Brexit le cumas geilleagar an oileáin a uasmhéadú, lena n-áirítear tograí a fheabhsóidh nascacht agus comhtháthú ár gcórais iompair, fuinnimh agus cumarsáide chomh maith le bearta atá dírithe ar bhainistiú agus saothrú inmharthana a dhéanamh ar thréithe nádúrtha na gceantar mar acmhainní nua d'fhorbairt agus do chur chun cinn na turasóireachta.

Beidh pleanáil infheistíochta náisiúnta, infheistíocht earnálach agus creataí beartais na ranna, na ngníomhaireachtaí agus an rialtais áitiúil faoi threoir ag na torthaí straitéiseacha seo maidir le feidhmiú praiticiúil Éire 2040.

Tacaíocht Reachtúil do Éire 2040 agus bunú Oifig an Rialóir Pleanála

Tá an tacaíocht reachtúil atá á chur ar bun ar cheann de na difríochtaí móra idir an SSN agus Éire 2040, mar go gcuireann sé bun faoin gcreat agus go ndéanann sé soláthar le haghaidh athbhreithniú sa todhchaí chomh maith le struchtúir nua a chur ar bun le cabhrú lena chur i bhfeidhm. Soláthrófar bonn reachtúil sa Bhille Pleanála agus Forbartha (Leasú) 2016 le haghaidh Éire 2040, le haghaidh faireacháin agus athbhreithniú sa todhchaí agus le hOifig an Rialóir Pleanála a bhunú.

Beidh ról neamhspleách faireacháin ag an Oifig nua, le comhairle a chur ar an Aire, ar an Rialtas agus ar an Oireachtas maidir le feidhmiú an Chreat faoin bpróiseas reachtúil pleanála trí Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha, próisis reachtúla pleanála na n-údarás áitiúla agus cinntí An Bord Pleanála, ag baint úsáide as tacar nua táscairí atá le forbairt mar chúnamh don fhaireachán éifeachtúil.

Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha

Mar cháipéis náisiúnta straitéiseach, beidh breis tacaíochta agus feidhmíochta de dhíth ar Éire 2040 ag an leibhéal réigiúnach. Tá sé de chúram ar na trí Thionól Réigiúnacha a Straitéisí Spáis agus Eacnamaíocha Réigiúnacha (SSER/SSER) a ullmhú agus a ghlacadh tar éis agus de réir Chreat Éire 2040, agus déanfaidh sé sin comhordú ar fheidhmeanna pleanála na n-údarás áitiúla, agus forbairt phobail agus eacnamaíochta. Nuair a bheidh na straitéisí réigiúnacha glactha, beidh ar gach tionól réigiúnach socruithe éifeachtúla feidhmithe agus faireacháin a bhunú, i gcomhar le hOifig an Rialóir Pleanála.

Ceannaireacht agus Cur Chuige Straitéiseach i leith Phleanáil Áitiúil a Fheabhsú

Beidh cur chuige nua ag teastáil leis an straitéis uailmhianach fáis do chodanna éagsúla den tír agus do na cathracha agus na bailte go háirithe maidir le **(1) Pleanáil Cheantar Uirbeacha, (2) pleanáil agus forbairt cheantair uirbeacha móra eile agus (3) na próisis tosaíochta agus forbartha don bhainistíocht talún agus do chriosú talamhúsáide.**

Ceantair Uirbeacha: Lárionaid ar Scála a Thógáil

Tá forbairt bhreisithe chúig chathair na hÉireann bunúsach do Chreat Éire 2040, agus beidh gá le fócas láidir comhordaithe i limistéir fheidhmeacha uirbeacha ar réimse de shaincheisteanna tábhachtacha.

Cuirtear riachtanais shainiúla na n-údarás áitiúla ábhartha san áireamh sna pleananna forbartha atá ann cheana do chathracha agus do chontaetha thar tréimhse sé bliana. Tá níos mó ná ceantar údaráis áitiúil amháin i gceist le gach ceann den chúig chathair, agus clúdaíonn ceantar uirbeach Bhaile Átha Cliath limistéar seacht n-údarás áitiúil, go hiomlán nó i bpáirt.

Leis an méid pleananna atá ann le ghaidh riachtanais aonair agus shainiúla na n-údaráis áitiúla tá sé an-deacair forbairt straitéiseach a chomhordú. Cé go mbeidh trí Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach á bhforbairt le pleananna na n-údarás áitiúla a chomhordú ar leibhéal straitéiseach agus tionóil réigiúnach, is féidir a áitiú go bhfuil achar na dTionól ró-leathan le díriú go sásúil ar shaincheisteanna cathrach agus uirbeacha.

Dá réir sin, i gcomhar leis an bpróiseas SSER (SSER) agus mar chuid de, cuirfear socruithe ar bun le pleananna straitéiseacha comhordaithe do cheantair uirbeacha (PSCU) a ullmhú, do cheantair uirbeacha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge³². Ar aon dul leis na SSER, beidh bonn reachtúil leis na PSCU le feidhmiú mar chreatanna pleanála straitéiseacha agus infheistíochta dhá bhliain déag do na ceantair uirbeacha, ag tabhairt faoi shaincheisteanna ardleibhéil agus fadtéarmacha straitéiseacha forbartha, lena n-áirítear:

- patrúin fhorbartha fhisiceacha agus ceantair straitéiseacha fáis.
- bonneagar straitéiseach, go háirithe i réimsí iompair agus seirbhísí uisce.
- athbheochan ar mhórscála agus lonnú tithíochta agus fostaíochta.
- conláistí ar scála uirbeach ar nós páirceanna réigiúnacha agus líonraí siúil agus rothaíochta.

Beidh na PSCU ailínithe le pleananna infheistíochta earnálacha ar leibhéal náisiúnta mar threoir agus mar chomhordú ar infheistíocht sna ceantair uirbeacha, mar chomhordú ar thalamhúsáid agus ar phleanáil an bhonneagair fhisicigh.



Cathair Chorcaí



Cathair Bhaile Átha Cliath



Cathair na Gaillimhe



Cathair Luimnigh



Cathair Phort Láirge

Ag teacht leis an bPlean Gníomhaíochta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil "Daoine chun Tosaigh" agus Acht Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, leanfaidh an obair ar aghaidh freisin ag cur athchuí ar struchtúir rialtais áitiúil i gCorcaigh agus i nGaillimh, agus á neartú, ag tógáil ar shocruithe nua atá bunaithe agus i bhfeidhm i Luimneach agus i bPort Láirge. Cuirfear san áireamh chomh maith leibhéal cuí ceannaireachta polaitiúil agus riaracháin a bunú leis na pleananna straitéiseacha do cheantair uirbeacha a ullmhú agus a mhaoirsiú le comhpháirtíocht ghníomhach na n-údarás áitiúla ábhartha agus pháirtithe leasmhara eile.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 63

Déanfar foráil le haghaidh pleananna straitéiseacha cheantair uirbeacha a ullmhú do cheantair uirbeacha Bhaile Átha Cliath, Corcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge, agus i gcás Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, le tabhairt faoi réigiún leathan na cathrach, ag na húdaráis chuí i gcomhar le agus mar pháirt den SSER ábhartha.

Pleanáil Straitéiseach Níos Fearr do Cheantair Uirbeacha Eile

Cuirfear moltaí chun tosaigh le fócas uirbeach níos láidre a fhorbairt i gcóras na gCeantar Uirbeach in údaráis áitiúla, ionas gur féidir leagan amach a bheidh dírithe níos mó ar bhailte a bhaint amach. Déanfar é seo trí thoghcheantair ar leith a chruthú a bheidh bunaithe go dlúth ar líon d'ionaid mhóra uirbeacha agus réimse breise feidhmeanna údaráis áitiúil a thabhairt do na ceantair seo. Beidh riachtanas san áireamh le plean ceantair uirbeach a dhéanamh bunaithe ar fhorálacha reatha an phlean ceantair áitiúil PCÁ. I gcomhar le cathracha níos láidre a chruthú cabhróidh sé seo le réigiúin níos láidre a chruthú agus ceantar príomhfhoicis a sholáthar le haghaidh Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha.

Trasnaíonn cuid de bhailte na hÉireann, lasmuigh de na cathracha, údaráis áitiúla éagsúla, rud a chruthaíonn raidhse pleananna aonair. D'fhonn comhordú na forbartha a fheabhsú sna cásanna sin, beidh gá le comhphleananna ceantair uirbeacha a ullmhú do bhailte agus dá dtimpeallacht a bhfuil daonra 15,000 níos mó iontu, agus comhphleananna ceantair do bhailte agus dá dtimpeallacht le daonra 5,000 nó níos mó. Ní mór an reachtaíocht don Phlean Ceantair Áitiúil (PCÁ) atá ann faoi láidir a neartú ar a shon seo.

Nuair a bhíonn sé réidh, glacfaidh gach údarás áitiúil ábhartha le comhphleananna uirbeacha agus ceantair do na ceantair chomhcheangailte feidhmeacha. Cinnteofar cur chuige comhleanúnach trí chomhoibriú feabhsaithe agus comhphleananna uirbeacha/ceantair áitiúla á n-ullmhú gan athruithe a dhéanamh ar theorainneacha contae atá ann cheana.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 64

Déanfar soláthar le haghaidh pleananna cheantar uirbeacha do bhailte móra agus do na ceantar máguaird a bhfuil daonra níos mó ná 15,000 duine iontu. Déanfar soláthar freisin le haghaidh comhphleananna cheantair uirbeacha agus comhphleananna cheantair áitiúla mar a luíonn bailte agus a dtimpeallacht laistigh de cheantar comhcheangailte feidhme níos mó ná údarás áitiúil amháin.

Pleanáil na nÚdarás Áitiúla a Neartú: Déanamh Pleananna agus Croí-Straitéisí

Le leasú na reachtaíochta pleanála in 2010 tugadh isteach cur chuige nua le húdar a thabhairt do chuspóirí chriosú talún i bpleananna údarás áitiúla le go leor talún a chur ar fáil ar son forbartha sa todhchaí ach gan an oiread sin a bheith ar fáil go mbeadh sé deacair ceantair uirbeacha atá meata nó gan mórán cónaí iontu a athbheochan. Eascraíonn sochair mhóra as na leasuithe seo i dtreo chur chuige pleanála atá bunaithe níos mó ar fhianaise agus ar straitéis.

Cuirfear feabhsuithe breise ar chur chuige na croí-straitéise ar bun mar thaca le feidhmiú Chreat Éire 2040 agus trí Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch nd dTionól Réigiúnacha (SSER).

Ciallaíonn sé seo gcinnteofar go sainaithnítear riachtanais daonra agus tithíochta do chathracha, do bhailte móra agus beaga agus do cheantair tuaithe ag leibhéal an údaráis pleanála áitiúil, ag cur cúinsí eile san áireamh, ar nós tabhairt faoi fholús áitreabh, agus an cothromaíocht idir fhorbairt i gceantair uirbeacha agus tuaithe.

Déanfar treoir reachtúil phleanála a fhorbairt le modheolaíocht chaighdeánaithe do na croí-straitéisí, le cur i bhfeidhm ag na húdaráis phleanála go léir, agus feabhsófar trédhearcacht agus ionracas agus ailíniú na pleanála agus na hinfheistíochta sa phróiseas pleanála amach anseo.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 65

I straitéisí croí-phleananna na gcathracha agus na gcontaetha déanfar fás spriocdhírithe daonra agus fás tithíochta i gcathracha, i mbailte móra agus beaga, i lonnaíochtaí tuaithe agus amuigh faoin tuath a shainaithint, a chomhordú agus a chothromú go cuimsitheach don údarás pleanála ábhartha agus tacófar é seo le modheolaíocht chaighdeánaithe le croí-straitéisí a ullmhú.

Pleanáil Spásúil agus Iompair a Chomhtháthú

Braitheann na roghanna faoin gcaoi a ndéantar pleanáil agus dearadh ar áiteanna (pleanáil 'spásúil') agus roghanna maidir le seachadadh bonneagar agus seirbhísí iompair (pleanáil iompair) go mór ar a chéile, agus is chun leasa don dá chineál pleanála iad a nascadh go dlúth agus torthaí comhleanúnacha a bhaint amach don sochaí.

Cuireann an léargas seo bonn faoi chuid de na socruithe don Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), a bunaíodh ar dtús in 2009, agus a bhfuil sé de chuspóir aige cur chuige níos fócasaithe agus níos comhtháite a thabhairt don phleanáil agus do sheachadadh bhonneagar comhtháite iompair ar bhonn náisiúnta go ginearálta agus go speisialta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, mar a bhfuil sainordú níos miondealaithe ag an NTA.

Faoin dlí, tá an NTA freagrach as Straitéis Iompair a ullmhú do Mhórcheantar BÁC, agus is den riachtanas é go mbeidh comhleanúnachas idir an straitéis iompair agus an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Mhórcheantar BÁC - d'fhoill a chinntiú go mbíonn ailíniú cuí idir an phleanáil spásúil agus an phleanáil iompair don cheantar. Cuireann an Straitéis Iompair láithreach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 - a dhréachtaigh an NTA leis an fhreagracht seo a chomhlíonadh - creat ar fáil le bonneagar iompair a fhorbairt i Mórcheantar BÁC don scór bliain atá romhainn.

Soláthraítear ráiteas soiléir den bheartas pleanála iompair do Mhórcheantar BÁC sa Straitéis Iompair, agus is féidir le gníomhaíochtaí eile atá páirteach sa phleanáil spásúil, i gcosaint chomhshaoil, agus i seachadadh bhonneagair eile ar nós tithíocht, uisce agus cumhmacht, a dtosaíochta infheistíochtaí féin a ailíniú timpeall air. Is comhpháirt riachtanach é, maraon leis na cláir infheistíochta in earnálacha eile, le forbairt eagraithe a dhéanamh ar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath go ceann 20 bliain.

Baineann an riachtanas reachtúil le haghaidh comhleanúnachais idir an Straitéis Spáis agus eacnamaíoch réigiúnach agus an straitéis iompair le Mórcheantar BÁC amháin agus ní riachtanas reachtúil é in aon chuid eile den tír. Tá an NTA tar éis obair go rathúil ar bhonn riaracháin neamhreachtúil le cabhrú le húdaráis áitiúla éagsúla ar fud chathracha na hÉireann le straitéisí a bhaineann le hiompar a ullmhú nó tionscadail a bhaineann le hiompar a fheidhmiú.

D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach mar bheart na socruithe reachtúla atá ann cheana don phleanáil iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a leathnú amach go Cathracha uile na hÉireann, d'fhoill tógáil ar thaithí atá ann cheana agus neartú mór a dhéanamh ar na leibhéil comhtháthaithe idir an phleanáil spásúil agus an phleanáil iompair ar fud na tíre, chun sochair don gheilleagar agus don tsochaí.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 66

Leathnófar socruithe reachtúla idir pleanáil spásúil agus pleanáil iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath amach go cathracha eile

Criosú Talamhúsáide, Bonneagar agus Seirbhísí a Chomhordú

Tá Éire 2040 dírithe go suntasach ar fhás inlíontach/athfhorbraíochta, go háirithe i gcathracha agus i mbailte móra agus mar sin beidh sé rithábhachtach an plean forbartha a dhéanamh i gceart ó thaobh cuspóirí talamhúsáide sa todhchaí, maidir le tailte inlíonta agus athfhorbraíochta araon. Tá nascacht níos fearr idir criosú talún agus infhaighteacht bonneagair riachtanach le Éire 2040 a chur chun feidhme.

Sa mhodheolaíocht nua caighdeánaithe a bhunófar do na croí-straitéisí tabharfar faoi shaincheisteanna ar nós an difreáil idir talamh chríosaithe atá ar fáil le haghaidh forbartha agus talamh chríosaithe a bhfuil infheistíocht shuntasach bhreise i seirbhísí bhonneagair ag teastáil le forbairt a chur i gcrích. Tá an mhodheolaíocht atá molta don chur chuige sraithe i leith criosú talún leagtha amach in Aghuisín 1.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 67

Éileofar ar údaráis phleanála cur chuige caighdeánaithe sraithe a chur i bhfeidhm le difreáil a dhéanamh idir i) talamh chríosaithe atá ar fáil le forbairt, ii) talamh chríosaithe ina bhfuil infheistíocht shonrach bhreise i seirbhísí bunúsacha bonneagair ag teastáil agus iii) talamh chríosaithe nach dealraitheach go ndéanfar seirbhísí uirthi le linn saolré an phlean ábhartha.

Nuair atá talamh chríosaithe á meas le haghaidh cuspóirí forbartha a bhfuil níos mó infheistíocht i seirbhísí bunúsacha bonneagair ag teastáil dóibh, déanfaidh údaráis phleanála meastúcháin réasúnta den chostas iomlán sheachadadh na seirbhísí sonraithe agus ainmneoidh siad an ghníomhaireacht/na gníomhaireachtaí seachadta atá freagrach.

Nuair atá talamh á meas le haghaidh criosaithe do chuspóirí forbartha nach dealraitheach go ndéanfar seirbhísí orthu le linn saolré an phlean ábhartha, déanfaidh údaráis phleanála athbhreithniú ar stádas na dtailte sin.

Tosaíocht do Thailte Forbartha

Tá a lán gnéithe pleanála eile a bhaineann le criosú talún seachas bonneagar bunúsach cumasaithe a sholáthar, lena n-áirítear leibhéil fhoriomlána pleanáilte fáis, suíomh, oiriúnacht don chineál forbartha atá beartaithe, infhaighteacht chonláistí, scoileanna, siopaí, nó fostaíocht, rochtain ar sheirbhísí iompair agus a bhfoisceacht, srl. Cabhraíonn measúnú na ngnéithe seo go léir le chéile agus infhaighteacht an bhonneagair leis na húdaráis phleanála ord tosaíochta a dheimhniú le fás agus forbairt phleanáilte a sheachadadh. Tá modheolaíocht leagtha amach in Aguisín 2 le haghaidh tosaíocht a thabhairt do thailte forbartha.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 68

Nuair a bheidh criosú le haghaidh forbartha á dhéanamh ar thalamh, cuirfidh údaráis phleanála cur chuige caighdeánaithe ar leith i bhfeidhm le hord tosaíochta a bhunú d'fhorbairt na talún, la haird ar phleanáil cheart agus ar fhorbairt inmharthana, agus i gcás sealúchais talún atá buailte le chéile agus spleách ar a chéile, beifear ag súil le fianaise de thiomantas an úinéir talún i leith an chomhoibrithe atá riachtanach le talamh a scaoileadh le haghaidh forbartha.

Úsáidfidh údaráis phleanála cumhachtaí cheannaigh éigeantacha le seachadach bonneagar cumasaithe chuig tailte críosaithe le tosaíocht a éascú, le freastal ar fhás pleanáilte.

Díreoidh gníomhaireachtaí seachadta bonneagair ar sheachadadh tráthúil a dhéanamh ar bhonneagar cumasaithe chuig tailte críosaithe le tosaíocht d'fhonn fás agus forbairt phleanáilte a sheachadadh.

Forbairt Straitéiseach Talún faoi threoir an Stáit

Mar thaca agus mar chúnamh d'fheidhmiú Éire 2040 ag leibhéil Rialtais, roinne, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit, tabharfar faoi scrúdú ar an acmhainn chun bainistíocht níos éifeachtúla agus níos lárnaí a dhéanamh ar phunann foriomlán na dtailte faoi úinéireacht nó faoi thionchar stáit sna príomh chúig cathracha agus b'fhéidir i mórcheantair uirbeacha eile mar thosaíocht.

Bheadh buntáistí móra le baint as bainistíocht níos éifeachtúla agus níor lárnaí maidir le bainistíocht punann-bhunaithe éifeachtúil a chumasú ar na tailte foriomlána i seilbh phoiblí sna cathracha móra agus i gceantair uirbeacha eile agus mórthimpeall orthu, ag obair le húdaráis áitiúla, pobail áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear:

- Máistirphleananna agus comhfhiontair forbartha a fhorbairt le haghaidh úsáidí éagsúla lena n-áirítear athbheochan uirbeach ina gcuimsítear forbairt eacnamaíoch, tithíocht saoráidí agus conláistí pobail agus cultúrtha.
- Taisce lárnach de chórais riachtanacha, scileanna agus pearsanra a chruthú i mbainistíocht, maoiniú, bainistíocht sócmhainní, pleanáil straitéiseach agus i réimsí fíorú chumas forbartha.
- Idirghabháil chomhordaithe níos éifeachtúla le húdaráis áitiúla, soláthraithe reachtúla bonneagair agus comhlachtaí rialála ar nós na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil leis an riosca a bhaint as suímh ionchasacha forbartha in úinéireacht phoiblí nach bhfuil a n-ionchas forbartha fíoraithe acu ar chúiseanna a bhaineann le cúrsaí comhshaoil ar nós talamh truaillithe, easnaimh bonneagair nó bearta caomhnaithe a bheith riachtanach iontu.
- Rochtain fheabhsaithe ar an maoiniú riachtanach agus ar shamhail forbartha eacnamaíoch le cumas na suímh straitéiseacha a fhíorú le tacú le feidhmiú Éire 2040.
- Athchúrsáil fáltais ó fhorbairt straitéiseach talún le suímh athbheochana agus forbartha eile a fháil ar bhonn 'ciste rollála'.

Cuspóir Beartais Náisiúnta 69

Glactar cur chuige bainistithe straitéiseach níos éifeachtúla agus níos lárnaí le hionchas forbartha phunann fhoriomlán na dtailte in úinéireacht agus/nó faoi thionchar stáit, agus ceantair ionchasacha móra uirbeacha eile a fhíorú mar thosaíocht.

Comhoibriú Thuaidh Theas

In ainneoin dúshláin Brexit, leathnófar an comhoibriú agus an t-idirghníomhú, ag aithint na ceangail láidre, chultúrtha agus phraiticiúla idir Éirinn agus a comharsana, i gcomhthéacs thuaidh theas agus thoir thiar, faoi réir ag comhaontú na Rialtas agus na n-institiúidí, trí struchtúir pholaitiúla agus riaracháin ar nós an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas agus Chomhairle na Breataine agus na hÉireann a leathnú le sruth gníomhaíochta sonrach pleanála agus comhordú bonneagair náisiúnta a chur san áireamh.

Staidéar ar Chás



ERDF do Shligeach

Fuair Comhairle Contae Shligigh, i gcomhar le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, maoiniú €2 mhilliún le haghaidh feabhsúcháin ar Shráid Uí Chonaill agus ionad pobail ag An Crann Mór trí Chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa (ERDF).

Cuimsíonn an tionscadal seo forbairt inmharthana uirbeach faoi Scéim Deontais na gCeantar Uirbeacha Ainmnithe 2014-2020.

Tá an €2 mhilliún do Shligeach caite ar fheabhsúcháin sráide ar Shráid Uí Chonaill, le rochtain shrianta d'fheithiclí agus tosaíocht ag coisithe, cosáin nua leathnaithe, troscán agus tírdhreachú nua sráide, laghdú ar shreabhadh tráichta, agus spás comhroinnte do rothaithe. Úsáideadh an maoiniú freisin le hionad nua pobail a sholáthar don Chrann Mór, agus chruthaigh sé cur chuige dearfa i leith chomhforbairt áite agus feabhsuithe comhshaoil.

9.3 Éire 2040 agus an Plean Náisiúnta Infheistíochta

Beidh Éire 2040 ina threoir láidir don infheistíocht straitéiseach náisiúnta, lena n-áirítear sa bhonneagar. Aithníonn an Rialtas go bhfuil tionchar ag forbairt spásúil ar sholáthar bonneagair, agus go bhfuil sé faoina thionchar chomh maith. Is féidir bonneagar a sholáthar i gceantair ina bhfuil éileamh cheana féin nó a bhfuiltear á thuar go mbeidh sé ag méadú. Is féidir bonneagar a sholáthar chomh maith i gceantair straitéiseacha d'fhonn forbairt a spreagadh ach go ginearálta, dá airde an dlús daonra i gceantar, is ea is éasca atá sé costais sheasta thionscadal bonneagair a scaipeadh agus a chinntiú gur bhfuil seachadadh an bhonneagair inmharthana.

Beidh Plean Infheistíochta Náisiúnta deich mbliana 2018-2027 ag tacú le feidhmiú Éire 2018-2027 le béim ar na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta.

Dar leis an Rialtas tá cur chuige mar seo riachtanach le tionchar níos fearr a imirt ar phatrúin forbartha agus tacú le cuspóirí leathana náisiúnta i réimsí ar nós iompar, bainistíocht acmhainní uisce, bainistíocht dramhaíola, gníomhú aeráide, feidhmiú céimíúil líonraí cumarsáide agus fuinnimh agus forbairt bhonneagair shóisialta i réimsí sláinte, oideachais agus saoraidí pobail.

Tá comhaontú leathan ann gur gné tábhachta de bheartas suímh iomaíoch í an infheistíocht phoiblí i mbonneagar, le tionchar ár struchtúr costais agus iomaíochais an gheilleagair agus na réigiún. Cuireann an taighde béim ar an gcumas atá in infheistíocht phoiblí caipitil tionchar a imirt ar scaipeadh réigiúnach ghníomhaíocht eacnamaíochta agus ar an ráta ina ndéanann réigiúin cúinsí táirgeachta éagsúla a charnadh, bonneagar go háirithe.

Léiríonn an anailís a rinneadh do Éire 2040 agus don Phlean Infheistíochta Náisiúnta na rioscaí a bhíonn ann mura ndaingnítear cothromas cuí éifeachtúil réigiúnach ó thaobh fhorbairt eacnamaíoch na hÉireann sa todhchaí. Beidh easnamh ar fheidhmíocht fhoriomlán eacnamaíoch na hÉireann má tharlaíonn fás éagothrom, a bheadh dírithe den chuid is mó ar Bhaile Átha Cliath agus a réigiún, le iarmhairtí tromchúiseacha buana do chaighdeán mhaireachtála agus do cháilíocht na beatha go ginearálta, i ngach réigiún sa tír.

An Plean Náisiúnta Infheistíochta 2018-2027

Tá gníomhartha áirithe cheana féin in Tógáil ar an Téarnamh, an Plean Caipitil reatha, le tacú le dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch na bpobal tuaithe agus uirbeacha i ngach réigiún. Tá an Plean Infheistíochta Náisiúnta ag tógáil ar athbhreithniú an Phlean Caipitil reatha, le haird ar bhearnaí earnálacha a saináithníodh le hanailís agus taighde 33. Ag cur torthaí forbartha spásúla atá á n-éileamh in Éire 2040 san áireamh, déanfaidh an Plean Infheistíochta Náisiúnta nua:

Próifíl chobhsaí infheistíochta poiblí a sheachadadh a thabharfaidh cinnteacht níos mó do sheachadadh bonneagair agus don earnáil infheistíochta

Seasmhacht an gheilleagair maidir le mór-ríoscaí a neartú, Brexit go háirithe.

Dul i ngleic le heasnamh chriticiúla bonneagair atá ann cheana.

Infheistiú ar mhaithe le cáilíocht agus feidhmíocht an bhonneagair poiblí reachta a chothabháil.

Tacú le spriocanna criticiúla athrú aeráide a bhaint amach, lena n-áirítear an Plean Náisiúnta Maolú Aeráide a foilsíodh le déanaí.

Forbairt réigiúnach níos éifeachtúla a dhaingniú ar bhonn leanúnach.

Mar léiriú ar an acmhainn fhioscach agus bhuiséid, tá an maoiniú don infheistíocht chaipitil ar tí 3% den OIN 34 faoi 2019. Deir an Chomhairle Fhioscach 'go dtugann pleananna caiteachais reatha go dtí 2021 an infheistíocht phoiblí ar ais go leibhéil atá measartha ard sa chomhthéacs idirnáisiúnta.' Is ceart go gcuirfeadh na hacmhainní móra seo ar ár gcumas dul chun cinn fíor a dhéanamh maidir le bonneagar náisiúnta a fhorbairt agus a chothabháil.

Ó thaobh dearcadh an Phlean Infheistíochta Náisiúnta, is cuspóirí bunúsacha iad cuspóirí Éire 2040 má tá inmharthanacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil le baint amach sa bhfadtearma. Beidh an Plean Infheistíochta Náisiúnta ag tógáil ar chroí-ghnéithe Éire 2040 lena n-áirítear:

Dul i ngleic le himpleachtaí 1 milliún duine breise agus 550,000 líon tí breise faoin mbliain 2040, a leath i gcathracha.

25,000 teach a sholáthar sa bhliain, a leath i gcúig chathair agus leath díobh sin i suímh inlíonta agus athfhorbraíochta.

Líon teoranta bailte móra a thagann as próiseas an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach (SSER) a chumasú le feidhmiú mar thiomántóirí fáis réigiúnacha do na ceantair mórthimpeall orthu.

Meath an daonra i mbailte beaga agus faoin tuath a aisiompú.

Beidh an Plean Infheistíochta Náisiúnta, mar thaca le Éire 2040, ag iarraidh an comhordú agus an rialachas ar infheistíocht phoiblí a fheabhsú mar seo a leanas:

Líon na bpleananna earnálacha a sheasann leo féin a nuashonrú agus a laghdú.

Bunachar sonraí lárnach de thionscadail atá beartaithe agus measúnaithe ag na Ranna earnálacha, a bhunú, as ar féidir leis an Rialtas tionscadail mhaoinithe a roghnú.

Córais a fheidhmiú i ngach earnáil le cáilíocht sócmhainní a rianú agus riachtanais chothabhála a shainaithint.

Pleananna infheistíochta Fhiontair faoi Úinéireacht Stáit a ailíniú níos follasaí le cuspóirí an Rialtais.

Éire 2040

Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta don Phlean Infheistíochta Náisiúnta

Tá forléargas de na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta atá le cur san áireamh agus Plean Infheistíochta Náisiúnta á fhorbairt le tacú le Éire 2040 thíos. Is forléargas tascach é ag an bpointe seo. Beidh bonn fianaise riachtanach le tionscadail a roghnú ina sainaithearnaithe na hinfheistíochta ar dealraíthí go dtabharfaidh siad torthaí agus dul chun cinn comhréireach i leith spriocanna Éire 2040.

Toradh Straitéiseach Náisiúnta

Fás Dlúth, Cliste

Le haird ar an gcumas chun beatha nua a chur i gceantair láir i gcathracha agus i mbailte, cuirfear dhá Thogra Cliste Fáis Náisiúnta ar bun le cur i bhfeidhm i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon faoin bPlean Infheistíochta Náisiúnta. Spreagfaidh na cistí seo comhlachtaí lena n-acmhainní a úsáid le haghaidh tionscadal a chloíonn le prionsabail Éire 2040.

Beidh sé de chuspóir ag an Togra Cliste Fáis Náisiúnta fás inmharthana a bhaint amach i gcúig chathair na hÉireann agus i gceantair uirbeacha eile (daonra >1,500 de réir shainmhíniú LOS ar 'uirbeach*'). Tabharfar cuireadh do ranna agus d'údaráis áitiúla comhthairiscintí iomaíocha a dhéanamh mar ghíaráil d'infheistíocht phoiblí agus phríobháideach eile, bunaithe ar mholtaí a shásóidh cuid de na critéir seo a leanas, nó iad go léir:

- Forbairt inlíontach uirbeach a chumasú nach dtarlódh gan iad.
- 'Inchónaitheacht' a cáiliúocht a fheabhsú ionas gur féidir dlús forbartha níos mó a bhaint amach
- Forbairt eacnamaíoch agus cruthú post a spreagadh trí chúinsí a chruthú a mheallfaidh infheistíocht shoghluaiste idirnáisiúnta agus deiseanna fáis don bhfiontraíocht dhúchasach.
- Tógáil ar acmhainní agus cumas atá ann cheana agus mais agus scála criticiúil a chruthú mar thiomántóirí fáis.
- Inrochtaineacht chuig agus idir lárionaid maise agus scála a fheabhsú chomh maith le comhtháthú níos fearr leis na ceantair mórtimpeall orthu.
- Trasdul chuig modhanna taistil níos inmharthanaí a chinntiú (siúl, rothaíocht, iompar poiblí) agus modhanna tomhaltas fuinnimh (éifeachtúlacht, in-athnuaite) i gcomhthéacs uirbeach.
- Soghluaisteacht saothair a spreagadh le gás faoi threoir fostaíochta a spreagadh, lena n-áirítear tithíocht inacmhainne, forbairt oideachais/scileanna agus seirbhísí feabhsaithe pobail agus teaghlaigh, lena n-áirítear leanaí.

Déanfar seachadadh ar fhás inmharthana i mbailte beaga na hÉireann (daonra <10,000 de réir sainmhíniú leathan an CNP ar 'tuaithe') agus i gceantair tuaithe tríd an Togra Fáis Chliste Náisiúnta trí mholtaí bunaithe ar thairiscintí ó Ranna agus údaráis áitiúla a shásaíonn cuid de na critéir a leanas, nó iad go léir.

- Tarraingteacht, inmharthanacht agus beocht bhailte beaga agus shráidbhailte a fheabhsú i gceantair tuaithe d'fhonn patrúin agus foirmeacha forbartha níos inmharthanaí a bhaint amach.
- Trasdul chuig modhanna taistil níos inmharthanaí a chinntiú (siúl, rothaíocht, iompar poiblí) agus modhanna tomhaltas fuinnimh (éifeachtúlacht, in-athnuaite) i mbailte beaga agus sráidbhailte.
- Fiontraíocht agus nuálaíocht a spreagadh agus a mhealladh i gcomhthéacs gheilleagar na tuaithe agus éagsúlú inmharthana, go háirithe mar ar féidir táirgeachtaí ísealcharbóin a bhaint amach.
- Freastal ar fhorbairt nideoige nó sainfhorbairt a chaithfidh a bheith i suíomh tuaithe mar gheall ar a nádúr agus a bhfuil sochair níos leithne inti don gheilleagar tuaithe áitiúil agus réigiúnach.
- Comhoibriú trasteorann idir contaetha agus réigiúin le torthaí níos inmharthanaí a bhaint amach do phobail tuaithe m.sh. lonnaíochtaí, tírdhreacha agus conláistí comhroinnte, chomh maith le talamh in úinéireacht stáit.
- Comhordú na sruthanna éagsúla maoinithe don fhorbairt tuaithe a thacaíonn le beartais chomhfhorbairt áite Éire 2040.

* Cuireann sé seo ar chumas bailte beaga agus meánmhéide idir 1,500 agus 10,000 duine a bheith páirteach i moltaí tuaithe nó uirbeacha Fáis Chliste, faoi réir ag nádúr na moltaí atá á ndéanamh.

Toradh Straitéiseach Náisiúnta

Inrochtaineacht Fheabhsaithe Réigiúnach

Nuair atá cuspóirí Fáis Chliste á mbaint amach, tacóidh forbairt bhreise na nascachta idir lárionaid daonra ar scála le cuspóirí Éire 2040. Beidh an fócas idir Corcaigh agus Luimneach ar dtús. Beidh inrochtaineacht níos fearr idir an ceithre chathair atá scartha ó Bhaile Átha Cliath agus go dtí na réigiúin ó thuaidh agus thiar ag tacú le cuspóirí Éire 2040. Le feabhas ar inrochtaineacht chuig an lathuaisceart tiocfaidh feabhas freisin ar iomaíochas agus tarraingteacht na gceantar is leochailí i leith tionchair Brexit.

Bóithre Idir-Uirbeacha

- Cumas straitéiseach agus sábháilteacht líonra na mbóithre náisiúnta a chothabháil agus pleanáil a dhéanamh le haghaidh feabhsúcháin cumais sa todhchaí.
- Amanna turais a fheabhsú, agus díriú ar mheánluas idir-uirbeach de 90ksu.
- Bainistíocht tráchta níos éifeachtúla a chumasú sna cathracha agus mórthimpeall orthu agus spás bóthair chroí na gcathracha a athdháileadh i leith seirbhísí iompair poiblí bunaithe ar bhusanna agus ar shaoráidí siúil agus rothaíochta.
- Réitigh bainistíochta tráchta i bhfoirm cuarbhoithre a chur chun cinn lena n-áirítear Cuarbhóthar na Gaillimhe agus uasghrádú (faofa) Acomhal Dhún Citil i gCorcaigh, an M8/N25/N40.

Inrochtaineacht ar an lathuaisceart

- Rochtain uasghrádaithe chuig ceantar teorann an lathuaiscirt, ag úsáid na mbealaí atá ann cheana (N2/N14/A5).
- Uasghrádú ar pháirteanna tuaisceartacha de bhealach N4 agus ar pháirteanna den phríomhbhealach náisiúnta N3/M3
- Forbairt chéimnitheach ar Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh ó Ghaillimh ó thuaidh le críochnú an M17/M18, uasghrádú ar pháirteanna den N17 ó thuaidh, mar is gá agus an nasc N15/N13 a uasghrádú.



Toradh Straitéiseach Náisiúnta

Nascacht Ardcháilíochta Idirnáisiúnta

Tá éifeachtúlacht ár nasc aerfoirt agus calafoirt chuig ár gcomharsana gairide, an RA, an AE agus an domhan mór an-tábhachtach dúinn mar oileán, ó thaobh iomaíochais agus teacht slán sa todhchaí. Beidh an comhoibriú agus comhfhorbairt na gceantar teorann ar nós conair Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste, an Iarthuaiscirt agus na gceantar lárnaigh teorann an-tábhachtach tar éis Brexit má tá cumas iomlán gheilleagar an oileán le baint amach.

Is aonáin tráchtála i seilbh an stáit iad na príomhcalafoirt agus na haerfoirt agus tá sé ar a gcumas a maoiniú féin a thiomsú. Ní gá don Státchiste tionscadail straitéiseacha tábhachtacha a mhaoiniú dóibh dá bhrí sin. Bainfear amach an t-ailíniú idir a bpleananna agus cuspóirí an Rialtais, lena n-áirítear an plean caipitiúil, tríd an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

Maidir le saoráidí aerfoirt, tá na príomh-aerfoirt, Baile Átha Cliath, Corcaigh, an tSionainn agus Cnoc Mhuire, chomh maith leis na haerfoirt bheaga réigiúnacha, an-tábhachtach mar bhonneagar forbartha náisiúnta agus réigiúnach.

Aerfoirt

- Rúidbhealaí agus saoráidí críochphoirt bhreise a fhorbairt ar nós an dara rúidbhealach do Aerfort Bhaile Átha Cliath de réir an chead pleanála atá tugtha.
- Rochtain ar talamh a fheabhsú go háirithe i leith iompair phoiblí ar nós tionscadal Metro-North i mBaile Átha Cliath.
- Bainistíocht chúramach ar thalamhúsáid i gceantair talún le díriú ar riachtanais anois agus amach anseo sna haerfoirt.

Maidir lenár saoráidí calafoirt, tá an treocht fhadtéarmach idirnáisiúnta i leith comhdhlúthú níos mó a dhéanamh ar acmhainní i gcalafoirt agus i loingeas d'fhonn barrfheabhas a bhaint amach ó thaobh éifeachtúlachta scála aitheanta i mBeartas Náisiúnta na gCalafoirt. Bíonn tionchar aige seo ar mhéid na soitheach, ar an doimhneacht uisce a bhíonn ag teastáil i gcalafoirt agus ar chineál agus ar scála nasc iompair na cúlchríche.

Tá an cur chuige i leith bheartas calafort ag teacht le mianta an bheartas pleanála maidir le comhdhlúthú acmhainne d'fhonn éifeachtúlachtaí optamacha scála a bhaint amach. Baineann stádas Sraith 1 na gcalafoirt agus a lán de na calafoirt thábhachtacha réigiúnacha le cathracha agus bailte náisiúnta agus réigiúnacha faoi Éire 2040.

Láimhseálann calafoirt Sraith 1 80% den trácht lastais calafoirt náisiúnta, tá siad suite in aice le N+Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach faoi seach agus measfar ról na gcalafoirt seo i gcomhar le riachtanais fhadtéarmacha bonneagair mar chuid den Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach agus Plean Straitéiseach na gCeantar Cathrach (MASP) agus próisis a bhfuil tuairisc orthu in áiteanna eile in Éire 2040. Mar shampla, tá nasc straitéiseacha iompair riachtanach le forbairt inmharthana fhadtéarmach a dhéanamh ar ár gcalafoirt. Go náisiúnta, tá na cuspóirí bonneagair seo a leanas sainaitheanta:

Calafoirt

Nasc iompair talún chuig na príomhcalafoirt a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Fás Chalafoirt Bhaile Átha Cliath a éascú trí éifeachtúlacht níos mó, fairsingiú teoranta isteach i gCuan Bhaile Átha Cliath agus rochtain fheabhsaithe bóthair, go háirithe chuig/ó cheantar dheisceart an chalafoirt.
- Nascacht bóthair go Calafort na Sionainne/Fhaing a fheabhsú, le seachbhóithre áitiúla san áireamh.

Toradh Straitéiseach Náisiúnta

Soghluaisteacht Inmharthana

Cuireann cathair Bhaile Átha Cliath Éire ar an léarscáil idirnáisiúnta níos mó ná aon chathair eile ar an oileán, ach tá sé ag brath go mór ar iompar bóthair atá ag éirí plúchta. Is forbairtí tábhachtacha atá sa bhonneagar mór iarnróid leictreach poiblí a shainaithnítear sa Straitéis Iompair do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath, ar nós Metro North agus tionscadail leathnaithe an DART chomh maith leis an gclár infheistiúcháin BusConnects a chuirfidh le hiomaíochas idirnáisiúnta na príomhchathrach.

Tá ról an-tábhachtach freisin ag an bpríomhlíonra iarnróid idir cathracha ó thaobh roghanna inmharthana taistil a thairiscint, an rogha a thabhairt a bheith ag obair le linn a bheith ag taisteal agus abhantrach saothair a leathnú chun leasa an iomaíochais idirnáisiúnta i mórchathracha an oileáin. Tá an cumas ann chun na naisc deacháilíochta idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste agus Corcaigh a fhorbairt mar chnámh troma iarnróid don oileán trí luas ar líne agus an tseirbhís a fheabhsú.

Tacaíonn soláthar chóras iompair poiblí chomhtháite atá ag feidhmiú go maith le cuspóirí Éire 2040, ag cur le hiomaíochas, le forbairt inmharthana eacnamaíoch agus ag tabhairt roghanna inmharthana soghluaisteacha do na saoránaigh.

Iompar Poiblí

- Roghanna mealltacha iompair poiblí sechas iompar i gcarranna a leathnú amach le plúchadh tráchtacha agus astúcháin a laghdú agus a chur ar chumas an earnáil iompair freastal ar éilimh a bhaineann le fás daonra agus fostaíochta fadtéarmach ar bhealach inmharthana trí na bearta seo a leanas:
- Nascacht iompair poiblí a neartú idir cathracha agus bailte mórfháis in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann le seirbhísí feabhsaithe agus amanna taistil iontaofa.
- Na príomhchuspóirí iompair poiblí a sheachadadh sa Straitéis Iompair do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 trí infheistiú i dtionscadail ar nó Metro nua an Tuaiscirt, Clár Fairsingithe DART, BusConnects i mBaile Átha Cliath agus tionscadail thábhachtacha busanna i gcathracha agus i mbailte eile.
- Bonneagar agus seirbhísí iompair poiblí a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanas na mbailte beaga, na sráidbhailte agus na gceantar tuaithe.
- Líonra cuimsitheach de bhealaí sábháilte rothaíochta a fhorbairt i gceantair chathrach le freastal ar riachtanais taistil agus saoráidí cosúla a sholáthar i mbailte agus i sráidbhailte mar is cuí.



Toradh Straitéiseach Náisiúnta

Geilleagar Láidir Digiteach

Sa ghearrthearma, bainfear lánúsáid as deiseanna a sholáthraítear trí rochtain ar sheirbhísí ardcháilíochta leathanbhanda trí leathadh amach sciar idirghabhála an stáit den Phlean Leathanbhanda Náisiúnta, le mórathrú a dhéanamh i nascacht dhigiteach agus le cinntiú go síneann an clúdach amach go ceantair iargúlta ar a n-áirítear sráidbhailte, ceantair tuaithe agus oileáin.

Chomh maith leis sin, tá Éire an-tarraingteach ó thaobh nascacht dhigiteach idirnáisiúnta, cúinsí aeráide agus fuinnimh in-athnuaite reatha agus sa todhchaí le bonneagar digiteach idirnáisiúnta, ar nós lárionaid sonraí a fhorbairt. Cuireann an earnáil seo bonn faoi sheasamh idirnáisiúnta na hÉireann mar láthair TCF agus cruthaíonn sé sochair bhreise maidir le tairseach éilimh a bhunú don fhorbairt leanúnach ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Tá réimse leathan ann freisin le teas fuíll a athchúrsáil ó lárionaid sonraí le haghaidh úsáid tháirgiúil, a d'fhéadfadh a bheith as an suíomh.

Cumarsáid

- Feidhmiú an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda
- Naisc idirnáisiúnta Snáithoptaice a fheabhsú, lena n-áirítear lán-idirnascadh idir líonraí snáithoptaice i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann.
- Éire a chur chun cinn mar cheann scríbe inmharthana idirnáisiúnta do bhonneagair TCF ar nós lárionaid sonraí agus gníomhaíochta gaolmhara eacnamaíocha.
- Ár gcathracha a chur chun cinn mar thaispeáinteoirí faisnéise don 5G agus do theicneolaíocht na cumarsáide.

Toradh Straitéiseach Náisiúnta

Cumasú na bPobal Tuaithe

Tá borradh ag teacht ar scéimeanna agus beartais mhaoinithe tríd an bPlean Gníomhaíochta do Fhorbairt na Tuaithe, le forbairt agus éagsúlú gheilleagar na tuaithe a thiomáint chun cinn, ar nós an scéim náisiúnta leathanbhanda thuasluaite.

I gcomhar le hathnuachan uirbeach agus sráidbhailte níos leithne, tograí tithíochta agus forbartha pobail, déanfaidh toise suáilce an togra fáis cliste iarracht timthriall suáilceach pleanála forásach a chruthú don infheistíocht agus don éagsúlú eacnamaíoch inár mbailte agus inár sráidbhailte tuaithe, ag déanamh athchuspóirí orthu le haghaidh dúshláin na todhchaí.

Tá tús láidir curtha freisin le Líonra fadraoin náisiúnta de Bhealaí Glasa agus Bealaí Gorma a fhorbairt. Léirigh líonra mar seo, lena n-áirítear siúl agus rothaíocht tuaithe agus bealaí siamsaíochta uisce, ardchumas le beatha nua a thabhairt do láithreacha réigiúnacha agus tuaithe trí chás a dhéanann leas do chách le méadú ar ghníomhaíocht turasóireachta agus taisteal níos sláintiúla.

Le tuilleadh forbartha ar an líonra seo déanfar éagsúlú ar gheilleagar na tuaithe trí ghlacadh leis an ionchas chun méadú mór a dhéanamh ar an éileamh ar thurasóireacht bunaithe ar ghníomhaíocht.

Forbairt na Tuaithe

- Feidhmiú na ngníomhartha atá imlínithe i bPlean Gníomhaíochta Fhorbairt na Tuaithe.
- Forbairt fhorásach ar leathanbhanda tuaithe faoin bPlean Leathanbhanda Náisiúnta.
- Togra spriocdhírthe fáis cliste le deiseanna athbheochan agus athchuspóiríú bailte agus sráidbhailte tuaithe atá lagaithe ag athruithe struchtúracha i ngeilleagar na tuaithe agus i bpatrúin lonnaithe a chumasú.
- Infheistíocht i gcothabháil na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla agus i dtionscadail straitéiseacha feabhsú bóthair i gceantair tuaithe le rochtain ar sheirbhísí rithábhachtacha ar nós oideachas, cúram sláinte agus fostaíochta a chinntiú.
- Infheistíocht i mbealaí glasa agus i mbealaí gorma mar chuid de straitéis chomhordaithe náisiúnta.
- Tacaíocht leanúnach trí Chomhbheartas dea-mhaoinithe Talmhaíochta don earnáil Agraibhia.

Toradh Straitéiseach Náisiúnta

Conláiste Feabhsaithe Uirbeach

Léiríonn na torthaí is déanaí ón daonáireamh méaduithe móra i sciar na ndaoine atá ag taisteal ar rothar agus ag súil san áit a bhfuil infheistíocht déanta i dtaisteal gníomhach, i saoráidí coisithe agus rothaíochta agus nuair a dhéantar sráideanna sábháilte agus níos tarraingtí ó thaobh spásanna poiblí agus líonraí de pháirceanna agus de chonláistí.

Líonraí agus Bonneagar Glas

- Beidh sé riachtanach do Phleananna Straitéiseacha Cheantair Uirbeacha straitéis do pháirceanna agus conláistí uirbeacha a chur san áireamh.
- Cuirfear feidhmiú na Straitéisí pleanála agus iompair do chúig chathair agus do cheantair uirbeacha eile chun cinn le fócas mór ar bhealaí siúil agus rothaíochta a fhorbairt lena n-áirítear líonraí leanúnacha bhealaí glasa agus bearta spriocdhírithe le tréscailteacht agus nascacht a fheabhsú.
- Déanfar iarracht sna tograí Fáis Cliste athrú ó bhonn a spreagadh sa réimse poiblí le tograí a thabharfaidh ceantair lár cathrach ar ais do na saoránaigh, níos mó daoine a spreagadh le cónaí i lár na gcathracha agus na mbailte, spásanna siamsaíochta agus tarraingteacht chultúrtha, turasóireachta agus bolscaireachta a fheabhsú.
- Déanfar straitéisí a fhorbairt agus a fheidhmiú le tacú le taisteal gníomhach uirbeach.



Toradh Straitéiseach Náisiúnta

Aistriú chuig Fuinneamh In-athnuaite

Beidh córais nua fuinnimh agus greillí tarchuir de dhíth do chóras níos scaipthe agus dírithe níos mó ar ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite, ag tarraingt as an acmhainn chumasach amach ón gcósta agus ar talamh ó fhoinsí ar nós na gaoithe, tonnta agus na gréine agus ag nascadh na bhfoinsí is saibhre den bhfuinneamh sin leis na príomhfhoinsí éilimh. Is imreoirí tábhachtacha iad fiontair thráchtála in úinéireacht Stáit sa mhargadh fuinnimh, atá faoi réir ag creat rialála an AE. Tá tobhach oibleagáide seirbhíse poiblí an le tacaíocht bheartais phoiblí le fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn.

Beidh forbairt fhorásach straitéiseach ar ghreille fuinnimh de chineál éagsúil ag teastáil le córais táirgíocht fuinnimh a éagsúlú ó bhreoslaí iontaise go fuinneamh glas: gaoth, tonnta, grian agus bithmhais, chomh maith le córais chliste fuinnimh agus an timpeallacht thógtha a iompú le bheith ina ghinteoir/tomhaltóir fuinnimh, agus fliteanna iompair a leictriú.

Braitheann forbairt an fhuinnimh in-athnuaite ar talamh agus amach ón gcósta go mór ar bhonneagar cumasaithe a fhorbairt lena n-áirítear saoráidí greille a thabharfadh an fuinneamh chun tíre mar a bhfuil mórfhoinsí éilimh don bhfuinneamh. Ní mór dúinn freisin infheistíocht i bhfuinneamh in-athnuaite a fhócasú ó thaobh tíreolaíochta leis an méid infheiste i ngreille breise a íoslaghdú, trí fhoinsí in-athnuaite agus an greille a chomhlonnú mar shampla.

Baineann Éire leas as idirnasc le líonra píblínte gáis RA agus cé go bhfuil dhá phointe iontrála ar leith isteach in oileán na hÉireann, tá an dá phíblíne nasctha trí shaoráid amháin i Moffat, in Albain.

Tá ár n-acmhainn stórála gáis teoranta freisin, rud a chruthaíonn riosca suntasach ó thaobh slándáil an tsoláthair, agus a chuireann srian ar bhainistíocht na luaineachta séasúrach i bpraghsanna gáis.

Fuinneamh Glas

- 40% dár riachtanais leictreachais a sheachadadh ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020 le haidhm straitéiseach de níos mó ná 50% faoi 2030 agus ina dhiaidh sin ag úsáid foinse gaoithe, toinne, gréine, bithmhaise agus hidrileictreacha.
- An líonra tarchuir a threisiú le fás pleanáilte a éascú agus fuinneamh in-athnuaite a ghintear a aistriú go dtí na príomhionaid éilimh.
- Slándáil agus seasmhacht fuinnimh a neartú le tacú le daonra 8 milliún ar an oileán trí idirnasc éifeachtúil thuaidh theas chomh maith le roghanna idirnasctha eile a fhiosrú sa bhfadtearma go 2040 ar nós 'Idirnascóir Ceilteach' leis an Fhrainc.
- Giniúint leictreachais carbón-neodrach a bhreithniú a éascófaí trí ghabháil agus stóráil carbóin ag baint úsáide as Gáscheantar Chinn tSáile.
- Le hIdirnascóir Náisiúnta (Fáinne fomhuirí timpeall na hÉireann le nasc chuig an AE tríd an Idirnascóir Ceilteach atá molta) nó réitigh eile beifear in ann Éire a cheangal le Córas greille leictreachais an AE.
- An Plean Náisiúnta do Ghreille Cliste a fheidhmiú go céimiúil le naisc nua, cothromú greille, bainistíocht fuinnimh agus forbair micrighreillí.

Toradh Straitéiseach Náisiúnta

Bainistíocht inmharthana ar Acmhainní Uisce agus Acmhainní Comhshaoil eile

Tá infheistíocht i mbonneagar seirbhísí uisce rithabhachtach d'fheidhmiú Éire 2040. Déanfaidh Uisce Éireann uasdátú ar Phlean Straitéiseach Seirbhísí Uisce i bhfianaise na mbeartas sa Chreat Pleanála Náisiúnta, le freastal ar riachtanais na forbartha sa todhchaí agus ar riachtanais chomhshaoil ar nós na n-oibleagáidí faoi Phleananna Bainistíocht Abhantrach atá sainorduithe ag Treoir Chreat Uisce an AE.

Níl líonraí seirbhíse uisce poiblí ar fáil do go leor bailte beaga agus sráidbhailte, i bhfoirm soláthar uisce ná cóireáil fuíolluisce. Cé go bhfuil cur chuige nua faoi threoir phlean agus le hinfheistíocht chomhoibritheach á thosú leis an bPlean Straitéiseach do Sheirbhísí Uisce le tacú le fás inmharthana i mbailte agus i sráidbhailte tuaithe, beidh gá le tuilleadh tograí fáis cliste le hacmhainn chomhtháthaithe na bpáirtithe leasmhara go léir a thabhairt le chéile le réitigh seirbhísí uisce inmharthana a bhunú ionas go mbeidh bailte beaga agus sráidbhailte in ann dul chun cinn agus forbairt inmharthana a dhéanamh.

Beidh tionchair mhóra ag athrú aeráide chomh maith ar infhaighteacht fhoinsí uisce agus ar acmhainn na ndobharlach glacadh le scaoileadh fuíolluisce mar gheall ar leibhéil uisce níos ísle in aibhneacha agus lochanna le linn samhraidh níos faide agus níos tirime. Ní mór tionchar an athrú aeráide ar an timthriall uisce agus an toradh a bheidh aige ar sheirbhísí uisce agus tuilte a chur san áireamh mar sin i straitéisí lonnaithe mar go bhféadfadh tionchar mór a bheith ag an athrú aeráide ar infhaighteacht fhoinsí uisce agus ar acmhainn na ndobharlach.

Uisce

- Treoir AE um Thuilte agus feidhmíocht phleananna an Chreat -Treoir Uisce agus na pleananna reachtúla a chomhordú ar fud an ordlathas pleanála, lena n-áirítear treoir náisiúnta maidir leis an gcaidreamh idir an córas pleanála agus bainistíocht na n-abhantrach. Cinnteoidh na húdaráis áitiúla, an Roinn Tithíochta Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Oifig na nOibreacha Poiblí agus ranna agus gníomhaireachta ábhartha eile ag obair le chéile le moltaí an chlár Bainistíocht agus Measúnú Baol Tuilte Abhantrach a chur i bhfeidhm go forásach.
- Scaoileadh gan chóireáil as lonnaithe a dhíothú sa ghearrthéarma, agus pleanáil straitéiseach a dhéanamh don fhás fadtéarmach i gcomhar le Éire 2040.
- Cur chuige nua infheistíochta don lonnaithe tuaithe a fhorbairt i gcomhar le hUisce Éireann, údaráis áitiúla, lucht forbartha agus na pobail le cinntiú go gcuirfear réitigh seirbhísí inmharthana uisce i bhfeidhm go forásach.

- Tá foinse nua fadtéarmach soláthar uisce riachtanach do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, mar a bhfuil Ceantar Soláthar Uisce Bhaile Átha Cliath, faoi lár na 2020í, le soláthar a dhéanamh don fhás atá beartaithe go dtí 2050 agus le seasmhacht agus slándáil an tsoláthair don réigiún a fheabhsú. Beidh sé riachtanach treoir agus tosaíocht a thabhairt don soláthar bonneagair le sochar a dhéanamh don líon is mó ceantar is féidir sa tír.
- Staidéar Straitéiseach Draenála Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm, tríd an acmhainn i ngléasra cóireála fuíolluisce a mhéadú (An Rinn) agus gléasra nua cóireála a sholáthar i gContae Bhaile Átha Cliath Thuaidh - Tionscadal Draenála Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath mar a thugtar air.
- Bonneagar uisce stoirme a fheabhsú le draenáil inmharthana a fheabhsú agus riosca tuilte a laghdú sa timpeallacht uirbeach.
- Comhlíonadh le riachtanais an Treoir Fuíolluisce Uirbeach a mhéadú ó 39% inniu go 90% faoi dheireadh 2021, 99% faoi 2027 agus 100% faoi 2040.
- Sceitheadh a laghdú, agus éileamh ar infheistíocht chaipitil a íoslaghdú.

Bainistíocht Éifeachtúil Dramhaíola

Tá bainistíocht dramhaíola in Éirinn faoi threoir go príomha ag beartais bainistíocht dramhaíola náisiúnta agus pleananna bainistíocht dramhaíola réigiúnacha.³⁵ Beidh na nithe seo a leanas riachtanach don phleanáil do chóireáil dramhaíola go dtí 2040:

- Acmhainn bhreise chóireáil sloda agus cur chuige caighdeánaithe i mbainistíocht sloda fuíolluisce le roghanna chun fuinneamh agus acmhainní eile a bhaint as.
- Cóireáil bhitheolaíoch agus níos mó díleá anaeróbach a úsáid le níos mó asraonta sábháilte do dhramhaíl bithchobhsaithe iarmharach.
- Saoráidí dramhaíola go fuinneamh a dhéanfaidh cóireáil ar dhramhaíola iarmharacha nach féidir a athchúrsáil mar bhealach inmharthana le sochair ar nós leictreachas agus teas a sheachadadh.

Dramhaíl

- Beidh na SSER agus croi-straitéisí na bPleananna do Cheantair Uirbeacha (MASP) ag tacú le beartas náisiúnta agus réigiúnach dramhaíola agus úsáid éifeachtúil acmhainní.
- Déanfar líonraí teasa díreacha a fhorbairt nuair is indéanta go teicniúil le cabhrú le spriocanna teasa in-athnuaite a bhaint amach agus astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann a laghdú.
- Saoráid riachtanacha cuí bainistíocht dramhaíola guaiseacha a fhorbairt ionas nach mbeidh cóireáil riachtanach in áiteanna eile.

Toradh Straitéiseach Náisiúnta

Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte d'Ardcháilíocht

Ní mór dár gcórais chúram leanaí, oideachais agus sláinte pleanáil chun cinn le bheith ullamh d'impleachtaí milliún duine breise faoi 2040.

Oideachas

Beidh soláthar ionaid chúram agus oideachais luathóige, scoileanna, coláistí agus ollscoileanna rithabhachtach d'fhás agus d'fhorbairt na gcathracha agus na réigiún sa todhchaí. Beidh tionchar acu ar fhorbairt an duine aonair agus an phobail, ar cháilíocht na beatha, ar chomhtháthú sóisialta, ar infhaighteacht conláistí, agus beidh tionchar tábhachtach acu ar chúinsí taighde agus nuálaíochta, infheistíocht isteach agus rochtain ar mhargáí saothair.

Mar gheall ar na hathruithe a bheidh ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, beidh gá le hanailís níos mó ar riachtanais chaipitil le tacú le hinfeistíocht i gcúram leanaí go háirithe.

Tá pleanáil agus infheistíocht straitéiseach ag teastáil le cúram leanaí, oideachas agus oiliúint a sholáthar, le seachadadh pobal inmharthana a threisiú, iniamh a chur chun cinn agus rogha agus inrochtaineacht a thairiscint chuig oideachas agus fostaíocht d'ardchaighdeán. Is féidir déileáil níos éifeachtúla leis an phleanáil do bhonneagar cúram leanaí, oideachais agus oiliúna le freastal ar mhéadú ar éileamh i gcomhthéacs chomhoibriú tras-rialtais trí Chreat Náisiúnta le tacaíocht ó infheistíocht straitéiseach:

Oideachas

- Tá gá le hinfeistíocht bhreise in earnáil na scoileanna le coinneáil suas le héileamh déimeagrafach agus le bainistíocht a dhéanamh ar chostais tógála agus láithreán atá ag méadú. Soláthar scoileanna nua nó athchóirithe ar láithreacha dea-shuite i gceantair ina bhfuil tógáil déanta nó in aice leo, le freastal ar riachtanais ilghnéitheacha an daonra áitiúil atá iontu.
- Saoráidí tríú leibhéal a leathnú agus a chomhdhlúthú in ionaid mar a neartófar cumas na n-institiúidí seo leis an talann atá riachtanach le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta sna réigiúin a thiomáint. Is tionscadal suaitheanta criticiúil bonneagair é comhdhlúthú champas DIT i nGráinseach Ghormáin don earnáil oideachais tríú leibhéal.

- Beidh infheistíocht in ardoideachas agus i mbreisoideachas ina thiomántóir tábhachtach d'iomáiochas na hÉireann. Cláir foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt, go háirithe i réimsí oideachais agus oiliúna ina bhfuil bearnaí scileanna aitheanta ag fostóirí agus ag an gcóras breisoideachais agus ardoideachais ag obair le chéile trí Fóraim Scileanna Réigiúnacha ag freagairt do riachtanais scileanna a réigiún.

Sláinte

Agus saoráidí nua cúram sláinte á bhforbairt ní mór aird a thabhairt ar shuíomh, líon, próifíl agus riachtanais an daonra le rochtain ar an gcúram is oiriúna a chinntiú, agus cáilíocht an chúraim a chinntiú chomh maith go háirithe maidir le seirbhísí ospidéal dianchúraim níos casta.

Aithnítear iad seo a leanas go náisiúnta:

Seirbhísí Ospidéil Dianchúraim

Seirbhísí ospidéal dianchúraim a sheachadadh trí straitéisí agus beartais ar nós an Straitéis Máithreachais Náisiúnta agus an Clár Rialú Ailse Náisiúnta a fheidhmiú, chomh maith le réimse leathan clár agus tionscadal lena n-áirítear:

- Straitéis phéidiatraiceach le seirbhís chúram sláinte náisiúnta phéidiatraiceach a sholáthar trí Ospidéal Náisiúnta Leanaí nua a thógáil maraon lena haonaid thánaisteacha ghaolmhara.
- Straitéis mháithreachais lena n-áirítear comhlonnú an Ospidéil Máithreachais Náisiúnta agus ospidéal aonaracha máithreachais eile ar champais ospidéal dhianchúraim.
- Acmhainn bhreise náisiúnta a thógáil de réir riachtanas sainaitheanta seirbhíse.
- Athchumraíocht seirbhísí dianchúraim laistigh de na grúpaí ospidéal.
- Leathnú fhlít na nOtharcharr agus bunáiteanna leathnaithe otharcharr.
- Clár Náisiúnta Rialú Ailse - aonaid lae oinceolaíochta a sholáthar ar bhonn náisiúnta.

Seirbhísí Cúram Sláinte sa Phobal

Athrú ar sheachadadh chúram sláinte a éascú trí acmhainn an cúram príomhúil a mhéadú, lena n-áirítear:

- Ionaid chúraim phríomhúla a sholáthar ar bhonn náisiúnta le freastal ar athruithe daonra le foirgnimh nua agus athchóireáil ar fhoirgnimh atá ann cheana.
- Leathnú ar dhiagnóisic pobail agus mionmháinliacht.

Seirbhísí Comhtháite Sláinte agus Cúraim Shóisialta

Aistriú daoine thar na seirbhísí a éascú, cúram ildisciplíneach a sholáthar ag an leibhéal castachta is ísle in aice le háit chónaithe na ndaoine. Díriú ar rochtain ar sheirbhísí cúraim phríomhúla agus phobail a fheabhsú, lena n-áirítear:

Meabharshláinte - Fís don Athrú

- Ospidéal Náisiúnta Foiréinseach Meabharshláinte a fhorbairt.
- Athsholáthar agus soláthar Aonaid bhreis Meabhairshláinte, cóiríocht Chónaitheach ar bhonn náisiúnta.

Seirbhísí Míchumais

- Athfhorbairt ar an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin agus Ionaid Athshlánúcháin Míchumais a bhunú ar fud na tíre.
- Ospidéal Lae/Ionaid Chúram Lae a sholáthar mar chuid den Néaró-straitéis.
- Athchumraíocht ar shaoráidí cúraim chónaitheacha atá ann cheana agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine míchumais le maireachtáil go neamhspleách lasmuigh de shuímh chomhchónaithe.

Seirbhísí do Dhaoine Breacaosta

- Athsholáthar agus nuachóiriú ar 90 Aonad Altrachta Pobail agus cóiríocht bhreise céim síos agus fadchónaithe a sholáthar.



10 Measúnacht Tionchair Timpeallachta

10.1 Réamhrá

Rinneadh measúnaithe áirithe comhshaoil mar chuid den ullmhúchán don dréacht don Chreat Pleanála Náisiúnta Éire 2040. Ina mheasc bhí Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST), Measúnú Oiriúnachta (MO) agus Breithmheas Riosca Tuilte (BRT).

Rinneadh na measúnuithe seo ionas gur féidir tionchar ardleibhéil na gCuspóir Beartais Náisiúnta agus na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta atá molta ar an gcomhshaoil a luacháil agus a úsáid mar threoir don Chreat Pleanála Náisiúnta.

Tá sé seo ann le cinntiú go bhfreagraíonn an straitéis fáis agus na cuspóirí agus na torthaí náisiúnta d'íogaireachtaí agus do riachtanais an chomhshaoil i gcoitinne .i. na tionchair ionchasacha comhshaoil a bheadh ag cinntiú maidir le freastal ar fhás agus ar fhorbairt na todhchaí agus mar is féidir tionchair dhíúltacha a laghdú, a chúiteamh nó a sheachaint.

Cinntoidh sé seo go mbeidh an straitéis fáis agus na cuspóirí agus na torthaí náisiúnta ag freagairt d'íogaireachtaí agus riachtanais an chomhshaoil i gcoitinne



Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST)

Tá sé de chuspóir ag an MST luacháil a dhéanamh ag céim luath, ar réimse na n-iarbhairtí comhshaoil a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar fheidhmiú an CNP agus deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara a dtuairim a thabhairt faoi na tionchair mheasta nó iarbhir a bheadh ag an moladh.

Aistríodh an Treoir Eorpach (2001/42/EC) ar Mheasúnú Tionchair Phleananna agus Chláir Áirithe ar an gComhshaoil (an Treoir MST) go reachtaíocht náisiúnta na hÉireann le Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Measúnú Comhshaoil ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe) 2004 (I.R. 435/2004) agus na Rialacháin Pleanála agus Forbartha (Measúnú Straitéiseach Timpeallachta) 2004 (I.R. 436/2004), mar atá leasaithe.

Mar atá ráite sa treoir, is é is cuspóir don MST "soláthar a dhéanamh le haghaidh leibhéal ard cosanta don timpeallacht agus tosca comhshaoil a áireamh le linn pleananna agus cláir a ullmhú agus a ghlacadh d'fhonn forbairt inmharthana a chur chun cinn".

Tá tosca comhshaoil comhtháite ag MST sa Chreat mar seo a leanas:

- Forbairt agus measúnú roghanna malartacha.
- Measúnú agus mionleasú ar Chuspóirí Beartais Náisiúnta (CBN) agus Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (TSN).
- Bearta maolaithe molta le dul i ngleic le tionchair ionchasacha a eascraíonn as na roghanna, nuair atá CBN agus TSN measta.
- Téacs breise tacaíochta leis na ceangaltais sa CFN a neartú ar son chosaint an chomhshaoil.

Measúnú Oiriúnachta

Is próiseas é an Measúnú Oiriúnachta (MO) le tabhairt faoi mheasúnú cuimsitheach ar thionchar éiceolaíoch aon phlean nó tionscadail, lena impleachtaí a scrúdú, leis féin nó i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile, ar shuíomh amháin nó níos mó de Shuímh Eorpacha, mar atá luaite in Alt 6 (3) de Threoir Ghnáthóga an AE.

Leagan Treoir 92/43/EEC na Comhairle ar chaomhnú gnáthóga nádúrtha agus flóra agus fauna fiáin mar dhualgas ar bhallstáit Limistéir Speisialta Chaomhnaithe (LSC) a ainmniú le gnáthóga agus speicis thábhachtacha i gcomhthéasc an Aontais Eorpaigh a chosaint agus a chaomhnú. Ainmnítear Limistéir Speisialta Chaomhnaithe (LSC) faoin Treoir um Chaomhnú Éan Fiáine (79/409/ECC) mar atá códaithe ag Treoir 2009/147/EC.

Tá alt 6 ar cheann de na hait is tábhachtaí sa Treoir Ghnáthóga maidir leis an gcaidreamh idir an caomhnú agus úsáid suímh a dheimhniú. Éilítear in Alt 6: "Beidh aon phlean nó tionscadal nach bhfuil ceangailte go díreach nó riachtanach do chaomhnú suímh ach a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu air, as féin nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, faoi réir ag Measúnú Oiriúnach (MO) ar a impleachtaí don suíomh i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe an tsuímh."

Tá an Treoir Ghnáthóga aistrithe go dlí na hÉireann san Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (mar atá leasaithe) agus i Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (mar atá leasaithe). I gcomhthéacs an dréacht CNP, is é Rialachán 27 de na Rialacháin Éin agus Gnáthóga Nádúrtha 2011 an rialachán rialaithe ina leagtar amach dualgais na n-údarás áitiúla maidir le caomhnú an dúlra.

Tá dualgas ar údarais áitiúla, agus a gcuid feidhmeanna á gcleachtadh acu, bearta cuí a thógáil le meath na ngnáthóga nádúrtha agus ghnáthóga speiceas i Suímh Eorpacha, a sheachaint, chomh maith le cur isteach ar speicis a bhfuil suíomh ainmnithe dóibh a oiread is a bhíonn an cur isteach sin suntasach maidir le cuspóirí an Treoir Ghnáthóga. Tá Ráiteas Tionchair Natura ullmhaithe le tacú leis an phróiseas AA le harid ar riachtanais reachtúla an AE agus ar an dlí náisiúnta.

Tá sé de dhualgas ar údarais phoiblí, agus a bhfeidhmeanna á n-oibriú acu, céimeanna cuí a ghlacadh le meath na ngnáthóga nádúrtha a sheachaint



Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte

Tá méadú ar riosca tuilte de thoradh phleanáil talamhúsáide, thar aon rud eile, ar cheann de na saincheisteanna oidhreachta is costasaí (comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha) atá ann mar gheall ar chinntí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla talamhúsáide roimhe seo. Cabhróidh na cuspóirí agus na torthaí beartais sa CNP leis na saincheisteanna oidhreachta agus cosnóidh siad pleananna na toadhcháí, ar nós na Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha agus na Pleananna Forbartha Contae atá forbartha faoin CNP.

Is é cuspóir an BRT a chinntiú go gcuirfear riosca tuilte san áireamh i mbeartas pleanála agus freastal á dhéanamh ar fhás sa todhcháí agus gur féidir tabhairt faoi na riachtanais phleanála agus bonneagair atá ag teastáil le fás ionchasach a éascú.

Cabhróidh na cinntí a dhéantar sa CNP anois le dul i ngleic le saincheisteanna oidhreachta agus le pleananna nua a bheith seasmhacht i leith na todhcháí. Is tiomántóirí tábhachtacha iad Beartas Tuilte Náisiúnta 2004 agus Treoir Tuilte an AE do bhainistíocht riosca tuilte in Éirinn. Rinneadh an clár Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Abhantrach (CFRAM) a fhorbairt mar fhreagairt do riachtanas na dtiomántóirí seo agus tá measúnú cuimsitheach ar cheantair ardriosca tuilte agus pleananna beartaithe le riosca a mhaolú agus a laghdú in Éirinn curtha ar fáil acu. I gcomhthráth le clár an CFRAM, agus le forbairt mhíchuí eile a mhaolú i gceantair ardriosca tuilte, foilsíodh Treoirlínte an Chóras Pleanála agus Bhainistíocht Riosca Tuilte sa bhliain 2009.

Tá na Treoirlínte Riosca Tuilte lárnach d'fhorbairt an MRT mar go mbunaíonn an eochair-cháipéis seo sásanna le talamhúsáid agus pleanáil Bhonneagair a chomhtháthú leis an gcleachtas is fearr i leith bainistíocht riosca tuilte. Tugtar isteach coincheap an 'cur chuige seicheamhach' sna Treoirlínte, mar a mbíonn seachaint limistéir ardriosca tuilte mar chéad thoisce, agus mura mbíonn sé sin praiticiúil, go ndéantar rogha malartach talamhúsáide a mheas, nach mbeadh chomh soghonta. Nuair nach féidir seachaint ná ionadú a dhéanamh, ní mór argóint théagartha a dhéanamh, maraon le bearta inmharthana maolaithe, le cinntiú nach méadóidh an fhorbairt bheartaithe an riosca tuilte, faoi láthair nó sa todhcháí, nuair a chuirtear na tionchair atá á dtuar ó athrú aeráide san áireamh go hiomlán.

Forluí MST, MO agus BRT le Creat Éire 2040

Tá Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST) Éire 2040 déanta i gcomhthráth le hullmhú Measúnú Oiriúnachta (MO) agus Ráiteas Tionchar Natura (RTN). Tá forluí áirithe idir riachtanais an MST agus an MO agus de réir na gcleachtas is fearr, bhí próiseas comhtháite chomhroinnt sonraí ann, lena n-áirítear comhroinnt sonraí bonnlíne agus mapáil na Suíomh Eorpacha, comhroinnt thionchair ionchasacha éiceolaíocha an NPF ar Shuíomh Eorpacha agus soiléiriú maidir le cuid de na gnéithe teicniúla de Chreat Éire 2040. Bhí na próisis seo le chéile mar threoir agus mar mhúla leis an Chreat a fhorbairt. Cuireadh torthaí an BRT isteach go díreach i dTuarascáil Chomhshaoil an MSC agus tá na trí cháipéis áirithe sa dréacht-phlean.

Tá sé tugtha faoi deara freisin go bhfuil saincheisteanna a bhaineann leis an Treoir Ghnáthóga nach mbaineann go díreach leis an MO. Sna cásanna seo, tá na saincheisteanna tugtha ar aghaidh chuig ranna bithéagsúlachta, flóra agus fauna an MSC agus pléitear iad sa chomhthéacs seo mar chuid de na measúnuithe leathana a bhí mar threoir do Éire 2040.

Déantar foráil sa CNP le gach cineál riosca tuilte a mheasúnú i gcomhthéacs náisiúnta agus tugadh aird sa mheasúnú a rinneadh mar chuid den phróiseas MSC ar na tionchair a sainaithníodh sa BRT.

Agus an CNP á ullmhú, úsáideadh uirlís Mapáil Íogaireacht Timpeallachta (MÍT) san MSC agus sna measúnuithe comhshaoil. Is bealach é an mapáil íogaireacht timpeallachta le limistéir íogaire timpeallachta a shainaithint ag leibhéal straitéiseach agus tionchair chanaíoch agus chomhcheangailte ar an gcomhsaoil a léiriú. Tugann sé forléargas físiúil freisin d'íogaireacht choibhneasta limistéar, go háirithe mar a thrasnaíonn siad a chéile, d'fhonn cur chuige níos straitéisí agus níos feasaí a sholáthar don phleanáil.

10.2 | Tosca Comhshaoil a Chomhtháthú sa Chóras Pleanála

Is cáipéis traitéiseach creat é an CNP agus tabharfar tacaíocht dó le sraitheanna téagartha pleananna réigiúnacha agus áitiúla laistigh d'ordlathas foriomlán.. De réir mar a dhéanfar na sonraí a fhorbairt síos tríd an ordlathas, beidh gá le deis bhreise le measúnú fócasaithe a dhéanamh mar threoir don chinnteoireacht ag mionleibhéil nach féidir a dhéanamh ar scála náisiúnta.

Tá sé tábhachtach dá bhrí sin nuair a dhéantar athbhreithniú ar straitéisí agus pleananna eile nó nuair a dhéantar athruithe faoi thionchar chuspóirí beartais agus torthaí náisiúnta Éire 2040, go gcuirtear aon riachtanas comhshaoil ábhartha san áireamh. Is ceart go mbeadh measúnú comhshaoil san áireamh i gach staidéar imscrúdaitheach agus féidearthachta a dhéantar le tacú le cinnteoireacht maidir leis an gCreat seo ina meastar tionchair ionchasacha ar an gcomhshaoil i gcoitinne, lena n-áirítear go sonrach Líonra Natura 2000.


Ag leibhéal an tionscadail, ní mór go mbeadh ceann nó níos mó díobh seo a leanas, mar is ábhartha, áirithe le gach iarratas ar thoilithe forbartha do thionscadail a eascróidh as aon bheartas a bhféadfadh tionchair shuntasacha a bheith acu ar an gcomhshaoil:

- Tuarascáil Measúnú Tionchar Éiceolaíochta Tuarascáil Timpeallachta
- Tuarascáil ar Thionchar Timpeallachta Comhshaoil má mheastar é a bheith riachtanach faoin reachtaíocht ábhartha (cáipéis reachtúil).
- Ráiteas Tionchair Natura má mheastar é a bheith riachtanach faoin reachtaíocht ábhartha (cáipéis reachtúil).

Cuspóir Beartais Náisiúnta 70

A chinntiú go mbíonn gach plean, tionscadal agus gníomhaíocht a bhfuil toiliú riachtanach dóibh, a eascraíonn as an gDréacht-Chreat Náisiúnta Pleanála faoi réir ag na riachtanais ábhartha comhshaoil lena n-áirítear MSC, MTT agus MO mar is cuí.

Figiúr 10.1 | MSC agus MO laistigh d'Ordlathas Pleanála an CNP



Caidrimh idir dréacht-Chreat Éire 2040 agus pleananna/cláir eile

Fiosraíodh réimsí tábhachtacha beartais ar nós pleanáil spásúil muirí agus talamhúsáide, athrú aeráide, fuinneamh in-athnuaite, tuilte, talmhaíocht, seirbhísí uisce agus fuíolluisce, dramhaíl, agus caomhnú ó thaobh an ghaoil agus na n-idighníomhaíochta atá acu le Creat Éire 2040.

Mar shampla, treisítear príomhchoincheapanna an phrionsabal réamhchúraim agus an chur chuige seicheamhach sa BRT don Chreat, chomh maith leis an gceangal leis an Straitéis Oiriúnaithe Náisiúnta don Athrú Aeráide agus Treoir Chreat Uisce an AE.

Ag tabhairt aitheantais don ionchas do thionchair trasteorann le Tuisceart Éireann, trí phleanáil chomhordaithe spásúil, chuathas i gcomhairle le Roinn Talmhaíochta, Timpeallachta agus Gnóthaí Tuaithe Thuaisceart Éireann (DAERA), atá freagrach as MST in dTuisceart Éireann, agus le Roinn Bonneagair Thuaisceart Éireann mar chuid de chur chuige ullmhúcháin an Chreat.

10.3 Roghanna seachas Gnó mar is Gnáth - Bealach Nua chun Tosaigh

Ceann de na dúshláin mhóra i gCreat Éire 2040 is ea amharc ar roghanna atá in ann freastal ar an bhfás réamh-mheasta ar an mbealach is fearr agus is inmhathanaí is féidir agus freastal ar riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus comhshaoil na hÉireann ag an am céanna.

Mar gur creat ardleibhéil é an CNP, tá roghanna tábhachtacha straitéiseacha ann agus luíonn sé laistigh de inniúlacht dhlíthiúil an údaráis déanta pleananna, sa chás seo an Roinn Tithíochta, RTPRÁ, agus tá tacaíocht agus cúnamh ar fáil aige ón rialtas iomlán.

Chomh maith leis sin, ceann de na ceisteanna is tábhachtaí is ea a dheimhniú an mbeadh na roghanna nó an meascán roghanna réadúil (.i. in ann cuspóirí an Chreat a bhaint amach), réasúnta (.i. bunaithe ar fhianaise shoch-eacnamaíoch), inmhathana (go teicniúil agus ó thaobh airgeadais), agus infheidhmithe (infhíoraithe laistigh de fhráma ama agus acmhainní an CNP).

Breithníodh sé rogha 'macra-spásúil' mar threochtaí ionchasacha leis an CNP a fhorbairt agus tá measúnú déanta ar gach rogha maidir leis na gabhdóirí comhshaoil. Go hachomair, faoin gcás Gnó mar is Gnáth, bheadh forbairt neamhchomhdaithe ann, bhunófaí an tsraoilleáil uirbeach agus bheadh tionchar diúltach aige ar Shócmhainní Ábhartha. Ní bheadh aon phlean fócasaithe don fhorbairt ann nach leanfadh forálacha seirbhísí bonneagair agus mar sin tá an cumas ann do thionchair dhiúltacha ar fud na ngabhdóirí comhshaoil trí astuithe agus truailliú comhshaoil. Le sraoilleáil uirbeach neamhchomhdaithe mhéadódh an ró-spleáchas ar fheithiclí mótaí príobháideacha agus laghdófaí an réasún do sheirbhísí iompair poiblí agus d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar cháilíocht an aeir.

Chomh maith le Gnó mar is Gnáth, léiríonn roghanna a haon go dtí a cúig an gá atá le soláthar seicheamhach bonneagair agus leibhéal líontach, cuid de ar shuímh athfhorbraíochta, de timpeall 30-50% laistigh de cheantar lonnaíochta atá ann cheana. Baineann na príomhdhifríochtaí atá aitheanta idir Roghanna 1 go 5 le cur chuige na straitéise réigiúnaí agus lonnaíochta.

Meastar gurb é Rogha 2 an rogha is fearr - Éifeachtúlacht Réigiúnach agus Éagsúlacht Lonnaíochta. Is dealraithí gurb é seo an rogha a bhainfeadh an gnóthú foriomlán is mó amach maidir leis na Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil (CSC) maidir le húsáid iompair phoiblí a uasmhéadú agus astuithe iompair a laghdú, i gcomhar le dlús níos airde a éascú i gceantair chathrach, agus fás fócasaithe bainistithe maidir le tacú le lonnaíochta, nascacht réigiúnach agus seirbhísí lasmuigh de na cathrach a fheabhsú dá réir.

Sa rogha is fearr aithnítear tábhacht eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath ach cinntítear fás ar fud na réigiúin agus in ionaid uirbeacha eile chomh maith. Cabhróidh sé le cinntiú nach mbeidh srianta ar fhás na gcathrach agus go mbeidh ceantair réigiúnacha in ann forbairt agus bláthú. Cabhróidh sé chomh maith le hómós áite a chaomhnú agus nascacht réigiúnach agus seirbhísí lasmuigh de na cathracha a fheabhsú.

10.4 | Achoimre ar na Príomhthorthaí

Cuirtear béim i gCreat Éire 2040 ar na heasnamh atá i nGnó mar is Gnáth i gcomparáid le bunstáiste bhealach nua chun tosaigh. Ó thaobh comhshaoil, tá an réimse roghanna, lena n-áirítear an straitéis roghnaithe fáis, atá leagtha amach sa Chreat, dearfa den chuid is mó, mar go leagtar amach iontu straitéis le forbairt inmharthana a dhéanamh ar áiteanna in Éirinn gus conas a bhainfear amach í. Meastar mar sin gurb í an straitéis roghnaithe an straitéis optamach.

Agus treo ginearálta an chreat á mheas, measadh cur chuige an fháis 'mheacra-spásúil' agus cuirtear an cur chuige roghnaithe i láthair mar seo a leanas:

- **Cothroime réigiúnach don EMRA maidir leis an NWRA agus SRA comhcheangailte.**
- **Dlús réigiúnach i dtreo cathracha agus ionchas le haghaidh lonnaithe níos mó a mbaineann tábhacht réigiúnach leo.**
- **Fócas ar fhás rialaithe agus ar shraoilleáil a laghdú trí dhírú ar thailte líontacha, cuid acu ar shuímh athfhorbraíocha, i gceantair thógtha atá ann cheana.**
- **Soláthar seicheamhach ar bhonneagar le torthaí sainaitheanta straitéiseacha infheistíochta.**

Tugann sraith de Chuspóirí Beartais Náisiúnta agus de Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta tacaíocht do straitéis gáis an CNP. Cuirtear pleanáil chomhordaithe spásúil, úsáid inmharthana acmhainní, cosaint an chomhshaoil agus líonra Natura 2000 chun cinn sna cuspóirí agus sna torthaí seo le cinntiú go mbeidh tosca comhshaoil áirithe sa dréacht CNP. Mar go bhfuil an creat dírithe ar leibhéal náisiúnta straitéiseach níl ionchas ann go ginearálta le haghaidh tionchair dhíreacha nó suímh, ach le haghaidh tionchar indíreacha a eascraíonn as cuspóirí agus torthaí éagsúla beartais náisiúnta.

Mar chuid de mheasúnú an dréacht Chreat Éire 2040, tá bearta maolaithe agus athruithe ar théacs molta ar an dréacht Chreat i dTuarascáil Chomhshaoil SEA, i Ráiteas Tionchar Natura AA

agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar Riosca Tuile, agus ar na CBN agus TSN atá sainaitheanta mar gheall ar a dtionchair ionchasacha ar an gcomhshaoil glactha.

Áirítear ina measc seo láithreánú cuí i gceantair thábhachtacha forbartha; saincheisteanna éilliúcháin maidir le forbairtí suíomh athfhorbraíochta; acmhainn iompair na dtailte forbartha sa chomhshaoil níos leithne; agus cur isteach méadaithe i ngnáthóga leochaileacha de thoradh athfhorbraíochta agus/nó dlúthú forbraíochta. Agus na saincheisteanna seo á n-aithint tá an Creat ag freagairt le beartais, torthaí agus tiomantais nua leasaithe, le cosaint a thabhairt don chomhshaoil.

Is féidir a lán den acmhainn tionchair ar an gcomhshaoil a sheachaint trí fhorbairt agus bonneagar a láithriú go cúramach. I gcásanna eile beidh próiseas téagartha roghnú láithreacha tábhachtach le tionchair ar Shuímh Eorpacha go háirithe a sheachaint, agus tionchair ar an gcomhshaoil glactha i gcoitinne.

Mar shampla, tá limistéir áirithe, go háirithe i gceantair duganna agus calafoirt, sainaitheanta mar ionaid a bhfuil acmhainn forbartha inlíontach agus athfhorbraíochta iontu, d'fhonn sraoilleáil uirbeach agus cailliúint tailte glasa a chosc. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin do Thionóil Réigiúnacha, Údarais Áitiúla agus gníomhaireachtaí eile na tailte seo agus scála agus nádúr na ndúshlán a shainaithint, go háirithe maidir le tionchar timpeallachta, d'fhonn torthaí cuí a chinntiú le seachadadh spriocanna líontacha an Chreat a éascú mar chuid de straitéis leathan d'fhás srianta.

Is é seachaint thionchair neamhriachtanacha an straitéis mhaolaithe roghnaithe don Chreat. Mar chuid den treo don todhchaí, déanfaidh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil treoirlínte pleanála a fhorbairt, agus mar is gá, a nuashonrú le cabhrú le húdarais phleanála cinnteoireacht inmharthana pleanála a dhéanamh ina ndéanfar na riachtanais ábhartha chomhshaoil a chomhtháthú go hiomlán agus ina dtacófar le Cuspóir Beartais Náisiúnta Éire 2040 a sheachadadh.

Aguisín 1

Modheolaíocht le hAghaidh Cur Chuige Sraithe i Leith Criosú Talún

Tá cur chuige sraithe in Éire 2040 maidir le criosú talún, mar seo a leanas:

Talamh Chríosaithe Sraith 1

Tá seirbhísí bunúsacha forbartha áirithe .i. rochtain bóthair agus cosáin, lena n-áirítear soilsiú, nascacht draenála (córais uisce dromchla agus uisce bréan) agus soláthar uisce ar fáil, agus é de chumas iontu go léir freastal ar fhorbairt áirithe, ar chríocha na dtailte chríosaithe. Ciallaíonn sé seo gur féidir iarratas pleanála le haghaidh forbartha a mheas.

I gcás mar a bhfuil bloc comhtheagmhálach talún chríosaithe laistigh de shraith 1, ach go mbíonn rialú éifeachtúil ag sealúchas amháin nó níos mó ar an rochtain ar sheirbhísí ó shuímh nó ó shealúchais talún eile sa bhloc iomlán de thalamh chríosaithe, is féidir 'sealúchas talún criticiúil do Shraith 1' a thabhairt orthu, is é sin, an chéad, an dara, an tríú shealúchas criticiúil talún srl mar is cuí. Déantar suímh seachas an chéad sealúchas talún criticiúil a rangú mar shraith 1a.

De ghnáth bheifí ag súil, faoi réir ag treoír phleanála, go gcomhoibredh sealbhóirí talún sraith1/sraith 1a chun seirbhísí forbartha a sheachadadh ar bhonn pro rata i gcomhréir le táirgeacht forbartha agus cúinsí ábhartha eile, lena n-áirítear an scála bonneagair atá riachtanach agus cé acu an mbeidh ranníocaíocht ar bith stáit á dhéanamh. D'fhéadfadh an pointe deireanach teacht chun cinn nuair atá leasanna poiblí ag eascairt as soláthar seirbhísí de bhreis orthu siúd a fhaigheann an sealbhóirí talún.

Talamh Chríosaithe Sraith 2

Is féidir seirbhísí a dhéanamh ar thalamh laistigh de shaolré sé bliana phlean forbartha nó ceantair, ach tá sé srianta mar gur gá roinnt seirbhísí forbartha, nó iad go léir, a sheachadadh chuig teorainn na dtailte chríosaithe .i. rochtain bóthair nó chosáin lena n-áirítear soilsiú, nascacht draenála (córais uisce bréan nó screamhuisce) nó soláthar uisce agus/nó acmhainn bhreise seirbhíse. Ciallaíonn sé seo gur féidir iarratas pleanála ar son forbartha a mheas le linn saolré phlean forbartha nó ceantair.

Ní mór na seirbhísí nó an acmhainn sin agus an ghníomhaireacht/na gníomhaireachta a shainaithnítear ag am foilsithe an dréachta an phlean forbartha nó ceantair deiridh, agus ní mór meastachán réasúnta de chostas iomlán seachadta chuig na tailte chríosaithe a bheith leagtha amach sa dréacht agus sa phlean forbartha nó ceantair deiridh, cibé acu an mbaineann an costas iomlán measta go hiomlán leis na tailte chríosaithe nó nach mbaineann.

Tá sé inmhianaithe agus níl sé riachtanach go mbeadh plean nó clár ann don seachadadh seirbhíse sin ag am an chríosaithe.

Aon dá ghabhálas atá teorantach le chéile agus atá ag brath ar shuíomh criticiúil amháin níos mó atá taobh leo le haghaidh rochtana ar sheirbhísí a bhfuil uasghrádú le déanamh orthu, déantar iad a rangú mar Shraith 2a.

Talamh Chríosaithe Sraith 3

Talamh nach dealraitheach go mbeidh seirbhís á dhéanamh uirthi, nó nach féidir seirbhís a dhéanamh uirthi, le linn saolré sé bliana phlean forbartha nó ceantair. Ciallaíonn sé seo nach dealraitheach nó nach féidir iarratas pleanála ar son forbatha a mheas le linn saolré phlean forbartha nó ceantair.

Féadfaidh tailte mar seo a bheith mar chuid de chúlchiste straitéiseach fadtéarmach talún, ach ní ceart iad a áireamh i gcróí-straitéis i bplean forbatha le haghaidh chuspóirí áirimh. Is ceart athmheas a dhéanamh ar stádas aon tailte mar seo áfach, go háirithe nuair atá go leor tailte Sraith 1 agus Sraith 2 ar fáil le freastal ar na cuspóirí forbartha spriocdhírithe.

Is ceart an cur chuige seo a chur i bhfeidhm do na tailte go léir a bhí chríosaithe le haghaidh forbartha agus atá fós chríosaithe ach neamhfhorbartha nuair atá athbhreithniú á dhéanamh ar phlean forbartha nó ar phlean ceantair. Má bhíonn srianta seirbhíse neamhfhorbartha ar thalamh chríosaithe, mar shampla, riachtanais le haghaidh scoileanna, páirceanna nó saoráidí pobail a eascraíonn as próisis phleanála reachtúla, is ceart an talamh a mheas mar shraith 2b.

Aguisín 2

Modheolaíocht Tosaíochta do Thailte Forbartha

Tá cur chuige catagóirithe in Éire 2040 i leith tosaíocht a thabhairt do thailte forbartha mar a leanas:

Is ceart cuid de na tailte críosaithe a aithint mar ard-tosaíocht le haghaidh forbartha, agus déanfar dhá chatagóir tosaíochta eile a shainiú ina dhiaidh sin.

D'fhonn solúbthacht agus rogha a áisiú, cuirtear toisc bhreise talún, ar a dtugtar 'spás cinn' i bhfeidhm do chríos talún ag ráta 50% os cionn an riachtanais phleanáilte sé bliana talún, .i. le dóthain talún ar feadh naoi mbliana a chinntiú.

Ar an mbonn seo, meastar go bhfuil sé réasúnta tosaíocht 1 a thabhairt do 50% den riachtanas phleanáilte agus tosaíocht 2 don 50% eile. Tá tosaíocht 3 ag an 'spás cinn' trí bliana nó 50% breise.

Ciallaíonn sé seo go ginearálta gur cheart tosaíocht 1 a thabhairt do aon trian, nó 33% de na tailte iomlána críosaithe. Cé gur fearr go mbeadh tailte críosaithe Tosaíocht 1 ina suímh 'réidh le tosú' Sraith 1 nach mbeadh ag brath ar ghabháltas ar bith eile, is dócha gur tailte de shraith 1a, 2, 2a nó 2b a bheith i gcuid acu.

Ní mór do na húdaráis pleanála an cheist seo a mheá, bunaithe ar áirimh chearta pleanála, agus le haird ar cheangaltas comhoibriú an tsealbhóra maidir le tailte 1a nó 2a.

I gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé a bheith níos indéanta seirbhísí forbartha a sholáthar do thailte sraith 2, agus níos cost-éifeachtaí ná idirghabháil maidir le tailte sraith 1a, go háirithe má tá fianaise ann de chomhaontú foirmeáilte sealbhóra talún maidir le tailte oiriúnacha 2a.

Is ceart an cur chuige seo a chur i bhfeidhm freisin do na tailte go léir a bhí críosaithe le haghaidh forbartha agus atá fós críosaithe ach neamhfhorbartha nuair atá athbhreithniú á dhéanamh ar phlean forbartha nó ar phlean ceantair.

Nuair a thagann cás chun cinn maidir le tailte ard-tosaíochta críosaithe nuair nach féidir teacht ar réiteach idir sealbhóirí ar thailte taobh le taobh ar thailte sraith 1/1a nó 2/2a agus/nó nuair is gá seachadadh seirbhísí forbartha a éascú go tailte críosaithe sraith 2, moltar d'údaráis áitiúla a gcumhachtaí ceannaigh éigeantacha a úsáid.

Sna cásanna seo tabharfar tacaíocht do na húdaráis áitiúla cuid den chostas seachadta a aisghabháil, lúide sochar poiblí, ó na sealbhóirí talún nuair a dhéantar an gabháltas tairbhíthe a fhorbairt nó ón ghníomhaíocht nó na gníomhaíochta seachadta freagracha. Beidh ar ghníomhaireachtaí seachadta chomh maith díriú ar thailte tosaíochta a sholáthraíonn leibhéil phleanáilte fáis agus forbartha.

Aguisín 3

Tagairtí

1. Sa bhliain 2014, rinneadh rangú ar Éirinn mar an tír is domhandaithe ar domhan (KOF Index of Globalisation 2014);
2. IMF, 2016 an Banc Domhanda, 2016;
3. UN, 2016;
4. UN, 2016;
5. IBM's Global Locations Trends Report, 2012-2015;
6. Economist Intelligence Unit, 2013;
7. Environmental Performance Index, 2014;
8. Mercer Index, 2017;
9. The Mary Robinson Centre;
10. An Banc Domhanda, World Development Report 2009, Reshaping Economic Geography;
11. Feic, mar shampla Design Perth, Property Council of Australia, 2016 and Analysis of Public Policies That Unintentionally Encourage and Subsidize Urban Sprawl, Victoria Transport Policy Institute/LSE Cities. On behalf of the Global Commission on the Economy and Climate for the New Climate Economy Cities Program, 2015;
12. Ciallaíonn sé seo laistigh de imchlúdach tógtha de lonnaíocht uirbeach de gach méid, mar atá sainmhínithe ag an Lároifig Staidrimh (CSO) de réir chritéir na NA .i. le 50 áitreabh sealbhaithe ar a laghad, le huasachar idir aon áitreabh agus an ceann is cógaraí dó de 100 méadar, agus gan aon fhianaise de lár uirbeach a bheith ann (siopa, scoil, srl);
13. Ar bhonn Chuspóir Beartais Náisiúnta 2b, go héifeachtúil díríonn sé seo ar 25% de gach teach nua go náisiúnta;
14. Ar bhonn Chuspóir Beartais Náisiúnta 2b, go héifeachtúil díríonn sé seo ar 15% de gach teach nua go náisiúnta; Rangaitear tithe aonair nó scéime a sheachadtar lasmuigh de theorainn lonnaíochta uirbeach mar atá sainmhínithe ag an CSO agus 'úrnua'.
15. Figiúr slánaithe go dtí an 5,000 is gaire. Tá breis sonraí sna rátaí spriocdhírthe fáis atá leagtha amach i dTábla 3.1;
16. Tugtar le fios i nDaonáireamh 2016 go raibh níos lú ná leath den meánráta fás daonra sna bailte beaga agus sna sráidbhailte (daonra <10,000) comhiomlánaithe idir 2011 agus 2016. Bhí glanchailliúint daonra iontu sin le níos mó ná 5,000 duine san am sin, agus an daonra náisiúnta ag fás 4%;
17. Is é sainmhíniú caighdeánach an AE/OECD ar réigín cathrach an ceantar comaitéireachta as a dtagann 15% ar a laghad de fhórsa oibre an cheantar cathrach ábhartha. Athróidh sé seo ó Dhaonáireamh go Daonáireamh ach tá sé ag leathnú amach go ginearálta le blianta beaga anuas timpeall ar chathracha na hÉireann;
18. Tá spriocanna fás uirbeacha bunaithe ar ráta réamh-mheasta an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Soisialta (ESRI) go 2040, agus tá siad i lárphointe an réimse agus slánaithe go dtí an 1,000 is gaire. Tá an t-uasphointe timpeall 20% níos airde ná an t-íosphointe le solúbthacht agus an seans nach mbainfear na spriocanna amach i ngach suíom a chur san áireamh. Tá an fócas tosaigh ar an lárphointe agus beidh sé faoi réir athbhreithnithe amach anseo;
19. Úsáidtear an téarma 'Gaeltacht' mar chur síos ar na ceantair in Éirinn ina bhfuil, nó ina raibh go dtí le déanaí, an Ghaeilge mar phríomhtheanga labhartha ag líon substaintiúil den daonra áitiúil;
20. Léiríonn an figiúr seo go garbh an riachtanas foriomlán tithíochta go dtí 2040 le milliún duine breise sa daonra, bunaithe ar ráta seilbh teaghlaigh de 2.5 ag cur dífheidhmeacht san áireamh;
21. Lároifig Staidrimh, Daonáireamh 2011 (Tábla CD523);
22. An tÚdarás Ardoideachais;
23. Tugtar 'cíos idirmheánach' nó 'Cíos Meánmhargaidh' air seo uaireanta;
24. Maidir leis an chéatadán daoine a labhraíonn Béarla mar mháthairtheanga nó mar theanga iasachta i ngach tír Eorpach;
25. Bunaíodh Comhairle na Breataine- na hÉireann (BIC) mar chuid de Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998 (Snáithe a Trí), chun forbairt chomhchuibhiúil chomhthairbhíúil iomláine na gcuidreamh i measc phobail na n-oileán seo a chur chun cinn;
26. Tuarascáil Eorpach um Staid an Chomhshaoil, 2015, Gníomhaireacht Chomhshaoil na hEorpa (EEA) agus Comhshaoil na hÉireann: Tuarascáil Meastúcháin, 2016, an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA);
27. Ghlac an Rialtas an Seasamh Náisiúnta Beartais um Gníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin in 2014;
28. An Córas Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuilte, Treoirlíne d'Údaráis Phleanála, RCTRÁ, 2009;
29. Is líonra suíomh é Natura 2000 faoi Threoreacha Gnáthóga agus Ean an AE;
30. Foinse: An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)
31. Foinse: Natural England
32. I mBaile Átha Cliath is ionann é agus an ceantar uirbeach atá aitheanta i Straitéis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, agus i gCorcaigh teorainn an cheantair uirbigh atá aitheanta i bPlean Straitéiseach Ceantair Chorcaí (CASP) ach amháin má tá a mhalairt aontaithe leis an Roinn Chomhshaoil Tithíochta agus Rialtais Áitiúil. Tá ceantair uirbeacha eile le haithint agus le haontú do chathracha eile;
33. Déanta ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe agus Seirbhís Eacnamaíoch agus Measúnaithe Rialtas na hÉireann (IGEES);
34. Ollioncam Náisiúnta;
35. Tá trí réigiún dramhaíola in Éirinn: Connacht-Ulladh, Oirthear-Lár Tíre; agus Deisceart

Creidiúntí grianghraf:
Bord Iascaigh Mhara
McAuley Place
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath
Theas Fearainn Loch na Buaí

